

# An Fóram ar Phátrúnacht agus Iolrachas in Earnáil an Bhunoideachais

Tuairisc Ghrúpa Comhairleach an Fhórait

**An tOllamh John Coolahan  
An Dr Caroline Hussey  
Fionnuala Kilfeather, Uas.**

**Aibreán 2012**



## Clár na nÁbhar

<b>Nóta ar Théarmaíocht</b>	<b>v</b>
<b>Giorrúcháin/Acrainmneacha</b>	<b>vii</b>
<b>Liosta Táblaí agus Figiúirí</b>	<b>x</b>
<b>Réamhrá</b>	<b>1</b>
<b>I. Pátrúnacht Scoile mar Cheist i bhForbairt Chóras Bunscoile na hÉireann</b>	<b>11</b>
<b>II. An Phróifíl Scoile agus Dhéimeagrafach Reatha</b>	<b>33</b>
<b>III. Ag Pleanáil i gComhair Socruithe Pátrúnachta Amach Anseo</b>	<b>51</b>
<b>IV. Pátrúnacht Scoile a Dhífheistiú</b>	<b>57</b>
<b>V. Bunscoileanna Gaeilge</b>	<b>73</b>
<b>VI. An Scoil Aonair</b>	<b>79</b>
<b>VII. Nithe atá Mar Bhun leis an Éagsúlacht sna Scoileanna Uile</b>	<b>93</b>
<b>VIII. Acmhainní – An Féidir Aistriú Pátrúnachta a Chur i bhFeidhm ar Bhealach atá Neodrach ó thaobh Costais de?</b>	<b>109</b>
<b>IX. Liosta Moltaí</b>	<b>111</b>
<b>Aguisín 1 Páirtithe leasmhara a ghlac páirt i seisiúin oibre an Fhórait i Meitheamh agus Samhain, 2011</b>	<b>123</b>
<b>Aguisín 2 Liosta na ndaoine eile a ndeachthas i gcomhairle leo</b>	<b>123</b>
<b>Aguisín 3 Achoimre ar an gComhchomhairle le Daoine Óga</b>	<b>125</b>
<b>Aguisín 4 Soláthar an Oideachais Reiligiúnaigh i mBunscoileanna i roinnt dlínsí Eorpacha</b>	<b>137</b>
<b>Aguisín 5 Sonraí ar Bhunoideachas ó Roinnt Tíortha</b>	<b>157</b>
<b>Aguisín 6 Treoirphrionsabail Toledo ar Theagasc faoi Reiligiún agus Creidiúintí i Scoileanna Poiblí</b>	<b>159</b>
<b>Leabharliosta</b>	<b>161</b>



## Nóta ar Théarmaíocht

Tá a fhios ag an nGrúpa Comhairleach go bhfuil so-athraitheacht áirithe ann maidir le húsáid na dtéarmaí a bhaineann leis an oideachas reiligiúnach agus le tréithriú scoileanna. Tá cuid de na téarmaí a fhaightear i sean-cháipéisí nach bhfuil in úsáid i gcoitinne a thuilleadh. Baineann gnéithe eile leis an scéal go bhfuil an-suim acadúil agus phoiblí san oideachas reiligiúnach anois. Rinneadh neart smaointeoireachta nuálaíoch ar nádúr agus ábhar an oideachais reiligiúnaigh. Tá modhanna nua oideolaíochta, atá an-éagsúil ó na cinn a bhí ann sna glúnta roimhe seo, ceaptha le déanaí. Sa Tuairisc seo bhí ar an gGrúpa Comhairleach plé le téarmaí níos sine agus le téarmaí níos déanaí, agus féachann sé le téarmaíocht a úsáid a léiríonn meas ar chách atá páirteach. Ar son na soiléire, leagann an Grúpa Comhairleach na sainmhínte seo a leanas mar léiriú ar bhrí oibre na dtéarmaí a úsáidtear sa Tuairisc seo.

**Oideachas Reiligiúnach Sainchreidmheach:** Ciallaíonn sé seo oideachas mar ‘fhoirmiú’ i gcóras creidiúintí. Séard atá ann ná conas saol a chaitheamh de réir treoirlínte reiligiúnacha agus modhanna smaointeoireachta, foirmiú luachanna agus gníomh morálta a fhoghlaim i bhfianaise chreidiúintí reiligiúnacha. Cuimsíonn sé an téarma bunreachtúil agus dlíthiúil “teagasc reiligiúnach” - meastar anois go bhfuil an fhochiall seo teoranta anois ó thaobh na hoideaseolaíochta de, ach bhí sé in úsáid go forleathan san atá thart. Cuimsíonn oideachas reiligiúnach freisin gné de smaointeoireacht chriticiúil agus tá sé i gcoinne síolteagasc dhaltaí.

**Oideachas faoi Reiligiún agus Creidiúintí (ORC - *ERB*):** Ciallaíonn sé seo clár a chuidíonn le daltaí fios agus tuiscint a fháil ar oidhreacht chultúrtha shaibhir reiligiún agus creidiúintí atá glactha chucu féin ag daoine daonna. Níl sé dírithe ar chreidiúint nó córas cleachtais reiligiúin ar bith a chothú, ach feasacht eolach a fháil ar na príomhchreidiúintí diachaí agus neamhdiachaí agus ar phríomhghnéithe a léiríthe cultúrtha. Féachann sé freisin le meas a chothú dóibh siúd a leanann reiligiúin agus creidiúintí dá leithéid. Comhchiall reatha don chlár seo is ea ORC (*ERB* sa Bhéarla), oideachas faoi reiligiún agus creidiúintí.

**Pátrúnacht Shainchreidmheach:** Scoil faoi phátrúnacht pobail reiligiúnaigh amháin. Cuireann scoil dá leithéid oideachas reiligiúnach ar fáil de réir traidisiún, cleachtas agus creidiúintí an phobail reiligiúnaigh atá sainithe. Féadfaidh sé freisin oideachas níos leithne a sholáthar faoin reiligiún agus cuidiú le tuismitheoirí ó thraidisiúin creidiúintí eile soláthar a dhéanamh don oideachas reiligiúnach ina gcóras creidiúintí.

**Pátrúnacht Idirchreidmheach:** Scoil faoi phátrúnacht nó iontaobhas níos mó ná phobal creidiúintí reiligiúnacha amháin. Déanann scoil dá leithéid soláthar do réimse de dheiseanna san oideachas reiligiúnach.

**Pátrúnacht Ilsainchreidmheach:** I gcomhthéacs na hÉireann, déantar dhá chineál bunscoileanna a rannú mar ilsainchreidmheach:

- ar an gcéad dul síos, na scoileanna sin nach gcuireann oideachas reiligiúnach ar fáil mar fhoirmiú, i rith an lae scoile, ach a chuireann oideachas ar fáil faoi reiligiúin agus creidiúintí. Más mian leo sin, féadfaidh tuismitheoirí socrú a dhéanamh don oideachas reiligiúnach sainchreidmheach lasmuigh d’uaireanta scoile i scoileanna dá leithéid
- ar an dara dul síos, na scoileanna sin a chuireann oideachas faoi reiligiúin ar fáil agus freisin a chuireann roinnt foirmiú creidiúintí ar fáil do shainchreidimh éagsúla, ag brath ar iarratais ó tuismitheoirí, i rith an lae scoile, thar tréimhse 3 nó 4 seachtaine.

**Pátrúnacht Neamhshainchreidmheach:** Scoileanna faoi phátrúnacht ag eagraíocht thuata agus a bhfuil éiteas tuata sainiúil aige. Ní chuireann sé seo bac ar sholáthar chláir ar oideachas faoin reiligiún. Go dtí seo, níl scoileanna náisiúnta neamhshainchreidmheacha ar bith in Éirinn.

**Pátrún:** Féach Alt 8 den Acht Oideachais (1998)

## **Clár Eitice**

Cé go bhfuil foirmiú ar iompraíocht eiticiúil mar chuid de chláir um oideachas reiligiúnach, is cás leis an nGrúpa Comhairleach go gcosnófar cearta na bpáistí, nach nglacann páirt i gcláir dá leithéid, don oideachas eiticiúil. Tá tábhacht le foghlaim faoin eitice do chách ach tá tábhacht lárnach le modhanna iompraíochta eiticiúla a fhorbairt sa bhforbairt daonna. Cuimsíonn múineadh eitice foirmiú agus cothú an tiomantais phearsanta do dhíne agus sairse do chách, tábhacht chearta daonna, an áit atá ag ceart laistigh den tsochaí, agus freastal ar an leas coiteann. Tá siad seo ar fad riachtanach don oideachas sa saoránacht agus feidhmiú ceart an daonlathais.

## **Giorrúcháin / Acrainmneacha**

AMCSS	Cumann Bhainistíocht na Meánscoileanna Caitliceacha
An Foras	An Foras Pátrúnachta
ATCS	Cumann Iontaobhaithe na Scoileanna Caitliceacha
B. Ed.	Baitsiléir san Oideachas (céim)
BOM	Bord Bainistíochta (Bunscoile)
CAO	An Lár-Oifig Iontrála
CHoICE	Comhdháil Chinnirí Choláistí Oideachais na hÉireann
CICE	Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann
CNS	Pobalscoileanna Náisiúnta
CPD	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
CSO	An Lár-Oifig Staidrimh
CSP	Comhpháirtíocht na Scoileanna Caitliceacha
DAG	An Grúpa Comhairleach um Dhífheistiú
DCYA	Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
DES	Roinn Oideachais agus Scileanna
ECHR	An Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine
ERB	Oideachas faoi Reiligiún agus Creidiúintí
ERC	Foras Taighde ar Oideachas
ESRI	An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta
EU	An tAontas Eorpach
EVS	Suirbhé um Luacha Eorpacha

GIS	Córas Faisnéise Tíreolaíochta
HEA	An tÚdarás um Ard-Oideachas
ICCPR	Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla
ICESCR	Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíoch, Sóisialta agus Cultúrtha
ICT	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
IHRC	An Coimisiún um Chearta an Duine in Éirinn
INTO	Cumann Múinteoirí Éireann
IPPN	Gréasán Príomhoidí Bunscoile na hÉireann
ISSP	Clár Suirbhé Sóisialta Idirnáisiúnta
IVEA	Cumann Gairmoideachais na hÉireann
JMB	Comhchoiste na mBainisteoirí
LA	Údaráis Áitiúla
NABMSE	Cumann Náisiúnta na mBord Bainistíochta san Oideachas Speisialta
NCCA/CNCMA	An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
NCSE	An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
NPC	An Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí - Bunbhrainse
NUI	Ollscoil na hÉireann
NSEG	Grúpa um Bhunú Scoileanna Nua
OCO	Oifig an Ombudsman do Leanáí
OECD	An Eagraíocht um Chomhair agus Fhorbairt Eacnamaíoch
PAG	An Grúpa Comhairleach um Phátrúnacht
PDST	An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí
RE	Oideachas Reiligiúnach



REDCo	Reiligiún, Oideachas, Idirphlé, Coimhlint ( <i>Religion, Education, Dialogue, Conflict</i> (An Coimisiún Eorpach))
REMC	Oideachas Reiligiúnach i Sochaí Ilchultúrtha
RI	Teagasc Reiligiúnach
RME	Oideachas Reiligiúnach agus Morálta
UCD	An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
UNCERD	Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le hIrdhealú Ciníoch a Dhíothú
UNCRC	Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh
UNHRC	Comhair na Náisiún Aontaithe um Chearta Daonna
UPR	Athbhreithniú Tréimhsiúil Uilíoch
VEC	Coiste Gairmoideachais
WSE	Meastóireacht Scoile Uile

<b>Liosta Táblaí agus Figiúirí</b>	<b>Lch.</b>
Tábla 1. Líon iomlán bunscoileanna de réir eagrais pátrúnachta (2010/11)	33
Tábla 2. Próifíl de bhunscoileanna na hÉireann (2010/2011)	34
Tábla 3. Léargas ar sholáthar bunscoile i ndlínsí áirithe	35
Tábla 4. Líon na ndaltaí i mbunscoileanna in Éirinn ó 2000/2001 go 2010/11	36
Tábla 5. Comhpháirteanna athruithe sa daonra 1991 – 2011	40
Tábla 6. Daonra measta 2006 – 2011 de réir aoisghrúpaí (0 – 24 bliain)	40
Tábla 7. Inimirce mheasta 2006 – 2011	41
Tábla 8. Eisimirce mheasta 2006 – 2011	42
Tábla 9. Glan-imirce 2006 – 2011	42
Tábla 10. Briseadh síos ar scoileanna nua oscailte ag eagrais pátrúnachta idir 1997/1998 agus 2011/2012	43
Tábla 11. Suirbhé ar 500 tuismitheoirí	47
Tábla 12. Torthaí ó shuirbhé ar 348 tuismitheoirí do Ag Foghlaim Le Chéile i 2010	49
Tábla 13. Sonraí ar na 43 bailte agus 4 limistéar Bhaile Átha Cliath i gCéim a hAon	63
Tábla 14. Achoimre ar na trí staid atá molta i gCéim a hAon, le hamlíne mholta	70
Tábla 15. Gnáthscoileanna náisiúnta a mhúintear trí mheán na Gaeilge	75
Figióir 1. Meastacháin ar chlárú ag leibhéal na bunscoile	37

# Réamhrá

---

## Ceist na Pátrúnachta Scoile

Níl tír ar bith eile i measc na dtíortha forbartha ina bhfuil céatadán chomh hard le 96 faoin gcéad de bhunscoileanna faoi phátrúnacht shainchreidmheach, mar atá in Éirinn. Tá na cúiseanna leis seo fréamhaithe sa stair agus i gcóras creidiúintí an daonra. Le bunú an chórais um Scoileanna Náisiúnta (Bunscoileanna) sa bhliain 1831 thug an Stát tacaíocht airgeadais do phátrúin áitiúla do sholáthar bunscoile, ar an gcoinníoll gur chloí an pátrún le rialacháin na gCoimisinéirí um Oideachas Náisiúnta a bhí nuabhunaithe. Cé go mba rogha leis an Stát iarratais ó phátrúin le meascán de shainchreidimh, séard a tháinig chun cinn, sa chleachtas, ná gur tháinig tromlach mór na scoileanna faoi phátrúnacht ag eaglaisigh ó shainchreidimh éagsúla.

Ag an am sin, agus do roinnt glúnta ina dhiaidh sin, bhí tromlach ollmhór na nÉireannach nasctha le heaglais sainchreidmheacha, don Eaglais Chaitliceach don chuid ba mhó. Ón tús, d'fhéach rialacháin le cosc a chur ar iompúchán, trí na scoileanna náisiúnta, agus bhí iarrachtaí le déanamh chun córas creidiúna na ndaltaí nár bhain le creidiúint reiligiúnach an tromlaigh sa scoil ina raibh siad a chosaint. Tugann Cuid I den Tuairisc seo osradharc ar phátrúnacht scoile mar cheist i bhforbairt bhunoideachas na hÉireann go dtí an t-am i láthair.

Le blianta beaga anuas, tá athruithe móra polaitiúla, sóisialta, eacnamaíochta, cultúrtha, déimeagrafaíochta agus oideachasúla tagtha ar shochaí na hÉireann. I measc na bpríomhathruithe, a bhfuil baint ar leith acu leis an Tuairisc seo, tá an éagsúlacht níos mó sna córais creidiúintí reiligiúnda agus comhdhéanamh níos ilchultúrtha an daonra. Freisin tá mionlach thart ar 10 faoin gcéad a deir go bhfuil siad 'gan reiligiún'. Freisin tá tuismitheoirí le creidiúintí sainchreidmheacha gurb' fhearr leo oideachas ilsainchreidmheach a bheith ag a bpáistí. Léirítear carachtar athraithe an daonra i gCuid II den Tuairisc seo.

Le tamall de bhlianta anuas, freisin, tá roinnt coinbhinsiún idirnáisiúnta aontaithe, agus Éire mar sínitheoir orthu, a leagann amach cearta pháistí agus a thugann suntas do chearta daonna na saoránach ar fad, agus a gcearta oideachais san áireamh. Anois tá mí-oiriúnú idir patrún dúchasach na pátrúnachta sainchreidmhaí scoile agus cearta na saoránach i sochaí na hÉireann sa lá atá inniu ann, atá i bhfad níos éagsúlaí ó thaobh an chultúir agus an reiligiúin de.

Díríonn an dúshlán chun struchtúr an tsoláthair bunscoile a athmhúnlú, sa chaoi is go mbeidh sé ag teacht níos mó le riachtanais agus cearta na saoránach faoi láthair agus amach anseo, ar thrí phríomhcheist. Tá líon an-ard de bhunscoileanna ag Éirinn in aghaidh an duine, agus tá ceann de na codáin is mó de scoileanna beaga i measc na

dtíortha forbartha. Tugtar cur síos ar an soláthar scoile faoi láthair i gCuid II. Ach amháin i gceantair ina bhfuil an daonra ag leathnú, níl sé indéanta ó thaobh na heacnamaíochta de, nó inchosanta ó thaobh an oideachais de, líon na scoileanna a leathnú níos mó. Bíodh sin mar atá, i gceantair ina bhfuil an daonra ag leathnú go tapa, tá sé riachtanach agus inmhianta scoileanna nua a sholáthar. I Meitheamh na bliana 2011, chuir an Rialtas chuig an ceann a bhaint de cheantair a aithint do scoileanna nua agus pleanáil dá soláthar sa chaoi is go mbeadh ilchineálacht níos mó ann de chineál scoile, nasctha le riachtanais nuair maidir leis an bpátrúnacht.

Baineann an dara cuid den dúshlán le ceantair ina bhfuil an daonra seasta nó ag laghdú, áit a bhfuil cnuasach ann cheana féin de scoileanna sainchreidmheacha, ach ina bhfuil éileamh ó thuismitheoirí d'éagsúlacht sa chineál scoile. San cásanna seo, séard atá de dhíth ar dhéantóirí polasaí ná go n-aontódh na pátrúin atá ann cheana a bpátrúnacht ar scoil a dhífheistiú don Stát, sa chaoi is gur féidir leis Stát í a dháileadh ar gha pátrúin nó scoile a bhunú é féin.

Baineann an tríú gné den dúshlán leis an scéal gur scoileanna sainchreidmheacha Saorsheasaimh nó Aonair, mar a thugtar orthu, iad an-chuid de na scoileanna in Éirinn. Freastalaíonn siad seo ar phobal áitiúil áir nach féidir an dara scoil a chur ar fáil. Séard is cás anseo ná iarracht a dhéanamh a chinntiú go bhfuil scoileanna dá leithéid chomh huileghabhálach agus is féidir, agus go bhfreastalaíonn siad ar dhaltaí le córais creidiúintí éagsúla, agus iad ag cinntiú nach dtagann obair na scoile salach ar a gcearta (córais creidiúintí). Ag an am céanna, ní mór don scoil freastal ar riachtanais agus ar chearta thromlach na ndaltaí ag freastal.

Baineann gné eile d'ilchineálacht scoileanna le cearta teanga. Is í an Ghaeilge an chéad teanga oifigiúil sa Stát. Is é polasaí an Stáit é an dátheangachas a chothú ar fud sochaí na hÉireann, agus tá an Stát tiomanta le tacú le cearta na dtuismitheoirí gur mian leo oideachas trí mheán na Gaeilge a lorg dá bpáistí. Tá éileamh láidir léirithe ag tuismitheoirí dos na scoileanna ar fad trí mheán an Gaeilge agus tá brú á dhéanamh ag na grúpaí pátrúnachta atá mar ionadaithe ag tuismitheoirí dá leithéid do sholáthar níos mó de scoileanna dá leithéid.

Tá todhchaí na pátrúnachta bunscoile á phlé i sochaí na hÉireann le tamall anuas. Bhí plé agus idirbheartaíocht ag na grúpaí pátrúnachta éagsúla leis an Roinn Oideachais agus Scoileanna maidir leis an gceist. Foilsíodh réimse de thuiriscí le déanaí freisin a dhíríonn ar ghnéithe den cheist. Glacann na gníomhaireachtaí ar fad leis go bhfuil gá le hilchineálacht níos mó sa bhunscolaíocht i sochaí na hÉireann. An fhadhb ná conas is fearr an ilchineálacht seo a chothú agus a fhorbairt.

Gné an-suntasach den eispéireas stairiúil in Éirinn is ea meas poiblí ar an oideachas, fiú sna tréimhsí is deacra, le díshealbhú agus bochtanas. Thar na glúnta freisin rinne oideoirí freastal maith ar shochaí na hÉireann le tiomantas, le gairmiúlacht agus le cúram. De ghnáth léiríonn pobail dílseacht an-mhór dá scoileanna, agus is nós le scoileanna aitheantas áitiúil agus muintearas a léiriú de réir mar a fhreastalaíonn glúin i ndiaidh glúine orthu. Tá dlúthpháirt íogair ag an gcreidiúint reiligiúnach i saol na

ndaoine. In Éirinn, bhí an taobh reiligiúnach fite fuaite go mór le saol na mbunscoileanna. Mar sin, nuair atá athmhúnlú an tsoláthair scoile ar an gclár oibre chun ilchineálacht níos mó de chórais creidiúintí a léiriú, bheifí ag súil le himní agus le buartha. Chun athrú pátrúnachta a bhaint amach, beidh polaitíocht agus oideachas i gceist agus beidh gá le dea-chumarsáid, tuiscint, foighne agus tuiscint shoiléir ar an gcuspóir. Tá sé tábhachtach go gcothófar muinín i bpróiseas an athraithe sa chaoi is gur féidir le daoine tuiscint a fháil ar an mbunús leis an athrú agus na luachanna don leas coiteann ar a bhfuil sé bunaithe, chomh maith leis an ngá dlíthiúil leis an athrú.

Agus na nithe seo san áireamh, tá creatlach plé lorgtha ag na grúpaí pátrúnachta agus na heagraíochtaí múinteoireachta trínar féidir na ceisteanna ilghnéitheacha a chíoradh, agus na bealaí gníomhaíochta is fearr a chumadh.

## **An Fóram agus a chuid Oibre**

Léirítear go bhfuil ceist na bhfoirmeacha éagsúla cuí den phátrúnacht bunscoile do shochaí ilchineálach na hÉireann sa lá atá inniu ann ina ceist bheo trína chur san áireamh sa Chlár don Rialtas, a eisíodh ar an 6 Márta, 2011. Dúirt sé:

Déanfaimid Fóram ar Phátrúnacht agus ar Iolrachas san Earnáil Bunscoile a thionscnamh, agus teorainn ama a chur leis, chun ligean do na geallsealbhóirí go léir, lena n-áirítear tuismitheoirí, a bheith páirteach i ndíospóireacht oscailte faoi athrú pátrúnachta i bpobail inar cuí sin agus inar gá sin. Beidh téarma tagarthaí cruinne ag an bhFóram agus suífidh sé ar feadh tréimhse uasta 12 mhí<sup>1</sup>

Le feidhm a thabhairt dó seo, d'fhógair an tAire Quinn, TD, bunú an Fhóraithe ar Phátrúnacht agus Iolrachas in Earnáil an Bhunoideachais ar an 28 Márta, 2011, sa chaoi is go bhféadfadh na páirtithe leasmhara ar fad páirt a ghlacadh sa díospóireacht agus sna réitigh ionchasacha. Bheadh an Fóram á riar ag Grúpa Comhairleach neamhspleách, a chuirfeadh tuairisc ar na torthaí faoi bhráid an Aire.

Leag an tAire amach na téarmaí tagartha don bhFóram le comhairle a chur air mar seo a leanas:

1. an chaoi is fearr lena chinntiú go bhféadfaidh an córas oideachais líon agus raon bunscoileanna sách ilchineálach a sholáthar agus iad ag freastal ar phobal gach uile reiligiúin agus orthu siúd nach mbaineann le reiligiún ar bith
2. na ceisteanna praiticiúla faoin gcaoi le pátrúnacht a aistriú/dífheistiú i gcás bunscoileanna aonair i bpobail ina bhfuil sé oiriúnach agus riachtanach
3. an chaoi le haistriú/dífheistiú dá leithéid a chur ar aghaidh chun a chinntiú go mbeifear in ann an t-éileamh ar éagsúlacht pátrúnachta (an t-éileamh ó thaobh

---

<sup>1</sup> Rialtas na hÉireann, Rialtas do Théarnamh Náisiúnta 2011-2016, 6 Márta, 2011, lch.42

na Gaeilge de san áireamh) a shainaithe agus a shásamh go forleathan ar fud na tíre

Agus é ag cur na hoibre seo i gcrích, beidh aird ag an bhFóram ar an méid seo a leanas ach go háirithe:

- go bhfuil sé curtha in iúl ag an Eaglais Chaitliceach go bhfuil sí toilteanach dífheistiú a pátrúnachta a mhachnamh
- Na sriantachtaí reatha a bhfuil an Stát ag oibriú laistigh díobh, an gá le srianadh leantach amach anseo agus an riachtanas sa chomhthéacs seo an t-uasmhéid úsáide a bhaint as an infrastruchtúr scoile atá ann cheana chun freastal ar an éileamh amach anseo

Cheap an tAire Grúpa Comhairleach chun obair an Fhóraithe a mhaoirsiú. Is iad comhaltaí an Ghrúpa Comhairleach ná an Dr. John Coolahan (Cathaoirleach), Ollamh Emeritus ag Ollscoil na hÉireann Má Nuad, an Dr. Caroline Hussey, iar-Chláraitheoir agus Leas-Uachtarán, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus Fionnuala Kilfeather, iar-Phríomhfheidhmeannach na Comhairle Náisiúnta Tuismitheoirí – Bunbhrainse.

Fuair an Grúpa Comhairleach cúnamh riaracháin cúltaca ó oifigigh ón Roinn Oideachais agus Scileanna.

Ar an 19 Aibreán 2011, d'fhógair an tAire Quinn, TD, an Fóram go foirmiúil. Ina chuid óráide, dúirt sé “tá athruithe suntasacha déimeagrafacha agus sochaíocha tar éis tarlú in Éirinn le blianta beaga anuas, rud a chiallaíonn go bhfuil méadú tagtha ar an éileamh ar shaghasanna nua scolaíochta ilchreidmí agus neamh-shainchreidmí. Tá méadú tagtha dá bharr freisin ar an éileamh ar scolaíocht trí mheán na Gaeilge in anchuid codanna den tír..... Is í an cheist mhór a rachaidh an Fóram i ngleic léi ná cén tslí inar féidir athrú a chur i gcrích”..... Dúirt sé go tréan go mbeadh an tuairisc ón nGrúpa Comhairleach “go hiomlán neamhspleách”.

## **Obair an Fhóraithe, Aibreán go Nollaig 2011**

Le fírinne, ghlac an Grúpa Comhairleach le cur chuige iltoiseach. Bhí trí phríomhchéimeanna ina gcuid oibre – céim comhchomhairle / fiosrúcháin, céim ciallaithe agus anailíse agus sa tríú céim bhí an Tuairisc seo le hullmhú faoi dheireadh na bliana 2011. San iomlán bhuail an Grúpa Comhairleach le chéile go foirmiúil ar 27 ócáid.

## **Comhchomhairle agus fiosrú**

Lorg an Grúpa Comhairleach aighneachtaí scríofa ó phríomhpháirtithe leasmhara agus páirtithe leasmhara eile (5,000 focal ar a mhéid) ar thrí phríomhthéamaí. B'iad seo a leanas na téamaí:

- teacht ar an leibhéal éilimh ar éagsúlacht i measc tuismitheoirí agus i measc an phobail
- aistriú/dífheistiú pátrúnachta a bhainistiú
- éagsúlacht laistigh de scoil nó de líon beag scoileanna i ndúiche

Fuarthas 215 aighneacht. Tá siad seo ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne [www.education.ie](http://www.education.ie).

Bhí seisiún oibre oscailte trí lá ag an bhFóram ar 22, 23 agus 24 Meitheamh. Bhí plé ann, bunaithe ar a n-aighneachtaí scríofa, idir an Grúpa Comhairleach agus trí cinn déag de príomhpháirtithe leasmhara móide an Roinn Oideachais agus Scileanna. (Féach Aguisín 1 a thugann liosta de na páirtithe leasmhara). Coinníodh líon teoranta d'áiteanna in áirithe do bhail den phobal ginearálta chun freastal ar an seisiún oibre seo. Ina theannta sin, rinne HEAnet taifeadadh den seisiún trí lá agus craoladh beo é trí shuíomh gréasán na Roinne [www.education.ie](http://www.education.ie). Bhí sé d'aidhm ag an suíomh gréasáin obair an Fhórait a chur ar fáil don phobal i gcoitinne, le dáileadh tíreolaíochta.

Ghlac an Grúpa Comhairleach páirt i gcomhchomhairlí breise, idir Bealtaine agus Deireadh Fómhair, le roinnt de na príomhpháirtithe leasmhara chun pointí ar leith a shoiléiriú. (Féach Aguisín 2)

Chuathas i gcomhairle le hochtú haon páiste ó bhunscoileanna agus ón timthriall shóisearach san iarbhuscoil chun a dtuairimí a fháil maidir leis na príomhcheisteanna a bhí idir lámha ag an bhFóram. Rinne saineolaithe ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige maoirsiú ar an gcomhchomhairle leis na páistí. Fuarthas tuairimí na ndaltaí bunscoile ar lá amháin á leanúint ag tuairimí na scoláirí iarbhuscoile ar lá eile. Chuir an tOmbudsman do Leanaí an t-ionad ar fáil dos na comhchomhairlí seo. Tugann Aguisín 3 tuairisc achomair ar an gcomhchomhairle leis na daoine óga.

## **Ciallú agus Anailís**

Rinne comhaltaí an Ghrúpa Comhairligh staidéar ar na tuairimí agus dearcthaí éagsúla laistigh de na 215 aighneachtaí scríofa. Rinne siad staidéar ar an mBunrecht, leabhair chuí, iliomad tuairiscí, páipéir fhoilsithe, sonraí CSO, reachtaíocht, coinbhinsiúin idirnáisiúnta agus freisin ábhar breise a chuir na comhpháirtithe ar fáil (féach Leabharliosta). Scrúdaigh siad na socruithe chun scoileanna nua a aithint a d'fhógair an tAire ar an 27 Meitheamh agus na

himpleachtaí a bhí acu siúd dá gcuid oibre féin. Rinne siad anailís ar eispéiris agus cúinsí inchomparáide i roinnt tíortha Eorpacha eile. (féach Aguisín 4). Chuidigh an obair comhairle, smaointeoireachta agus anailíse seo ar fad leis an nGrúpa Comhairleach ina mhachnamh agus ina dhíospóireacht.

Lorg na comhaltaí comhairle dlí maidir le ceisteanna a bhain le húinéireacht scoile a bhí aibhsithe ag Cumann Iontaobhaithe na Scoileanna Caitliceacha (ATCS) ag seisiún oibre an Mheithimh. Ar iarratas uaidh, lorg Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Scileanna (DES) soiléiriú ar an ábhar seo ó ATCS. Thug oifigigh DES eolas don Ghrúpa Comhairleach maidir leis an staid is déanaí.

Ar an 17 Samhain, ag seisiún poiblí oscailte, thug an Grúpa Comhairleach cur i láthair ó bhéal maidir le réimse a dtuairimí le machnamh deiridh ag na páirtithe leasmhara. Tugadh cuireadh do rannpháirtithe freagraí gearra ó bhéal a thabhairt ar an gcur i láthair, agus tugadh cuireadh dóibh aighneachtaí deiridh scríofa a dhéanamh (1,500 focal ar a mhéid) faoin 1 Nollaig 2011. Fuarthas 32 aighneacht san iomlán.

## **Tuairisc Deiridh**

I ndiaidh an tseisiúin phoiblí ar 17 Samhain, rinne an Grúpa Comhairleach machnamh ar na tuairimí a fuarthas ar an 17ú agus in aighneachtaí scríofa ina dhiaidh sin agus ansin d'ullmhaigh sé an Tuairisc deiridh seo. Sa Tuairisc seo tá naoi gcuid:- Pátrúnacht Scoile mar Cheist i bhForbairt Chóras Bunscoile na hÉireann; An Phróifíl Scoile agus Dhéimeagrafach Reatha; Ag Pleanáil i gComhair Socruithe Pátrúnachta Amach Anseo; Pátrúnacht Scoile a Dhífheistiú; Bunscoileanna Gaeilge; An Scoil Aonair; Nithe atá Mar Bhun leis an Éagsúlacht sna Scoileanna Uile; Acmhainní agus Moltaí

Agus an Tuairisc seo á cur faoi bhráid an Aire Quinn, TD, ba mhaith leis an nGrúpa Comhairleach buíochas a ghabháil le Rúnaí an Ghrúpa, Breda Naughton, Uas.. Bhí an-suim aici san obair, bhí sí díograiseach ag tacú leis an nGrúpa, agus bhí sí i gcónaí an-chúirtéiseach agus an-éifeachtúil i riar obair an Ghrúpa. Ba mhaith leis an nGrúpa freisin buíochas a ghabháil le Mary Ryan Uas. as an gcúram a thug sí in ullmhúchán na Tuairisce. Thug comhaltaí eile d'fhoireann na Roinne, ach go háirithe Mags Jordan, Paul Dolan, Sarah Miley agus Fidelma Lyons, cúnamh go flaithiúil, ach go háirithe ag Seisiún Oibre Oscailte an Fhórait, agus sna comhchomhairlí le daoine óga, agus tá an Grúpa an-bhuíoch díobh as seo.

Is mian leis an nGrúpa Comhairleach buíochas a ghabháil freisin le hAonad Rannpháirtíochta na Saoránach de chuid na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige agus an fhoireann d'éascaitheoirí oilte faoi cheannas Anne O'Donnell, Uas.. Tá buíochas tuillte freisin ag an Ombudsman do Leanaí, Emily Logan, Uas., as úsáid a cuid oifigí dos na comhchomhairlí leis na daoine óga.



## Timpeallacht Tuairime atá ag Athrú

Tá dúshlán ann dos na tíortha forbartha ar fad sa cheist conas is féidir freastal ar pháistí agus tuismitheoirí maidir lena gcearta reiligiúnacha agus teanga i gcóras scoile Stáit, nó i gcórais atá á dtacú ag Stát. Mar thoradh ar an méadú sa domhandú agus san ilchultúrthacht, tá an cheist tagtha chun cinn níos mó le blianta beaga anuas. Tá gníomhaireachtaí ar nós na Náisiún Aontaithe, an AE agus Comhairle na hEorpa ag díriú áird ar an ngá dos na saoránaigh uile oideachas a bheith acu faoi reiligiúin agus córais creidiúintí chun páirt a ghlacadh go sásúil sa daonlathas. Tá sé seo ann in éineacht le cearta na saoránach teagasc agus foirmiú a fháil sna córais creidiúintí sainchreidmheacha lena mbaineann siad. Ní mór freastal a dhéanamh ar chearta na saoránach nach bhfuil creidiúint acu páirt a ghlacadh sa bhunscolaíocht, ina gcosnaítear a gcóras luachanna agus meas air. Níl sé éasca i gcónaí do pholasaí poiblí cothromaíocht a bhaint amach sna cearta dá shaoránaigh uile, ach tá iallach ar Stáit gach iarracht a dhéanamh chun é sin a bhaint amach.

Scrúdaigh an Grúpa Comhairleach éagsúlacht sholáthar na bunscolaíochta i roinnt tíortha Eorpacha (Féach Aguisín 4). Sna tíortha ar fad a scrúdaíodh bhí éagsúlacht níos mó ann i soláthar scolaíochta ná mar atá in Éirinn, agus is féidir le hÉirinn foghlaim ó thaithí na dtíortha eile. Mar sin féin, tá an córas scolaíochta i dtír ar bith á mhúnlú ag na cúinsí staire, cultúrtha, reiligiúnacha agus polaitiúla atá ann. Agus a chóras pátrúnachta scoile á athmhúnlú aige, ní mór d'Éirinn a bheith san airdeall faoi seo, agus tarraingt ar a cuid traidisiún, luachanna, agus ardmhianta an phobail don todhchaí.

Níor éiligh téarmaí an Fhóraithe ar an nGrúpa Comhairleach dearadh nua a chruthú don bhunscolaíocht ach, ina áit sin, leasuithe ar an gcóras atá ann cheana a mholadh sa chaoi is gur féidir leis cothromaíocht níos fearr ar chearta a bhaint amach le huileghabhálacht agus ilchineálacht níos mó. Tá obair an Fhóraithe ar bun ag am ina bhfuil fonn ar eagraíochtaí idirnáisiúnta comhthuisceant níos mó a chothú ar na córais creidiúintí éagsúla sa sochaí daonlathach nua-aimseartha. Tá na hEaglaisí ag feidhmiú freisin i dtimpeallacht níos éacúiméiní agus iad ag glacadh páirt i níos mó plé idir na córais reiligiúnacha uile, ná mar a bhí sna glúnta roimhe seo. Is féidir blas a fháil ar spioraid na tréimhse seo ó dhoiciméad ón Dara Comhairle Vatacánach de chuid na hEaglaise Caitlicí, Nostra Aetate, nuair a deirtear:

Mar sin, spreagann an Eaglais a mic, trí dhialóg agus comhoibriú leo siúd a leanann reiligiúin eile curtha i gcrích le stuamacht agus grá agus mar fhianaise don chreideamh agus Críostaí, go n-aithneoidís, go gcaomhnóidís agus go gcothóidís na nithe maithe, spioradálta agus morálta, chomh maith leis na luachanna soch-chultúrtha a faightear i measc na ndaoine seo.<sup>2</sup>

---

<sup>2</sup> Doiciméid Vatacán II, Nostra Aetate, (Austin Flannery (eag.), 1981)

Ag seoladh an Fhóraitm ar 19 Aibreán 2011, luadh coincheapa na caoinfhulaingthe, an iolrachais agus an chomhghéillte mar threoir do thuairimíocht. Anois, ag deireadh an Fhóraitm, luaitear arís iad. Luadh an méid a dúirt an tOllamh Kevin Boyle, nach maireann, ó Roinn na gCeart Daonna, OÉ Gaillimh, mar seo a leanas:

Tá comhpháirt dhearfach ann i gcoincheap na caoinfhulaingthe atá nasctha le tuairim an iolrachais. Atá níos faide ná caoinfhulaingt go dtí glacadh leis an duine eile. Séard is caoinfhulaingt ann ná aitheantas agus glacadh leis an duine eile agus, cothrom leis sin, meoin atá bródúil toisc nach bhfuil aon lámh in uachtar aige ar dhaoine eile. Sochaí fulangach is ea sochaí a aithníonn agus a ghlacann le huathúlacht ghrúpaí daonna, cibé bealach ina n-idirdhealaítear ó ghrúpaí eile iad, cibé le dath an chraicinn, le cúlra eitneach, foinse náisiúnta, cultúr, reiligiún, nó teanga, nó saintréithe eile a shannaíonn, ina n-aonar nó le chéile, a n-aitheantas comhchoiteann.<sup>3</sup>

Tháinig an dara athfhriotal ón Dr. Geraldine Smyth, OP, ó Scoil Éacúiméinice na hÉireann. Bhí sé ráite aici “Tá an t-iolrachas faoin gcaoi inar féidir linn cónaí le chéile in aon teach domhanda (oikoumene) amháin, faoin gcaoi inar féidir linn i spiorad éacúiméineach”.

Lean sí ar aghaidh chun béim a leagan ar thábhacht an fhíor-chomhréitigh chun iolrachas a chothú mar seo a leanas:

Agus tóir á dhéanamh ar an rud is fearr a chuirfidh leis an leas coiteann, tá cumhacht ag an gcomhréiteach saoradh agus comhréiteach thar scoilteanna agus sean-dílseachtaí. Tógann an comhréiteach sinn thar réiteach aonaránach agus cuireann deis ar fáil do thodhchaí nua agus comhroinnte. Tugann an comhréiteach cuireadh dúinn aghaidh a thabhairt ar a chéile, chun a chéile a ghlacadh dáiríre a dhóthain le dul isteach, ní hamháin i gconradh, ach comhgheallúint, a chuireann in iúl, ar bhealach éigin, freagracht a ghlacadh le chéile as an todhchaí.<sup>4</sup>

Is deas le tuairisciú go raibh spiorad na meonta seo i réim sna haighneachtaí chuig, agus sa phlé ag an bhFóram. Cé go raibh meonta éagsúla á gcosaint acu, ghlac na rannpháirtithe páirt ar bhealach a bhí dírithe, le dea-thoil, agus le hiarracht síneadh amach chun tuairimí éagsúla maidir leis na ceisteanna a bhí idir lámha a thuiscint. I dtraidisiúin na bpróiseas comhchomhairleach a bhfuil traidisiún suntasach bunaithe acu i bhfoirmiú pholasaí oideachais in Éirinn, d’éist na rannpháirtithe lena chéile agus d’fhoghlaim siad óna chéile, agus léirigh siad meas do *bona fides* na rannpháirtithe le tuairimí éagsúla. Fuair an Grúpa Comhairleach cúnamh comhoibríoch agus múinte ó

---

<sup>3</sup> Kevin Boyle, “Pluralism and Tolerance in a Changing World”, i Pluralism in Education: Conference Proceedings (1996, n.p.) lgh.27-38

<sup>4</sup> Geraldine Smyth, “Foreword”, in *ibid*, lch.5

chách a ndeachaigh sé i gcomhairle leo. Bhí saibhreas ar leith ag baint leis an ionchur ó 81 daoine óga maidir lena dtuairimí ar ghnéithe ina bpléitear leis reiligiún i mbunscoileanna sa lá atá inniu ann. Tugtar tuairisc achomair ar a dtuairimí in Aguisín 3.

Bhain an Fóram tairbhe freisin as tuairimí a chloisteáil ó dhaoine a mheasann go bhfuil siad eisiata, nó faoi mhíbhuntáiste ó shocruithe scolaíochta reatha, mar chothromú ar choincheap na soláthróirí maidir le soláthar a dhéanamh dóibh ina nuileghabhálacht. Cé nach bhfuil ceart absalóideach ann freastal ar do rogha scoil, ní mór dúinn cúram daonnúlach a léiriú chun cearta oideachais ár gcomharsan a bhaint amach, sa mhéid agus is féidir.

Rinne na meáin tuairisciú freagrach agus sheachain siad an gáifeachas, rud a chuidigh le míthuiscintí a chosc i measc an phobail maidir leis na nithe a bhí idir lámha.

Ba é príomhaidhm an Fhórait ná an cleachtas reatha a scrúdú d'fhonn é a fheabhsú agus chun moltaí a dhéanamh chun a chinntiú, sa mhéid agus is féidir, go bhfuil soláthar ann do chearta pháistí na hÉireann agus a dtuismitheoirí inár gcóras bunscolaíochta. Tá súil go mór ag an nGrúpa Comhairleach go gcuideoidh a Thuairisc agus moltaí chun an aidhm seo a bhaint amach.



# I

## Pátrúnacht Scoile mar Cheist i bhForbairt Chóras Bunscoile na hÉireann

---

### Réamhrá

Ceist is ea pátrúnacht na scoileanna náisiúnta atá suite go domhain i stair oideachasúil agus pholaitiúil na hÉireann. Tá córas scoileanna náisiúnta na hÉireann 180 bliain i bhfeidhm i 2011, agus bhí pátrúnacht na scoileanna ina cnámh spairne ó cuireadh tús leis in 1831. Mar is ceart, leag rannpháirtithe i seisiúin oibre oscailte an Fhórait, chomh maith le tráchtairí eile, béim ar thábhacht thuairimí na dtuismitheoirí maidir leis na ceisteanna a bhaineann leis an bpátrúnacht agus athruithe ionchasacha uirthi. Aibhsíodh freisin, áfach, go bhfuil neart tuismitheoirí ann nach bhfuil tuiscint mhaith acu ar phátrúnacht scoile agus go bhfuil sé de nós acu díriú níos mó ar chaighdeán na scoileanna ina gceantar. Cé go bhfuil an cúram seo intuigthe, tá tábhacht le cruth phátrúnacht na mbunscoileanna amach anseo do shochaí na hÉireann. Dá bhrí sin, chun go mbeadh díospóireacht oilte ann, tá sé de cheart ag rannpháirtithe tuiscint a bheith acu ar an gcaoi inar fhorbairt pátrúnacht scoile mar a rinne, cén athruithe atá ag tarlúint le tamall beag anuas, agus an comhthéacs bunreachtúil agus dlíthiúil ina bhfuil an díospóireacht ar siúl. Mar a deir Dympna Glendenning, maidir leis an díospóireacht reatha, “Ní mór tuismitheoirí a bheith ar an eolas go hiomlán faoi na gnéithe uile de shaol na scoile ach go háirithe na heilimintí sin den oideachas a bhaineann le hidé-eolaíocht agus reiligiún atá don chuid is mó laistigh dá sainchúram bunreachtúil”.<sup>5</sup> Mar sin, féachann an chuid tosaigh den Tuairisc le léargas a thabhairt ar na gnéithe seo, sa chaoi is gur féidir an díospóireacht chomhaimseartha a thuiscint níos fearr.

### Bunús an Chórais Phátrúnachta

In Éirinn ag tús an naoú céad déag, agus cúlra de dhian-naimhdeas sainchreidmheach agus scoilt pholaitiúil ann, tháinig oideachas na n-óg chun cinn mar cheist pholaitiúil shuntasach. Bhí an dúshlán á thabhairt do mhórchéannas traidisiúnta na hEaglaise Bunaithe ag an éileamh do ghlacadh cothrom le cearta na saoránach uile d’oideachas faoi thacaíocht an stáit, faoi réir a gcleamhnuithe reiligiúnacha. Iarracht stairiúil chun an staid seo a bhunú ab ea *The Fourteenth Report of the Commissioners of the Board of Education*, 1812, a d’fhéach le córas scolaíochta a chumadh a chuireadh na páistí uilig chun leasanna an oideachais a fháil, “mar aon neamhroinnte inniu, faoi aon

---

<sup>5</sup> Dympna Glendenning, *Religion, Education and the Law*, (Tottel Publishing, 2008) lch.359

chóras amháin, agus sna forais céanna.” Leag sé amach an bunphrionsabal a bheadh mar bhonn le scéim dá leithéid – “nach ndéanfar iarracht ar bith dul i bhfeidhm ar nó cur isteach ar na dearbhphrionsabail reiligiúnacha ar leith ag earnáil nó léiriú ar bith de Chríostaithe”<sup>6</sup>. Seasamh cróga ab ea é seo i gcoinne na timpeallachta iompúcháin a bhí i réim ag an am, agus ghlac an Tiarna Stanley leis sa bhliain 1831 do chóras na scoileanna náisiúnta.

Agus córas bunscoile arna thacú ag an stát á fhógairt aige, dúirt Stanley gurb í príomhaidhm an chórais ná na páistí ó shainchreidimh éagsúla a aontú le chéile, leis na scoileanna ar oscailt do theagasc liteartha agus morálta ar feadh ceithre nó cúig lá sa tseachtain, agus go bhféadfadh teagasc reiligiúnach na sainchreideamh scartha a bheith ann lasmuigh de na laethanta seo. Bhí Coimisinéirí nua an Oideachais Náisiúnta le cuidiú le tionscnamh áitiúil i soláthar na scolaíochta, agus bhí fabhar ar leith le tabhairt d’iarratais ó ghrúpaí áitiúla le meascán de shainchreidimh. Mar a bheifí ag súil leis, áfach, chuir na heaglaisí i gcoinne an chórais le meascán de shainchreidimh, agus bhí coimhlíntí fada agus achrainneacha ann chun é a athmhúnlú ina chóras sainchreidmheach. Cé gur fhan an córas *de jure* ina chóras measctha, *de facto* rinneadh córas sainchreidmheach de. Mar a deir Akenson, “Thart fá lár an chéid, bhí córas sainchreidmheach déanta de chóras na scoileanna náisiúnta”.<sup>7</sup> Leanadh leis an mbrú chun é a dhéanamh níos sainchreidmí fós go hoscailte ar feadh an naoú céad déag.

Go gairid i ndiaidh bhunú chóras na scoileanna náisiúnta bhunaigh Coimisinéirí an Oideachais Náisiúnta dhá lárionad oiliúna do mhúinteoirí, ceann d’fhir agus ceann do mhná, ag a gceanncheathrú i mBaile Átha Cliath. Bhí siad seo le bainistiú ag na Coimisinéirí ar phrionsabal an oideachais measctha (reiligiúnach). Bhí na forálacha céanna le cur i bhfeidhm do réimse de mhodhscoileanna réigiúnda, a bunaíodh i lár an chéid. Bhí ról oiliúna printíseachta (maoirsiú) acu seo do mhúinteoirí ionchasacha. Níor mheas príomhchinnirí reiligiúnacha sainchreidmheacha go raibh prionsabal an oideachais mheasctha sásúil. Ó 1860 ar aghaidh, chuir an cliarlathas Caitliceach, ach go háirithe, i gcoinne fhorais na gCoimisinéirí go láidir. Faoi dheireadh, sa bhliain 1884, i ndiaidh neart agóide, d’aontaigh an Stát cúnamh airgid a thabhairt do choláiste oiliúna sainchreidmheacha a mhéadaigh líon na ndaoine agus a leathnaigh sna blianta ina dhiaidh sin. Lamháltas suntasach ab ea an tacaíocht seo don bhéim shainchreidmheach sa bhunscolaíocht.

I dtréadlitir a eisíodh sa bhliain 1900, d’admhaigh an cliarlathas Caitliceach go foirmiúil an rath ar bhí ar athmhúnlú chóras na scoileanna náisiúnta ón mbunphlean, ag rá:

Tá athrú raidiciúil tagtha ar chóras an Oideachais Náisiúnta féin, agus i gcuid mhór d’Éirinn anois, le fírinne, is cuma cad a thugtar

<sup>6</sup> Sliocht as The 14<sup>th</sup> Report of the Coimisinéirí of the Board of Education, 1812, in Áine Hyland and Kenneth Milne (eag.), *Irish Educational Documents*, Vol. I, (Baile Átha Cliath, 1987), lgh. 64,65

<sup>7</sup> Akenson, Donald H., *The Irish Education Experiment*, (London, Routledge and Kegan Paul, 1970), lch. 223

air, tá sé chomh beagnach chomh sainchreidmheach agus ba mhaith linn. I dtromlach a scoileanna níl oideachas measctha ann ar chor ar bith<sup>8</sup>.

Tháinig tromlach ollmhór na scoileanna faoi smacht phátrún a bhain le sainchreideamh ar leith. Mar sin féin, choinnigh na Coimisinéirí línte deighilte foirmiúla idir teagasc liteartha agus morálta, ar thaobh amháin, agus teagasc reiligiúnach ar an taobh eile. Nuair a bhí teagasc reiligiúnach á thabhairt bhí sé riachtanach go dtabharfaí fógra poiblí den am roimh ré agus go mbeadh fógra mór leis na focail ‘Teagasc Reiligiúnach’ ar taispeánt go poiblí. Ag gach am eile, ba chóir an taobh eile den bhfógra a dúirt ‘Teagasc Tuata’ ar taispeánt. Ina theannta sin, le linn na seisiún teagaisc tuata, níor chóir go mbeadh suaitheantais nó íomhánna reiligiúnacha ar taispeánt go poiblí. Ó na 1830í ar aghaidh bhí prionsabal an chláisail coinsiasa i bhfeidhm, is é sin “Nach bhfaighidh páiste ar bith, ná nach mbeidh sé i láthair ag, teagasc reiligiúnach ar bith nach gceadaíonn a thuismitheoirí nó a chaomhnóirí.” De bhreis air sin, dúirt na Rialacha “beidh an t-am chun teagasc reiligiúnach a thabhairt socraithe sa chaoi is nach mbeidh páiste ar bith, dá bharr, eisiata, go díreach nó go hindíreach, ó na buntáistí eile a chuireann an scoil ar fáil”.<sup>9</sup>

Mar sin féin, ní dúirt na Rialacha cé mar a bhí cúram le déanamh le daltaí le díolúine le linn na tréimhse don teagasc reiligiúnach.

## **Polasaí i ndiaidh na Saoirse (1922)**

I ndiaidh Olltoghchán na bliana 1918 agus Cogadh na Saoirse, mar thoradh ar an socrúchán críochdeighilte, tháinig oideachas ar an oileán faoi smacht ag dhá reachtas éagsúla. I nDeireadh Fómhair 1921, d’eisigh Cumann na Bainisteoirí Cléireacha Caitliceacha an ráiteas seo a leanas:

I bhfianaise na hathruithe atá ag teacht in oideachas na hÉireann, is mian linn an bunphrionsabal mór a dheimhniú gurb é an t-aon córas oideachais sásúil do Chaitlicigh ná ceann ina múintear páistí i scoileanna Caitliceacha ag múinteoirí Caitliceacha faoi rialú Caitliceach.<sup>10</sup>

Theastaigh ó shainchreidimh eile freisin go mbeadh a gcuid scoileanna ag teacht go hiomlán lena n-éiteas reiligiúnach.

Sa bhliain 1925, thionól an tAire Oideachais, Eoin Mac Néill, comhdháil chun clár agus gnéithe den bhunscolaíocht a scrúdú, leis an Athair Lambert McKenna S.J. ina chathaoirleach. Maidir le hoideachas reiligiúnach dúirt Tuairisc na Comhdhála:

<sup>8</sup> Tréadlitir a luadh sa *The Irish Teachers’ Journal*, 6 Deireadh Fómhair, 1900, lch.4

<sup>9</sup> Commissioners of National Education, *Rules and Programme for National Schools*, 1917 Ed., lch.3.

<sup>10</sup> Mar a tuairiscíodh sa *Times Educational Supplement*, 29 Deireadh Fómhair, 1921, lch.323.

As na codanna ar fad i gcuraclam scoile, is é an Teagasc Reiligiúnach an ceann is tábhachtaí ar fad ... glacaimid leis, mar sin, gur chuid bhunúsach den chúrsa scoile í an Teagasc Reiligiúnach ... ba chóir go mbeadh obair na scoile á threorú agus á bheo ag spiorad reiligiúnach. Ba chóir don mhúinteoir – agus é cúramach, i láthair pháistí de chreidiúintí reiligiúnacha éagsúla, gan gabháil do cheisteanna conspóideacha – cleachtadh na catharnachta....agus luachanna morálta eile a bhrú, maidir le hábhair tuata.<sup>11</sup>

Cuireadh na tuairimí seo san áireamh san alt tosaigh den eagrán nua de na Rialacha agus Rialacháin a bhain leis an Teagasc Reiligiúnach. Cé nár baineadh amach an rial maidir le taispeáint an fhógra um Theagasc Reiligiúnach, coinníodh na clásail maidir leis an gclásal coinsiasa, agus gan a bheith thíos leis ó thaobh an oideachais de trí roghnú gan a bheith páirteach sa Teagasc Reiligiúnach.<sup>12</sup> Maidir le riarachán na mbunscoileanna, gné shuntasach den athrú polaitiúil ab ea an easpa athruithe, agus an leanúnachas i dtraidisiún na bunscolaíochta ó dhúchas.

Ceiliúradh comóradh céad bliain d’Fhuascailt na gCaitliceach go díograiseach i 1929, an bhliain inar foilsíodh chiorclán an Phápa Pius XI, Divini Illius Magistri (Ar Oideachas Críostaí na hÓige). Leag sé seo amach dearcadh eisiachtúil maidir le scolaíocht Chaitliceach:

Is gá go ndéanfar teagasc uile agus eagrú uile na scoile, chomh maith leis na múinteoirí, an siollabas, agus na téacsleabhair i ngach brainse a rialú ag an aon spiorad Críostaí amháin, faoi threoir agus maoirseacht mháthartha na heaglaise ...<sup>13</sup>

Leag an chiorclán amach go soiléir freisin fo-nádúr ról an Stáit san oideachas *vis a vis* an teaghlach agus an eaglais, ag cur fráma tagartha le mórthionchar ar fáil sna 1930í.

Bunchloch do chearta dlíthiúla in Éirinn is ea an Bunreacht, a achtaíodh i 1937. Tugann Alt 42 ar an Oideachas agus Alt 44 ar an Reiligiún sa Bhunreacht léiriú soiléir ar chearta an teaghlaigh, sainchreidimh reiligiúnacha agus an Stát maidir leis an oideachas. In Alt 42.1 admhaíonn an Stát “gurb é an Teaghlach is múinteoir príomha dúchasach don leanbh, agus ráthaíonn gan cur isteach ar cheart doshannta ná ar dhualgas doshannta tuistí chun oideachas de réir a n-acmhainne a chur ar fáil dá gclainn i gcúrsaí creidimh, moráltachta, intleachta, coirp agus comhdhaonnachta”. Deir Alt 42.4:

---

<sup>11</sup> Report and Programme presented by the National Programme Conference to the Minister for Education, (Dublin: Stationery Office, 1926), lch.21

<sup>12</sup> Rules and Regulations for National Schools (Dublin: Stationery Office, 1946 ed.), lch.44

<sup>13</sup> Pope Pius XI, Divini Illius Magistri, (On the Christian Education of Youth), 31 Nollaig 1929, i Papal Teachings: Education (St. Paul’s Editions, 1960, lgh. 200-248).



Ní foláir don Stát socrú a dhéanamh chun bunoidéachas a bheith ar fáil in aisce, agus iarracht a dhéanamh chun cabhrú go réasúnta agus chun cur le tionscnamh oideachais idir phríobháideach agus chumannnta .... ag féachaint go cuí, áfach, do chearta tuistí, go mór mór maidir le múnlú na haigne i gcúrsaí creidimh is moráltachta.

Deir Alt 44.2.4:

Reachtaíocht lena gcuirtear cúnamh Stáit ar fáil do scoileanna ní cead idirdhealú a dhéanamh inti idir scoileanna atá faoi bhainistí aicmí creidimh seachas a chéile ná í do dhéanamh dochair do cheart aon linbh chun scoil a gheibheann airgead poiblí a fhreastal gan teagasc creidimh sa scoil sin a fhreastal.<sup>14</sup>

I measc na bpríomhbhéimeanna sna hailt seo bhí fo-ról an Stáit sa soláthar ‘don’ oideachas, agus cúnamh a thabhairt do gníomhaireachtaí eile. Faoi Alt 42.2 bhí sé de cheart aige scoileanna a bhunú ach, chomh fada le 2008, ní raibh bunscoileanna curtha ar fáil aige. Leagtar an-bhéim ar chearta na dtuismitheoirí d’oideachas a bpáistí, agus in Alt 42.3 geallann an Stát gan iallach a chur ar thuismitheoirí a bpáistí a chur chuig scoil ar bith ag sárú a gcoinsiasa. Deir Alt 44.2.5 go tréan “Tá sé de cheart ag gach aicme chreidimh a ngnóthaí féin a bhainistí, agus maoin, idir sho-aistrithe agus do-aistrithe, a bheith dá gcuid féin acu, agus í a fháil agus a riaradh, agus fundúireachtaí chun críocha creidimh is carthanachta a chothabháil.” Dúradh go tréan nach ndéanfadh cúnamh Stáit do scoileanna idirdhealú idir scoileanna arna bhainistiú ag sainchreidimh éagsúla. Ina theannta sin, seasadh leis an gclásal coinsiasa ina raibh meas ag an Stát ar cheart pháiste ar bith freastal ar scoil dá leithéid gan freastal ar theagasc reiligiúnach ansin. Is iad Ailt an Bhunreacht a chuir an creatlach ar fáil ar a bhfuil cearta maidir leis an mbunscolaíocht in Éirinn ag brath, a bheag nó a mhór, ó 1937 i leith.

## **Forbairtí i Sochaí atá ag Athrú (1960í agus 1970í)**

Níor tharla athruithe suntasach sa pholasaí maidir le bunscolaíocht na hÉireann go dtí na 1960í. Tréimhse ab ea na seascaidí inar tharla athruithe suntasacha polaitiúla, eacnamaíochta, sóisialta, cultúrtha agus déimeagrafacha. Ghlac an Stát suíomh níos onnghníomhaí san athchóiriú ar an oideachas, ar léiríodh a chuid easnamh go soiléir sa tuairisc Investment in Education Report a rinneadh i gcomhair le OECD, agus a foilsíodh i 1966<sup>15</sup>. An mana a tháinig chun cinn ná ‘infheistíocht san oideachas’ mar bhealach chun leas eacnamaíochta agus sóisialta an daonra a bhí ag fás a fheabhsú. Bhí tionchar nach beag ag torthaí Chomhairle na Vatacáine II sna seascaidí tosaigh ar smaointeoireacht oideachasúil chomh maith le smaointeoireacht eile shóisialta agus

<sup>14</sup> Rialtas na hÉireann, Bunreacht na hÉireann, (Oifig an tSoláthair, 1937)

<sup>15</sup> Foireann Suirbhé (I gcomhair le OECD), Investment in Education (Pr.8311), (Dublin: Stationery Office, 1966)

reiligiúnach. Bhí próifíl níos airde ag an oideachas sna meáin, stáisiún nua Telefis Éireann ina measc. D'aibhsigh forógraí na bpáirtithe polaitiúla ceisteanna a bhain le hathchóiriú an oideachais i rith na mblianta sin.

Dhírigh spotsolas an athchóirithe oideachais níos mó ar an oideachas iarbhunscoile agus tríú leibhéal, ach bhí athruithe suntasacha ar bun freisin sa bhunscolaíocht. San eagrán de na Rialacha do Scoileanna Náisiúnta a eisíodh i 1965, deir an Réamhrá, “Déanann an Stát soláthar do bhunscolaíocht saor in aisce do pháistí i scoileanna náisiúnta agus tugann léiraitheantas do charachtar sainchreidmheach na scoileanna seo.”<sup>16</sup> Seo an chéad uair sna 134 bliain de chóras na scoileanna náisiúnta go raibh aitheantas foirmiúil ar na scoileanna mar scoileanna sainchreidmheacha.

Baineadh amach an nath ó Thuairisc 1926 gur chóir do mhúinteoirí a bheith “cúramach, i láthair pháistí de chreidiúintí reiligiúnacha éagsúla, gan gabháil do cheisteanna conspóideacha”.

Sa bhliain 1966, chuir an Roinn Oideachais tús le hathchóiriú mór ar chlár na bunscoile. Foilsíodh Curaclam na Bunscoile nua i 1971 agus b'athrú mór é sa chumadh, sa réimse cúrsaí, san eagrú ábhar agus sa chur chuige oideolaíochta. Mórathrú ab ea féachaint ar an gcuraclam mar chlár comhtháite. Dúirt an réamhrá don Curaclam:

Nach bhfuil de thoradh ar theagasc tuata agus reiligiún a dheighilt i gcodanna ábhair idirdhealaithe ach an fheidhm oideachasúil iomlán a chur as fócas.<sup>17</sup>

Séard a bhí anseo ná briseadh foirmiúil ar an bprionsabal fadbhunaithe go leagfadh an scolaíocht náisiúnta béim ar an difir idir teagasc tuata agus reiligiúnach. Lean sé ar aghaidh agus dúirt gur féidir comhtháthú an churaclaim a fheiceáil “sa spiorad reiligiúnach agus sibhialta a chuireann beocht ina gcodanna uile.”<sup>18</sup>

Sa chuid a bhain le Reiligiún, luaigh sé an riail 68 leasaithe ó eagrán na bliana 1965, a thug cur síos níos díongbháilte ar na tuairimí a léiríodh i dtuairisc 1926, ag tosú mar seo a leanas:

As na codanna uile de churaclam scoile is é an Teagasc Reiligiúnach an ceann is tábhachtaí ar fad ó tharla go gcuimsíonn an t-ábhar atá ann, onóir agus seirbhís do Dhia, úsáid cheart ar acmhainní uile an duine, agus tugann sé an spreagadh is cumhachtaí chun iad a úsáid mar is cóir. Mar sin, cuid lárnach den chúrsa scoile is ea an teagasc reiligiúnach agus ba chóir do mbeadh spiorad reiligiúnach ina threoir agus ina spreagadh ar obair uile na scoile.<sup>19</sup>

<sup>16</sup> Rialacha do Scoileanna Náisiúnta (1965 eag.), Réamhrá

<sup>17</sup> Curaclam na Bunscoile, Lámhleabhar do Mhúinteoirí, Cuid I, 1971, lch.19.

<sup>18</sup> Ibid.

<sup>19</sup> Ibid., lch.23

Is féidir an cineál smaointeoireachta sainchreidmhí a bhí i gceist a aimsiú i ráiteas poiblí a rinne Rúnaí Cúnta de chuid na Roinne maidir le curaclam nua na bunscoile, nuair a dúirt sé:

Ba chóir go mbeadh aidhm an oideachais i sochaí ar bith ina léiriú ar fhealsúnacht an tsochaí sin. Sochaí Críostaí is ea an sochaí againne. Níor chóir go mbeimis ag gabháil leithscéil as polasaí oideachasúil a fhéachann go seasmhach le luachanna agus prionsabail Chríostaí a bhrú.<sup>20</sup>

Níor fhág tuairimí dá leithéid spás ar bith do shaoránaigh neamh-Chríostaí sa soláthar scoile arna thacú ag an Stát.

Bhí na hathruithe in eagrán 1965 de na Rialacha, in éineacht leis an bhfealsúnacht ráite a bhí mar bhunús leis an gcuraclam leasaithe, ag tarlú ag am ina raibh sochaí na hÉireann ag athrú, ag éirí níos ilchineálaí agus ag cur dúshlán faoi údaráis níos mó. Níor deineadh soláthar ar bith do chearta na bpáistí nár mhian lena dtuismitheoirí go bhfreastalóidís ar scoileanna a bhí sainchreidmheach amach is amach. D'fhan an clásal coinsiasa sna Rialacha a cheadaigh do pháistí fanacht amach as teagasc reiligiúnach nár thoiligh a dtuismitheoirí leis, ach níor tugadh treoir ar bith ar an gcaoi ina bhféadfaí é a chur i bhfeidhm sa lá scoile. Agus béim nua ar reiligiún a chomhtháthú leis na hábhair tuata, agus codanna uile an churaclaim á spreagadh ag spiorad reiligiúnach, mura mbeadh sé dodhéanta amach is amach, bheadh sé fíor-deacair do pháistí dá leithéid gan bualadh le luachanna reiligiúnacha a mbeadh a dtuismitheoirí ina gcoinne.

Cé gur tugadh léiriú maith sa Bhunreacht ar chearta na dtuismitheoirí maidir le hoideachas a bpáistí, bhí rannpháirtíocht ghníomhach na dtuismitheoirí i ndéanamh polasaí nó i riarachán sa chóras scolaíochta an-teoranta go deo. Sna 1960í, thosaigh tuismitheoirí ar aird níos mó a tharraingt ar a n-imeallú, agus bhí cruinnithe tuismitheoirí-múinteoirí ann i roinnt scoileanna. Ag teacht le smaointeoireacht Vatacáine II, i 1969 thug cliarlathas Caitliceach na hÉireann faomhadh don ghluaiseacht a bhí ag cur cruinnithe tuismitheoirí-múinteoirí chun cinn. Freisin thosaigh tuismitheoirí ag glacadh páirt go gníomhach sna ceisteanna a bhain le dúnadh nó cónascadh an-chuid de na scoileanna náisiúnta beaga, a tháinig anuas ó thréimhse roimhe sin, agus nach raibh na háiseanna sláinteachais, téamh agus acmhainní a bhí de dhíth ar an oideachas nua-aimseartha. Níor baineadh amach athstruchtúrú dá leithéid gan aighneas agus easaontas idir roinnt pobal áitiúla. Mar sin féin, idir 1962 agus 1979, dúnadh breis agus 2,000 scoil ina raibh múinteoir amháin nó beirt. Tháinig athrú, don chuid ba mhó, ar shean-traidisiún de bhunscoileanna aon-inscne, agus bhain buachaillí agus cailíní ó cheantair tuaithe tairbhe as scéim iompair scoile nua.

---

<sup>20</sup> Tomás Ó Floinn, "New Curriculum for Primary Schools," An Múinteoir Náisiúnta, Vol. 14, No. 6, Nollaig 1969, lch.5.

Sa bhliain 1975, tharla an chéad athrú suntasach i mbainistiú na scoileanna náisiúnta ó bunaíodh an córas in 1831. Chuir an Stát chuig an ceann a bhaint de bhoird bhainistíochta a bhunú, le dreasacht airgeadais do scoileanna a leithéid a dhéanamh. Don chéad uair, bhí tuismitheoirí agus múinteoirí páirteach go díreach, bíodh go raibh siad i suíomh an mhionlaigh, le hainmnithe an phátrúin i mbainistiú scoileanna. Chun tacú le hionadaithe na dtuismitheoirí, bunaíodh Comhairle d'Ionadaithe Tuismitheoirí Tofa.

Go luath sna seachtóidí freisin, thosaigh gluaiseacht shuntasach “ó bhun aníos” ag tuismitheoirí chun scoileanna ilsainchreidmheacha a bhunú. Bhunaigh grúpa tuismitheoirí an chéad scoil dá leithéid i nDeilginis, Co. Bhaile Átha Cliath, agus osclaíodh i 1978 í. Lean Tionscadal Scoil Bhré i 1981 agus Tionscadal Scoil Bhaile Átha Cliath Thuaidh i 1984. Ní raibh an próiseas seo díreach nó éasca agus thug na grúpaí tuismitheoirí aghaidh ar chineálacha éagsúla cur i gcoinne. Mar a dúirt duine de na ceannródaithe, “Ba chosúil go raibh deacracht ag roinnt riarthóirí ag leibhéil áitiúla agus lárnaigh araon glacadh leis go bhféadfadh scoil ilsainchreidmheach a bheith ina cuid lárnach de chóras na scoileanna náisiúnta”.<sup>21</sup> Mar sin féin, sáraíodh deacrachtaí agus bhunaigh tuismitheoirí grúpa comhorduithe – Ag Foghlaim Le Chéile (*Educate Together*), i 1984, a ghníomhaigh freisin mar ghrúpa tacaíochta do ghrúpaí eile de thuismitheoirí ar fud na tíre a raibh suim acu san oideachas ilsainchreidmheach. Bhí borradh faoin ngluaiseacht agus anois tá 58 scoil ilsainchreidmheach ann faoi chomhordú Ag Foghlaim Le Chéile.

Tharla gluaiseacht tuismitheoirí eile “ó bhun aníos” san oideachas sna seachtóidí agus b’shin brú na dtuismitheoirí ar theastaigh uathu oideachas trí mheán na Gaeilge a fháil dá bpáistí. Bunaigh siad naíonraí dos na páistí óga agus gaelscoileanna do pháistí in aois na scoile náisiúnta. Rinneadh grúpa tacaíochta dos na scoileanna seo de Gaelscoileanna Teoranta. Tá cearta pátrúnachta bunaithe ag An bhForás Pátrúnachta dos na scoileanna Gaeilge uile. Feidhmíonn scoileanna faoina choimirce mar scoileanna sainchreidmheacha, idirchreidmheacha agus ilsainchreidmheacha, ag brath ar mhianta na dtuismitheoirí.

Thug gníomhaireachtaí ar nós Ag Foghlaim Le Chéile agus Gaelscoileanna tuilleadh ilchineálachta go soláthar na mbunscoileanna, ach fós níl iontu ach céatadán an-bheag de líon iomlán na scoileanna náisiúnta, níos lú ná 4 faoin gcéad.

Rinneadh comhordú i bhfad níos mó ar ghuth na dtuismitheoirí sa scolaíocht nuair a bunaíodh An Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí i 1985. Bhí dhá roinn sa Chomhairle – ceann do bhunscoileanna, agus ceann d’iarbhunscoileanna. Tugadh cearta comhchomhairle agus idirbheartaíochta leis an Roinn Oideachais don Chomhairle Tuismitheoirí. Ó bunaíodh í tá ról comhpháirtíochta glactha aici i bpolasaí agus ceisteanna oideachasúla, agus carachtar níos daonlathaí tugtha aici do díospóireacht agus riarachán oideachasúil.

---

<sup>21</sup> Áine Hyland, “Multi-Denominational Schools in the Republic of Ireland”, i Chris Moffat (eag.) *Education Together for a Change*, (Fortnight Educational Trust, 1993)

## Le Déanaí

Mar a bhí sna 1960í, tréimhse ab ea na nóchaidí inar rinneadh méid an-mhór de mheasúnú, comhchomhairle agus athbhreithniú ar oideachas na hÉireann, agus dá bharr rinneadh neart leasuithe agus bhí meall mór de reachtaíocht oideachasúil ann nach bhfacthas a leithéid roimhe sin. I 1992, d'fhoilsigh an Rialtas Páipéar Glas – Education for a Changing World. Samhlaíodh ról níos freagraí do bhoird bhainistíochta scoileanna. Bhí na boird le hathbhunú le hionadaíocht mionlaigh ó na hiontaobhaithe/pátrún i gcoibhneas le comhaltaí eile. Bhí an cathaoirleach le toghadh as measc comhaltaí an bhoird, agus tugadh spreagadh d'uainíocht an phoist seo.<sup>22</sup> I nDeireadh Fómhair na bliana 1993, tharla Coinbhinsiún Náisiúnta Oideachais chun an iliomad ceisteanna a d'ardaigh an Páipéar Glas agus freagraí na gcomhpháirtithe oideachais ina leith. Le linn na ndfospóireachtaí ag an gCoinbhinsiún bhí seasamh an-diongbháilte ag na heagrais eaglaise maidir leis na moltaí um bhainistiú scoile, agus bhagair siad go mbeifí go láidir ag cur i gcoinne iarrachtaí ar bith de chuid an Stáit cur isteach ar chomhdhéanamh nó feidhmeanna na mbord bainistíochta. Ina Thuairisc rinne Rúnaíocht an Choinbhinsiúin glaoch le haghaidh sainmhínte níos soiléire ar fheidhmeanna na pátrúnachta agus na bainistíochta scoile. Mhol sé go mbeadh comhdhéanamh níos daonlathaí ar bhoird bhainistíochta le hionadaíocht chothrom d'ainmnithe na bpátrún agus iad siúd a toghadh ag tuismitheoirí agus múinteoirí agus gur chóir go mbeadh an chumhacht acu comhaltaí a chomhthoghadh ón bpobal áitiúil. Mhol sé go ndéanfaí tuilleadh idirbheartaíochta maidir le roghnú an chathaoirligh.<sup>23</sup>

Ina theannta sin scrúdaigh an Coinbhinsiún na fadhbanna a bhain le hoideachas ilsainchreidmheach agus tuata a sholáthar mar fhreagra ar phatrúin athraitheacha sa chreidiúint agus cleachtas reiligiúnach i sochaí na hÉireann. Ina chur i láthair don Choinbhinsiún d'aithin an Roinn Oideachais go raibh sochaí níos iolraí tagtha chun cinn agus go raibh éileamh ann ó ghrúpaí éagsúla de thuismitheoirí le haghaidh scoileanna nach scoileanna sainchreidmheacha iad. Is mar seo a thug an Rúnaíocht cur síos ar an scéal:

Is í an phríomhcheist anseo ná, i neart cásanna, ní hamháin nach dteastaíonn ó thuismitheoirí go bhfreastalódh a bpáistí ar ranganna teagasc reiligiúnaigh, ach cuireann siad i gcoinne a bpáistí a bheith á n-oiliúint laistigh de scoileanna ina bhfuil éiteas ceannasach nach mbaineann lena gcreideamh/creidiúintí féin. Ar ndóigh, tá sé de cheart ag na tuismitheoirí seo a bpáistí a tharraingt siar ó theagasc reiligiúnach. Ach, seachas an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag tarraingt siar dá leithéid - is é sin go mbeadh smál ar an bpáiste i measc a bpiaraí - rinneadh an phointe go láidir go mb'fhéidir go mbeidh saoirsí sibhialta i gceist do dhaltaí/tuismitheoirí dá leithéid

<sup>22</sup> Green Paper – Education for Changing World, (Dublin: Stationery Office, 1992), lch.145

<sup>23</sup> John Coolahan (ed) Report on the National Education Convention, (Dublin: Stationery Office, 1994), lch.29

ag freastal ar scoileanna ina bhfuil reiligiún comhtháite go hiomlán leis an gcuid eile den churaclam agus ina léiríonn an t-éiteas agus an “curaclam folaithe” idéil reiligiúnacha na scoile go hiomlán.

Mar bhealach ar aghaidh, dúirt an Rúnaíocht:

Éilíonn an fhadhb agus na dúshláin os comhair na ndéantóirí polasaí agus na n-údarás scoile ní hamháin go mbeadh dialóg ann ag leibhéal na scoile agus go bhforbrófaí treoirilínte “deachleachtais” ag grúpa atá cáilithe agus ionadaíoch mar is cuí, arna thionól ag an Roinn. D’fhéadfadh meitheal oibre dá leithéid ceisteanna dlí agus, b’fhéidir bunreachtúla, a d’fhéadfadh a bheith i gceist a fhiosrú freisin.<sup>24</sup>

Ghlac Páipéar Bán an Rialtais Charting our Education Future (1995) leis an moladh seo, á rá “Tionólfar meitheal oibre dá leithéid go luath”.<sup>25</sup> Ar an drochuair, níor tharla sé seo agus ligeadh an cheist i léig. Ghlac an Stát le moladh suntasach eile de chuid an Choinbhinsiúin, agus chuir i bhfeidhm é, go mbeadh foirgnimh bunscoile in úinéireacht phoiblí as sin amach, sa mhéid agus is féidir, agus iad curtha amach ar léas chuig pátrúin scoile.

Cé nár ghníomhaigh an Stát maidir le moladh an Choinbhinsiúin faoi na ceisteanna bunreachtúla agus dlíthiúla a bhain le patrún reatha sholáthar na scolaíochta, tháinig an cheist faoi scrúdú ag an nGrúpa Athbhreithnithe ar an mBunreacht (1996). Ina réamhrá ar an scrúdú ar cheisteanna bunreachtúla luaigh Tuairisc an Ghrúpa tráchtairacht Gerry Whyte ar Ailt 42 agus 44. Dúirt sé, toisc gur:

Dréachtaíodh iad ag an nuair nach raibh ach éileamh beag nó gan éileamh ar bith ann don oideachas neamhshainchreidmheach, léirigh na forálacha seo teagasc sóisialta Chaitliceach Rómhánach trí phrionsabal fhorlámhas na dtuismitheoirí maidir le hoideachas pháistí a chumhdach. Ag feidhmiú anois i gcineál éagsúil de shochaí ná mar a bhí ann sna 30í, féadfaidh torthaí praiticiúla a bheith ag an bprionsabal bunreachtúil seo nár shamhlaigh nó nár bheartaigh na húdair riamh.<sup>26</sup>

Ag féachaint do thionchar na hathruithe sna rialach i 1965, aitheantas foirmiúil ag an Stát ar charachtar sainchreidmheach chóras na bunscoile agus an tionchar a bhí ag curaclam comhtháite 1971, luaigh an Grúpa Athbhreithnithe na deacrachtaí a cruthaíodh i leith Ailt 44.2.4 maidir leis an gceart ag gach páiste freastal ar scoil arna thacú ag an stát gan teagasc reiligiúnacha a fháil sa scoil sin.

<sup>24</sup> Ibid., lch.33

<sup>25</sup> White Paper – Charting our Education Future (Dublin: Stationery Office, 1995), lch.24

<sup>26</sup> Gerry Whyte, “Education and the Constitution”, in Dermot Lane (ed.), Religion, Education and the Constitution, (Dublin, Columba Press, 1992), lgh. 84-118

Mar chonclúid dúirt an Grúpa Athbhreithnithe:

Mar achoimre, mar sin, níl carachtar sainchreidmheach an chórais scolaíochta mar atá faoi láthair ag teacht le hAlt 42.2.4. Is léir go bhfuil an staid míshásúil. Ba chóir Alt 44.2.4 a leasú nó ba chóir don chóras scolaíochta athrú chun freastal ar riachtanais Ailt 44.2.4.<sup>27</sup>

I ndiaidh an Choinbhinsiúin Náisiúnta Oideachais, chuir an tAire Oideachais, Niamh Bhreathnach, TD, plé ar bun ag na comhpháirtithe oideachais ar chomhdhéanamh agus ar ghníomhais iontaobhais na mbord bainistíochta i mbunscoileanna. Bhí dhá bhliain d'idirbheartaíocht ann sula dtángthas ar chomhaontú, i Samhain na bliana 1996. Maidir le comhdhéanamh, séard a bhí mar thoradh air, mar a bhí molta ag an gCoinbhinsiún, ná ionadaíocht chothrom ag ainmnithe an phátrúin, múinteoirí, tuismitheoirí, agus an pobal. Leasú ab ea na gníomhais iontaobhais a tháinig chun solais, ar a tugadh Gníomhais Athraithe, ar an sean-léas nó gníomhas iontaobhais. Ní raibh tagairt iontu siúd d'éiteas nó fealsúnacht phátrún na scoile, ach d'éiligh go n-úsáidí an foirgneamh do chúiseanna scoile náisiúnta ar feadh tréimhse 99 bliain. Os a choinne sin, leag na Gníomhais Athraithe nua amach éiteas phátrún nó iontaobhaí na scoile agus thug siad feidhm dlí dó. I gcás an Ghníomhais Athraithe Chaitliceach Rómhánach, mar shampla, bhí ar na boird bhainistíochta:

- Ar an gcéad dul síos, an scoil a bhainistiú faoi theagasc, chleachtas agus thraidisiún na hEaglaise Caitlicí Rómhánaí
- Ar an dara dul síos, iad féin a chur ar an eolas agus a choinneáil ar an eolas faoi éiteas na hEaglaise Caitlicí Rómhánaí agus an chreidimh Caitlicigh Rómhánaigh sa mhéid agus a bhaineann a leithéid le hoideachas agus scoileanna agus
- Ar an tríú dul síos, an scoil a bhainistiú agus a chur faoi deara go mbainisteofar an scoil ar bhealach a sheasfaidh leis agus a chothóidh éiteas dá leithéid....<sup>28</sup>

Ar bhealach cosúil leis sin bhí cosaint agus tacaíocht le tabhairt d'éiteas na n-eagras pátrúnachta eile. Ar an gcaoi sin, chuidigh an Stát le láidriú fhreagracht na mbord bainistíochta chun éiteas na n-eagras pátrúnachta a bhí ann cheana sna scoileanna a choinneáil, ach ní dhearna sé gníomh chun cosaint a thabhairt do chearta na saoránach nach mbaineann le grúpa a raibh scoileanna i seilbh acu nó á mbainistiú acu.

Achtaíodh an chéad Acht Oideachais cuimsitheach don chóras scolaíochta in Éirinn sa bhliain 1998. In Alt 8 den Acht, tá ar an Aire Oideachais clár a choinneáil de phátrúin scoile agus ainmneach na bpátrún a chur ar an gclár. Bronnann an tAcht cumhachtaí suntasacha ar an bpátrún scoile. Faoi Alt 14 (4), tá sé de cheart ag an bpátrún comhaltaí de bhoird bhainistíochta na scoileanna a cheapadh, faoi réir ag

<sup>27</sup> Report of the Constitution Review Group, (Government Publications, 1996), Ailt 40-44.

<sup>28</sup> Text of Deed of Variation in Áine Hyland, "The Patronage of National Schools", Education Matters Yearbook, Meitheamh 2010

prótacail aontaithe. Faoi Alt 16 (1) den Acht, agus faoi réir chead an Aire, féadfaidh an pátrún

- (a) ar chúiseanna maithe bailí, a shonrófar i scríbhinn do chomhalta de bhord bainistíochta, an comhalta sin a cur as an oifig sin, nó
- (b) más deimhin leis nó léi nach bhfuil feidhmeanna boird á gcomhall go héifeachtach, an bord sin a dhíscaoileadh.

Sonraíonn Alt 15 feidhmeanna na mbord bainistíochta agus a bhfreagrachtaí don phátrún. I gcur i bhfeidhm a gcuid oibre, spreagtar boird mar seo a leanas –

beidh aird aige ar phrionsabail agus ar riachtanais sochaí daonlathaí agus beidh urraim aige don éagsúlacht luachanna, creideamh, traidisiún, teangacha agus modhanna maireachtála atá sa tsochaí (Alt 15.2.e)

Baineann Alt 30(2)(e) den Acht leis an bhforáil chlásal coinsiasa fhadbhunaithe, ach le feidhmiú níos leithne –

ní cheanglóidh an tAire ar aon mhac léinn freastal ar theagasc in ábhar ar bith atá contrártha do choinsias thuismitheoir an mhic léinn nó, i gcás mic léinn a bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige nó aici, do choinsias an mhic léinn.<sup>29</sup>

Ní raibh an clásal coinsiasa teoranta a thuilleadh don teagasc reiligiúnach. Leasaíodh curaclam 1971 sa bhliain 1999 agus dúirt

...Is freagracht de chuid na scoile é, oideachas reiligiúnach a sholáthar atá ag teacht lena héiteas féin, ach bheith solúbtha ag an am céanna i dtaca le socrúithe eagraíochtúla eile a dhéanamh dóibh siúd nach mian leo leas a bhaint as an oideachas reiligiúnach áirithe a thairgeann sí. Tá sé chomh tábhachtach céanna go dtabharfaí ómós do chreideamh is do mhothaitheacht an uile pháiste.<sup>30</sup>

Chuir sé seo an fhreagracht ar an scoil socrúithe eagrúcháin roghnacha a dhéanamh dóibh siúd nár mhian leo páirt a ghlacadh ina chlár teagaisc reiligiúnaigh, ach ní dharna doiciméad an churaclaim moladh ar bith maidir leis an deachleachtas sa réimse seo.

Sna deichbhlianta deiridh den fichiú céad bhí titim an-suntasach i líon na bhfear agus na mban sa saol reiligiúnach. Tá neart cuallachtaí reiligiúnacha ag gabháil d'fhéincheistiú athmhachnamhach agus ag dul siar ar charasma tosaigh a mbunaitheoirí. Bhí tarraingt siar suntasach ann ag reiligiúnaigh ó ghníomhaíochtaí sa líne tosaigh i scoileanna agus díriú ar struchtúir tacaíochta agus athstruchtúir ar

<sup>29</sup> Acht Oideachais, 1998, Uimhir 51 de 1998

<sup>30</sup> Curaclam na Bunscoile, 1999, lch.58



iontaobhas, le rannpháirtíocht dhaoine tuata, agus é mar chuspóir a luachanna agus éiteas a choinneáil i scoileanna sa todhchaí. Le linn na nóchaidí déanacha luaigh roinnt urlabhraithe reiligiúnacha tuairimí a thacaigh le hilchineálacht níos mó sa phátrúnacht scoile. Mar shampla, dúirt an diagaire, an Dr. Oir. Dermot Lane:

Ba chóir go gcuirfeadh an Eaglais Chaitliceach, mar sin, fáilte roimh fhorbairt fhoirmeacha roghnacha eile den rogha oideachasúil ar nós Gaelscoileanna, oideachas ilsainchreidmheach agus oideachas neamhshainchreidmheach ... Is chun tairbhe an oideachais Caitlicigh a bheidh ilchineálacht foirme agus rogha dá leithéid toisc go bhfeidhmeoidh sé mar spreagadh dá bhfuil saintréitheach faoina aitheantas agus éiteas féin. Níor chun leasa an oideachais Caitlicigh i gcónaí é easpa na hilchineálachta san oideachas.<sup>31</sup>

Scríobh an tSr. Teresa McCormack, Rúnaí ar Chomhdháil na bPríomh-Uachtarán Reiligiúnacha:

Tá comhdhearcadh an-láidir anois ann in oideachas na hÉireann gurb é an bealach is cuí le freastal ar an iolrachas atá ag fás sa sochaí ná go mbeadh fáil ar ilchineálacht de chineálacha scoile. Tá tiomantas ann ó thaobh an rialtais dé, ag éirí as inní atá sa sochaí comhaimseartha, iarracht a dhéanamh a chinntiú, sa mhéid agus is féidir, go mbeidh tuismitheoirí in ann scoileanna a roghnú a léiríonn a luachanna reiligiúnacha, eitice nó cultúrtha.<sup>32</sup>

Bhí timpeallacht na smaointeoireachta ag athrú agus bhí aitheantas poiblí á thabhairt ag daoine san Eaglais Chaitliceach do ghá le hathrú i soláthar na pátrúnachta scoile.

Mar aitheantas ar an ilchineálacht sna creidimh i measc na ndaltaí sna bunscoileanna agus an gá le “hoideachas reiligiúnach cuí a bhunú dos na scoileanna uile a léireodh an ilchineálacht seo”, ghlaigh Cumann Múinteoirí Éireann, ag a Chomhdháil Bhliantúil i 2002, do bhunú fóraim. Bhí sé ag súil go gcuirfeadh fóram dá leithéid “tús le próiseas athmhachnamhach ina bhfuil na comhpháirtithe ar fad san oideachas páirteach chun freastal agus cuimsitheacht a aimsiú”.<sup>33</sup>

## **Roinnt Dearthaí Idirnáisiúnta ar Sholáthar na Scolaíochta in Éirinn**

Ón deichbhliain deiridh sa fichiú céad agus tríd na seacht mbliain tosaigh den chéad seo, bhí tréimhse d'fhás eacnamaíochta agus saibhris ann i sochaí na hÉireann nach

---

<sup>31</sup> Dermot Lane, “The Expanding Horizons of Catholic Education” in Pádraig Hogan (ed). The Future of Religion in Irish Education, (Veritas, Dublin, 1977), lgh. 123-137, lch.133

<sup>32</sup> Teresa McCormack, “Future Directions for Trusteeship” in Catherine Furlong and Luke Monaghan (eds.) School Culture and Ethos: Cracking the Code, (Dublin: 2000), lgh.152-162

<sup>33</sup> John Carr, “Foreword”, to INTO, Teaching Religion in the Primary School: Issues and Challenges (Dublin, INTO, 2003), lch.2

bhfacthas riamh roimhe sin, agus tugadh an Tíogar Ceilteach air dá bharr. Bhí Éire ina ceann scríbe an-tarraingteach d'imircigh ó thíortha in Oirthear na hEorpa, san Afraic agus roinnt tíortha neamhfhorbartha a bhí ag lorg fostaíochta. Mealladh abhaile an-chuid de dhiaspóra na hÉireann a bhí ina gcónaí thar lear freisin. Ag teacht le treochtaí i dtíortha Eorpacha eile, bhí dhá thréith fhrithchúiteach ann in Éirinn maidir le creidiúint reiligiúnach. Nasctha le treochtaí dí-eaglaisithe i sochaí na hEorpa, in Éirinn tá titim tagtha ar chodán an daonra a luann ceangal foirmiúil reiligiúnach, agus titim shuntasach sa chleachtas reiligiúnach rialta, agus é seo níos mó i gceantair uirbeacha. De bhreis air sin, le blianta beaga anuas, léirigh roinnt tuairiscí foirmeacha leathan míúsáide ar dhaoine in institiúidí á rith ag eagrais reiligiúnacha, agus an bealach míshásúil inar láimhsigh údaráis eaglaise gearáin agus fiosruithe. Bhí tionchar ag na nithe seo ar stádas poiblí na n-eaglaisí, coimhthíodh neart creidmheach agus tá laghdú tagtha i ról na n-eaglaisí institiúideacha i saol na ndaoine ó lá go lá. Os a choinne sin, mar thoradh ar theacht líon mór d'imircigh, neart díobh le ceangail láidre reiligiúnacha, tá fás tagtha ar an ilchineálacht i gcreidiúintí reiligiúnacha, creidiúintí neamh-Chríostaí san áireamh, i measc an phobail.

I sochaithe forbartha atá ag athrú go tapa aithnítear go bhfuil an-tionchar ag na meáin agus ag na líonraí sóisialta ar mhúnú dearthaí poiblí. Tá béim níos mó ar chearta an duine aonair agus an ghrúpa, le haird níos lú ar atharthaíochas nó forógraí ó dhaoine in údarás. Tá athrú ollmhór tagtha ar shaol an teaghlaigh le leibhéil níos airde de chliseadh pósta, daoine ag cónaí lena chéile mar pháirtithe murab ionann agus mar lánúineacha pósta, agus níos mó páistí á mbreith do thuismitheoirí aonair. Sa chúlú faoi láthair tá dífhostaíocht an-ard agus tá an neart teaghlach i gcruatan toisc nach féidir leo morgáistí a íoc as a dtithe, go bhfuil leibhéil arda fiacha acu agus leaganacha éagsúla de ghanntanas eacnamaíochta.

Tá nithe mar sin ag tarlúint i neart tíortha. Ag teacht leis an idirnáisiúnú atá ag fás i dtreochtaí dhéanamh polasaí oideachais, sholáthar agus mheasúnú, i cás inní agus athmhachnaimh idirnáisiúnta é ról na scoile agus a rannpháirtíocht le hoideachas agus reiligiún, le cearta daonna, agus le gaolta teaghlaigh. Trí ghníomhaireachtaí ar nós na Náisiún Aontaithe, an AE agus Chomhairle na hEorpa, tá tíortha tar éis coinbhinsiúin agus prótacail a chomhaontú a chuimsíonn an aidhm le hoideachas a chothú le fócas láidir ar chearta daonna. Tá Éire ina comhpháirtí ar roinnt mhaith de na coinbhinsiúin idirnáisiúnta.

I measc na gcoinbhinsiúin agus na n-ionstraimí a bhfuil tábhacht ar leith acu maidir leis reiligiún agus oideachas tá an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR); an Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla (ICCPR); Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le hÍdirdhealú Ciníoch a Dhíothú (CERD); Cúnant Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe ar Chearta Eacnamaíochta, Sóisialta agus Cultúrtha (ICESCR); Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (CRC); Comhairle na hEorpa, Coinbhinsiún Creatlaigh do Mhionlaigh Náisiúnta a Chosaint.

Sna coinbhinsiúin éagsúla seo tá ailt a bhaineann le cearta saoránach faoi an-chuid ceanteidil ar nós, mar shampla, in Alt den ECHR “An ceart chun oideachais” –

Ní dhiúltófar d'aon duine an ceart chun oideachais. Nuair a bheas sé ag feidhmiú aon fheidhmeanna dá ngabhfaidh sé chuige maidir leis an oideachas agus leis an teagasc, bhéarfaidh an Stát urraim do cheart tuismitheoirí chun a áirithiú go mbeidh an t-oideachas agus an teagasc sin i gcomhréir lena ndeimhní creidimh agus fealsúnachta féin.

Ó am go ham, déanann na gníomhaireachtaí idirnáisiúnta athbhreithnithe ar a fheabhas agus a chomhlíonann tíortha éagsúla a ndualgais faoi choinbhinsiúin dá leithéid. I Márta na bliana 2005, mhol UN CERD, ag féachaint do róflúirse na mbunscoileanna sainchreidmheacha in Éirinn, “go gcothódh an páirtí Stáit (Éire) bunú scoileanna neamhshainchreidmheacha agus ilsainchreidmheacha.” D’eisigh Comhairle na hEorpa moltaí den chineál céanna i nDeireadh Fómhair na bliana 2006, nuair a mhol sé d’Éirinn “Leanacht d’iarrachtaí reatha freastal ar an ilchineálacht atá ag fás i scoileanna na hÉireann, lena n-áirítear i dtéarmaí an éilimh do scoileanna neamhshainchreidmheacha nó ilsainchreidmheacha”. I nDeireadh Fómhair na bliana 2008, dúirt ICCPR, “Nótáileann an Coiste le himní gur scoileanna sainchreidmheacha á rith go príobháideach iad tromlach ollmhór bhunscoileanna na hÉireann, a bhfuil curaclam comhtháite reiligiúnach glactha acu, agus ar an gcaoi sin ceilt déanta ar an iliomad tuismitheoirí agus páistí ar mian leo rochtain a fháil ar bhunscolaíocht tuata”. Lean sé ar aghaidh le háiteamh ar an Stát ilchineálacht na mbunscoileanna a mhéadú. I dtráchtairacht CERD níos déanaí, a eisíodh ar 10 Márta 2011, dúirt sé:

Nótáileann an Coiste le himní go bhfuil an córas oideachais sa pháirtí Stáit (Éire) fós sainchreidmheach go mór mór agus faoi smacht go mór ag an Eaglais Chaitliceach. Nótáileann an Coiste freisin nach bhfuil i scoileanna neamhshainchreidmheacha nó ilsainchreidmheacha ach céatadán an-bheag den iomlán agus, is trua leis, de réir thuairiscí, nach bhfuil dóthain scoileanna roghnacha ann,...

Ba é seo a Mholadh:

Athdhearbhaíonn an Coiste a thuairimí conclúide roimhe seo agus molann go gcuirfidh an páirtí Stáir luas faoina iarrachtaí le scoileanna roghnacha neamhshainchreidmheacha nó ilsainchreidmheacha a bhunú agus go leasfar an reachtaíocht atá ann cheana a chuireann cosc ar scoláirí clárú ar scoil mar thoradh ar a gcreideamh nó creidiúint<sup>34</sup>

---

<sup>34</sup> UN, Concluding Observations of the Committee on the Elimination of Racial Discrimination: Ireland, (CERD/C/IRL/CO/3-4), 10 Márta 2011

Rinne Comhairle Cearta Daonna na Náisiún Aontaithe Athbhreithniú Tréimhsiúil Uilíoch (UPR) ar Éirinn ar 6 Deireadh Fómhair 2011 inar cháin roinnt tíortha Éire cosúil leis an gcáineadh thuas. Eiseoidh an Coiste atá i bhfeighil an UPR a thorthaí i Márta 2012.

Mar sin, de bhreis ar an bplé ar an gceist laistigh d'Éirinn féin, tá brú idirnáisiúnta ann le blianta beaga anuas le ilchineálacht níos mó sa phátrúnacht scoile a sholáthar in Éirinn.

## **An Staid Mar Atá ag Forbairt in Éirinn**

Sa bhliain 2006, chuir an tAire Oideachais, Mary Hanafin, TD, tús le céimeanna chun leagan nua de phátrúnacht scoile a fhorbairt. I ndiaidh cainteanna le comhpháirteanna oideachasúla forbraíodh an coincheap seo go dtí an rud ar a thugtar Pobalscoileanna Náisiúnta (CNS). Thosaigh an chéad CNS ag feidhmiú i 2008, agus anois tá cúig scoil dá leithéid ann. Breathnaítear orthu mar scoileanna píolótacha agus tá roinnt saintréithe nuálacha acu. Faoi láthair, is é an tAire Oideachais agus Scileanna an pátrún sealadach, ach tá sé beartaithe, nuair atá reachtaíocht chuí ann, an phátrúnacht a aistriú chuig an gCoiste Gairmoideachais cuí, áit a bhfuil scoileanna dá leithéid lonnaithe. Tá clár il-chreidimh á fhorbairt ag na Pobalscoileanna Náisiúnta, ar bhonn taighde gníomhaíochta, chun freastal ar na creidimh ar fad agus gan creideamh ar bith laistigh den ghnáth-lá scoile. Tá oifigeach taighde cláir á thacú ag grúpa tacaíochta atá bunaithe go forleathan. Tugtar an Croíchlár ar an gcuid sin den chlár ina múintear/bhfoghlaimíonn na páistí le chéile. Ina theannta sin, ar feadh 3-4 seachtaine gach bliain déantar páistí a idirdhealú i ngrúpaí creidimh éagsúla, faoi réir mhianta na dtuismitheoirí. Le linn na modúl creidimh ar leith seo, déantar na creidiúintí agus cleachtais a bhaineann leis an gcreideamh cuí a chothú.

Féachann an triail le comhchlár reiligiúnach/eitice a sholáthar dos na páistí uile, chomh maith le teagasc ar leith um fhoirmiú creidiúintí a chur ar fáil, i rith an lae scoile, ag teacht le córais creidiúintí creidimh atá ag catagóirí éagsúla de thuismitheoirí. Forbairt úrnua ia ea an scéim phíolótach i múnlaí phátrúnacht scoile na hÉireann, agus tá le feiceáil cé mar a éireoidh leis agus cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar staid atá á fhorbairt i gcónaí.

D'eagraigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta Comhdháil Náisiúnta ar 27 Meitheamh, 2008 dar teideal "*The Governance Challenge for Future Primary School Needs*". Tugadh cuireadh dos na páirtithe leasmhara uile a bheith páirteach sa chomhdháil lae seo, a tionóladh i mBaile Átha Cliath. Ba iad an tAire Oideachais, Batt O'Keeffe, Uas. TD agus Ardeaspag Bhaile Átha Cliath, An Dr. Ró-Oirmh.. Diarmuid Martin na príomhchainteoirí. Dhírigh cainteoirí na comhdhála ar an-chuid de ghnéithe an oideachais i sochaí atá ag éirí níos ilchultúrtha. Leag an tAire béim ar leith ar na Pobalscoileanna Náisiúnta píolótacha, agus ar a gcumas mar chineál nua

pátrúnachta. Bhí an coincheap á phlé ag neart cainteoirí. Chuir an t-Ardeaspag Martin fáilte rompu, agus dúirt freisin:

Ní bheidh an scoil Chaitliceach in ann a sainról a chur i bhfeidhm ach amháin má tá roghanna inmharthana ann do thuismitheoirí ar mian leo a bpáistí a chur chuig scoileanna á spreagadh ag fealsúnachtaí eile. Tá an t-éileamh ann. Mar thoradh ar an mhoill i soláthar rogha múnlaí dá leithéid rinneadh an roghnú an-deacair do thuismitheoirí dá leithéid agus, go deimhin do neart múinteoirí.

Lean sé ar aghaidh le ráiteas an-suntasach faoi bhealach ar aghaidh a d'fhéadfadh a bheith ann:

Creidim gur féidir teacht ar bhealaí le ról na múnlaí pátrúnachta eile a leathnú, nuair atá éileamh mar sin ann, trí chineál dífheistiú struchtúrtha ag an bpátrún Caitliceach, a aithníonn cearta agus leasa na bpáirtithe uile. Bheadh sé ag eascairt, de réir mar a fheicim é, ó ghluaiseacht na bpáistí agus na múinteoirí de réir a chéile i dtreo scoileanna éagsúla i ngach ceantar, gach ceann díobh ag forbairt i dtreo éiteas phátrúin ar leith.<sup>35</sup>

I gcomhthéacs na tíre ina raibh líon an-ard de scoileanna in aghaidh an duine sa daonra d'oscail an smaoineamh maidir le dífheistiú féideartha pátrúnachta ó phátrún amháin go chéile féidirtheachtaí do pholasaí náisiúnta.

Bhí Comhdháil na nEaspag Caitliceacha ag machnamh ar ghnéithe de thodhchaí na mbunscoileanna in Éirinn a bhí ag athrú. I 2007, d'fhoilsigh siad, "*Catholic Primary Schools: A Policy for Provision in the Future*"<sup>36</sup> agus, i 2008, "*Vision 08 : A Vision for Catholic Education in Ireland.*" Chuir doiciméad na bliana 2007 fáilte roimh chur i bhfeidhm cheart na thuismitheoirí ó thraidisiúin creidimh eile agus gan creideamh don scolaíocht de réir a gcreidiúintí. D'aimnigh sé dhá chineál de chúinsí ina bhféadfaí gníomh a dhéanamh, i lárionaid daonra nua, agus i gceantair a bhí níos bunaithe. Maidir leis an gcéad cheann, dúirt an doiciméad:

I lárionaid daonra nua tá sé de dhualgas ar an Stát pleanáil chun suíomhanna scoile a sholáthar agus a chinntiú, i gcomhchomhairle leis na heagrais pátrúnachta éagsúla, go bhfuil iolrachas de sholáthar scoile a léiríonn mianta na dtuismitheoirí sa cheantar.

Lean sé ar aghaidh:

---

<sup>35</sup> Nótaí cainte An Dr. Sár-Oirmh. Martin, Ardeaspag Bhaile Átha Cliath agus Príomhaidh na hÉireann don Chomhdháil, "Governance Challenge for Future Primary School Needs", 27 Meitheamh 2008

<sup>36</sup> Comhdháil na nEaspag Caitliceacha, *Catholic Primary Schools: A Policy for Provision in the Future*, 2007

I gceantair áirithe ina raibh líon mór tuismitheoirí a raibh Scoil Chaitliceach de dhíth orthu san am atá thart, b'fhéidir go bhfuil cúinsí athraithe agus nach bhfuil scoil atá ann cheana inmharthana a thuilleadh mar scoil Chaitliceach ... I gcúinsí áirithe b'fhéidir go measfar gur fearr dul isteach i socruithe pátrúnacht nua ...<sup>37</sup>

I 2008, cuireadh tús le hidirbheartaíocht idir ionadaithe ón Eaglais Chaitliceach agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta maidir le nithe a bhain le próiseas chun pátrúnacht scoile a dhífheistiú. Ag éirí as an idirbheartaíocht gheall an Roinn go n-ullmhóidís liosta de na ceantair ina raibh, ar bhonn chumraíocht na scoileanna agus sonraí déimeagrafacha, cás *prime facie* do mheasúnú. I Lúnasa na bliana 2010, rinne an Roinn liosta tosaigh de 43 ceantar baile agus 4 bruachbhaile i mBaile Átha Cliath, a caolaíodh go 10 gceantar. I bhfianaise é seo, tá comhchomhairle agus athmhachnamh déanta ag Comhpháirtíocht na Scoileanna Caitliceacha i measc na bpáirtithe bainteacha ar fad maidir le réimsí féideartha chun pátrúnacht a dhífheistiú agus an próiseas is iomchuí chun é seo a dhéanamh. Thuairiscigh an Chomhpháirtíocht ar a gcomhchomhairle i nDeireadh Fómhair 2011 ach ní dhearna siad tagairt dos na 10 gceantar aitheanta.<sup>38</sup>

I Meán Fómhair 2008, d'ordaigh an tAire Oideachais agus Eolaíochta go ndéanfaí athbhreithniú ar na critéirí agus gnásanna chun bunscoileanna nua a bhunú ag an gCoimisiún um Chóiríocht Scoile. Rinne Grúpa Oibre Teicniúil agus Coiste Stiúrtha le hionadaíocht leathan athbhreithniú ar raon de cheisteanna ábhartha. Foilsíodh a thuairisc i bhFeabhra 2011.

Déan roinnt de mholtaí an Choimisiúin tagairt go saineúil do ghnéithe den phátrúnacht scoile. Leagann sé amach roinnt critéirí a gceapann sé ba chóir a chur i bhfeidhm i roghnú an phátrúin do scoil nua. Luann sé an ardaidhm go mbainfidh an obair idir lámha ag údaráis na hEaglaise Caitlicí ar dhífheistiú féideartha pátrúnachta amach “ilchineálacht pátrúnachta níos fearr trí úsáid an infreastruchtúir atá ann a úsáid níos fearr.” Molann sé go mbeadh próisis ar leith ann chun pátrún nua a chur isteach ar chlár na Roinne agus chun bunscoil nua a aithint. Thacaigh an Coimisiún freisin le leathnú na pátrúnacht scoile trí mheán na Gaeilge. Mhol an tuairisc go mbunódh an tAire foras nua, dar teideal an Grúpa Comhairleach um Phátrúnacht (PAG), le freagrachtaí a ghlacadh maidir le haitheantas pátrúin do scoileanna nua agus athrú pátrúnachta do scoileanna ann cheana i gcomhairle leis na páirtithe ábhartha ar fad. Ba chóir don PAG freisin machnamh a dhéanamh ar chritéirí a fhorbairt chun pátrún a chur san áireamh ar chlár na bpátrún, meastóireacht ar fheidhmíocht pátrúin, agus socruithe chun pátrún a bhaint más rud é nach bhfuil a ról á chur i bhfeidhm acu i gceart.<sup>39</sup>

<sup>37</sup> Irish Catholic Bishops Conference, Vision 08: A Vision for Catholic Education in Ireland, Bealtaine 2008. lch.6

<sup>38</sup> Irish Catholic Bishops' Conference, Patronage in Catholic Primary Schools in the Republic of Ireland : A Qualitative Study, Deireadh Fómhair 2011

<sup>39</sup> Commission for School Accommodation, Revised Criteria and Procedures for Establishment of New Primary Schools, February 2011, lgh. 51-55

I Samhain 2010, d’eagraigh Coimisiún um Chearta an Duine in Éirinn (IHRC) comhdháil ar “Religion and Education: A Human Rights Perspective”, arna leanúint ag próiseas comhchomhairle ar an téama. I mBealtaine 2011, d’fhoilsigh sé a Thuairisc ar an téama sin. Scrúdaigh an Tuairisc neart gnéithe de sholáthar na scolaíochta ó thaobh an bhunreacht agus ó taobh chearta an duine de. Seo a leanas a phríomhmholtaí maidir le soláthar scoile agus pátrúnachta:

- is é príomhmholadh an IHRC thar gach moladh eile ná go gcinnteodh an Stát go bhfuil ilchineálacht soláthair ann de chineál scoile laistigh d’abhantracha oideachasúla ar fud an Stáit a léiríonn ilchineálacht na n-áitiús reiligiúnacha agus neamh-reiligiúnacha atá ann anois sa Stát ...
- ba chóir Alt 15 den Acht Oideachais a leasú chun foráil do leasuithe don churaclam atá beartaithe d’fhonn a chinntiú go n-aithnítear cearta pháistí le creideamh nó neamh-chreideamh mionlaigh iontu freisin .....
- ba chóir don Aire Oideachais agus Scileanna na Rialacha do Scoileanna Náisiúnta a chódú agus a athbhreithniú, d’fhonn a chinntiú go seastar leis na caighdeáin um chearta an duine a leagtar amach sa pháipéar seo (IHRC)
- nuair nach bhfuil soláthar ilchineálach oideachais ann in abhantrach scoile, ba chóir machnamh a dhéanamh ar ranganna reiligiúin níos foirmiúla ag tús nó ag deireadh an lae
- ba chóir don Stát féachaint lena chinntiú go bhfuil na pátrúin uile i scoileanna maoinithe ag an Stát aireach don tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag taispeáint chreidiúintí reiligiúnacha pháistí ó chreidimh nó nach bhfuil cúlra creidimh acu. Ba chóir treoirlínte agus samplaí den deachleachtas a fhorbairt, chomh maith le dáileadh na n-acmhainní atá riachtanach chun an deachleachtas sin a chur i bhfeidhm, i gcomhair leis an mheicníocht gearán fheabhsaithe atá molta don Rialtas
- ba chóir go mbeadh foras Ombudsman leathnaithe ann le sainchúram chun gearáin a mheas maidir le gnásanna eisiata nó nochtadh ar bith nach bhfuil toilteanach do shíolteagasc nó iompúchán ...<sup>40</sup>

Tá tábhacht le moltaí mar seo dos na ceisteanna a théann i gcion ar éagsúlú sholáthar scoile agus cosaint chearta daonna na bpáistí agus na dtuismitheoirí a bhfuil aird dírithe orthu i gcodanna níos luaithe den Tuairisc seo.

---

<sup>40</sup> Irish Human Rights Commission, Religion and Education: A Human Rights Perspective. (Dublin, May 2001), lgh.104-106

## Conclúid

Ón athbhreithniú thuas, is féidir glacadh leis go bhfuil aird agus díospóireacht dírithe le fada an lá ar cheisteanna na pátrúnachta scoile agus cearta oideachasúla na dtuismitheoirí agus na bpáistí in Éirinn. Ó thús chóras na scoileanna náisiúnta bhí cúram ann le cosaint a thabhairt do chearta na saoránach uile de shochaí ilsainchreidmheach laistigh de chóras amháin faoi thacaíocht an stáit. Ghéill an prionsabal tosaigh a bhí ag an riarachán lárnach do phlean um ‘oideachas measctha’ go mór don bhrú a d’fhéach leis an gcóras a mhúnlú i réimse de phatrúin sainchreidmheacha, a léirigh na grúpaí reiligiúnacha bhí ann ag an am. Mar sin féin, ón tús, dheimhnigh na Coimisinéirí Oideachais Náisiúnta go ndéanfaí idirdhealú idir theagasc liteartha agus morálta ar thaobh amháin agus teagasc reiligiúnach ar an taobh eile. Chuir siad faoi deara freisin go raibh clásail coinsiasa ann nach mbeadh páistí i láthair ag aon teagasc reiligiúnach nár thoiligh a dtuismitheoirí. D’aibhsigh siad freisin nár chóir do pháistí ar bith eisiata ó theagasc reiligiúnach ar “bhuntáistí eile a chuireann an scoil ar fáil”. Bunchloch den chóras is ea na clásail seo ó shin, i bhfoirmeacha éagsúla. Mar sin féin, go dtí seo, níor tugadh treoirínite nó samplaí den deachleachtas do scoileanna ar an gcaoi inar féidir na forálacha seo a chosaint.

Agus sairse pholaitiúil bainte amach, le daonra Caitliceach go mór i réim i Saorstát Éireann, san eagrán nua de na Rialacha rinneadh maolú ar an idirdhealú idir teagasc liteartha agus morálta agus teagasc reiligiúnach. Dúirt an leagan nua de na Rialacha “is é an Teagasc Reiligiúnach an ceann is tábhachtaí ar fad” de na hábhair agus “ba chóir go mbeadh obair na scoile á threorú agus á bheo ag spiorad reiligiúnach”.

Bhreachnaigh Bunreacht na bliana 1937 ar ról an Stáit mar thaca le tionscnaimh oideachasúla príobháideacha agus corparáide, i “soláthar don” oideachas. D’athdhearbhaigh Alt 44.2.4 an prionsabal, agus cúnaimh Stáit á thabhairt do scoileanna sainchreidmheacha, gur chóir dó ceart an pháiste freastal ar scoil dá leithéid gan freastal ar theagasc reiligiúnach sa scoil sin a chosaint. Thug eagrán nua de na Rialacha i 1965 don chéad uair riamh aitheantas follasach do charachtar sainchreidmheach na scoileanna. Cuireadh rialacha ar nós 68 agus 69 in iúl le dearcadh a bhí Críostaí amach is amach. Bhreachnaigh curaclam bunscoile nua na bliana 1971 ar reiligiún mar fhórsa beochana sa churaclam comhtháite.

Ó na 1970í luath, i sochaí a bhí ag athrú go suntasach, tháinig neart ceisteanna chun cinn maidir le patrún na bunscolaíochta a bhí ann le hoidhreacht. Don chéad uair ó 1831, bunaíodh boird bhainistíochta d’iontaobhaithe, tuismitheoirí agus múinteoirí do bhunscoileanna i 1975. D’éirigh le grúpaí tuismitheoirí ar nós Ag Foghlaim Le Chéile agus Gaelscoileanna an dúshlán a thabhairt don chóras pátrúnachta scoile a bhí i réim. Tháinig ról na dtuismitheoirí sa chóras scolaíochta chun cinn, mar a léiríodh go siombalach sa Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí, a bunaíodh i 1985.

Le linn na n-athbhreithnithe comhchomhairleacha ar oideachas na hÉireann agus ráitis polasaí rialtais sna 1990í, ardaíodh ceisteanna bunúsacha faoi oiriúnacht an



tsoláthair scoile reatha do shochaí a bhí ag éirí níos ilchultúrtha agus a léirigh córais creidiúintí reiligiúnacha an-éagsúla. Cheapthas go mór go raibh na socrúithe curaclaim agus na Rialacha do Scoileanna Náisiúnta, nár athraíodh ó 1965, breac le fadhbanna agus as dáta. Mar sin féin, níor léirigh athruithe sa ghníomhas iontaobhais do scoileanna náisiúnta, a aontaíodh i 1996, agus Acht Oideachais 1998 an smaointeoireacht seo, ná ní dheachaigh siad i ngleic le hathstruchtúrú an chórais faoi réir riachtanas an tsochaí a bhí athraithe.

Mar a thaispeánann forbairtí in Éirinn agus go hidirnáisiúnta leis an deichbhliain deiridh, áfach, ní maolú ach méadú atá tagtha ar an mbrú d'athrú. Mar achoimre, tá Éire á cáineadh níos mó agus níos mó ag réimse de ghníomhaireachtaí idirnáisiúnta as easpa cothromaíochta i gcarachtar an chórais bunscoile, atá faoi smacht chomh mór sin ag scoileanna sainchreidmheacha. In Éirinn, tá urlabhraithe sinsearacha Caitliceacha, chomha maith le comhghrúpa na n-easpag tar éis aird a tharraingt at chomhdhéanamh míshásúil chóras na mbunscoileanna. Tá béim leagtha ag ceathrar Aire Oideachais ar laghad, le blianta beaga anuas, ar an ngá d'athruithe, agus tá roinnt tionscnamh curtha ar bun ina leith sin. Ghlaigh gníomhaireachtaí, ar nós an Coimisiún um Chóiríocht Scoile, ar ilchineálacht níos mó sa phátrúnacht scoile. Tá glaoch déanta ag ceardchumann náisiúnta na múinteoirí, an INTO, le haghaidh athruithe agus tá cainteanna il-pháirtí lorgtha acu chun an bóthar a ullmhú don athrú. D'ardaigh an Coiste Athbhreithnithe ar an mBunreacht ceisteanna tromchúiseacha faoi chomhoiriúnacht Rialacha reatha leis an mBunreacht. Ghlaigh an Coimisiún um Chearta an Duine in Éirinn d'ilchineálacht sholáthar chineál scoile mar léiriú ar ilchineálacht na bprionsabal reiligiúnacha agus neamh-reiligiúnacha atá le feiceáil anois sa Stát.

Mar sin, is féidir a bhaint as go bhfuil feasacht fhorleathan ann ar an ngá le hathruithe sa phátrúnacht scoile, go bhfuil na príomhpháirtithe sásta athrú a dhéanamh agus go bhfuil an t-am tagtha dos na ghníomhaireachtaí freagracha an deis a thapú chun pleanáil do ghníomhaíocht shásúil chun an fhadhb oideachais náisiúnta seo a réiteach.



## II

### An Phróifíl Scoile agus Dhéimeagrafach Reatha

---

#### Próifíl na mBunscoileanna in Éirinn

Bhí 3,169 bunscoileanna in Éirinn i 2010/2011. Faoi láthair tá 96% de bhunscoileanna faoi phátrúnacht shainchreidmheach, mar atá luaite i Tábla 1.

**Tábla 1. Líon iomlán bunscoileanna de réir eagrais pátrúnachta (2010/11)\***

Eagrais Pátrúnachta	Líon na Scoileanna	% den Iomlán
Caitliceach	2,841	89.65
Eaglais na hÉireann	174	5.49
Preispitéireach	17	0.54
Meitidisteach	1	0.03
Giúdach	1	0.03
Islamach	2	0.06
Cumann na gCarad	1	0.03
John Scottus Educational Trust Ltd	1	0.03
Lifeways Ireland Ltd	2	0.06
An Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge Teo	57	1.80
Educate Together/Ag Foghlaim Le Chéile Ltd (foras pátrúnachta náisiúnta)	44	1.39
Scoileanna i líonra Ag Foghlaim Le Chéile lena n-eagrais pátrúnachta féin	14	0.44
Coistí Gairmoideachais **	5	0.16
Aire Oideachais & Scileanna***	9	0.29
<b>Iomlán</b>	<b>3,169</b>	<b>100%</b>

\*Léiríonn an tábla seo pátrúnacht ghnáthbhunscoileanna príomhshrutha agus ní chuimsíonn sé scoileanna speisialta

\*\* Tá Pobalscoileanna Náisiúnta faoi phátrúnacht shealadach an Aire a fhad is atá dréacht-reachtaíocht chun pátrúnacht CGO á phróiseáil

\*\*\*Tá an tAire Oideachais agus Scileanna ina phátrún ar na naoi Modhscoileanna.

Go traidisiúnta, tá líon ard de bhunscoileanna ag Éirinn in aghaidh an duine sa daonra, cuid mhór díobh atá beag i dtéarmaí comparáide. Leagann Tábla 2 amach próifíl bhunscoileanna na hÉireann.

**Tábla 2. Próifíl de bhunscoileanna na hÉireann (2010/2011)\***

	Líon na ndaltaí sa scoil						
	Faoi bhun 50	50-99	100-199	200-299	300-499	500 agus os a cionn	Iomlán
<b>Scoileanna</b>	618	836	816	492	310	93	3,165
<b>Múinteoirí ag Teagasc</b>	1,281	2,953	4,859	4,694	4,703	2,114	20,604
<b>Iomlán na Múinteoirí</b>	1,793	4,976	9,183	8,942	8,532	3,794	37,220
<b>Daltaí</b>	18,937	62,638	116,411	117,954	120,237	56,565	492,742
<b>Coibhneas Dalta-Múinteoir</b>	10.6	12.6	12.7	13.2	14.1	14.9	13.2
<b>Meán-mhéid Ranga</b>	14.8	21.2	24.0	25.1	25.6	26.8	23.9
<b>Meán na Múinteoirí ina aghaidh na Scoile</b>	2.9	6.0	11.3	18.2	27.5	40.8	11.8

Foinse: Tuairisc Staitistice, Roinn Oideachais agus Scileanna, 2011 (tábla 2.4)

\*Nóta: ní chuimsíonn an tábla seo daltaí le riachtanais speisialta i ngnáthscoileanna náisiúnta agus a múinteoirí chomh maith le daltaí i scoileanna speisialta agus a múinteoirí.

Mar is féidir a fheiceáil ó Thábla 2, tá níos lú ná 50 dalta ag 20% de na bunscoileanna in Éirinn. Ar an gcéad amharc, d'fhéadfadh cuma neamhghnách a bheith air seo, ach mar a léiríonn Tábla 3, ní in Éirinn amháin a bhíonn catagóir dá leithéid le scoileanna an-bheaga.

As na dlínsí a luaitear i dTábla 3, tá codán i bhfad níos mó ag Éirinn de scoileanna le níos lú ná 100 dalta, ag 45.9%. Le meán de 156 dalta, tá an meánmhéid scoile is lú ag Éirinn ná mar atá ag aon cheann de na dlínsí a luaitear. Tá níos lú ná cúigear múinteoirí fostaithe ag beagnach 33% de scoileanna náisiúnta na hÉireann, le príomhoidí ag teagasc. Ardaíonn tréithe mar seo, maraon leis an líon níos mó de scoileanna in aghaidh an duine sa daonra, ceisteanna tromchúiseacha maidir le soláthar leathan breise den stoc scoile. Mar sin féin, i gcomparáid le cuid mhór de na dlínsí a luaitear i dTábla 3, a bhfuil uimhreach seasta acu nó a bhfuil a n-uimhreacha ag titim ag leibhéal na bunscoile, eisceacht is ea Éire ó tharla go meastar go mbeidh

uimhreacha cláraithe ag ardú go suntasach, suas le 2017. Chun an t-éileamh ar leith seo a shásamh, tá pleananna ag an Roinn Oideachais agus Scileanna 20 bunscoil nua a thógáil sna sé bliain atá romhainn.

**Tábla 3. Léargas ar sholáthar bunscoile i ndlínsí áirithe\***

Dlíns	Líon scoileanna	% scoileanna < 50 daltaí	% scoileanna < 100 daltaí	Líon na ndaltaí (scoileanna uile)	Meán-mhéid ranga	Meán-mhéid scoile
<b>Éire</b>	3,165	19.5	45.9	492,742	23.9	156**
<b>Tuaisceart Éireann</b>	863	11.8	34	154,452	23	179**
<b>Sasana</b>	16,971	N/A	14.7	3,963,980	26.4	234**
<b>An Bhreatain Bheag</b>	1,435	13.5	30.4	191,460	24.8	181
<b>Alba</b>	2,099	20.7	34.8	365,326	23.1	174**
<b>An Nua-Shéalainn</b>	2,033	19.5	35.5	416,587	N/A	205**
<b>Victoria, An Astráil</b>	1,565	16.2	25.6	461,162	22	295**

Foinse: Sliocht as tráchtas neamhfhoilsithe 2010, luaite le cead an údair

\*Féach Aguisín 5 – le haghaidh tuilleadh mionsonraí agus tagarthaí

\*\* Arna ríomh trí líon na ndaltaí a roinnt ag líon na scoileanna

Tá tionscnamh polasaí eile ar bun trí Athbhreithniú Luach ar Airgead ar Bhunscoileanna Beaga. Díríonn an t-athbhreithniú, ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, ar sholáthar bunscoile agus go sonrach ar bhunscoileanna beaga, is iad sin na bunscoileanna le níos lú ná 50 dalta. Tá scrúdú á dheanamh aige ar:

- eagrú soláthar na mbunscoileanna in Éirinn
- na costais agus na hacmhainní a ghabhann le bunscoileanna beaga
- an fhianaise reatha maidir le héifeachtúlacht fheidhmíocht na scoile bige

Bunaithe ar an bhfianaise, tiocfaidh sé ar thátail maidir leis an scóp atá ann chun atheagrú a dhéanamh ar sholáthar agus na himpleachtaí a bheadh ag atheagrú ar bith, agus déanfaidh sé moltaí mar is cuí.

Tá ardú seasta ag teacht ar líon na bpáistí cláraithe sa bhunscolaíocht in Éirinn. Mar is féidir a fheiceáil ó Thábla 4, tá méadú tagtha ar an líon gach bliain ó 2000/01 i

leith, nuair a bhí sé ag 439,560, go 2010/11 nuair a shroich sé 509,652. B'ionann seo agus ardú 16% thar an tréimhse ghairid seo.

Tugann anailís ar shonraí déimeagrafacha le fios gur dócha go leanfaidh an treo a thaispeántar i dTábla 4 le roinnt blianta amach anseo.

**Tábla 4. Líon na daltaí i mbunscoileanna in Éirinn ó 2000/2001 go 2010/11**

	Daltaí i ranganna príomhshrutha	Daltaí i ranganna speisialta i ngnáthscoileanna	Daltaí i scoileanna speisialta	Iomlán sa chéad leibhéal
	A	B	C	A+B+C
2000/01	423,344	9,092	7,124	439,560
2001/02	424,707	9,376	6,982	441,065
2002/03	427,529	9,384	6,807	443,720
2003/04	429,971	9,340	6,718	446,029
2004/05	433,320	9,357	6,621	449,298
2005/06	441,966	9,296	6,627	457,889
2006/07	455,455	9,486	6,578	471,519
2007/08	470,270	9,555	6,619	486,444
2008/09	482,593	9,668	6,653	498,914
2009/10	490,010	9,083	6,905	505,998
2010/11	492,742	9,732	7,178	509,652

Foinse: Roinn Oideachais agus Scileanna, 2011


I Meitheamh na bliana 2011, d'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Scileanna *Projections of Full Time Enrolment: Primary, Second and Higher Level, 2011 – 2031*. Mar achoimre, nótáil sé gur thug an fhianaise stairiúil le fios go bhfuil clárú ag leibhéal na bunscoile á chinneadh don chuid is mó ag líon na mbreitheanna agus, go leibhéal i bhfad níos lú, imirce teaghlaigh. Tá ardú i líon na mbreitheanna ó 1994 agus shroich siad 74,000 i 2010, i measc na n-uimhreacha is airde de bhreitheanna ó dheireadh an 19ú céad.<sup>41</sup>

Tá an t-ardú i mbreitheanna ann mar thoradh ar mheascán de (i) ardú sa torthúlacht, (ii) méadú ar líon na mban a rugadh in Éirinn sna 1970í agus ar saolaíodh páistí dóibh sa deichbhliain deiridh, agus (iii) ardú i líon na mban a rinne inimirce go hÉirinn sa deichbhliain deiridh. Tá tromlach ollmhór an mhéaduithe i mbreitheanna ann mar thoradh ar an dá thosca tosaigh. Don tréimhse 2011 – 2014 ní dócha ar chor ar bith go dtitfidh an clárú ag leibhéal na bunscoile, fiú má tharlaíonn eisimirce ar scála mór. Meastar go mbeidh ardú sa chlárú thart ar 26,000 go 33,000 idir Meán Fómhair 2010 agus Meán Fómhair 2014 mar a léirítear i bhFigiúr 1.

<sup>41</sup> Roinn Oideachais agus Scileanna, *Projections of Full Time Enrolment: Primary, Second and Higher Level, 2011-2031*, Meitheamh 2011

Mar a léirítear i bhFigiúr 1, taispeánann na cásanna meastacháin ar fad uimhreacha cláraithe ag titim ó 2020, toisc gur rugadh níos lú ban sna 1990í, rátaí torthúlachta seasta nó ag titim, agus imirce amach. Má tharlaíonn an toradh seo, beidh titim shuntasach san éileamh ar áiteanna bunscoile le linn na deichbhliana ag tosú i 2020.

**Figiúr 1: Meastacháin ar chlárú ag leibhéal na bunscoile\***



Foinse: Roinn Oideachais agus Scileanna, *Projections of Full Time Enrolment – Primary, Second and Higher Level, 2011 – 2031*, 2011

\* Tá na meastacháin éagsúla bunaithe ar rátaí éagsúla imirce (M) agus torthúlachta (F).

## Athrú Daonra a Rianadh

San am atá thart, bhí daonra aonchineálach in Éirinn, agus tromlach mór acu nasctha le córais creidiúintí sainchreidmheacha reiligiúnacha, an Eaglais Chaitliceach go mór mór. Léirigh an córas pátrúnachta scoile an chumraíocht sin. Le deichbhlianta beaga anuas, tá an daonra éirithe i bhfad níos ilchineálaí, le córais creidiúintí i bhfad níos éagsúlaí, agus mionlach suntasach de dhaoine nach bhfuil creideamh acu, chomh maith le níos mó tuismitheoirí gur mian leo oideachas ilsainchreidmheach a roghnú.

Ní shásaíonn sean-phatrún na pátrúnachta scoile a thuilleadh riachtanais oideachasúla agus cearta neart saoránach. Ina theannta sin, le blianta beaga anuas, tá ceist na gcearta daonna agus dualgais a ghabhann leo tagtha chun cinn i dlí agus coinbhinsiúin Éireannacha agus idirnáisiúnta. Le cúlra mar seo, tá gá le sonraí cruinn ar na hathruithe déimeagrafacha atá tarluithe, ar féidir iad a úsáid mar bhunús le pleanáil agus polasaí oile sa chaoi is gur féidir soláthar a dhéanamh do chearta na saoránach faoi láthair agus amach anseo.

Tá feabhas curtha ag an Roinn Oideachais agus Scileanna ar a chuid meicníochtaí chun na cineálacha seo sonraí a bhailiú, le cur isteach sna próisis pleanála. Tá cumas leathan forbartha ag a Rannóg um Phleanáil Ar Aghaidh chun anailís a dhéanamh ar staitisticí agus sonraí déimeagrafacha ag baint úsáide as Córas Faisnéise Tíreolaíochta (*GIS*) na Roinne. Baineann an GIS úsáid as réimse leathan de shonraí, iad ar fad geochódáilte dos na pointí tagartha cuí ar leith ar an léarscáil agus mar sin is féidir iad a cheadú agus a anailísiú. Bailíonn an Roinn sonraí ó:

- an Lár-Oifig Staidrimh (CSO), ar nós sonraí daonáirimh agus meastacháin daonra
- Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann dos na sraitheanna léarscálaíochta ar fad
- Geo-eolaire An Post a thugann sonraí ar na foirgnimh uile agus a n-úsáid agus stádas áitiúchá
- Oifig an Ard-Chláráitheora a thugann sonraí maidir le breitheanna beo
- An Roinn Cosanta Sóisialta a thugann sonraí anaithnid ar shochar linbh maidir le gach leanbh idir 0-18 bliain
- Pleananna Áitiúla ó na húdaráis áitiúla

Tá na foinse seo, ar ndóigh, in éineacht leis na sonraí a úsáidtear ó chnuasach na Roinne de bhunachair sonraí maidir le clárúcháin (reatha agus treochtaí 5 agus 10 mbliana), sonraí ar sholáthar foirne na scoileanna uile agus an fardal ar chóiríocht scoile a tugadh isteach le déanaí.

Tá an-tábhacht leis na sonraí daonáirimh toisc go dtugann siad an figiúr binsemharcála don daonra uile, de réir aoise, ar dháta ar leith gach 5 bliain, agus tá siad an-sonrach ó thaobh na tíreolaíochta de. É sin ráite, ar ndóigh is grianghraf é an daonáireamh ar an daonra ag pointe ar leith san am. Tá an daonra in Éirinn i gcéim dhinimiciúil agus orgánach le roinnt deichbhlianta anuas. Mar sin, ní fhéadfadh an Roinn brath ar na sonraí daonáirimh amháin do chúiseanna pleanála scoile toisc nach bpiofáí suas athruithe sa daonra sna tréimhsí idir na daonáirimh go dtí i ndiaidh na hócáide, agus mar sin, ródhéanach chun cóiríocht scoile a phleanáil nó a sholáthar.

Chun an fhadhb seo a shárú, tá sé aimsithe ag an Roinn gurb é an modh is iontaofa chun gluaiseachtaí agus athruithe sa daonra sna ceantair uile ar fud na tíre a rianadh ná na sonraí maidir le sochar linbh a úsáid a nuashonraítear ar bhonn ráithe gach bliain. Chuige seo tugann an Roinn aird ar leith ar na sonraí maidir le sochar linbh



dóibh siúd 0 go 4 bliain d'aois toisc gurb iad seo na naíonáin shóisearacha do gach ceann de na 5 bliain amach anseo. Léiríonn cleachtadh comparáide idir líon na bpáistí 0 go 4 bliain i gceantar ar bith, i gcomparáid le líon na ndaltaí i ngach ceann de na ranganna ó na naíonáin shóisearacha tríd chuig rang a sé, cad is dócha a tharlóidh don daonra scoile iomlán laistigh den cheantar sin. Tá na sonraí maidir le sochar linbh sainiúil go maith ó taobh an limistéir de agus, ó tharla go bhfuil dreasacht airgeadais ann do thuismitheoirí sonraí a seolta a choinneáil suas le dáta, is gnách iad a bheith cruinn. Mar sheiceáil ar rialú cáilíochta, cuireann an Roinn na sonraí maidir le sochar linbh do gach limistéar i gcomparáid leis na clárúithe mar atá sna scoileanna agus gan teip bíonn siad iontaofa go mór. Tá amanna ann, ar ndóigh, nuair nach mbeidh an dá thacar sonraí ag teacht lena chéile, ach tá an Roinn in ann na neamhréitigh seo a mhíniú mar thoradh ar insreabhadh agus eis-sreabhadh na ndaltaí thar abhantraigh.

Cuireann an GIS ar chumas na Roinne anailís mhionsonraithe a dhéanamh ar na déimeagrafaicí i ngach cuid den tír, agus ceadaíonn don Roinn múnla a chruthú de réimse de chásanna réamhmheasta do gach ceantar dos na blianta atá ag teacht agus na hathruithe is dócha a bheidh ann sa daonra scoile sna ceantair sin a mheas. Cuireann sé seo ar chumas Rannóg um Phleanáil ar Aghaidh na Roinne na ceantair sin a aithint ina mbeidh, mar thoradh ar athruithe déimeagrafacha, éileamh ar sholáthar scoile breise suntasach ag leibhéal na bunscoile agus na hiarbhunscoile sna blianta seo romhainn. Ar ndóigh, ceadaíonn sé do cheantair a aithint freisin nach bhfuil mórán fianaise iontu ar athrú déimeagrafach, nó áiteanna eile ina bhfuil laghdú sna daonraí scoile. Ba chóir go mbeadh cruinneas an chur chuige seo do bhailiú sonraí déimeagrafacha ina thairbhe an-mhór anois agus amach anseo maidir le soláthar scoile a mheaitseáil le riachtanais an daonra.

## **Próifíl an Daonra in Éirinn**

Tá athrú an-suntasach tagtha ar phróifíl an daonra le fiche bliain anuas mar a léiríonn Tábla 5. Ó 1991 go 1997 bhí an treo i mbreitheanna in aghaidh na bliana ag dul síos, i gcoitinne. Ó 1997 i leith tá an treo malartaithe agus tá méadú tagtha ar líon na mbreitheanna in aghaidh na bliana ó 50,700 go 75,100 i 2011 (réamh-thorthaí). Léirítear an t-ardú seo i gclárúithe scoile atá ardaithe go seasta ó 2000, mar a luaitear i Tábla 4.

**Tábla 5. Comhpháirteanna athruithe sa daonra 1991 – 2011**

Bliain dar críoch Aibreán	Breitheanna	Básanna	Ardú Náúrtha	Inimircigh	Eisimircigh	Glan-Imirce	Athrú Daonra
	<b>Mílte</b>						
<b>1991</b>	53.1	31.1	22.0	33.3	35.3	-2.0	19.9
<b>1994</b>	49.1	32.6	16.6	30.1	34.8	-4.7	11.8
<b>1997</b>	50.7	31.7	19.0	44.5	25.3	19.2	38.2
<b>2000</b>	54.0	32.1	21.8	52.6	26.6	26.0	47.9
<b>2003</b>	60.8	28.9	31.9	60.0	29.3	30.7	62.6
<b>2006</b>	61.2	27.0	34.2	107.8	36.0	71.8	106.0
<b>2009<sup>1</sup></b>	74.5	29.4	45.1	57.3	65.1	-7.8	37.3
<b>2011<sup>1</sup></b>	75.1	27.4	47.7	42.3	76.4	-34.1	13.6

Foinse: Doiciméad CSO ar na Meastacháin Daonra agus Imirce Aibreán 2011 (foilsithe Meán Fómhair 15, 2011)

<sup>1</sup> Réamhthorthaí

Tugann Tábla 6 an daonra measta de réir aoisghrúpaí, 0–24 bliain. Le seacht mbliain anuas tá ardú suntasach in earnáil 0-14 bliain d’aois san daonra. Is iad na daoine óga seo an spriocghrúpa d’Earnáil an Bhunoideachais.

**Tábla 6. Daonra measta 2006 – 2011 de réir aoisghrúpaí (0 – 24 bliain)**

<b>Daoine in Aibreán i ngach bliain</b>						
Blianta	2006	2007	2008	2009	2010	2011
	<b>Mílte</b>					
<b>0-4</b>	302.3	312.3	327.9	341.6	353.8	367.0
<b>5-9</b>	288.5	295.9	303.4	308.0	311.6	316.5
<b>10-14</b>	274.2	275.6	281.0	288.1	293.6	299.1
<b>15-19</b>	290.9	286.0	283.9	278.6	273.3	269.1
<b>20 – 24</b>	347.5	347.8	334.0	304.8	275.7	249.5

Foinse: Doiciméad CSO ar na Meastacháin Daonra agus Imirce Aibreán 2011, foilsithe Meán Fómhair 15, 2011, leasaithe ó Tábla 6 (réamhthorthaí is ea na figiúirí do 2007-2011)

**Tábla 7. Inimirce mheasta 2006 – 2011**

<b>Inimircigh</b>						
	<b>Mílte</b>					
	<b>2006</b>	<b>2007<sup>1</sup></b>	<b>2008<sup>1</sup></b>	<b>2009<sup>1</sup></b>	<b>2010<sup>1</sup></b>	<b>2011<sup>1</sup></b>
<b>Éireannach</b>	18.9	20.0	16.2	18.4	13.3	17.1
<b>RA</b>	9.9	5.9	7.0	4.4	2.4	2.6
<b>Fuíollach an AE15<sup>2</sup></b>	12.7	10.4	8.6	8.6	4.3	5.8
<b>AE12<sup>3</sup></b>	49.9	52.7	33.7	13.5	5.8	9.0
<b>SAM</b>	1.7	2.8	2.0	1.1	0.3	0.3
<b>Fuíollach an Domhain</b>	14.7	17.8	16.3	11.3	4.6	7.6
<b>Iomlán</b>	107.8	109.5	83.8	57.3	30.8	42.3

Foinse: Doiciméad CSO ar na Meastacháin Daonra agus Imirce Aibreán 2011, leasaithe ó Thábla 2, foilsithe Meán Fómhair 15, 2011

- 1 Réamhthorthaí
- 2 Fuíollach an AE 15: tíortha roimh mhéadú ar 1 Bealtaine 2004 (.i. An Ostair, An Bheilg, An Danmhairg, An Fhionlainn, An Fhrainc, An Ghearmáin, An Ghréig, an Iodáil, Lucsamburg, An Ísiltír, An Spáinn, An tSualainn, An Phortaingéil).
- 3 AE12: sainithe mar na 10 dtír aontachais a tháinig isteach san AE ar an 1 Bealtaine 2004 (.i. An Chipir, Poblacht na Seice, An Eastóin, An Ungáir, An Laitvia, An Liotuáin, Málta, An Pholainn, An tSlóvaic agus An tSlóivéin), agus cuimsíonn sé an dá stát aontachais nua a tháinig isteach sa AE ar 1 Eanáir 2007 (.i. An Bhulgáir agus An Rómáin).

Shroich líon na n-inimirceach ag teacht go hÉirinn buaicphointe i 2006 agus 2007. Tharla sé seo don chuid is mó mar thoradh ar theacht na n-inimirceach ó na Stáit aontachais nua don AE nuair a osclaíodh go hÉirinn i mBealtaine 2004. Leagann Tábla 7 amach patrún an inimirce dos na sé bliana deiridh.

Ní ceart a rá go bhfuil imirce ar fad i dtreo amháin. Tá ardú tagtha ar an eisimirce ó 2006 i leith, i ndiaidh dó titim ó na nóchaidí luatha. Tá an bhéim athraithe sna blianta deiridh ar ais chuig an staid ina bhfuil eisimirce i réim. Léiríonn Tábla 8 patrún na heisimirce le blianta beaga anuas.

**Tábla 8. Eisimirce mheasta 2006 – 2011**

<b>Eisimircigh</b>						
	<b>2006</b>	<b>2007<sup>1</sup></b>	<b>2008<sup>1</sup></b>	<b>2009<sup>1</sup></b>	<b>2010<sup>1</sup></b>	<b>2011<sup>1</sup></b>
	<b>Mílte</b>					
<b>Éireannach</b>	15.3	13.1	13.4	18.4	27.7	40.2
<b>RA</b>	2.2	2.3	2.4	2.9	2.6	3.8
<b>Fuíollach an AE15<sup>2</sup></b>	5.1	6.9	4.2	5.5	7.8	9.1
<b>AE12<sup>3</sup></b>	7.2	14.4	18.8	30.1	19.1	15.2
<b>Fuíollach an Domhain</b>	6.2	5.5	6.4	8.3	8.1	8.2
<b>Iomlán</b>	36.0	42.2	45.3	65.1	65.3	76.4

Foinse: Doiciméad CSO ar na Meastacháin Daonra agus Imirce Aibreán 2011, leasaithe ó Thábla 3, foilsithe Meán Fómhair 15, 2011

- 1 Réamhthorthaí
- 2 Fuíollach an AE 15: tíortha roimh mhéadú ar 1 Bealtaine 2004 (.i. An Ostair, An Bheilg, An Danmhairg, An Fhionlainn, An Fhrainc, An Ghearmáin, An Ghréig, an Iodáil, Lucsamburg, An Ísiltír, An Spáinn, An tSualainn, An Phortaingéil).
- 3 AE12: sainithe mar na 10 dtír aontachais a tháinig isteach san AE ar an 1 Bealtaine 2004 (.i. An Chipir, Poblacht na Seice, An Eastóin, An Ungáir, An Laitvia, An Liotuáin, Málta, An Pholainn, An tSlóvaic agus An tSlóivéin), agus cuimsíonn sé an dá stát aontachais nua a tháinig isteach sa AE ar 1 Eanáir 2007 (.i. An Bhulgáir agus An Rómáin).

Sa bhliain 2011 chuaigh breis agus 76,400 ar eisimirce as Éirinn, agus sa bhliain chéanna tháinig 42,300 isteach sa tír seo. Tá níos mó seans go mbeidh a bpáistí leo ag na hinimircigh ná go mbeidh ag na heisimircigh atá ag fágáil. Taispeánann Tábla 9 an t-athrú sa phatrún glan-imirce le blianta beaga anuas.

**Tábla 9. Glan-imirce 2006 – 2011**

	<b>Mílte</b>
<b>2006</b>	71.8
<b>2007<sup>1</sup></b>	67.3
<b>2008<sup>1</sup></b>	38.5
<b>2009<sup>1</sup></b>	-7.8
<b>2010<sup>1</sup></b>	-34.5
<b>2011<sup>1</sup></b>	-34.1

Foinse: Doiciméad CSO ar na Meastacháin Daonra agus Imirce Aibreán 2011, leasaithe ó Thábla 4, foilsithe Meán Fómhair 15, 2011

- 1 Réamhthorthaí

## An Daonra ag Athrú agus Pátrúnacht Scoile

Tá sé le feiceáil go soiléir ó na táblaí thuas go bhfuil athruithe móra sa mhéid agus sa chomhdhéanamh tagtha ar dhaonra na hÉireann le fiche bliain anuas. Tá sé soiléir freisin gur choinnigh patrún na pátrúnachta bunscoile an chumraíocht a bhí ann go stairiúil, a bheag nó a mhór. Leanadh den infreastruchtúr traidisiúnta de líon mór scoileanna, neart acu an-bheag, isteach sa ré seo. Tá mionlach den daonra nach bhfuil sásta leis na socruithe reatha do phátrúnacht scoile agus measann siad go bhfuil a gcearta daonna agus a gcearta mar shaoránaigh á sárú ag socruithe reatha. Ní fios scála cruinn an mhionlaigh seo. Chomh maith le neamhchreidmhigh, cuimsíonn an cohórt seo tuismitheoirí atá ina mbaill d'eaglaisí a mb'fhearr leo scolaíocht ilsainchreidmheach ná scolaíocht sainchreidmheach dá bpáistí.

Mar a luadh i gCuid I, ó na 1970í i leith, tá grúpaí eile seachas na príomheaglaisí sainchreidmheacha tar éis céim chun tosaigh a ghlacadh chun rogha múnláí pátrúnachta a bhunú. Ar dtús, bhí líon na scoileanna dá leithéid an-bheag ach, mar a léiríonn Tábla 10, tá luas níos mó ann le blianta beaga anuas. Cé gur oscail pátrúin sainchreidmheacha 30 scoil nua, bhunaigh gníomhaireachtaí pátrúnachta eile 89 scoil.

**Tábla 10. Briseadh síos ar scoileanna nua oscailte ag eagrais pátrúnachta idir 1997/1998 agus 2011/2012**

Blain	Caitliceach	Ag Foghlaim Le Chéile	Foras Pátrúnachta	Scoileanna i lónra Ag Foghlaim Le Chéile lena bhForas Pátrúnachta éin	Forais sainchreidmheacha eile	Forais il-sainchreidmheacha eile	Iomlán
1997/98	0	0	1	2	0	0	3
1998/99	0	1	6	0	0	0	7
1999/00	1	1	3	0	0	1	6
2000/01	1	1	2	0	0	0	4
2001/02	3	2	2	0	1	0	8
2002/03	0	7	3	0	0	0	10
2003/04	3	3	1	0	0	0	7
2004/05	0	4	1	0	1	0	6
2005/06	6	4	3	0	0	0	13
2006/07	2	2	5	0	0	0	9
2007/08	6	3	4	0	1	1	15
2008/09	3	12	3	0	0	3	21
2009/10	0	0	0	0	0	0	0
2010/11	2	2	0	0	0	3	7
2011/12	0	2	1	0	0	0	3
<b>Iomlán</b>	<b>27</b>	<b>44</b>	<b>35</b>	<b>2</b>	<b>3</b>	<b>8</b>	<b>119</b>

Foinse: Roinn Oideachais agus Scileanna, 2011

Ó Thábla 1 tá sé nótaílte cheana go bhfuil Ag Foghlaim Le Chéile ina phátrún ar 58 bunscoil anois, agus go bhfuil 57 scoil faoi phátrúnacht ag An bhForas Pátrúnachta. Leanadh den bhrú do scoileanna de chineál pátrúnachta nua. Ag seisiún oibre oscailte an Fhórait ag deireadh Mheitheamh na bliana 2011, dúirt Ag Foghlaim Le Chéile agus An Foras Pátrúnachta araon go raibh siad faoi bhrú ó thuismitheoirí 60 scoil nua san iomlán a oscailt, ach nach raibh cead tugtha ag an Stát d'iarratais dá leithéid ó 2008.

Ó 2008 i leith, ba é an polasaí oifigiúil gan aitheantas do bhunú bunscoileanna nua ach amháin má tá bunús iomlán leo mar thoradh ar ardú daonra. Tá an seasamh sin coinnithe i bhfógra an Aire le déanaí i Meitheamh, 2011 maidir le bunú scoileanna nua sna blianta seo ag teacht. Mar sin níor ceadaíodh na hiarratais ó Ag Foghlaim Le Chéile agus An Foras maidir le scoileanna nua a thosú i gceantair nuair nach n-éilíonn na cúinsí déimeagrafacha iad.

Mar fhreagra ar athruithe déimeagrafacha agus ilchineálacht sa daonra agus ar mhéadú sna glaonna do rogha níos fearr bunscoile do thuismitheoirí, i 2007, bhunaigh an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Mary Hanafin, TD, le cead an Rialtais, cineál nua scoile – an Pobalscoil Náisiúnta (CNS). Céim nua a bhí anseo in Éirinn na linne seo ina raibh an Stát ag dearadh cineál nua bunscoile a chuirfí faoi phátrúnacht na gCoistí Gairmoideachais. Bheadh éiteas na scoile bunaithe ar uileghabhálacht agus meas ar an ilchineálacht, ag féachaint le freastal ar dhaltaí ó na creidiúintí agus gan creidiúint i rith an lae scoile faoi réir mhianta na dtuismitheoirí. Tá cúig scoil CNS ann anois a fheidhmíonn mar thionscnamh píolótach, agus déantar iad a phlé go mionsonrach i gCuid III.

## **Roinnt Comharthaí de Phatrúin Athraithe i gCleachtadh agus Dearcthaí Reiligiúnacha**

Níl sé éasca eolas cruinn agus beacht a fháil maidir le méid an mhionlaigh atá i gcoinne na scolaíochta sainchreidmí agus atá ag lorg rogha foirmeacha scolaíochta. Ag féachaint le táscairí ginearálta a bhunú díobh seo go mbeifí ag súil nach mbeidís i bhfabhar na scolaíochta sainchreidmí, is féidir roinnt fianaise a fháil ón daonáireamh náisiúnta.

Sa bhliain 2002, bhí 138,264 duine a chláraigh, faoi chreidiúint reiligiúnach, “gan reiligiún”. Faoi dhaonáireamh na bliana 2006 bhí an uimhir seo ardaithe go 186,318 duine, ardú 34.8% nuair a bhí an t-ardú sa daonra beagán os cionn 8% (Tábla 5, Daonáireamh 2006, Iml. 13).<sup>42</sup> Ní bheidh na sonraí ó Dhaonáireamh na bliana 2011 ar fáil go dtí go luath i 2012, ach meastar go méadóidh an treo leo siúd a chláraíonn ‘gan reiligiún’.

---

<sup>42</sup> CSO, Daonáireamh 2006: Imleabhar 13 – Reiligiún, Samhain 2007

Tá athrú suntasach tagtha i bpatrún na searmanas pósta le blianta beaga anuas. Cé nach raibh ach 6% de na bainisí i 1996 ina searmanais pósta sibhialta, faoi 2002 bhí sé seo ardaithe go 18%, agus faoi 2008 ba phóstaí sibhialta iad 24% den iomlán<sup>43</sup>. B'fhéidir go léiríonn an cinneadh ag beagnach ceathrú de lánúineacha Éireannach pósadh trí shearmanas sibhialta seachas searmanas eaglaise go bhfuil dearcadh acu maidir le reiligiún sainchreidmheach a d'fhéadfadh dul i gcion orthu sa chineál scolaíochta a roghnóidís dá bpáistí. Cé nach féidir a bheith ann ach tuairim, d'fhéadfaí gur comhartha é mura roghnaíonn siad pósadh eaglaise go mb'fhéidir nach mian leo go bhfreastalódh a bpáistí ar scoil faoi phátrúnacht shainchreidmheach.

Ina staidéar “*Modernity and Religion in Ireland; 1980-2000*”, a foilsíodh i 2002, tarraingíonn Eoin G Cassidy ar scrúdú ar shuirbhéanna Chlár Suirbhé Sóisialta Idirnáisiúnta (ISSP) agus Staidéar um Luacha Eorpacha (EVS). Ina chonclúid, deir sé “go bhfuil breis agus 9 faoin gcéad de mhuintir na hÉireann nach mbaineann le sainchreideamh reiligiúnach ar bith.” (lch.21). Maidir le cleachtadh reiligiúnach, chláraigh EVS na bliana 1999 gur dúirt 59% díobh siúd a cuireadh ceist orthu gur fhreastal siad ar an Aifreann uair sa tseachtain nó níos minice, ach i measc an aoisghrúpa 18-26 bliain, laghdaigh an céatadán go 23% (lch.26). Ba é an céatadán de fhreagróirí Éireannacha a luaigh “muinín iomlán nó an-chuid muiníne san Eaglais mar eagras” a taifeadadh sa chatagóir ná 28%-21% sa staidéar ISSP 1998 (lch.37).<sup>44</sup>

Rinneadh suirbhé ESRI a chuimsigh dearthaí don chleachtadh reiligiúnach i ngeimhreadh 2007 – 08. Déantar tuairisc air sa leabhar ag MacGréil agus Rhatigan, *The Challenge of Indifference*, 2009. Bá é an tátal foriomlán ná go bhfuil cleachtadh reiligiúnach ag dul i léig i bPoblacht na hÉireann le tríocha bliain anuas. Tá adhradh reiligiúnach seachtainiúil titithe go 42% (don sampla iomlán) i 2007-08, ó 79% i 1988-89. Bhí freastal seachtainiúil ar Aifreann ag Caitlicigh Rómhánacha ag 43% ‘seachtainiúil nó níos minice’. As na freagróirí Caitliceacha Rómhánacha dúirt 9.1% nár fhreastal siad ar Aifreann “riamh”, bhí 16.6% “nach ndeachaigh riamh” chuig Comaoineach agus bhí 32.9% a dúirt “nach ndeachaigh riamh” ag Faoistin. Nuair a cuireadh an cheist orthu “Cé chomh tábhachtach agus atá sé, dar leat, go dtógfaí páistí leis na dearthaí reiligiúnacha céanna agus atá ag a dtuismitheoirí?” thug 65% freagra dearfach. Ba laghdú 17% é seo ó 1988-89. I 1988-89, dúirt 4% de na freagróirí gurb fhéarr an scéal a fhágáil dos na páistí féin. I 2007-08, bhí an céatadán seo ardaithe go 24%. Dar leis an údar b'fhianaise níos mó í seo ar fhás sa neamhshuim agus titim i léig sa ról a bhraitear a bheith ag an teaghlach i dtógáil na bpáistí i gcreideamh na dtuismitheoirí.<sup>45</sup>

I suirbhé Red C a rinneadh ar son Institiúid Iona i 2009 tuairiscíodh ráta freastail seachtainiúil ag an eaglais de 46% agus i measc na ndaoine 18-24 bliain d'aois rinneadh an ráta freastail ar Aifreann in aghaidh na seachtaine a chlárú ag 31%. Is é

<sup>43</sup> CSO, *Póstaí 2008*, 16 Meán Fómhair, 2011

<sup>44</sup> Eoin G Cassidy, “*Modernity and Religion in Ireland: 1980-2000*” in Eoin G. Cassidy’s (ed.) *Measuring Ireland: Discerning Values and Beliefs*, (Dublin, Veritas, 2002), lgh.17-45

<sup>45</sup> Micheál MacGréil, SJ and Fergal Rhatigan, *The Challenge of Indifference: A Need for Religious Revival in Ireland* (Maynooth: Dept of Sociology, 2009 Táblaí 3.2 et al)

an figiúr do dhaoine níos sine an ceann is airde, le daoine os cionn 65 bliain ag clárú freastal seachtainiúil 70%<sup>46</sup>.

### **Dearthaí ar Scoileanna Sainchreidmheacha agus Reiligiún i Scoileanna**

Cé nach gá go n-aistreodh léirithe ar chórais creidiúintí agus cleachtadh reiligiúnach go díreach chuig cur i gcoinne na saoránach do bhunscolaíocht shainchreidmheach, tugann siad teachtaireacht faoi athrú ó dhaonra atá sainchreidmheach go mór le leibhéal ard de chleachtadh reiligiúnach in amanna roimhe seo go dtí pobal atá i bhfad níos éagsúlaí.

Níl mórán staidéar ar thuairimí tuismitheoirí ar an áit atá ag reiligiún i mbunscoileanna na hÉireann. Mar sin féin, tugann roinnt staidéar le blianta beaga anuas léargas ar dhearthaí tuismitheoirí ar cheisteanna suirbhé a chuireadh orthu ar ghnéithe den oideachas reiligiúnach.

Ag deireadh 2007 agus go luath i 2008, rinne Comhairle um Thaighde agus Fhorbairt Chomhdháil na nEaspag Caitliceacha in Éirinn suirbhé ar 500 tuismitheoir a raibh a bpáistí ag freastal ar bhunscoileanna Caitliceacha. Cuireadh réimse leathan de ghnéithe den bhunscolaíocht i láthair na dtuismitheoirí agus lorgáodh a dtuairimí. Léiríonn na freagraí sin difríochtaí suntasacha i dtuairimí i measc na dtuismitheoirí faoi mhórghnéithe den soláthar scolaíochta. Do chúiseanna na Tuairisce seo ar phátrúnacht scoile roghnaítear na ceisteanna is ábhartha don bhFóram. Aibhsítear iad seo i dTábla 11.

---

<sup>46</sup> Red C, *Poll on church attendance*, do Iona, Samhain 2009



**Tábla 11. Suirbhé ar 500 tuismitheoirí**

<b>Ráiteas/ceist</b>	<b>D'aontaigh (%)</b>	<b>Níor aontaigh (%)</b>
Ar chóir go leanfadh an eaglais le ról lárnach i soláthar na Bunscolaíochta?	63.3	24.2
Ní hé príomhról an Stáit chun an t-oideachas a sholáthar é féin, ach chun cuidiú le daoine eile a sholáthraíonn an t-oideachas	51.5	36.5
Ba chóir go gcuirfeadh oideachas reiligiúnach na creidiúintí agus cleachtas ag reiligiúin agus creidiúintí uile an domhain i láthair	58.6	23.7
Tá forbairt spioradálta mo pháiste níos deacra mar thoradh ar ilchineálacht chultúrtha i scoileanna an lae inniu	19.7	62.7
Is é oideachas reiligiúnach, morálta agus spioradálta an ghné is tábhachtaí den bhunscolaíocht do mo pháiste?	32.4	53.6
Nuair a theastaíonn oideachas tuata ó thuismitheoirí, is é tarraingt siar a bpáistí ó cheachtanna san oideachas reiligiúnach an bealach is fearr chun é seo a chinntiú	21.5	46.8

Foinse: Curtha in oiriúint ó shuirbhé ar 500 tuismitheoir do Chomhairle Um Thaighde agus Fhorbairt Chomhdháil na nEaspag Caitliceacha in Éirinn (2008)

Freisin, go luath i 2008, d'ordaigh Institiúid Iona suirbhé ar dhearccháí dhaoine fásta in Éirinn maidir le cineálacha éagsúla scoileanna. Bheadh 47% de fhreagróirí i bhfábhar “scoil Chaitliceach”, roghnódh 37% “scoil Stáit ina múintear na reiligiúin uile”, agus roghnódh 11% eile “scoil nach múintear reiligiúin ar bith iontu”. As na daoine faoi 35, roghnaigh an codán is mó, ag 45%, “scoil Stáit ina múintear na reiligiúin uile”, le 38% i bhfábhar scoil Chaitliceach, agus 14% scoil nach múintear reiligiúin ar bith iontu. Is beag difir a bhí le feiceáil i bhfreagraí na ndaoine ina gcónaí i gceantair uirbeacha nó tuaithe. Thacaigh 73% de na freagróirí leis an dearcadh gur chóir go mbeadh “an ceart ag tuismitheoirí roghnú ó réimse scoileanna dá bpáistí”, agus dúirt 26% gur chóir go rachadh na páistí uile chuig an gcineál céanna scoile “chun comhtháthú sóisialta a chothú”<sup>47</sup>.

Rinneadh suirbhé ar phríomhoidí don IPPN roimh a gcomhdháil i 2007. As na príomhoidí a d'fhreagair don cheistneoir maidir leis na “Reiligiúin Éagsúla” ag daltaí ina scoileanna, dúirt 62% go raibh ionadaíocht ag idir 2 agus 5 reiligiún, agus dúirt 11% go raibh ionadaíocht ag réimse idir 6 agus 10 reiligiún i measc scoláirí na scoile.

<sup>47</sup> Institiúid Iona, *Schools Research*, ullmhaithe ag Red C, Feabhra/Márta 2008

I Meitheamh na bliana 2008, rinne an áisín-teacht Red C suirbhé ar “Reiligiún i Scoileanna” ar son IPPN<sup>48</sup>. Chláraigh an suirbhé seo tuairimí an-scartha maidir le reiligiún i scoileanna i measc na ndaoine a ceistíodh. Bhí níos lú ná leath (43%) díobh siúd uilig le páistí faoi 15 go mba mhaith leo an dá uair a’ chloig go leith “a chaitear ar reiligiún a theagasc in aghaidh an seachtaine” a choinneáil. Cheap níos mó ná leath (56%) gur chóir don teagasc reiligiúnach agus ullmhúchán dos na Saicrimintí a bheith múinte ag an múinteoir ranga le linn uaireanta scoile. Nuair a tugadh rogha dóibh maidir leis an gcineál scoil ab’ fhearr leo– “scoil á bhainistiú ag agus ag cur chun cinn creideamh reiligiúin ar leith” nó “scoil á bhainistiú ag an Stát le comhstádas agus comhdheis dos na reiligiúin uilig”, b’fhearr le 25% an chéad chineál scoile, agus b’fhearr le 72% an scoil á bhainistiú ag an Stát<sup>49</sup>.

In Eanáir na bliana 2010, rinne an Irish Times tuairisc ar shuirbhé a rinneadh dó in Eanáir 2010 ag IPSOS/MRBI. Nuair a fiafraíodh díobh cé acu ar chóir don Eaglais Chaitliceach a “smacht ar an gcóras bunscoile” a ghéilleadh mheas 61% díobh siúd a d’fhreagair gur chóir go ngéillfeadh an Eaglais smacht dá leithéid, dúirt 28% gur chóir di a seasamh a choinneáil, agus bhí 11% nach raibh tuairim acu. I dtéarmaí aois na bhfreagróirí níor cláraíodh aon difir rómhór. Bhí na huimhreacha arb’ fhearr leo go ngéillfeadh an Eaglais a smacht níos mó i gceantair uirbeacha ná mar a bhí i gceantair tuaithe<sup>50</sup>.

I 2011, foilsíodh suirbhé ar luachanna agus dearcthaí na dtuismitheoirí i mbunscoileanna Protastúnacha. Nuair a cuireadh ceist orthu maidir lena dtacaíocht do phátrúnacht na hEaglaise ar scoileanna, mheas 54.1% go raibh sé “an-tábhachtach” nó “tábhachtach”, chláraigh 24.4% “tacaíocht mheasartha” agus dúirt 21.5% “nach raibh tábhacht ar bith nó gan ach beagán tábhachta” ann dóibh. Bhí tromlach na ndaoine a mheas go raibh sé “an-tábhachtach nó tábhachtach” ina mbaill de na príomheaglaisí Protastúnacha.<sup>51</sup>

Rinneadh staidéar eile dá leithéid ar son Ag Foghlaim Le Chéile i mí na Samhna 2010. Suirbhé náisiúnta a bhí ann ar 348 tuismitheoir do pháistí réamhscoile don chuid ba mhó maidir lena roghanna do chineálacha bunscoile.

---

<sup>48</sup> IPPN, *Pre-Conference Survey, 2007*, Freagra ar Cheist 64

<sup>49</sup> IPPN, *Religion in Schools – What 750 Principals Say*, suirbhé a rinne Red C, 28 Meitheamh 2008

<sup>50</sup> Irish Times, IPSOS/MRBI Poll, 20 Eanáir 2010

<sup>51</sup> Tuohy, D. *The School Community: Values and Attitudes of Parents in Protestant Primary Schools*, Nollaig 2011, lch.20

**Tábla 12. Torthaí ó shuirbhé ar 348 tuismitheoirí do Ag Foghlaim Le Chéile i 2010**

<b>Ráiteas/Ceist</b>	<b>An-tábhachtach (%)</b>	<b>Réasúnta tábhachtach (%)</b>
Ba chóir do scoileanna tuiscint agus meas a bheith acu ar réimse leathan de chórais creidiúintí agus reiligiúin	55	32
Scoil le tionchar láidir reiligiúnach	16	32
Scoil ina bhfuil an staidéar ar reiligiún íoslaghdaithe	7	19
Dearcadh maidir le suíomh nach bhfuil reiligiún mar chuid den churaclam scoile	5	13

Foinse: Ag Foghlaim Le Chéile, *Choices in Primary School Selection: a survey of pre-school parents*, 2011

As na tuismitheoirí a bhí i gceist, rinne 51% cleachtadh reiligiúnach, bhí 34% nach raibh ag cleachtadh, ba bhaill i léig iad 9%, agus bhí 4% gan aon nascadh reiligiúnach. Tá sé suntasach gur theastaigh ó 87% de na tuismitheoirí sa suirbhé go ndíreodh scoil ar réimse leathan de chórais creidiúintí agus reiligiúin. Mheas níos lú ná 50% go raibh sé tábhachtach nó an-tábhachtach go mbeadh tionchar láidir reiligiúnach ag scoil. Ina theannta sin, b'fhearr le 26% scoil ina raibh an staidéar ar reiligiún íoslaghdaithe agus, do 18%, bhí sé tábhachtach nó an-tábhachtach nach raibh reiligiún mar chuid de churaclam an tseomra ranga.<sup>52</sup>

Ní féidir ginearálú a dhéanamh ó staidéir dá leithéid, ach mar staidéir a rinneadh go heolaíochtúil ar shamplaí ionadaíocha de thuismitheoirí, léiriú is ea iad ar dhearthaí tuismitheoirí in Éirinn sa lá atá inniu ann. Tá sé soiléir go maith nach maireann an aonchineálacht de thuairimí tuismitheoirí ar reiligiún sna bunscoileanna a thuilleadh. Tá comharthaí suntasacha ann le húsáid mar bhunús le polasaí amach anseo ó éagsúlacht thuairimí na bhfreagróirí a cláraíodh. Cé go leanann tábhacht le hoideachas reiligiúnach do thromlach na dtuismitheoirí, is léir go bhfuil roghanna suntasach mionlaigh a gcaithfear soláthar a dhéanamh dóibh i soláthar bunscoile amach anseo.

Chum Gréasán Príomhoidí Bunscoile na hÉireann (IPPN) suirbhé ceistneora do phríomhoidí, i gcomhair leis an bhForas Taighde ar Oideachas, ar dhearthaí maidir le pátrúnacht scoile agus iolrachas. Mheas 51% díobh siúd a d'fhreagair gur chóir go ndéanfaí na múnlaí reatha den phátrúnacht a chur faoi “leasú mór” nó “a chur as go hiomlán”. Bhí an tuairim roinnte beagnach cothrom ar cheist maidir le smacht na n-eaglaisí ar scoileanna. Mheas 45% go bhfeidhmíonn bainistiú na heaglaise ar scoileanna go maith agus nár chóir athrú, agus mheas 52% “nach bhfuil sé iomchuí a

<sup>52</sup> Ag Foghlaim Le Chéile, *Choices in Primary School Selection: A Survey of Pre-School Parents* (Dublin, Behaviour and Attitudes, 2011)

thuilleadh scoileanna a bheith i seilbh/á mbainistiú go sainchreidmheach.”<sup>53</sup> Léiríonn na sonraí seo deighilt shuntasach sa smaointeoireacht i measc phríomhoidí scoile na linne maidir le patrún reatha na pátrúnachta scoile.

Chun cuidiú le treoir a thabhairt do thuairim an phobail ar cheisteanna sa díospóireacht maidir le pátrúnacht scoile i sochaí na linne, d’fhéach an Chuid seo le próifíl fíriciúil a thabhairt ar an gcóras bunscolaíochta reatha. Leag sé amach freisin na sonraí ábhartha ar chomhdhéanamh shochaí na hÉireann atá ag athrú leis na deichbhlianta is déanaí. Ansin d’fhéach sé le scrúdú conas atá patrún reatha an tsoláthair scoile, má tá, ag teacht le cearta agus riachtanais shaoránaigh athraithe na hÉireann. Agus sin á dhéanamh, tharraing sé ar réimse de staidéir a rinneadh le blianta beaga anuas ar dhearccháí i leith reiligiúin, gnéithe de chleachtadh reiligiúnach agus dearccháí i leith reiligiúin i scoileanna agus smacht ar scoileanna. Ní mhaíonn an Grúpa Comhairleach go bhfuil sonraí dá leithéid deifínideach nó uileghabhálach, ach breathnaíonn sé orthu mar léargas, agus iad ábhartha dos na ceisteanna atá idir lámha ag an bhFóram.

---

<sup>53</sup> IPPN, “Leading and Learning: Patronage and Pluralism in the Primary Sector” aighneacht don bhFóram, Meitheamh 2011

### III

## Ag Pleanáil i dTreo Socruithe Pátrúnachta Amach Anseo

---

Léiríonn próifíl chóras na bunscoileanna agus próifíl dhaonra na tíre a bhí ag athrú, mar a luadh i gCuid II, an chrainn atá le polasaí agus gníomhaíocht chun deacrachtaí le pátrúnacht scoile a réiteach. Aibhsíonn na codanna deiridh de Chuid I freisin neart ceisteanna ábhartha a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu maidir le pátrúnacht scoile. Ach, mar a thug “An Staid mar atá ag Forbairt in Éirinn” le fios, ceist bheo polasaí is ea an cheist agus tugann an Chuid seo den Tuairisc cur síos ar roinnt tionscnamh polasaí le déanaí.

### Pobalscoileanna Náisiúnta

Tionscnamh polasaí nua ag an Stát is ea múnla na Pobalscoile Náisiúnta (CNS) den phátrúnacht bunscoile, mar fhreagra ar athruithe déimeagrafacha agus glaonna níos mó ar rogha níos leithne do thuismitheoirí sa bhunscolaíocht. Fógraíodh an tionscnamh i bhFeabhra 2007 ag an Aire Hanafin, TD, agus thosaigh an chéad dá scoil phíolótach ag feidhmiú i 2008. Féachann an múnla le rogha a thairiscint do thuilleamaí traidisiúnta an Stáit ar thionscnaimh ag pátrúin ón earnáil phríobháideach chun bunscoileanna a bhunú.

Tá an múnla faoi láthair faoi phátrúnacht an Aire Oideachais agus Scileanna le Coistí Gairmoideachais (CGOanna) ag feidhmiú mar phátrúin ainmnithe go dtí go dtugtar isteach reachtaíocht chun pátrúnacht CGO a éascú ag leibhéal na bunscoile. Tá cúig scoil phíolótach CNS ag feidhmiú anois faoi choimirce CGOanna Chontae Bhaile Átha Cliath, Chontae Chill Dara agus Chontae na Mí. Saintréith de chuid na scoileanna is ea a gcarachtar ilsainchreidmheach trína bhféachann siad le freastal ar pháistí le réimse de chórais creidiúintí, agus freisin orthu siúd nach mian lena dtuismitheoirí go bhfaigheadh a bpáistí teagasc atá sainiúil do chreideamh. Eagraítear soláthar an oideachais reiligiúnaigh i bhfoirm chlár il-chreidiúna ar a dtugtar Goodness Me! Goodness You!, ina bhfuil soláthar d’fhoirmiú creidiúintí scartha do pháistí ó shainchreidimh éagsúla thar tréimhse trí nó ceithre seachtaine i rith na bliana. Tá tuairisc ar dhul chun cinn ar na CNSanna á cur le chéile faoi láthair maidir leis an eispéireas sa chéad trí bliana de dá CNS is mó. Táthar ag súil go dtabharfaidh an tuairisc ar dhul chun cinn treoir do chinntí polasaí ar inmharthanacht an mhúnla seo i gcoitinne. Tá dúshlán ar leith sa mhúnla toisc go bhféachann sé le freagairt do riachtanais an iliomad creidimh agus córais creidiúintí, teagasc atá sainiúil don chreideamh a chur ar fáil do roinnt, agus freisin freastal ar dhearccháil neamh-dhiagaí.

Tá clár an oideachais reiligiúnaigh ag feidhmiú mar thogra taighde gníomhaíochta, agus obair idir lámha atá ann. Tá an togra á thacú ag Grúpa Tagartha ionadaíoch um Oideachas Reiligiúnach.

Ceann de na ceisteanna a pléadh sa tuairisc ar an dul chun cinn ná “an gcuireann an múnla CNS rogha breise ar fáil do phátrúnacht bunscoile chun cur le múnlaí pátrúnachta atá ann cheana nuair is cúis le cur chuige nua iad na cúinsí áitiúla ar leith?” Mheas an Dréacht-Tuairisc ar Dhul Chun Cinn (Deireadh Fómhair 2011) go raibh sé róluath cinneadh a dhéanamh ar an gceist go dtí go ndéanfaí ceist na pátrúnachta agus na mbord bainistíochta a chinneadh go foirmiúil. Mar sin féin, dúirt sé:

Bunaithe ar an taithí go dtí seo sa dá scoil atá á n-athbhreithniú meastar gur dócha go gcuirfidh an múnla rogha breise ionchasach ar fáil do phátrúnacht bunscoile. Léiríonn aiseolas ó na comhchomhairlí éagsúla agus ó thaighde a rinneadh mar bhunús leis an tuairisc ar an múnla radharc atá dearfach i gcoitinne ar mhúnla na Pobalscoile Náisiúnta agus ar ról na Pobalscoile Náisiúnta laistigh den phobal a bhfuil sí ag freastal air. (lch.49)

Tugann an “Scéim Ghinearálta Bhille um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2011” cumhachtaí nua dos na Coistí Gairmoideachais traidisiúnta, atá á n-athbhunú. Cuimsítear, i gCuid 4, Alt 23, foráil a éascóidh pátrúnacht ag Coistí Gairmoideachais ar scoileanna aitheanta. Má achtaítear an Bille is cosúil go mbeidh na Boird Oideachais agus Oiliúna nua in ann gabháil do phátrúnacht bunscoile.

Measann an Grúpa Comhairleach go bhféadfadh na Pobalscoileanna Náisiúnta píolótacha a bheith ina dtionscnamh suntasach, gur féidir tógáil orthu agus a d’fhéadfadh, sa todhchaí, foirmeacha eile a bheith acu. Ach, ó tharla nach bhfuil an triail ach sna laethanta tosaigh, bhí sé de nós ag na toscaireachtaí ag an bhFóram gan breith a thabhairt go fóill. Luadh amhras faoin bhféidearthacht, i dtréimhse saoil iomlán na scoile, ranganna um fhoirmiú creidiúintí ar leith a choinneáil ar bun do réimse leathan de chreidimh laistigh den am scoile, de bhreis ar an gclár ginearálta um oideachas reiligiúnach. D’fhéadfadh na Pobalscoileanna Náisiúnta a bheith mar chuid níos bunaithe den ilchineálacht i bhfoirmeacha na pátrúnacht scoile in Éirinn atá de dhíth, amach anseo. Tá féidirtheachtaí ann freisin foirmeacha a bhunú de chomh-phátrúnacht idir na Boird Oideachais agus Oiliúna nua agus pátrúin eile do bhunscoileanna a d’fhéadfadh neart buntáistí a bheith acu, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta a sholáthar dos na scoileanna ar fad ina réigiún.

**Molann an Grúpa Comhairleach go leanfaí leis an scéim phíolótach agus go mba mhaith an chomhairle é boird bhainistíochta a bhunú laistigh de na scoileanna seo, rud atá ina riachtanas faoin Acht Oideachais, 1998.**

## **Pátrúnacht Scoileanna Nua**

D'iarr an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Batt O'Keeffe, TD ar an gCoimisiún um Chóiríocht Scoile i Meán Fómhair athbhreithniú a dhéanamh ar na critéirí agus gnásanna chun bunscoileanna nua a bhunú. Bhí a Choiste Stiúrtha, le 35 comhalta, agus a Ghrúpa Oibre Teicniúil, ina raibh 16 comhalta, an-ionadaíoch ar na páirtithe leasmhara san oideachas. Ina thuairisc, a foilsíodh i bhFeabhra 2011, leag an Coimisiún síos réimse de choinníollacha nó riachtanais a bheadh le sásamh ag pátrúin ionchasacha agus iarratais á dhéanamh acu ar phátrúnacht scoileanna. Freisin leag sé síos seacht gcritéir ba chóir a mheas nuair a bhí cinneadh á dhéanamh faoi bhronnadh pátrúnachta.

Ar 27 Meitheamh 2011, d'fhógair an tAire Quinn, TD, go bhfuil 20 bunscoil nua agus 20 iarbhunscoil nua le bunú sna sé bliain seo atá ag teacht d'fhonn freastal ar riachtanais an daonra atá ag fás de pháistí scoile. D'fhógair sé socruithe nua freisin d'iarratais le déanamh ag pátrúin ionchasach do bhunú na scoileanna, agus critéirí nua chun cinneadh ar an bhfoirm pátrúnachta a "leagann béim ar leith ar éileamh ó thuismitheoirí d'iolrachas agus ilchineálacht pátrúnachta". Is iad na riachtanais atá leagtha síos d'iarratais ar phátrúnacht agus na critéirí atá le húsáid sa chinneadh ar an bhfoirm pátrúnachta ná na cinn a mhol an Coimisiún um Chóiríocht Scoile.

Seo a leanas na critéirí le meas nuair atá cinneadh le déanamh maidir le pátrúnacht:

- an fhorbairt atá déanta cheana féin ag scoileanna a bunaíodh le déanaí ar phátrúnacht ar leith sa cheantar ainmnithe agus an cumas d'fhás amach anseo ag na scoileanna seo
- méid nó réimse na hilchineálachta sa phátrúnacht a chuirtear ar fáil thar scoileanna atá ann cheana sa cheantar ainmnithe, ag cur tuairimí na dtuismitheoirí san áireamh
- cóngarachtaí scoileanna le héiteas den sórt céanna leo siúd atá molta ag an iarrthóir ar phátrúnacht
- cé mar a dhéanfaidh na scoileanna atá beartaithe faoi na pátrúin faoi seach soláthar chun ilchineálacht an tsoláthair a leathnú nó a láidriú i ngach ceantar, ag cur tuairimí na dtuismitheoirí san áireamh
- éileamh ó thuismitheoirí don scoil atá pátrún toilteanach a bhunú
- an méid ina bhfuil scoileanna den chineál céanna pátrúnachta sa cheantar leathnaithe cheana do thrí shruth ar a laghad (faoi réir spáis ar láthair atá ann cheana srl)
- i gceantar a bhfuil freastal le déanamh air ag scoil amháin, an méid inar féidir leis an scoil riachtanais na ndaltaí ar fad sa cheantar a shásamh

Tá tiomantas tugtha ag an Roinn páirt onghníomhach a ghlacadh chun ceantair a aithint ina bhfuil gá le cóiríocht bhreise shuntasach scoile, chun méid na mbunscoileanna nua a chinneadh, agus chun an láthair cuí do scoileanna a aithint. Tá Grúpa um Bhunú Scoileanna Nua (an Grúpa Comhairleach Pátrúnachta mar a thugtaí air) bunaithe ag an Aire mar ghníomhaireacht neamhspleách, chun comhairle a chur air maidir le pátrúnacht na scoileanna nua i ndiaidh a mhachnamh ar thuairisc ar na hiarratais ullmhaithe ag an Roinn.

Tionscnamh nua do phátrúnacht scoileanna dá leithéid is ea an polasaí do phátrúnacht scoileanna nua, mar atá ráite ag an Aire Quinn, TD. Tá sé de bhuntáiste aige go bhfuil sé bunaithe ar riachtanais agus ar chritéirí atá forbartha ag coiste de pháirtithe leasmhara a bhí rannpháirteach ann. Cé go bhfuil cur i bhfeidhm an pholasaí sna laethanta tosaigh fós, tá impleachtaí ann do leasuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh sa phátrúnacht ar scoileanna atá ann cheana, chun go mbeidh sí ag teacht níos mó le cearta agus mianta na saoránach.

## **Plépháipéar ar Rollú Scoile**

Chun cur le múnú thodhchaí na scolaíochta chun freastal ar chúinsí sóisialta ag athrú, i Meitheamh 2011, d'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Scileanna “Páipéar Díospóireachta Ar Chreat Rialála Do Rollú Scoile”.<sup>54</sup> Tugadh cuireadh do pháirtithe leasmhara freagairt don Pháipéar seo faoi 31 Deireadh Fómhair 2011. Ag tagairt do dheacrachtaí a bhíonn ag scoileanna agus tuismitheoirí, ina réamhrá chuir an tAire Quinn, TD, an cheist seo “An féidir linn teacht ar bhealach níos fearr do gach duine lena mbaineann?” Dúirt sé go raibh sé de rún aige athrú reachtaíochta a chur chun cinn chun a chinntiú go mbeadh “rochtain trí bheartais agus trí chleachtas uilechuimsitheacha, trédhearcacha agus chóra”. Cé nach ndíríonn an Páipéar Díospóireacht ar cheisteanna pátrúnachta scoile *per se*, tá sé nasctha sa mhéid is go gcaithfidh athruithe ar bith sa phátrúnacht critéir na cuimsitheachta a thabhairt san áireamh. Ina theannta sin, tugann an Páipéar fianaise ar sheasamh onghníomhach na Roinne i dtreo athruithe reachtúla agus rialacháin chun a chinntiú go ndéanann scoileanna freastal níos fearr ar riachtanais na sochaí.

I measc na moltaí ar leith a déantar sa Pháipéar Díospóireachta tá “D’fhéadfadh rialacháin foráil a dhéanamh go leagfadh an beartas rollaithe (an bhoird bhainistíochta) an spiorad saintréithe (ar a dtugtar éiteas na scoile freisin) agus cuspóirí ginearálta scoile amach. Má bhíonn an spiorad saintréithe san áireamh sa bheartas rollaithe tugann sin le fios do thuismitheoirí agus d’iarratasóirí cad iad na bunluachanna faoi leith atá ag an scoil. D’fhéadfadh rialacháin foráil a dhéanamh go bhféadfaí riachtanas a chur san áireamh sna beartais rollaithe eadhon gur chóir do dhaltaí a théann ar rolla scoile meas a léiriú ar éiteas na scoile, mar ní ar leithligh ó riachtanas ar bith go dtabharfadh daltaí nó a dtuismitheoirí tacaíocht ghníomhach

---

<sup>54</sup> Roinn Oideachais agus Scileanna, Páipéar Díospóireachta Ar Chreat Rialála Do Rollú Scoile, Meitheamh 2011



d'éiteas na scoile" (Ich.29). Deir moladh eile a bhaineann le ceisteanna chreideamh na ndaltaí i scoileanna maidir le scoileanna sainchreidmheacha "sa chás go gcinneann scoileanna den sórt sin roinnt dá líon áiteanna scoile a chur ar fáil d'iarratasóirí nach bhfuil an creideamh sin acu, b'fhéidir gur fearr tacaíocht reachtúil a chur ar fáil do shocrúithe mar sin". (Ich.32). Is dócha go mbeidh tionchar ag toradh na gcomhchomhairlí ar mholtaí dá leithéid ábhartha maidir le gnéithe den phátrúnacht scoile.

## **Scoileanna Neamh-Sainchreidmheacha**

Níl scoileanna tuata nó neamh-sainchreidmheacha ag Éirinn. San am atá thart, chuir rialacháin agus dearthaí oifigiúla bac ar bhunú scoileanna dá leithéid. Dúirt an Roinn Oideachais agus Scileanna leis an bhFóram, i Meitheamh 2011, nach raibh aon chur i gcoinne do bhunú scoileanna dá leithéid a thuilleadh, dá mbeidís á lorg ag grúpaí mór a dhóthain de thuismitheoirí, a chomhlíon na riachtanais don phátrúnacht ar ghach bealach eile. Fáiltíonn an Grúpa Comhairleach roimh seasamh mar seo a d'fhéadfadh an doras a oscailt do thuilleadh ilchineálachta scoile amach anseo. B'fhéidir go bhféadfaí múnla na Pobalscoile Náisiúnta a fhorbairt chun freagairt ar riachtanais na dtuismitheoirí, dá mbeadh neart acu ann chun scoil nua a chosaint nó, b'fhéidir, tairbhe a bhaint as aistriú don Stát, a d'úsáidfeadh a dhea-bhreithiúnas i ndáileadh na pátrúnachta do chúis oideachasúil nua.

## **Socrúithe Scoile Comhchampais**

Molann an tuairisc le déanaí ón Choimisiún um Chóiríocht Scoile go mbeadh socrúithe comhchampais ann, ina bhféadfadh scoileanna le pátrúnachtaí éagsúla áiseanna coiteann oideachasúla agus fóillíochta ar an ollchampas a chomhroinnt. Chomh maith le barainneachtaí scála, d'fhéadfadh socrúithe mar seo dearthaí dea-shaoránachta a chothú i measc páistí ó chórais creidiúintí éagsúla.

**Molann an Grúpa Comhairleach go ndéanfaí machnamh gníomhach ar an gcoincheap seo (comhchampas) nuair atáthar ag déanamh cinntí faoi phátrúnacht scoileanna.**

## **Fóram ar Phátrúnacht agus Iolrachas in Earnáil an Bhunoideachais**

Chomh maith leis na tionscnaimh a luadh thuas, bhunaigh an tAire an Fóram i Márta 2011 d'fhonn a chinneadh cé mar is fearr freastal ar líon agus réimse éagsúil a dhóthain de bhunscoileanna atá ag freastal ar na reiligiúin uile agus gan reiligiún – ar bhonn forleathan, go náisiúnta. Freagra eile is ea an Fóram ag an Aire chun réiteach a fháil ar dheacrachtaí aitheanta sa phátrúnacht scoile in Earnáil an Bhunoideachais a léiríonn cúinsí atá ag athrú.



## IV

### Pátrúnacht Scoile a Dhífheistiú

---

#### Tógáil ar Thaithí

Is é cuspóir iomlán an athraithe sa phróiseas pátrúnachta scoile ná an fhoirm oideachais chuí a chur ar fáil do dhaltaí agus a dtuismitheoirí ag teacht lena gcreidiúintí agus córais luachanna. Mar sin, is iad a riachtanais is túisce mar chúram.

Tá roinnt mórphointe a chaithfear a choinneáil san aigne nuair atá pleanáil ar siúl d' ilchineálacht níos mó i bpátrúnacht sholáthar na bunscolaíochta:

- tá daonra na hÉireann níos ilchineálaí ná mar a bhíodh agus níos ilghnéithí ina chultúr agus ina chórais creidiúintí
- tá tuismitheoirí na linne seo níos muiníne agus níos treise ag lorg a gceart oideachasúla ná mar a bhí i nglúnta roimhe
- tá bunús bunreachtúil agus reachtaíochta le cearta agus freagrachtaí maidir le soláthar na scolaíochta
- tá gá le hilchineálacht níos mó de chineál scoile chun freastal ar riachtanais agus ar chearta na saoránach i sochaí atá níos iolraithe
- leanfaidh scoileanna sainchreidmheach mar rogha ag neart tuismitheoirí
- nuair a bhí scoileanna nua á bpleanáil do cheantair ina raibh an daonra ag méadú, ní dharna an Eaglais Chaitliceach iarratas, in áiteanna, le bheith measta mar phátrúin, d'fhonn an ilchineálacht a éascú
- tá traidisiúin rathúil ann, bíodh go bhfuil sé teoranta, d'athrú agus dífheistiú pátrúnachta ó shainchreidimh chun ligean d'fhoirmeacha nua pátrúnachta, ar nós Ag Foghlaim Le Chéile agus An Foras Pátrúnachta, le deichbhlianta beaga anuas
- tá Éire ina páirtí ag réimse de dhlithe agus coinbhinsiúin idirnáisiúnta a bhfuil tionchar acu ar fhreagrachtaí na hÉireann do sholáthar oideachasúil
- ní mór cearta tuismitheoirí aonair a chur i gcothromaíocht leis an leas coiteann

#### An Bealach Ar Aghaidh

Agus iarracht á dhéanamh breis ilchineálachta bunscoile a sholáthar sna cúinsí atá ann faoi láthair, tá trí sprioc gur chóir don pholasaí díriú orthu.

### **Spríoc 1**

Pléann sé seo le soláthar na hilchineálachta i measc na scoileanna nua do cheantair ina bhfuil an daonra ag méadú.

### **Spríoc 2**

Baineann sé seo le ceantair ina bhfuil dóthain scoileanna ann do riachtanais an daonra atá seasta, ach go bhfuil éileamh aitheanta ó thuismitheoirí do rogha fhoirm de phátrúnacht scoile. Is féidir ilchineálacht níos mó de chineál scoile a bheith ann mar thoradh ar aistriú scoileanna ó phátrúin atá ann cheana go dtí an Stát, le hathdháileadh ar phátrúin nua.

### **Spríoc 3**

Díríonn sé seo ar an gcaoi inar féidir cuidiú le scoil Aonair (nó líon beag scoileanna) a fhreastalaíonn ar phobal áitiúil le freagairt níos éifeachtúla nuair a chuimsíonn an grúpa daltaí páistí ó roinnt creideamh agus páistí nach bhfuil creideamh ar bith acu, nó thuismitheoirí nach mian leo go bhfaigheadh a bpáistí oideachas reiligiúnach sainchreidmheach. Pléitear le Spríoc 3 i gCuid VI.

## **Spríoc 1: Scoileanna nua do Cheantair ina bhfuil an Daonra ag Méadú**

Maidir le scoileanna nua i gceantair ina bhfuil an daonra ag méadú, mar a nótáilíodh i gCuid III, ar 27 Meitheamh 2011 d'fhógair an tAire Oideachais agus Scileanna riachtanais agus critéirí nua chun cinneadh ar phátrúin do scoileanna nua. Agus pleananna nua á bhfógairt aige do 20 bunscoil nua, sna 6 bliain seo ag teacht, do mhéadú measta de 45,050 dalta, measta le bheith ann faoi 2017, dúirt an tAire, “Cuireann na critéirí le húsáid sa chinneadh ar phátrúnacht na scoileanna nua béim ar leith ar éileamh na dtuismitheoirí d’iolarachas agus d’ilchineálacht pátrúnachta”.

Fuarthas iarratais ar phátrúnacht (deireadh Dheireadh Fómhair 2011) ar na scoileanna seo ó roinnt pátrún agus iad ar liosta ar shuíomh gréasáin na Roinne ([www.education.ie](http://www.education.ie)).<sup>55</sup> Tá na hiarratais á meas faoi láthair ag an Roinn.

Cuirfidh an Grúpa nua um Bhunú Scoileanna Nua<sup>56</sup> comhairle ar an Aire ar phátrúnacht na scoileanna nua i ndiaidh dó machnamh a dhéanamh ar thuairisc ar na hiarratais atá le hullmhú ag an Roinn. Molann an Grúpa Comhairleach an cur chuige atá á ghlacadh chun pátrúnacht a aithint, nuair atá scoileanna nua de dhíth, agus measann sé go bhfuil neart de na riachtanais agus na critéirí ábhartha nuair atá pátrúnacht á mheas i gceantair Spríoc 2.

<sup>55</sup> Fuarthas iarratais ó: Ag Foghlaim Le Chéile, roinnt Coistí Gairmoideachais, An Foras Pátrúnachta, Redeemed Christian Church of God agus Lifeways Ireland.

<sup>56</sup> I dTuairisc an Choimisiúin um Chóiríocht Scoile, Feabhra 2011, bhí tagairt do Ghrúpa Comhairleach um Pátrúnacht. Thug tionscnamh Mheithimh 2011 do scoileanna nua “Grúpa um Bhunú Scoileanna Nua” ar a Ghrúpa Comhairleach.

## **Spríoc 2 Pátrúnacht a Dhífheistiú ó na Pátrúin Atá Ann Cheana i gCeantair a bhfuil Daonra Cobhsaí iontu**

### **Comhthéacs**

Ina théarmaí tagartha don Ghrúpa Comhairleach, dúirt an tAire Quinn, TD, gur chóir go mbeadh aird ar leith aige ar “thoilteanas léirithe na hEaglaise Caitlicí Rómhánaí machnamh a dhéanamh ar phátrúnacht bunscoileanna a dhífheistiú”.

Tá roinnt fíricí a gcaithmhear a mheas:

- tá patrún na pátrúnacht scoile le hoidhreacht ann ina bhfuil 96% den stoc scoile atá ann faoi phátrúnacht shainchreidmheach (Féach Tábla 1). Tá líon an-ard de bhunscoileanna ag Éirinn in aghaidh an duine sa daonra i gcomparáid le caighdeáin idirnáisiúnta, agus an-chuid díobh ina scoileanna beaga (Féach Táblaí 2 agus 3). Ag cuimhneamh ar na cúinsí seo, níl sé inmhianta go sóisialta nó indéanta go heacnamúil scoileanna nua a thógáil nuair atá an daonra réasúnta cobhsaí
- i gceantair ina bhfuil cnuasach de scoileanna sainchreidmheacha, le daonra cobhsaí, ach éileamh ó thuismitheoirí do rogha d’fhoirm pátrúnachta scoile, glactar leis i gcoitinne gurb é an príomhspríoc do dhífheistiú ná ó phátrún ann cheana, tríd an Roinn Oideachais agus Scileanna, go pátrún nua
- tá dualgas dlí ar an Stát soláthar a dhéanamh do bhunscolaíocht pháistí uilig, i gcineál scoile is rogha, sa mhéid is féidir agus atá réasúnta. Mar sin, tá iachall ar an Stát seasamh onghníomhach a ghlacadh agus féachaint le dhífheistiú a éascú agus a spreagadh ó phátrúin atá ann go pátrúin nua chun soláthar a dhéanamh do ilchineálacht sa phátrúnacht
- tá dualgas morálta ar na páirtithe leasmhara ar fad dhífheistiú a éascú agus a spreagadh, mar is cuí, sa chaoi is gur féidir freastal ar chúraimí coinsiasacha na saoránach agus na gcomharsan don chineál bunscolaíochta atá de dhíth orthu dá bpáistí, sa mhéid agus is féidir.
- Níl cearta absolóideach ann dod’ rogha oideachais. Ní mór don Stát gníomhú go críonna i gcaiteachas airgead na gcáiníocóirí ar.

### **Céim a hAon**

**I gcásanna ina bhfuil an Roinn tar éis gá féideartha le hathrú pátrúnachta a shainaithe, molann an Grúpa Comhairleach go nglacfaí cur chuige a bheadh bunaithe ar an scoilcheantar nó ar an dúiche. Ní bheadh sé críonna díriú ar scoil nó pobal ar leith gan machnamh leathan ar an soláthar foriomlán scoileanna sa cheantar agus ráiteas soiléir faoin gcaoi a rachaidh an t-athrú atá**

**faoi chaibidil chun sochair don phobal ar fad. Tá sé práinneach go ndéanfaí gníomh maidir le dífheistiú. Ach ní den dea-chomhairle é cur chuige “big bang” ná réabhlóideach a ghlacadh. Sa chomhthéacs seo, is ceart go gcuirfí athrú pátrúnachta i gcrích i mbealach céimnithe diaidh ar ndiaidh.**

Tá trí staid i gCéim a hAon

- A. Fianaise á bailiú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna
- B. Roghanna á Soláthar ag na Pátrúin
- C. Measúnacht ag an Roinn agus Cinneadh an Aire

Ba chóir go mbeadh an próiseas á thacú ag Grúpa Comhairleach neamhspleách um Dífheistiú (DAG) nó trí shainordú an Ghrúpa um Bhunú Scoileanna Nua a leathnú.

## **Staid A Fianaise á Bailiú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna**

Tá 5 eilimint

- A 1 Na Daichead a Seacht Scoilcheantar
- A 2 agus A 3 Fianaise a bhailiú ar chéadroghanna tuismitheoirí chun an réimse agus dáileadh ar chatagóirí pátrúnachta “idéalach” a ríomh (maidir le sainchreideamh reiligiúnach agus/nó teanga) bunaithe ar rogha na dtuismitheoirí agus inrochtaine na gcineálacha eile bunscoileanna i bhfíorchóngar
- A 4 Aithint go bhfuil éileamh aitheanta ann cheana ar ilchineálacht sa phátrúnacht
- A 5 Clár na bPátrún a Oiriúnú

### **A 1 Na Daichead a Seacht Scoilcheantar**

Mar thoradh ar iarratas ón Eaglais Chaitliceach, chruthaigh an Roinn maitrís de cheantair do dhífheistiú féideartha. Ag baint úsáide as tacar de chritéirí, bunaithe ar dhaonra agus soláthar bunscoile, ainmníodh 43 baile agus 4 limistéar i ollcheantar Bhaile Átha Cliath i Lúnasa 2010. Chun éascú a dhéanamh do thionscnaimh píolótacha ag údaráis na hEaglaise Caitlicí a measadh a bheadh ann go luath, roghnaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna 6 limistéar baile agus na 4 limistéar Bhaile Átha Cliath ó na 47 limistéar tosaigh agus cuireadh mionsonraí ar fáil. Níl aon scoileanna dífheistithe go fóill, áfach, ach tuigtear don Ghrúpa Comhairleach go bhfuil roinnt oibre idir lámha ag na pátrúin.

Ag cur san áireamh go bhfuil taithí ann cheana féin ar aistriú pátrúnachta, agus go bhfuil gá le cothromaíocht níos fearr a bhaint amach idir an 96% de phátrúnacht shainchreidmheach agus an 4% de na foirmeacha pátrúnachta eile, **molann an Grúpa Comhairleach, maidir le Céim a hAon, go ngabfaí obair ar láimh i 43 baile agus 4 cheantar i mBaile Átha Cliath. I gceist anseo beidh 18 ndeoise agus imscrúdú ar tuairim is 250 scoil, gur cosúil go ndífeisteofar tuairim is 50 díobh.** Tugann Tábla 13 sonraí ar na 47 limistéar.

Cé go bhféadfaí cás maith a dhéanamh do áiteanna eile a chur san áireamh, ach go háirithe limistéir cathrach, ar nós Corcaigh agus Luimneach, measann an Grúpa Comhairleach gur fearr leanúint ar aghaidh leis na limistéir atá roghnaithe cheana ag an Roinn. Tá sonraí curtha ar fáil ag an Roinn dos na 47 limistéar. B'fhéidir go gcaithfear na sonraí seo a nuashonrú mar shampla, le tuilleadh sonraí ar scoileanna, treochtaí daonra, líon na ndaltaí agus ar chumas atá le spáráil/áiteanna le líonadh laistigh de na scoileanna, chomh maith le sonraí ar na scoileanna Gaeilge, pátrúin ionchasacha, agus scoileanna faoi phátrúin eile, sna scoilcheantair roghnaithe. Aithníonn an Grúpa Comhairleach go mbeidh neart oibre i gceist. Fiú dá mbeadh mar thoradh ar an bpróiseas seo gur aistríodh scoil amháin i ngach ceann de na limistéir roghnaithe, bheadh níos lú ná 50 scoil san iomlán i gceist, nó 1.6% ar iomlán de 3,169 bunscoil, ach tús suntasach atá ann.

## **A 2 Clár Chéadrogha do Thuismitheoirí Páistí Réamhscoile**

Go traidisiúnta in Éirinn, tá an bhunscoil comhtháite go dlúth le saol phobal na háite. Ar feadh na nglúnta cothaíodh naisc aitheantais agus dílseachta leis an scoil áitiúil. Nuair a éilíonn amanna nua go mbeadh leasuithe sa soláthar traidisiúnta, tá sé intuigthe go mbeadh inní agus suaitheadh mothúcháin ann. Ach nuair atá athrú pátrúnachta i gceist tá sé rí-thábhachtach gach iarracht a dhéanamh coimhlint agus easaontas sóisialta a sheachaint.

Níl an Grúpa Comhairleach i bhfábhhar pobalbhreitheanna nó cruinnithe móra i halla an bhaile. Is féidir leo deighilt a chothú agus suaitheadh a chothú i bpobail. Ní mór an réiteach, ar son an leasa coiteann, a lorg ar bhealach suaimhneach, ómósach agus réasúnta. Tá sé riachtanach go gcinnteoidh an Roinn réimse agus dáileadh “idéalach” na gcatagóirí pátrúnachta atá aitheanta ag tuismitheoirí.

Sa chomhthéacs seo moltar dhá chur chuige comhlántach chun rogha na dtuismitheoirí a chinneadh:

- Baineann A2 le clár chéadrogha do thuismitheoirí le páistí réamhscoile sna 47 limistéar
- Lorgaíonn A3 eolas ó thuismitheoirí le páistí rollaithe cheana féin i mbunscoileanna sna 47 limistéar

Nótáíleann an Grúpa Comhairleach ó aighneachtaí agus comhchomhairlí go bhfuil easpa eolais ann i measc neart tuismitheoirí maidir le coincheap na pátrúnachta agus maidir le ról agus freagrachtaí na bpátrún. Tá impleachtaí tábhachtacha anseo má tá rogha na dtuismitheoirí le haimsiú i gceart, sa mhéid is go gcaithfear ról an phátrúin a mhíniú agus saintréithe scoile na bpátrún éagsúla a leagan amach go soiléir do thuismitheoirí mar chuid tábhachtach den phróiseas comhchomhairle seo.



**Tábla 13. Sonraí ar na 43 bailte agus 4 limistéar Bhaile Átha Cliath i gCéim a hAon**

Ceantar	Deoise Chaitliceach	Contae	Daonra 2006	Ráta Fáis % 2002 go 2006	Líon Scoileanna a (laistigh de theorainn an bhaile)	Líon Scoileanna II-sainchreid mheacha
An tInbhear Mór	Baile Átha Cliath	Cill Mhantáin	11759	17.7	5	0
Baile Átha Luain	Ardach & Cluain Mhic Nóis & Ail Finn	An Iarmhí	17544	10.1	7	0
Béal an Átha	Cill Ala	Maigh Eo	10409	7.9	6	0
Béal Átha na Sluaighe	Cluain Fearta	Gaillimh	6303	1.4	3	0
Droichead na Bandan	Corcaigh agus Ros	Corcaigh	5822	12.8	4	0
Biorra	Cill Dalua	Uíbh Fháilí	5081	14.5	4	0
Bun Cranncha	Doire	Dún na nGall	5911	12.1	4	0
Carraig na Siúire	Port Láirge agus Lios Mór	Tiobraid Árann	5906	5.7	3	0
Carraig Uí Leighin	Corcaigh agus Ros	Corcaigh	12835	14.7	4	1
Caisleán an Bharraigh	Tuama	Maigh Eo	11891	4.6	3	0
Ceannanus Mór	An Mhí	An Mhí	5248	18.7	3	0
Cill Droichid	Baile Átha Cliath	Cill Dara	17262	7.8	6	1
Cluain Meala	Port Láirge agus Lios Mór	Tiobraid Árann	17008	0.6	7	0
Cóbh	Cluain	Corcaigh	11303	15.2	5	0
Droichead Nua	Cill Dara agus Leithghlinn	Cill Dara	18520	10.6	7	1
Dún Búinne	An Mhí	An Mhí	5713	6.5	4	0
Dún Garbháin	Port Láirge agus Lios Mór	Port Láirge	8362	12.2	3	0
Inis Córthaidh	Fearna	Loch Garman	9538	6.4	4	0
Cill Airne	Ciarraí	Ciarraí	14603	11.2	5	0
Léim an Bhradáin	Baile Átha Cliath	Cill Dara	14676	-2.3	6	0
Leitir Ceanainn	Ráth Bhoth	Dún na nGall	17586	15.5	6	1
An Longfort	Ardach & Cluain Mhic Nóis & Ail Finn	An Longfort	8836	16.9	5	0
Mullach Ide	Baile Átha Cliath	Baile Átha Cliath	14937	8	4	0
Mala	Cluain	Corcaigh	10241	14.6	6	0
Maigh Nuad	Baile Átha Cliath	Cill Dara	10715	5.6	4	1
Muineachán	Clochar	Muineachán	6710	13	5	0
An Muileann gCearr	An Mhí	An Iarmhí	18416	17.9	6	1
Ros Mhic Thriúin	Fearna & Osraí	Loch Garman	7709	17.9	4	0
Port Mearnóg	Baile Átha Cliath	Baile Átha Cliath	8979	7.2	3	0
Ros Comáin	Ail Finn	Ros Comáin	5017	11.8	3	0
Sionainn	Cill Dalua	An Clár	9222	7.7	6	0
Na Sceirí	Baile Átha Cliath	Baile Átha Cliath	9535	4.2	5	1
Sligeach	Ail Finn	Sligeach	19402	-1.7	8	1
Durlas	Caiseal agus Imleach	Tiobraid Árann	7682	3.5	4	0
Tiobraid Árann	Caiseal agus Imleach	Tiobraid Árann	5065	2	5	0
Trá Mhór	Port Láirge agus Lios Mór	Port Láirge	9634	16	3	0
Baile Átha Troim	An Mhí	An Mhí	6870	16.6	4	0
Tuaim	Tuaim	Gaillimh	6885	15.8	4	1
An Tulach Mhór	An Mhí	Uíbh Fháilí	12927	16.5	8	1
Cathair na Mart	Tuaim	Maigh Eo	5475	-2.8	4	0
Loch Garman	Fearna	Loch Garman	18163	5.4	8	1
Cill Mhantáin	Baile Átha Cliath	Cill Mhantáin	10070	7.6	4	1
Eochaill	Cluain	Corcaigh	6785	2.8	3	0
Baile Átha Cliath 4	Baile Átha Cliath	Baile Átha Cliath	34,272	-.07	9	1
Baile Átha Cliath 6 agus 8	Baile Átha Cliath	Baile Átha Cliath	122,349	2.0	26	2
Port Mearnóg/ Mullach Ide	Baile Átha Cliath	Baile Átha Cliath	27,031	12.0	7	0
An Halla Bán	Baile Átha Cliath	Baile Átha Cliath	19,754	1.9	11	1

Foinse: Roinn Oideachais agus Scileanna, Lúnasa 2010

Mar sin, chun an bearna eolais aitheanta seo a líonadh agus chun feabhas a chur ar thuiscint na dtuismitheoirí ar Earnáil an Bhunoideachais agus ar an bpátrúnacht ach go háirithe, ba chóir don Roinn na nithe seo a sholáthar do thuismitheoirí: cur síos neamhchlaonta agus gairid ar gach cineál scoile; ról an phátrúin agus na himpleachtaí d'oideachas a bpáiste; le tagairt ar leith do reiligiún, teanga agus sainspiorad, sa chaoi is go mbeidh siad in ann freagra oilte a thabhairt ar cheisteanna maidir le céadrogha. Bheadh an t-eolas seo ullmhaithe ag an Roinn, i gcomhairle leis na pátrúin.

Tá fianaise ag an nGrúpa Comhairleach:

- go sroicheann an chuid is mó de thuismitheoirí cinneadh faoin mbunscolaíocht an-luath i saol a gcéad pháiste agus gur dócha go bhfreastalóidh a bpáistí eile ar an scoil seo
- féadfaidh toscaí éagsúla dul i gcion ar rogha scoile dtuismitheoirí, ach is cosúil gurb iad na tréithe is mó a théann i gcion orthu ná caighdeán oideachasúil, a gcuirtear síos air go minic mar ghluaiseacht ar aghaidh rathúil an pháiste go hiarbhunscoil mhaith, agus suíomh áisiúil

Ós rud é nach ndéantar an cinneadh seo ar chéadrogha scoile ach uair amháin i saol an teaghlaigh, de ghnáth, tá sé tábhachtach an t-eolas seo a bhailiú a luaithe agus is féidir chun pleanáil a éascú do chumas agus do chineál na mbunscoileanna áitiúla.

**Molann an Grúpa Comhairleach, mar sin, go mbunófaí clár de thuismitheoirí páistí réamhscoile a chuirfeadh in iúl cén cineál pátrúnachta scoile ba chéadrogha leo.**

D'fhéadfadh an Roinn machnamh a dhéanamh ar an mbuntáiste a bheadh le luas a chur le Céim a hAon den phróiseas trí thuairimí a fháil ó thuismitheoirí na bpáistí i scoileanna maoinithe ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (DCYA).

D'fhéadfaí an t-eolas seo a bhailiú ag an DCYA a lorgaíonn a bhfoirm clárúithe reatha don bhliain réamhscoile saor in aisce ainm na bunscoile atá roghnaithe ag thuismitheoirí.

Ag machnamh dó ar chur chuige atá neodrach ó thaobh costais de, measann an Grúpa Comhairleach, go bhféadfaí iarradh ar DCYA freisin sonraí a bhailiú ar chéadrogha **chineál** na bunscoile, ar fhoirm atá deartha go speisialta, atá oiriúnach d'anailís leictreonach. In éineacht leis an bhfoirm bheadh eolas ar phátrúnacht agus difríochtaí idir na cineálacha scoile, mar a luadh thuas.

Chuirfeadh an clár chéadrogha seo go mór le pleanáil na Roinne Oideachais agus Scileanna dá mba rud é gur bhailigh DCYA an t-eolas seo bliain níos luaithe (ag aois 2+, murab ionann agus 3+ mar atá faoi láthair). Chuirfeadh sé leis na sonraí atá in úsáid ag an Roinn cheana ina phleanáil ar aghaidh. Chuirfeadh sé treoir tháscach ar fáil agus chuirfeadh sé feabhas ar chumas na Roinne éileamh ó thuismitheoirí a mheas, dhá bhliain roimh an rollaithe mar rogha. Aithnítear go feidhm sa bhreis a bheadh ann do DCYA agus go mbeadh acmhainní tacaíochta de dhíth orthu sin. De rogha air sin, ba chóir don Roinn machnamh ar bhealaí eile chun tuairimí thuismitheoirí pháistí réamhscoile a dheimhniú.

B'fhéidir go mbeadh gá le roinnt beartas chun an clár a chúchóiriú agus a chruinneas a chinntiú, m.sh. bheadh aitheantóir uathúil de dhíth ar gach páiste, ar nós uimhir PSP an pháiste, agus ceantar/seoladh an pháiste sa chaoi is gur féidir é a nascadh le cearn

amháin de na 47 limistéar. Tá trédhearcacht an phróisis an-tábhachtach; na chóir sonraí anaithnid ón gClár Chéadrogha a choinneáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Sláinte, le húsáid ag na páirtithe, lena n-áirítear pátrúin agus scoileanna.

Bhaileofaí sonraí don Chlár Chéadrogha i gCéim a hAon sna 47 limistéar.

### **A 3 Céadroghanna Tuismitheoirí Páistí Atá ar Scoil a Thomhas**

Agus comhchomhairle déanta leis na páirtithe, ba chóir don Roinn ceistneoir a ullmhú, le cúnaimh ó shaineolaithe, chun a fháil amach, ó thuismitheoirí páistí atá ar scoil cheana, a gcéadrogha don chineál scoile. Ba chóir don cheistneoir a bheith i bhformáid atá oiriúnach d'anailís leictreonach. Mar atá le heilimint A2, an Clár Chéadrogha do thuismitheoirí le páistí réamhscoile, ba chóir go mbeadh sonraí na tuismitheoirí a chur ar an eolas ar an ábhar seo in éineacht leis an gceistneoir. Bhainfeadh an t-eolas maidir leis an gceistneoir seo go háirithe le rogha laistigh de rogha sainchreidmheach, ilsainchreidmheach, neamhsainchreidmheach agus meán na Gaeilge/meán an Bhéarla.

Do Chéim a hAon, d'eiseofaí an ceistneoir seo dos na tuismitheoirí ar fad sna scoileanna laistigh de na 47 limistéar roghnaithe. Bheadh an t-eolas rúnda idir na tuismitheoirí agus an Roinn. Bheadh na scoileanna freagrach as dáileadh agus bailiú na gceistneoirí agus iad a sheoladh ar ais chuig an Roinn. Bheadh sonraí foilsithe ar bith anaithnid.

I gcomhthéacs a shainordaithe chostas-neodrach, **molann an Grúpa Comhairleach go mbeadh an Roinn, arna tacú le saineolas speisialaithe, freagrach as an gceistneoir a chur le chéile agus a riar, agus as na sonraí a bhaileofar ón gceistneoir a anailísiú. Theastódh, dá bharr seo, go leithdháilfí foireann ó laistigh den ROS chun cabhrú leis an Rannóg Pleanála Chun Cinn leis an dtionscnamh seo. Dá mheasfaí go mbeadh sé níos costas-éifeachtaí, d'fhéadfaí é a sheachfhoinsiú go dtí grúpa speisialaithe, ar nós an Fhorais Taighde ar Oideachas.**

**Is ceart don Roinn tuairisc a chur le chéile faoi chéadroghanna tuismitheoirí i gcomhair gach uile cheann de na 47 scoilcheantar as an gclár céadroghanna do thuismitheoirí páistí réamhscoile agus as an suirbhé ceistneora de thuismitheoirí páistí atá ar scoil.**

**Molann an Grúpa Comhairleach go n-iarrfaí ar an bPríomh-Oifig Staidrimh bealach cuí a mhachnamh le ceist a chur isteach faoi chéadrogha maidir le cineál scoile, a bheadh mar fhorlíonadh ar an gclár do thuismitheoirí páistí réamhscoile. D'fhéadfaí é seo a dhéanamh, b'fhéidir, tríd an daonáireamh nó trí shuirbhé ráithiúil náisiúnta teaghlaigh.**

#### **A 4 An tÉileamh ar Éagsúlacht faoi Láthair**

Tá fianaise ag an Roinn cheana féin, ó 2008, ar éileamh ar scoileanna faoi rogha pátrúnachta. Ach níor bunaíodh scoileanna nua ar bith ó 2008 i limistéir ina bhfuil daonra cobhsaí.

**Áit a bhfuil fianaise an-suntasach ann cheana ar éileamh ar chineál nua scoile, is ceart don Roinn, i gcomhairle le pátrúin bhunaithe, tosaíocht a thabhairt dó seo i dtreo is go bhféadfar foirgneamh a chur ar fáil as an stoc scoileanna atá ann cheana. Molann an Grúpa Comhairleach nach bhfanfaí le Céim a hAon le cinneadh den sórt sin a dhéanamh, agus nach mbeadh sé ina chuid de phróiseas Chéim a hAon, ach go ndéanfaí beart ina leith a luaithe is féidir.**

#### **A 5 Clár Pátrún**

Coinníonn an Roinn clár pátrún do bhunscoileanna. San am atá thart, bhí aitheantas ar phátrúin nua nasctha le bunú scoileanna nua. Le déanaí tá aitheanta ag an Roinn gur chóir an dá phróiseas a dhínascadh, sa chaoi is gur féidir oiriúnacht eagrais do phátrúnacht bunscoile a mheas go neamhspleách ar chinneadh ar bith maidir le scoil ar leith.

Ba chóir clár d'eagrais pátrúnachta, a mb'fhéidir go mba mhaith leo a bheith measta sa phróiseas aistrithe pátrúnachta chun ilchineálacht a mhéadú, a fhorbairt agus a choinneáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna. **Molann an Grúpa Comhairleach go mbeadh ar phátrúin ionchasacha, gur mian leo bheith san áireamh ar an gclár, a léiriú go gcomhlíonann siad na critéir oiriúnachta, de réir mar atá leagtha amach ag an ROS. Is ceart dóibh freisin sainspiorad scoileanna faoina bpátrúnacht a shainmhíniú.**

**Is ceart feidhmiú éitis na scoile a athbhreithniú go tráthrialta le linn féinmheastóireachta na scoile, agus is ceart machnamh ar thuairimí a bhailiú agus ar thuairisciú, le linn cigireachtaí scoileanna, ar shástacht tuismitheoirí agus daltaí le feidhmiú éitis ráite na scoile.**

#### **Achoimre Staid A**

Mar achoimre, beidh sé de fhreagracht ar an Roinn sonraí a sholáthar dos na pátrúin le húsáid i Staid B. Ba chóir na sonraí seo a bheith ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne freisin.

B'fhéidir go mbeadh sé inmholta dá n-ainmneodh gach ceann de na grúpaí pátrúnachta gur mian leo go n-aistreofaí pátrúnacht chucu urlabhraí chun páirt a ghlacadh i gcomhchomhairlí leis sa Roinn, chun cuidiú le cur i bhfeidhm.

## **Staid B Roghanna á Soláthar ag na Pátrúin**

Chomh luath le 2007, dúirt na hEaspaig Caitliceacha, “Os rud é go nglacann an Eaglais Chaitliceach leis gur chóir go mbeadh rogha agus ilchineálacht laistigh de chóras oideachais náisiúnta, creideann sí gur chóir cuidiú le tuismitheoirí a bhfuil scoileanna faoi phátrúnacht eile de dhíth orthu, iad a rochtain sa mhéid agus is féidir”.<sup>57</sup> Ó shin, bhí cainteanna ann ó am go ham idir ionadaithe na nEaspag agus oifigigh na Roinne Oideachais agus Scoileanna ar na nithe atá i gceist.

I bpáipéar seasaimh i 2011, dúirt Comhpháirtíocht na Scoileanna Caitliceacha:

Maidir le limistéir le daonra cobhsaí áit nach dócha go mbeidh scoileanna nua ar bith sna blianta seo ag teacht b'fhéidir go bhfuil roinnt scoileanna cheana nach mbeidh inmharthana a thuilleadh mar scoileanna Caitliceacha. I gcásanna dá leithéid, d'fhéadfadh an Pátrún Caitliceach, i ndialóg le pobal na háite, aon fhoirgnimh atá mar bharráocht ar riachtanais a chur ar fáil sa chaoi is gur féidir leis an Roinn Oideachais agus Scoileanna pleanáil d'ilchineálacht níos mó den soláthar scoile sa limistéar sin ... Más féidir éileamh a dhóthain a thaispeáint do scoil faoi phátrúnacht éagsúil ansin ba chóir dos na páirtithe leasmhara uile obair i gcomhpháirt lena chéile i dtreo an chuspóra sin.<sup>58</sup>

Tá aird ag an nGrúpa Comhairleach ar na tuairimí atá nochtaithe ag na hEaspaig Caitliceacha. Is é an tEaspag Caitliceach an pátrún i dtromlach mór na mbunscoileanna ina dheoise féin. Mar phátrún ar thromlach na scoileanna i ngach ceann de na 47 limistéar, iarrfaidh an Roinn ar an Easpag Caitliceach na sonraí a bailíodh ó Staid A a scrúdú chun cuidiú le measúnú a dhéanamh ar indéantacht nó oiriúnacht atá le phátrúnacht scoile (nó scoileanna) a dhífheistiú, chun ilchineálacht scoile níos mó a bhaint amach. D'aithin na páirtithe uile sa bhFóram, maidir le socrúithe dífheistithe ar bith a bheadh molta, an tábhacht a bhain le socrúithe comhchomhairle le tuismitheoirí, pearsanta scoile agus pobail áitiúla. Léireodh sé seo comhpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara mar a bhí á lorg ag Comhpháirtíocht na Scoileanna Caitliceacha.

Ní dhéanann an Grúpa Comhairleach ganmheas ar chastacht na bpróiseas atá i gceist anseo, ach má tá dul chun cinn le déanamh, tá ar na pátrúin, mar úinéirí scoileanna, an tionscnamh seo a chur chun cinn. Cé go bhfuil an-tábhacht le tuairimí na dtuismitheoirí, ní bheadh sé réalaíoch a bheith ag súil le tionscnamh “ó bhun aníos” d'athrú pátrúnachta.

---

<sup>57</sup> Irish Catholic Bishops' Conference, Catholic Primary Schools: A Policy for Provision into the Future, 2007 (Cuid 5.1)

<sup>58</sup> Catholic Schools Partnership, Catholic Schools in the Republic of Ireland, A Position Paper, 6 Aibreán 2011

**Molann an Grúpa Comhairleach go gcuirfeadh pátrúin raon roghanna do dhífheistiú ar fáil don Roinn Oideachais agus Scileanna, tar éis dóibh dul i gcomhairle le pobail scoileanna.** Ba chóir machnamh a dhéanamh ar an soláthar scoile foriomlán i ngach scoilcheantar. Ba chóir go mbeadh leasa na bpáistí i gcroílár an phróisis dífheistithe.

Tugann taithí roimhe seo le fios go dtarlaíonn na modhanna aistrithe pátrúnachta is féideartha i gcásanna nuair, trí scoil do bhuaicillí agus scoil do chailíní a chónascadh, nó scoil shóisearach agus scoil shinsearach, cuirtear scoil nó seomraí ranga ar fáil d'aistriú don Stát. Cás eile atá réasúnta soiléir ná nuair a d'éirigh scoil inmharthana d'eagras pátrúnachta, nó de bhreis ar riachtanais reatha, agus mar sin d'fhéadfaí é a chur ar fáil d'aistriú. Ón scoilbhliain 2002-03, tháinig 51 scoil ar an saol ag eascairt as cónasthaí. Mar sin féin, b'fhéidir go mbeidh foirmeacha níos éagsúla d'aistriú pátrúnachta de dhíth mar thoradh ar chúinsí áitiúla agus éileamh, de bhreis ar na samplaí seo.

**Molann an Grúpa Comhairleach go gcuirfí ar fáil i gcónaí do scoileanna atá gafa le cónasthaí an tacaíocht bhreise a thagann le cónasthaí dá leithéid chun cabhrú leis an bpróiseas trasdula.**

**Molann an Grúpa Comhairleach gur don Stát a aistreofaí foirgneamh scoile agus go gcinneadh an Stát ar an malairt pátrúnachta. Nótáiltear gur giorra go mór an próiseas é sealúchas a aistriú go dtí an Stát trí chomhaontuithe léasa ná úinéireacht shealúchais a dhífheistiú, rud gur féidir leis tamall fada a thógáil. Tá socruithe léasa sásúil go maith ag an Stát chun éascú le hathrú pátrúnachta.**

Cé go bhfanann úinéireacht ar an gcuid is mó de na bunscoileanna don chuid is mó leis na heaspag nó na cuallachtaí reiligiúnacha, leag aighneachtaí chuig an bhFóram béim ar an scéal gur tháinig na hacmhainní do scoileanna dá leithéid ón bparóiste, pobail scoile agus pátrúin. Seo de bhreis ar mhaoiniú suntasach an státchiste do chúis leasa coiteann an oideachais phoiblí. Mar shampla, d'íoc an Stát €193 milliún i dtáillí caipitíochta agus €240m i maoiniú caipitil do bhunscoileanna i 2010. Dá mbeadh na bunscoileanna dífheistithe le leanúint den bhunscolaíocht phoiblí a sholáthar faoi shocruithe pátrúnacht nua, níor chóir go mbeadh cúiteamh airgid dos na pátrúin dífheistithe a bheith ina cheist shuntasach.

**Tá sé práinneach dul chun cinn a dhéanamh ar cheist an aistrithe. Molann an Grúpa Comhairleach go n-éileofaí ar gach pátrún Caitliceach tuairisc a chur faoi bhráid maidir leis an mbraisle scoileanna faoina údarás féin laistigh de shé mhí ó phointe comhaontaithe tosaigh. D'fhéadfadh obair ullmhúcháin a bheith ar siúl le linn Chéime A chomh maith os rud é go bhfuil na 47 scoilcheantar sainaitheanta cheana ó 2010. Má tá fadhb shuntasach tagtha os comhair an pátrúin i rith an ama sin na chóir go mbeadh an pátrún in ann glaoch ar chúnamh ón nGrúpa Comhairleach neamhspleách um Dífheistiú (DAG) (Féach thíos) nó ón Roinn Oideachais agus Scileanna.**

## **Staid C Measúnacht ag an Roinn agus Cinneadh an Aire**

**Dhéanfadh an Roinn Oideachais agus Scileanna na roghanna a mheasúnú a bheadh faighte ó na 18 ndeoise maidir leis na 47 scoilcheantar. I bhfianaise na gcéadroghanna a bheadh taifeadta, thabharfadh an Roinn a breith ar an bpátrún ab oiriúnaí don scoil dhífheistithe, nó is féidir go gcinneadh sí ar scoil a bhunú í féin. Chuirfeadh an Roinn tuairisc agus moltaí faoi bhráid lena mbreithniú ag an Aire.**

### **Grúpa Comhairleach um Dífheistiú (DAG)**

Ba chóir an próiseas seo dos na 47 scoilcheantar i gCéim a hAon a thacú le Grúpa Comhairleach neamhspleách um Dífheistiú (DAG).

Cé go bhfuil a fhios ag an nGrúpa Comhairleach don bhFóram, sa timpeallacht pholaitiúil/eacnamaíocht reatha, nach gcuirtear fáilte roimh bhunú forais nó gníomhaireachtaí nua, mar sin féin, mar thoradh ar thromchúis na ceiste do thodhchaí na mbunscoileanna, ba chóir go mbeadh grúpa beag speisialteacht ann, ceaptha ag an Aire, a bheadh ar fáil chun fiosrú a dhéanamh ar, agus chun cuidiú le réiteach a fháil ar, deacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann agus a thabharfadh dearbhú don phobal gur leanadh gach próiseas a bhí dlite. **Measann an Grúpa Comhairleach ag an bhFóram go bhfuil gá ann le grúpa neamhspleách chun cabhair agus bailíochtú a thabhairt don phróiseas dhífheistiú pátrúnachta. Is féidir go mba é rud a bheadh i gceist anseo ná bunú an Ghrúpa Chomhairligh um Dhífheistiú nó athmhúnlú an Ghrúpa um Bunú Scoileanna Nua, chun é a cur ar fáil do Chéim a hAon den phróiseas dhífheistiú pátrúnachta. Pé acu rogha a dhéantar, ní ceart go mbeadh an grúpa seo gafa le caibidlíocht faoin dífheistiú ach ról comhairleach amháin a imirt ag Staid B.**

### **Cur isteach ar Oideachas na nDaltaí a Shrianadh**

Is í an aidhm in aistriú pátrúnachta ná an cur isteach ar oideachas na ndaltaí a laghdú ashrianadh sa mhéid agus is féidir. Bheadh na céimeanna le glacadh ag brath ar chúinsí áitiúla agus ar an bhfoirm a bheadh ag an aistriú pátrúnachta. I gcásanna áirithe, b'fhéidir gur gá céimniú a dhéanamh thar roinnt blianta do chohórt de dhaltaí. I bhfoirmeacha aistrithe eile, b'fhéidir go bhféadfaí na socrúithe a bheith i bhfad níos giorra. Ba chóir a bheith mothálach ag gach céim do chearta agus do ghuthanna na bpáistí.

## Conclúid – Céim a hAon do Limistéir ina bhfuil Daonra Cobhsaí

Tá cearta agus freagrachtaí ag na páirtithe leasmhara uilig, agus ní mór dóibh uilig a gcion a dhéanamh chun rud a aithnítear mar fhadhb náisiúnta a réiteach, trí chomhoibriú agus comhar sa chaoi is go ndéantar norm de réimse nua cineálacha scoile agus go léiríonn sé, mar atá aitheanta i limistéir Chéim a hAon, an gá d'ilchineálacht sa chineál scoile.

Aithníonn an Grúpa Comhairleach, agus ní dhéanann gannmheas ar, an ról tábhachtach agus, uaireanta, deacair a bheidh le himirt ag boird bhainistíochta agus príomhoidí le hathrú rathúil a bhaint amach. Aithníonn an Grúpa Comhairleach an t-ualach oibre atá acu cheana ach admhaíonn sé go bhfuil gá le ceannasaíocht atá dearfach agus onghníomhach is iad cearta na bpáistí is mó is cás linn.

Dá mbeadh sé mar thoradh ar Chéim a hAon go n-aistreofaí scoil amháin i ngach ceann de na 47 limistéar roghnaithe, bheadh níos lú ná 50 ann, as iomlán de 3,169 bunscoil, ach measann an Grúpa Comhairleach gur tús maith a bheadh anseo. Tugann Tábla 14 achoimre ar phríomheilimintí na dtrí príomhstaid i gCéim a hAon.

**Tábla 14. Achoimre ar na trí staid atá molta i gCéim a hAon, le hamlíne mholta**

Staid	Cé atá freagrach?	Cur síos	Toradh	Amlíne mholta
A: Bailiú Fianaise	ROS	A1: Cuir sonraí ar fáil ar 47 limistéar A2: Forbraigh Clár Chéadrogha do thuismitheoirí le páistí réamhscoile sa 47 limistéar A3: Eagraigh ceistneoir ar thuismitheoirí le páistí i scoileanna sna 47 limistéar A4: Tabhair aird ar éileamh cheana don ilchineálacht A5: Clár na bPátrún	Cuirfear sonraí ó chúig comhchuid i Staid A ar fáil dos na Pátrúin	Feabhra go Deireadh Fómhair 2012
B : Roghanna	Pátrúin	D'fhéadfadh réamhobair tosú  Comhchomhairle le pobail scoile	Roghanna a aithint chun cuidiú le dífheistiú tarlúint	Feabhra 2012 ar aghaidh  D. Fómhair 2012 go Márta 2013
C: Measúnacht agus Cinneadh	Oifigigh sa ROS  Aire	Oifigigh ROS le tuairimí na bPátrún a mheas  Tuairisc don Aire	Tuairisc don Aire  Aire le cinntí a dhéanamh	Aibreán go Meitheamh 2013  Meán Fómhair 2013



## **I dTreo Céimeanna Eile Amach Anseo**

I ndiaidh dheireadh Chéim a hAon, ba chóir go mbeadh an tAire in ann na tátail a bheith ar eolas aige agus pleanáil mar is cuí don todhchaí. Soláthróidh Céim a hAon eolas ar leibhéil an ratha agus aibhseofar deacrachtaí atá tarluithe. Chuideodh an próiseas céimnithe le cosc a chur ar bhuairt nach gá i measc na dtuismitheoirí go rabhthas ag samhlú athstruchtúrú iomlán ar chóras na bunscoile. Is fearr a chothófaí iontaobh agus muinín an phobail le cur chuige céimnithe ná le hathrú raidiciúil ró-dhíograiseach.

**Is ceart go rachadh Céim a Dó ar aghaidh a luaithe is a bheidh dul chun cinn téagartha bainte amach maidir le Céim a hAon, agus a bheidh tuairisc ar Chéim a hAon curtha le chéile ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, agus a bheifear tar éis comhairle a ghlacadh leis na páirtithe leasmhara eile.**

Ag Céim a Dó, agus ag céimeanna eile, moltar go gcuirfí san áireamh meascán de cheantair eile, ceantair uirbeacha agus ceantair tuaithe, agus d'fhéadfaí moltaí a lorg ó na Pátrúin ina leith seo. Measann an Grúpa Comhairleach go mbeidh sraitheog céimeanna ag teastáil má táthar chun tuilleadh éagsúlachta a chur ar fáil ar fud na tíre.



## V

### Bunscoileanna Gaeilge

---

#### Stádas na Gaeilge

Cé go bhfuil soláthar na mbunscoileanna Gaeilge, do thuismitheoirí gur mian leo go bhfaigheadh a bpáistí oideachas trí mheán na Gaeilge, mar chuid den phróiseas um ilchineálacht na pátrúnachta, tá diminsean speisialta sa cheist freisin. Ní cúis inmí é carachtar sainchreidmheach nó reiligiúnach na scoile anseo, agus maireann scoileanna Gaeilge faoi réimse de shocruithe pátrúnachta reiligiúnacha – sainchreidmheach, ilsainchreidmheach agus idirchreidmheach. Is í an tsaintréith maidir leis na scoileanna seo ná tábhacht na Gaeilge i sochaí na hÉireann agus mian chuid de na thuismitheoirí go mbeadh sí mar mheán an oideachais scoile.

**Nótálann an Grúpa Comhairleach go bhfuil scoileanna a theagascann trí mheán na Gaeilge san áireamh i sainchúram na socruithe nua do phátrúnacht scoileanna a d'fhógair an tAire i Meitheamh 2011, agus fáiltíonn sé roimhe sin.**

Chun an scéal a mheas go sásúil, tá sé tábhachtach áit na Gaeilge sa Bhunreacht, soláthar reachtaíochta agus ráitis um pholasáí rialtais a nótaíl. Deir Alt 8 de Bhunreacht na hÉireann “Ós í an Ghaeilge an teanga náisiúnta is í an phríomhtheanga oifigiúil í”.

Leagann an tAcht Oideachais (1998) amach na freagrachtaí maidir leis an nGaeilge in aidhmeanna an Achta in Alt 6:

- (i) cuidiú le réadú beartas agus cuspóirí náisiúnta i ndáil le leathadh an dátheangachais i sochaí na hÉireann agus go háirithe go mbainfí úsáid níos mó as an nGaeilge ar scoil agus sa phobal
- (j) cuidiú leis an nGaeilge a choinneáil mar phríomhtheanga an phobail i limistéir Ghaeltachta
- (k) riachtanais teanga agus chultúrtha mac léinn a chur chun cinn ag féachaint do roghanna a dtuismitheoirí

In Alt 9 – feidhmeanna scoile - nótaileann sé go gcuirfidh scoil aitheanta oideachas ar fáil a mbeidh:

- (f) chun forbairt na Gaeilge agus thraidisiúin na hÉireann, litríocht na hÉireann, na healaíona agus nithe cultúrtha eile, a chur chun cinn

- (h) i gcás scoileanna atá lonnaithe i limistéar Gaeltachta, chun cuidiú leis an nGaeilge a choinneáil mar phríomhtheanga an phobail

Tá sé d'aidhm ag polasaí an Rialtais maidir leis an nGaeilge úsáid agus eolas ar an nGaeilge a mhéadú mar theanga bheo pobail, ag cur le líon na dteaghlach a úsáideann an Ghaeilge mar mhodh cumarsáide laethúil, ag cothú úsáid na seirbhísí poiblí as Gaeilge mar rogha do shaoránaigh, agus ag cur tacaíochta láidir teangeolaíochta ar fáil do phobail na Gaeltachta. Tá an “Straitéis don Ghaeilge 2010-2030”, (2010)<sup>59</sup>, bunaithe ar “Ráiteas i Leith na Gaeilge” (2006)<sup>60</sup> de chuid an Rialtais agus ceann dá spriocanna ab ea:

Cuspóir 6 “Cuirfear oideachas lán-Ghaeilge ar ardchaighdeán ar fáil do dhaltáí scoile arb é mian a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí é. Leanfar leis an tacaíocht do Ghaelscoileanna ag leibhéal na bunscoile agus déanfar forbairt ar sholáthar lán-Ghaeilge ag leibhéal na h-iarbhunscoile chun freastal ar éileamh de réir mar is gá”

Mar a deir an Straitéis “Tá an córas oideachais ar cheann de na príomh-mhodhanna chun an cumas teanga a bhfuil an Straitéis 20 Bliain bunaithe air a chothú”. Deir sé “Baineann tábhacht ar leith le scoileanna toisc an tionchar a bhíonn acu ar fheasacht ar an teanga agus ar iompraíocht teanga, agus mar sin ní mór díriú freisin ar shaineolas agus scileanna a fhorbairt i measc an lucht teagaisc chun luach agus tábhacht chultúrtha na Gaeilge a léiriú do mhuintir na hÉireann”.

Dúirt an Clár don Rialtas, “Rialtas do Shlánú Náisiúnta 2011-2016” (2011) “Tacoimid leis an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-30 agus bainfimid amach na cuspóirí agus spriocanna insroichte atá molta”.<sup>61</sup>

**Molann an Grúpa Comhairleach go mbeadh an t-éileamh ó thuismitheoirí ar scoileanna Gaeilge ina chuid den anailís ar na 47 ceantar, a moltar i Rannán IV den Tuairisc seo.**

## **Teagasc trí Ghaeilge i nBunscoileanna: an Staid Faoi Láthair**

Is léir ó na ráitis thuas go bhfuil tacaíocht oifigiúil an-láidir do chúraimí na dtuismitheoirí do scolaíocht trí mheán na Gaeilge.

Faoi láthair, múineann thart ar 8% de bhunscoileanna trí mheán na Gaeilge agus léirítear an céatadán seo i líon na scoláirí agus ranganna a dhéanann staidéar trí Ghaeilge.

<sup>59</sup> Rialtas na hÉireann, Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030, 2010

<sup>60</sup> Rialtas na hÉireann, Ráiteas i Leith na Gaeilge, 2006

<sup>61</sup> Rialtas na hÉireann, Rialtas do Shlánú Náisiúnta 2011-2016, 2011

Is féidir a fheiceáil ó Thábla 15 anseo thíos go bhfuil líon na scoileanna sa Ghaeltacht ina bhfuil an Ghaeilge mar theanga teagaisc titithe ó 153 go 106 idir 1975/76 agus 2010/11. Tá líon na scoláirí titithe freisin. Ar an taobh eile den scéal, tá líon na scoileanna ag teagasc trí mheán na Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht ardaithe ó 20 go 140 sa tréimhse chéanna. Tá beagnach 30,000 dalta ar na rollaí ag na scoileanna seo anois.

Tá beagnach na scoileanna Gaeilge ar fad faoi phátrúnacht ag na heaspaig Caitliceacha nó Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge Teoranta.

**Tábla 15. Gnáthscoileanna náisiúnta a mhúintear trí mheán na Gaeilge**

Tuairisceoir	Blianta				
	1975/76	1985/86	1995/96	2005/06	2010/11
Scoileanna sa Ghaeltacht	153	126	113	106	106
Scoileanna lasmuigh den Ghaeltacht	20	53	95	132	140
Daltaí i Scoileanna sa Ghaeltacht	10,789	10,958	8,621	7,303	7,302
Daltaí i Scoileanna lasmuigh den Ghaeltacht	2,818	6,747	15,952	24,376	29,675

Foinse: Roinn Oideachais agus Scileanna, Rannóg na Staitisticí, (bunaithe ar thuairiscí ó scoileanna), 2011

## Sonraí Daonáirimh ar Dhaoine atá in ann Gaeilge a labhairt

Bhí beagnach 1.66 milliún duine, aois 3 bliana nó os a chionn, in ann Gaeilge a labhairt i 2006 i gcomparáid le 1.57 milliún i 2002. (Bhí ardú 8% sa daonra ina iomláine le linn na tréimhse ama sin). Bailíodh an t-eolas seo i nDaonáireamh Náisiúnta na bliana 2006. Cuirtear tuilleadh eolais a fuarthas ar fáil thíos agus é bainte as Imleabhar 9 de Dhaonáireamh 2006 – An Ghaeilge (Deireadh Fómhair 2007)<sup>62</sup>. I dtéarmaí céatadáin, bhí ísliú beag ó 42.8 faoin gcéad i 2002 go 41.9 faoin gcéad i 2006.

Bhí an cumas labhartha is airde sa Ghaeilge i measc dhaonra na scoileanna le breis agus dhá thrian de dhaoine 10-14 bliana d'aois a cláraíodh go raibh siad in ann an teanga a labhairt. Thit an figiúr dos na daoine 15-19 bliana d'aois siar ó 66.3% go

<sup>62</sup> CSO, *Daonáireamh 2006 – An Ghaeilge*, Iml. 9, Deireadh Fómhair 2007

64.7%. Téann cumas i léig sna haoisghrúpaí díreach iar-oideachais ach ardaíonn arís do dhaoine 45-54 bliana d'aois.

Ba chainteoirí Gaeilge iad thart fá 70.8% den daonra 3 bliana d'aois nó os a chionn i limistéir na Gaeltachta i 2006 – thíos ó 72.6 faoin gcéad i 2002. Bhí éagsúlacht o gcodán na gcainteoirí Gaeilge ó cheantar Gaeltachta go chéile. Bhí sé níos airde i gContae Phort Láirge (79.5%) agus níos ísle sa chuid sin de Ghaeltacht na Gaillimhe atá lonnaithe i gCathair na Gaillimhe (50.7%). San limistéir Gaeltachta ar fad, ach amháin sa Mhí agus i bPort Láirge, bhí meath i gcodán na gcainteoirí Gaeilge idir 2002 agus 2006.

As an mbeagnach 1.66 milliún duine a thug le fios go raibh siad in ann Gaeilge a labhairt, bhí beagán níos mó ná 1 milliún (60%) nár labhair an teanga riamh nó nár labhair í níos minice ná uair sa tseachtain. Labhair 485,000 (29.3%) an teanga ar bhonn laethúil laistigh den chóras oideachais. Ach bhí tromlach díobh seo (453,000) nár labhair an teanga lasmuigh den chóras oideachais. Bhí beagán os cionn 72,000 duine, is ionann agus 4.4 faoin gcéad díobh siúd ar fad a bhí in ann Gaeilge a labhairt, a labhair í ar bhonn laethúil lasmuigh den oideachas agus labhair duine amháin as ceathrar díobh seo go laethúil í laistigh den chóras oideachais.

Bhí iomlán de 36,500 cainteoir Gaeilge ina gcónaí sa Ghaeltacht, ionann agus 56.8 faoin gcéad de na cainteoirí Gaeilge ar fad sna ceantair Gaeltachta, a labhair Gaeilge ar bhonn laethúil thart fá thréimhse dhaonáireamh na bliana 2006. Labhair 14,000 (38.3%) de na cainteoirí laethúla seo an teanga laistigh den chóras oideachais amháin. Bhí beagnach 19,500 (30.3%) díobh siúd a bhí in ann Gaeilge a labhairt sa Ghaeltacht nár labhair an teanga riamh nó nár labhair níos mó ná uair sa tseachtain í.

Ba iad na grúpaí gairme leis an gcumas is airde chun Gaeilge a labhairt ná múinteoirí (78%), gardaí (74%) agus reiligiúnaigh (59%). Dá airde an leibhéal oideachais a baineadh amach, is ea is dóchaí go mbeadh cumas labhartha Gaeilge ag duine.

## **Moltaí**

- **Is ceart go gcuirfí eolas cruinn faoi scolaíocht trí mheán na Gaeilge ar fáil do na tuismitheoirí uile a bhfuiltear ag iarraidh a gcéadroghanna scoile a fháil amach, mar atá leagtha amach i Rannán IV.**
- **Aibhsíodh ag an bhFóram go dtosaíonn a lán Gaelscoileanna le bonn beag tuismitheoirí, ach go mbíonn rath orthu ina dhiaidh sin. Molann an Grúpa Comhairleach go ndéanfadh an ROS anailís ar phatrún an eispéiris sin, mar threoir le measúnacht a dhéanamh ar na hiarratais uile ar scoileanna dá leithéid amach anseo.**
- **Mar gheall ar thiomantais speisialta an Stáit maidir leis an nGaeilge, molann an Grúpa Comhairleach go gcoimeádfáí an rialachán reatha faoi**

**sholúbthacht socruithe iompair do thuismitheoirí atá ag iarraidh rochtain ar Ghaelscoileanna, agus go gcuirfí leis áit a meastar gur cuí sin.**

- **Is ceart don ROS agus do na comhpháirtithe oideachais an fhéidearthacht a fhiosrú go mbeadh catagóir speisialta ar phainéal ath-implonaithe na múinteoirí chun éascú le Gaeilscoileanna foireann a earcú atá inniúil go cuí sa Ghaeilge.**
- **Molann an Grúpa Comhairleach go ndéanfaí coincheap an aonáin “Satailít” do scoil atá ag teacht chun cinn, faoi choimirce Gaeilscoile seanbhunaithe, a phíolótú.**





## VI

### An Scoil Aonair

---

Pléitear an Scoil Saorsheasaimh nó Scoil Aonair, Sprioc 3, i gCuid IV, sa chuid seo. Tá thart ar 1,700 scoil Aonair ann, lasmuigh de cheantair uirbeacha, áit a bhfuil an scoil is cóngaraí thart ar 3km ar shiúl. Tá thart ar 310 scoil áit a bhfuil an scoil is cóngaraí 5km ar shiúl.

Mar atá ráite, mar thoradh ar thraidisiún na pátrúnachta scoile in Éirinn tá 96% de na scoileanna sainchreidmheach, an chuid is mó díobh seo faoi phátrúnacht Chaitliceach. Mar a luaigh an Coimisiún um Chóiríocht Scoile, “Is é cuspóir tosaigh na Roinne Oideachais agus Scileanna nach mór a bheith ann ná go mbeidh áit scoile ar fáil do gach páiste.”<sup>63</sup> Mar sin, áit nach bhfuil ach aon scoil amháin, scoil Aonair, chun freastal ar dhaonra beag is léir nach bhfuil an rogha ann ilchineálacht a sholáthar trí rogha scoile faoi phátrún eile. Ní mór mianta na dtuismitheoirí mar dhaoine aonair a chur i gcothromaíocht i gcoinne an leasa coiteann.

Chomh fada siar le Vatacán II (1965) measadh:

I bhfeidhmiú a gCeart, tá daoine aonair agus grúpaí sóisialta faoi réir ag an dlí morálta chun meas a bheith acu ar chearta dhaoine eile, agus ar a ndualgaisí i leith dhaoine eile agus do leas coiteann ag cách.<sup>64</sup>

Tá tairbhe oideachasúil agus sóisialta le fáil ó na páistí uilig i suíomh tuaithe, sráidbhaile nó baile beag ag freastal ar scoil le chéile.

Ba chóir go mbeadh an scoil Aonair ina scoil uileghabhálach ar oscailte do pháistí ó chúlraí éagsúla reiligiúnacha nó tuata, ó réimse cumais agus riachtanais speisialta oideachais, ón iliomad cúlraí cultúrtha agus teangeolaíochta, ó phobail socraithe agus ón Lucht Siúil agus ó na cúlraí socheacnamaíochta ar fad.

---

<sup>63</sup> Commission on School Accommodation, Revised Criteria and Procedures for Establishment of New Primary Schools, Feabhra 2011

<sup>64</sup> Doiciméid Chomhairle na Vatacáina II, Declaration on Religious Freedom (Dignitatis Humanae) (7), Nollaig 1965

## **Prótacal don Éagsúlacht sa Scoil Aonair agus i Scoileanna le Daltaí ó Réimse de Chúlraí Creidiúintí**

Luaigh an tAire Oideachais agus Scileanna ag oscailt an Fhóraitm gur láidreacht de chuid chóras bunscolaíochta na hÉireann ná go raibh an bhunscoil áitiúil an-uileghabhálach ar na scoláirí ar fad laistigh den phobal.

Le linn an Fhóraitm glacadh leis i gcoitinne, ach go háirithe ait nach bhfuil rogha scoile ann, go bhfuil gá le prótacal Roinne comhaontaithe chun cearta na bpáistí uilig ar rolla na scoile a chosaint.

### **Creatlach Thograithe do Phrótacal do Scoil Uileghabhálach**

Mar fhreagra ar ghlaonna do phrótacal, tá creatlach á mholadh ag an nGrúpa Comhairleach do phrótacal Roinne chun freastal ar an ilchineálacht i scoil Aonair. Le fírinne, ba chóir prótacal dá leithéid a úsáid ag na scoileanna ar fad ina bhfuil daltaí ó réimse de chúlraí creidiúna.

D'fheadfadh na móreilimintí seo a leanas a bheith i bprótacal do scoil uileghabhálach:

- P 1 Comhdhéanamh Bord Bainistíochta
- P 2 Meastóireacht Scoile Uile don Scoil Uileghabhálach
- P 3 Féinmheasúnacht don Scoil Uileghabhálach
- P 4 Éiteas nó Sainspiorad na Scoile
- P 5 Rollú i Scoil Aonair
- P 6 Pátrúnacht
- P 7 Oideachas Sainchreidmheach Reiligiúnach/Foirmiú Creidiúintí a Dhiúltú
  - 7.1 An Bunreacht, Reachtaíocht agus Rialacha do Scoileanna Náisiúnta
  - 7.2 Treoirlínte do Churaclam na Bunscoile
  - 7.3 Nithe le Machnamh Orthu Maidir le Diúltú
  - 7.4 Roghanna Praiticiúla agus Roghanna Amchláir
- P 8 Oideachas Reiligiúnach Sainchreidmheach
- P 9 Oideachas faoi Reiligiún agus Creidiúintí, agus Eitic
- P 10 Déantúsáin Reiligiúnacha, Ceiliúrthaí agus Nithe Eile Neamhtheagasctha

Pléitear P1 go P 7 anseo i gCuid VI agus clúdaítear P 8 go P 10 i gCuid VII.

**Molann an Grúpa Comhairleach gur ceart don Roinn, tar éis di an chreatlach thograithe seo a bhreithniú, prótacal a eisiúint a thabharfaidh soiléireacht do scoileanna faoina freagracht as cearta páistí atá rollaithe sa scoil a chosaint, maidir le hoideachas reiligiúnach sainchreidimh agus le cleachtadh reiligiúnach. Is ceart go mbeadh eiseamláirí den dea-chleachtas i dteannta leis an bprótacal.**

**Molann an Grúpa Comhairleach go gcuirfeadh gach aon scoil an prótacal i ngníomh. Is ceart go bpléifí feidhmithe praiticiúla den phrótacal, go gcomhaontófaí iad agus go ndéanfaí iad a dhoiciméadú i ngach plean de chuid na scoile. Is den tábhacht é go measúnódh scoileanna a gcuid eispéireas i gcónaí agus go bhfanfaidís solúbtha i dtreo is go mbeidh siad in ann freagairt ar riachtanais a bheidh ag athrú amach anseo.**

## **P 1 Comhdhéanamh Bord Bainistíochta**

Is dócha, i dtromlach na bpobal, go bhfanfaidh an scoil Aonair ina scoil faoi phátrúnacht reiligiúnach, ach amháin má tá a mhalairt d'éileamh ó thuismitheoirí.

**Molann an Grúpa Comhairleach go léireodh ballraíocht an bhoird éagsúlacht an phobail áitiúil, áit is féidir. D'fhéadfaí é seo a bhaint amach le ceapacháin ag an bpátrún, le toghadh ag thuismitheoirí nó le roghnú ionadaithe de chuid an phobail mhóir. Sa chomhthéacs seo, is den tábhacht é na critéir seo a leanas a chur sa chuntas:**

- **scileanna a bheith ag duine a chomhlánaíonn riachtanais scileanna an Bhoird**
- **suim san oideachas agus i geur chun cinn an oideachais**
- **feasacht ar an ngá le cothromaíocht inscne a bheith ar an mBord**
- **tacú le héiteas uileghabhála a bheith sa scoil**

## **P 2 Meastóireacht Scoile Uile don Scoil Uileghabhálach**

Tá an phríomhfhreagracht ar an Stát as a chinntiú go gcosnaítear cearta bunreachtúla pháistí agus a dtuismitheoirí. Le linn na Meastóireachta Scoile Uile i mbunscoil, bailíonn an Chigireacht tuairimí na dtuismitheoirí trí cheistneoirí a eisiúint, atá ar fáil i roinnt teangacha (Béarla, Gaeilge, Polainnis, Laitvis agus Liotuáinis). In scoileanna ina bhfuil suas le 8 múinteoir príomhshrutha cuirtear ceistneoirí chuig na dtuismitheoirí ar fad agus i scoileanna níos mó tá céatadán na dtuismitheoirí i gceist cionmhar le líon na múinteoirí. Seoltar na foirmeacha ar fad ar ais go díreach chuig an gCigireacht i gclúdaigh le séala. Faigheann an Chigireacht tuairimí na bpáistí, de ghnáth ó rang a trí ar aghaidh, trí cheistneoirí do dhaltaí a riaradh le linn na céime meastóireachta in-scoile. Agus anailís déanta ag an gCigireacht ar fhreagraí na gceistneoirí, cuirtear staitisticí na scoile ar ais chuig gach scoil agus áirítear tátail ábhartha ó na ceistneoirí i dtuairisc na scoile freisin.

**Molann an Grúpa Comhairleach go gcuimseodh an Mheastóireacht Scoile Uile an cleachtas maidir le héagsúlacht agus go gcuirfeadh sé roinnt ceisteanna maidir le héagsúlacht ar an gceistneoir do thuismitheoirí agus páistí.**

### **P 3 Féinmheasúnacht don Scoil Uileghabhálach**

In áit freagairt ar bhonn *ad hoc*, beidh ar na scoileanna uilig, scoileanna Aonair san áireamh, pleanáil chun soláthar cóir a dhéanamh don ilchineálacht do pháistí atá sa scoil faoi láthair agus dóibh siúd a chláróidh sa scoil amach anseo, b'fhéidir. Chun tús a chur leis an bpróiseas pleanála beidh ar gach scoil Aonair measúnú a dhéanamh ar a cleachtas reatha agus ar a soláthar don ilchineálacht.

Faoi láthair tá feidhmiú píolótach ar siúl ag an gCigireacht ar 'sraith nua' ionstraimí féinmheastóireachta do scoileanna, forbairt ó thionscnamh 2003 'Ag Féachaint Ar an Scoil Seo Againne'. Tá sé beartaithe go ndéanfaidh cigireachtaí den chineál scoile uile athbhreithniú ar thátail phróiseas féinmheastóireachta na scoile. Beidh féinmheastóireacht scoile riachtanach dos na scoileanna uilig ó 2012/13.

**Molann an Grúpa Comhairleach go n-áireofaí ar 'sraith nua' ionstraimí féinmheastóireachta na Roinne an fhéinmheastóireacht maidir le riachtanais agus cleachtais éagsúlachta agus go n-áireodh sé ceisteanna faoin dtopaic seo do thuismitheoirí agus páistí.**

### **P 4 Éiteas nó Sainspiorad na Scoile**

Is minic a thuigtear coincheap an éitis scoile ar bhealach caol agus glactar leis gur éiteas reiligiúnach atá ann. Is í fírinne an scéil do pháistí ná gurb é an t-éiteas a chastar orthu ná cé acu an bhfuil meas agus ceiliúradh ar a gcearta agus ar a ndínit i saol laethúil na scoile. Baineann sé leis an eispéireas ó lá go lá ar an idirghníomhaíocht atá ag baill de phobal lárnach na scoile, páistí, múinteoirí agus an fhoireann eile sa scoil, tuismitheoirí agus cuairteoirí. Ba chóir go mbeadh na saintréithe seo ag na scoileanna ar fad, beag beann ar a bpátrúnacht. Bhí an Grúpa Comhairleach an-tógtha leis an ráiteas ón gCoimisiún Éireannach um Chóir agus Síocháin:

Cé go n-áitíonn iontaobhaithe, agus an ceart acu, go mbeadh mionriachtanais áirithe ann chun éiteas áirithe a chruthú, tá nithe doláimhsithe ann i gcroílár éitis bheo nach féidir a bhrú. Is fearr a léirítear, a fhorbraítear agus a shaibhrítear éiteas laistigh de phobal na scoile mar thoradh ar an idirghníomhaíocht leanúnach idir dialóg chomhroinnte ar mhórluachanna na scoile, a chuimsíonn an pátrún, na hiontaobhaithe, an príomhoide, an fhoireann, tuismitheoirí agus scoláirí, agus an cleachtas laethúil a fhéachann leis na luachanna sin a chur i gcrích.<sup>65</sup>

---

<sup>65</sup> J. Coolahan, ed., Report on the National Education Convention, (Dublin, Stationery Office, 1994), lch.22

D'fhógair Comhairle Chomhpháirtíocht na Scoileanna Caitliceacha le déanaí go gcuirfeadh sé uirlis féinmheastóireachta ar fáil do scoileanna Caitliceacha le húsáid i 2011-2012 “chun cuidiú le tuiscint níos doimhne ar cad is scoil Chaitliceach ann ...chun bealach a ullmhú d’athrú pátrúnachta...chun machnamh a dhéanamh ar ionannas agus ar thosaíochtaí le pobal uile na scoile ...cuirfidh na torthaí samplaí den deachleachtas ar fáil..”<sup>66</sup>

Tá uilis féinmheastóireachta um éiteas forbartha ag Ag Foghlaim Le Chéile a úsáidtear i scoileanna de chuid Ag Foghlaim Le Chéile.

Fáiltíonn an Grúpa Comhairleach roimh mholtaí chun an deachleachtas a chomhroinnt ag tarraingt ar shamplaí ó na nithe thuas agus uirlisí eile.

**Molann an Grúpa Comhairleach go n-eiseodh an ROS treoirlínte/eiseamláirí faoin dea-chleachtas chun cabhrú le scoileanna an t-éiteas acu a mheasúnú, iad bunaithe ar eispéireas na Cigireachta agus ag tógáil leideanna as tionscnaimh de chuid Chomhpháirtíocht na Scoileanna Caitliceacha, Ag Foghlaim Le Chéile agus grúpaí eile.**

Ba chóir go mbeadh tuairimí agus taithí na ndaoine óga mar threoir ar na treoirlínte freisin. Le linn na comhchomhairle ar a dtaithe ar ilchineálacht agus iolrachas ina scoileanna rinne an Grúpa Comhairleach suntas de léirsteanacht, de chríonnacht agus de shuim na rannpháirtithe óga.

## **P 5 Rollú i Scoil Aonair**

Aontaíonn an Grúpa Comhairleach leis na prionsabail leagtha amach i Páipéar Díospóireachta na Roinne ar Chreat Rialála do Rollú Scoile (2011)<sup>67</sup>. Mar a dúradh i réamhrá an Aire, “B’fhéidir nach mbeadh na beartais agus na cleachtas rollaithe a d’oibrigh go maith do scoileanna agus do thuismitheoirí san am atá caite in ann freastal go hiomlán ar riachtanais agus ar éagsúlacht na sochaí atá anois ann.”

Mar a léiríodh cheana, measann an Grúpa Comhairleach nár chóir go ndéanfadh polasaí rollaithe i scoil Aonair idirdhealú ar bhonn reiligiúnach/creidiúintí, socheacnamaíoch, teanga, cultúrtha, riachtanais speisialta nó eile.

**Tacaíonn an Grúpa Comhairleach le tuairim an Aire go bhfuil polasaithe cothromasacha rollaithe riachtanach chun cothroime agus éagsúlacht a bhaint amach. I gcás cuid de na scoileanna saorsheasaimh, ach go háirithe, nótáil an Grúpa go bhféadfadh an maolú san Acht um Stádas Comhionann, 2000, Alt**

---

<sup>66</sup> Ráiteas an Ath. Michael Drumm ar sheoladh Thuairisc Chomhpháirtíocht na Scoileanna Caitliceacha ar *CSP Research and Consultation 2010-2011*, Deireadh Fómhair 2011

<sup>67</sup> Roinn Oideachais agus Scileanna, Páipéar Díospóireachta ar Chreat Rialála do Rollú Scoile, Meitheamh 2011

**7(3)(c) bac a chur ar dhualgas na Roinne Oideachais agus Scileanna oideachas a sholáthar do gach páiste. I bhfianaise na taithí atá faighte againn, b'fhéidir go mba cheart machnamh arís ar leasú a dhéanamh ar an maolú seo.**

## **P 6 Pátrúnacht**

I ndiaidh na féinmheastóireachta, tosóidh scoileanna ag ullmhú don ilchineálacht. Uaireanta cuirfidh pobal scoile ceist cé acu an féidir mianta na dtuismitheoirí a shásamh faoin bpátrún reatha agus d'fhéadfaidís iad féin a aithint mar iarrthóirí ar dhífheistiú trí:

- a bhféinmheastóireacht féin
- Meastóireacht Scoile Uile
- eolas faighte ó Chlár Chéadrogha na Roinne de thuismitheoirí le páistí réamhscoile (Féach Cuid IV)
- sa todhchaí, ó shonraí bailithe ag an Roinn ar thuairimí na dtuismitheoirí a bhfuil a bpáistí ar scoil (Féach Cuid IV)

Luadh tábhacht rogha na dtuismitheoirí go láidir ag Comhpháirtíocht na Scoileanna Caitliceacha (2011) nuair a dúirt:

Tá aitheantas tugtha do rogha na dtuismitheoirí sa chuid is mó de dhaonlathais agus tá sé san áireamh i mBunreacht na hÉireann, sa Dearbhú Uilíoch um Chearta Daonna, in ionstraimí na Náisiún Aontaithe agus na hEorpa. Dearbhaítear go tréan freisin é i dteagasc na hEaglaise Caitlicí<sup>68</sup>

Is tráthúil machnamh a dhéanamh go gcaithfear, i scoil Aonair, cearta bunreachtúla na bpáistí ar fad agus a dtuismitheoirí a chaomhnú ag an bpátrún cheana nó ag aon phátrún nua ar scoil.

B'fhéidir go bhfiosróidh pobail scoile, ag brath ar chúinsí áitiúla, athrú pátrúnachta, comhphátrúnacht i dtreo athraithe chuig pátrún nua nó athrú go Pobalscoil Náisiúnta nó múnla eile faoi choimirce CGO. Ina aighneacht scríofa chuig an bhFóram, thug an IVEA liosta de na tacaí a chuireann na CGOanna ar fáil ag leibhéal na hiarbhunscoile agus dúirt go bhféadfaidís “an taithí agus an saineolas seo ar fad a úsáid chun tacú le bunscoileanna...”. Mar a dúradh cheana tá moltaí sa Bhille um Boird Oideachais agus Oilíúna 2011 do chórais tacaíochta do scoileanna, cibé pátrúnacht atá acu.

---

<sup>68</sup> Comhpháirtíocht na Scoileanna Caitliceacha, Catholic Schools in the Republic of Ireland – A Position Paper, 6 Aibreán 2011

Beidh ról an Bhoird Bhainistíochta agus phríomhoide na scoile suntasach lena chinntiú go bhfuil próiseas suaimhneach agus athmhachnamhach mar bhonn leis na cainteanna. D'fhéadfaí na tuairim a luaigh Gréasán Príomhoidí Bunscoile na hÉireann ag an bhFóram ar phróiseas athraithe a fhiosrú níos mó. Leag an IPPN béim ar thábhacht ról ceannasaíochta an phríomhoide i gcomhthéacs na gcainteanna le pobal na scoile.

**Molann an Grúpa Comhairleach, sa chás go bhfuil pobal scoile aonair tar éis fianaise a bhailiú a léiríonn go bhfuil athrú pátrúnachta dlite, gur ceart go mbeadh próiseas ciúin machnamhach ann ina dhiaidh sin.**

## **P 7 Oideachas Sainchreidmheach Reiligiúnach/Foirmiú Creidiúintí a Dhiúltú**

### **7.1 An Bunreacht, Reachtaíocht agus Rialacha do Scoileanna Náisiúnta**

Tá an ceart chun ranganna in oideachas reiligiúnach sainchreidmheach (foirmiú creidiúintí/ teagasc reiligiúnach) a dhiúltú curtha san áireamh sa Bunreacht agus san Acht Oideachais 1998 araon. D'fhonn a chinntiú go bhfuil siad ag teacht leis an mBunreacht, reachtaíocht agus coinbhinsiúin um chearta daonna sínithe ag Éirinn, ní mór machnamh a dhéanamh ar na Rialacha do Scoileanna Náisiúnta agus ráitis i gcáipéisí Churaclam na Bunscoile.

Bunreacht na hÉireann

Deir Alt 44.2.4 “Reachtaíocht lena gcuirtear cúnaimh Stáit ar fáil do scoileanna ní cead idirdhealú a dhéanamh inti idir scoileanna atá faoi bhainistí aicmí creidimh seachas a chéile ná í do dhéanamh dochair do cheart aon linbh chun scoil a gheibheann airgead poiblí a fhreastal gan teagasc creidimh sa scoil sin a fhreastal”.

Acht Oideachais (1998)

Alt 15 – Maidir le Bord Bainistíochta, go mbeidh “urraim aige don éagsúlacht luachanna, creideamh, traidisiún, teangacha agus modhanna maireachtála atá sa tsochaí agus cothóidh sé urraim don éagsúlacht sin”

Alt 30 (2) (e) “ní cheanglóidh an tAire ar aon mhac léinn freastal ar theagasc in ábhar ar bith atá contrártha do choinsias thuismitheoir an mhic léinn”

**Molann an Grúpa Comhairleach go leasófaí an tAcht Oideachais, Alt 15 chun alt nua a chur isteach tar éis 15(2)(b), faoina mbeadh an Bord cuntasach do na tuismitheoirí i gcoitinne, as spiorad sainiúil na scoile a chosaint, agus, freisin, as cearta bunreachtúla tuismitheoirí agus páistí maidir le hoideachas sainchreidmheach reiligiúnach/foirmiú creidiúintí a chosaint.**

Rialacha do Scoileanna Náisiúnta

Luadh na Rialacha do Scoileanna Náisiúnta<sup>69</sup> in aighneachtaí agus, ach go háirithe Riail 68, pléadh ag an bhFóram iad, Foilsíodh na Rialacha do Scoileanna Náisiúnta is déanaí i 1965.

Deir Riail 68:

As na codanna uile de churaclam scoile is é an Teagasc Reiligiúnach an ceann is tábhachtaí ar fad ó tharla go gcuimsíonn an t-ábhar atá ann, onóir agus seirbhís do Dhia, úsáid cheart ar acmhainní uile an duine, agus tugann sé an spreagadh is cumhachtaí chun iad a úsáid mar is cóir. Mar sin, cuid lárnach den chúrsa scoile is ea an teagasc reiligiúnach agus ba chóir do mbeadh spiorad reiligiúnach ina threoir agus ina spreagadh ar obair uile na scoile.

**Molann an Grúpa Comhairleach go ndéanfadh an tAire Oideachais agus Scileanna na Rialacha do Scoileanna Náisiúnta a athbhreithniú agus a nuashonrú.**

**Molann an Grúpa Comhairleach go scriosfaí Riail 68 a luaithe is féidir, mar chéad chéim, agus de réir na tuairime ginearálta a léiríodh ag an bhFóram.**

**Chun cearta bunreachtúla agus dlíthiúla páistí agus tuismitheoirí a shoiléiriú agus chun athruithe ar na Rialacha do Scoileanna Náisiúnta a léiriú, molann an Grúpa Comhairleach go gcuirfeadh an tAire Oideachais agus Scileanna ar a súile do scoileanna riachtanais cearta daonna an dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta.**

## **7.2 Na Treoirínte don Churaclam**

Deir Curaclam na Bunscoile (1999) gur chóir don scoil:

---

<sup>69</sup> Roinn Oideachais, Rialacha do Scoileanna Náisiúnta faoin Roinn Oideachais, (Dublin Stationery Office, 1965 ed.)



bheith solúbtha ag an am céanna i dtaca le socrúithe eagraíochtúla eile a dhéanamh dóibh siúd nach mian leo leas a bhaint as an oideachas reiligiúnach áirithe a thairgeann sí.

Nuair a bhíonn cur i bhfeidhm an churaclaim á phleanáil ag scoileanna, caithfidh siad machnamh a dhéanamh ar nádúr agus feidhm gach achair churaclaim, ar an gcaoi ar féidir déileáil le hábhair léinn ar bhealach scoite agus ar bhealach comhtháite araon...<sup>70</sup>

Ina n-aighneacht don bhFóram, dúirt Cumann Iontaobhaithe na Scoileanna Caitliceacha:

Níor samhlaíodh riamh sa tionscnamh seo (curaclam comhtháite) go mbeadh mar thoradh air go mbeadh iachall ar pháistí páirt a ghlacadh i ranganna teagaisc reiligiúnaigh i gcoinne mianta a dtuismitheoirí. Is féidir an fhéidearthacht seo a sheachaint trín gceacht teagaisc reiligiúnaigh a amchlárú do thréimhse ar leith sa lá atá oiriúnach do thuismitheoirí agus daltaí.

Sa seisiún plé le hionadaithe Chumann Iontaobhaithe na Scoileanna Caitliceacha ag Laethanta Oscailte an Fhórait, dúirt siad:

Mhol curaclam leasaithe na bliana 1971 curaclam comhtháite agus níor bhain sé riamh le reiligiún. Clár ar leith amach is amach ab ea reiligiún. Múineadh ó thús na bliana faoi réir na féilire liotúirge agus níor comhthádh riamh é ach leanadh dá theagasc le linn leathuaire ar leith. Is féidir é a chur ag am chun freastal ar dhaoine nach mian leo a bheith i láthair.

**Molann an Grúpa Comhairleach go leasófaí an réamhrá do Churaclam na Bunscoile chun a chinntiú go ndéanfar soláthar d'oideachas sainchreidmheach reiligiúnach/foirmiú creidiúintí a mhúineadh mar ábhar scoite, bíodh is go bhfanfaidh an curaclam i gcoitinne comhtháite.**

### **7.3 Nithe le Machnamh Orthu Maidir le Diúltú**

Mar a luadh go soiléir i gcodanna níos luaithe sa Tuairisc seo, tá ceart na ndaltaí diúltú don rang oideachais reiligiúnaigh i scoileanna bunaithe le fada. Tá sé ann i roinnt tíortha eile freisin. (Féach Aguisín 4). Séard is cás leis an nGrúpa Comhairleach ná forfheidhmiú sásúil

---

<sup>70</sup> Rialtas na hÉireann, Réamhrá ar Churaclam na Bunscoile, 1999, lch.64

na socruithe do dhiúltú. Ina aighneacht don bhFóram, luaigh Comhairle um Oideachas Chomhdháil Easpag na hÉireann go raibh deacracht ann ina leith seo mar thoradh ar acmhainní teoranta Stáit. Lean sé ar aghaidh:

Mar sin féin, fiú le hacmhainní teoranta, tá socruithe áitiúla forbartha ag scoileanna Caitliceacha chun freastal ar mhianta bailí tuismitheoirí dá leithéid, agus tá céimeanna ar bun chun na socruithe praiticiúla atá le cur ar bun ina leith seo a fhorbairt níos mó.<sup>71</sup>

Ina aighneacht don bhFóram, chuir Cumann Iontaobhaithe na Scoileanna Caitliceacha tuairim ionchurtha chun cinn nuair a dúirt:

Íogair don ilchineálacht reiligiúnach atá ag fás I measc phobal na scoile, tá straitéisí éagsúla forbartha le déanaí chun freastal ar mhianta na tuismitheoirí nár mhaith leo go mbeadh a bpáistí páirteach sa chlár oideachais reiligiúnaigh.<sup>72</sup>

Fáiltíonn an Grúpa Comhairleach go mór le dearbhuithe dá leithéid ach nuair a lorg sé samplaí léiritheacha de na “socruithe áitiúla” agus “straitéisí éagsúla”, níor cuireadh iad seo ar fáil.

Faoi dheireadh, i ndiaidh iarratais eile ag cruinniú an Fhóraithe ar 17 Samhain, cuireadh samplaí de na cleachtais i sé scoil faoi bhráid an Ghrúpa. Ach tá an-éagsúlacht iontu maidir le caighdeán an tsoláthair atá déanta, agus i gcásanna áirithe is léir go bhfuil an cur chuige atá glactha míshásúil. Mar seo a leanas c bhí aighneacht ó scoil amháin:

Is é an cleachtas ginearálta don am reiligiúin ná go mbíonn na páistí ó chreidimh eile i láthair, uaireanta ag glacadh páirt i ngníomhaíocht dá gcuid féin agus uaireanta ag glacadh páirt ghníomhach san OR nuair a bhaineann an comhrá le heilimintí neamh-reiligiúnacha. Is cosúil go bhfuil an staid seo sona do mhúinteoirí agus freisin do thuismitheoirí na bpáistí ó chreidimh eile.

Ní léiríonn an dearcadh seo tuiscint a dhóthain ar na ceisteanna cearta daonna atá ann.

---

<sup>71</sup> Comhairle um Oideachas Chomhdháil Easpag na hÉireann, Aighneacht don bhFóram, 2011, lch.6

<sup>72</sup> Cumann Iontaobhaithe na Scoileanna Caitliceacha, Aighneacht don bhFóram, 2011, lch.13

Léiríodh go raibh an staid maidir le diúltú in an-chuid scoileanna míshásúil i roinnt aighneachtaí scríofa don Ghrúpa Comhairleach, sa chomhrá le daltaí, agus i gcainteanna a bhí ag an nGrúpa le páirtithe leasmhara éagsúla. Mar sin, measann an Grúpa go bhfuil gá go práinneach go bpléifear níos sásúla le socruithe ‘diúltú’ i scoileanna. Tugann an chéad fho-roinn eile, 7.4, roinnt moltaí.

#### **7.4 Roghanna Praiticiúla agus Roghanna Amchláir - Moltaí**

Le linn na comhchomhairle dúirt roinnt páistí leis an nGrúpa Comhairleach “Nuair a dhéanann daoine reiligiún, na páistí nach gcaithfidh é a dhéanamh, déanann siad obair eile agus mothaíonn siad fágtha amuigh.” agus “Níor chreid aon duine i mo reiligiún ... chuir siad iachall orm reiligiún a dhéanamh.” agus “Ghlac siad le mo reiligiún ... Roghnaigh mé cad ba mhaith liom a dhéanamh.”<sup>73</sup>

Le linn an Fhórait dúirt neart daoine go bhfuil fadhbanna praiticiúla agus acmhainne ann do scoileanna beaga maidir le freastal ar chearta bunreachtúla agus daonna pháiste freastal ar scoil atá á mhaoiniú ag airgead poiblí gan freastal ar theagasc reiligiúnach sa scoil sin.

Deir an IHRC, agus iad ag plé gnásanna díolúine áit nach bhfuil rogha scoileanna sa cheantar:

Cé go bhfuil soláthar san Acht Oideachais do cheart na dtuismitheoirí a bpáistí a tharraingt siar ó fhreastal ó ‘theagasc’ ar bith atá i gcoimhlint lena gcreidiúintí féin mar aitheantas ar a gceart chun é sin a dhéanamh faoi Alt 44.2.4 den Bhunreacht, níl an fhoráil seo á thacú ag treoirínite foirmiúla nó acmhainní.<sup>74</sup>

Ag labhairt dó ag seoladh tuairisce de chuid Chomhpháirtíocht na Scoileanna Caitliceacha, dúirt an tAth. Michael Drumm:

Ba chóir prótacal a aontú ar amchlárú an ranga oideachais reiligiúnaigh i mbunscoileanna. Ainmneoidh an prótacal seo an deachleachtas maidir le tuismitheoirí nach mian leo, ar bhonn coinsiasach, go bhfaigheadh a bpáiste foirmiú reiligiúnach....<sup>75</sup>

---

<sup>73</sup> Comhchomhairle le Daoine Óga, Aguisín 3, Samhain 2011

<sup>74</sup> Irish Human Rights Commission, Religious Education: A Human Rights Perspective, (Dublin, Bealtaine 2011), p. 100

<sup>75</sup> An tAth. Michael Drumm, ar sheoladh Thuairisc Chomhpháirtíocht na Scoileanna Caitliceacha ar Thaighde 2010-11, Deireadh Fómhair 2011

Admhaíonn an Grúpa Comhairleach fadhb na n-acmhainní, ach go háirithe maidir le rogha cláir a sholáthar agus le maoirsiú ar na daltaí a dhiúltaíonn, agus tugann sé roinnt moltaí praiticiúla ar an teagasc reiligiúnach a amchlárú sa scoil Aonair. Cé nach bhfuil na socrúithe a mholtar anseo thíos idéalach, sa ghearrthéarma agus go dtí go bhforbrófar curaclam nua ERB agus Eitice (Féach Cuid VII), féadfaidh siad meicníochtaí eatramhacha a sholáthar chun cearta na ndaoine atá ag iarraidh diúltú a chosaint:

- le hamchlárú solúbtha, d'fhéadfaí ranganna reiligiúin a thionól ag amanna éagsúla do rangghrúpaí éagsúla. Cheadódh sé seo dóibh siúd atá ag diúltú do ranganna reiligiúin páirt a ghlacadh i rang eile
- faoi láthair glactar leis de ghnáth gur leathuair a' chlog in aghaidh an lae an t-am do ghníomhaíochtaí um oideachas reiligiúnach/foirmiú creidiúintí sainchreidmheach. Ach laistigh de threoirlínte an churaclaim is féidir é seo a thuiscint mar dhá uair go leith in aghaidh na seachtaine. I roinnt scoileanna d'fhéadfadh sé seo amchlárú níos solúbtha a cheadú
- rogha eile is ea oideachas reiligiúnach sainchreidmheach a amchlárú ag tús nó deireadh an lae. Tá sé seo molta ag roinnt grúpaí, IRHC ina measc. Tá an tuairim nochtaithe ag an gcliarlathas Caitliceach nár chóir oideachas reiligiúnach a bheith ann ag deireadh an lae scoile toisc go bhféadfadh sé seo dochar a dhéanamh dá thábhacht
- d'fhéadfadh scoileanna freisin fiosrú le tuismitheoirí ó ghrúpaí mionlaigh creidiúintí agus a gcinnirí cé mar is féidir leo cuidiú leis na páistí “a dhiúltaíonn”, mar shampla, trí ábhair atá oiriúnach don aois a sholáthar le húsáid ag na páistí, arna thacú ag cuairteanna ó am go ham ó ionadaithe a gcóras creidiúintí
- tá traidisiún láidir ann d'obair dheonach i bpobail in Éirinn, agus i gcomhthéacs na scoile, tá ról ag cumann na dtuismitheoirí chun “clár gníomhaíochtaí a ghlacadh lena ndéanfar páirteachas tuismitheoirí, i gcomhairle leis an bPríomhoide, in oibriú na scoile, a chur chun cinn”.<sup>76</sup> Ba chóir deiseanna do chúnamh ó phobail agus ó chumainn tuismitheoirí chun tacú le grúpaí mionlaigh sa scoil a fhiosrú. Tá seiceáil ag na Gardaí riachtanach, dóibh siúd atá ag dul ag obair le páistí
- beidh ceisteanna maidir le hiompar scoile ábhartha do chainteanna i roinnt scoileanna
- d'fhéadfaí úsáid TFC a bheith ina chabhair chun oideachas a bhaineann go sainiúil le creidiúint a sholáthar do ghrúpaí

---

<sup>76</sup> Acht Oideachais 1998 s26 (2)(b)

mionlaigh, laistigh ná lasmuigh d'uaireanta scoile nó sa bhaile. Ba chóir do ghrúpaí meascán de ríomhfhoghlaim agus foghlaim bheo do mhionlaigh, a bhfuil a bpobail scaipthe, a fhiosrú. Mar shampla, d'fhéadfadh Imám nó Raibí ranganna a thabhairt ó am go ham mar thaca le ríomhfhoghlaim. Tá cláir ríomhoideachais ar líne, ar éileamh in úsáid i neart tíortha.

**Molann an Grúpa Comhairleach go bhforbródh boird bhainistíochta atá, nó a bheidh, b'fhéidir, ag freastal ar pháistí as cúlraí éagsúla sa scoil acu, polasaí scoile de réir Phrótacal Éagsúlachta na Roinne agus i gcomhairle le tuismitheoirí, faoi na bearta a chuirfidh an scoil ar bun chun a gcuid oibleagáidí i leith páistí agus tuismitheoirí a chomhlíonadh. Is ceart tuairimí agus moltaí na bpáistí a chur san áireamh freisin.**

Pléitear P 8, 9 agus 10 i gCuid VII agus cuid lárnach is ea iad sin freisin de chreatlach molta an phrótacail.



## VII

### Nithe atá mar Bhun leis an Éagsúlacht sna Scoileanna Uile

---

Mar a luadh i gCuid VI, pléadh ceisteanna a théann i bhfeidhm ach go háirithe ar scoileanna Aonair agus ar na scoileanna uileghabhálacha, i gcomhthéacs fhorbairt chreatlach prótacail atá molta. Anseo déantar machnamh ar ghnéithe a théann i bhfeidhm ar an ilchineálacht sna bunscoileanna uilig, scoileanna Aonair san áireamh. Tá trí cinn de na gnéithe, P8, P9 agus P10 ag baint go díreach leis an gcreatlach prótacail atá molta.

- Oideachas Reiligiúnach Sainchreidmheach (P8)
- Oideachas faoi Reiligiún agus Creidiúintí, agus Eitic (P9)
- Déantúsáin Reiligiúnacha, Ceiliúrthaí agus Nithe Eile Neamhtheagasctha (P10)
- Cuimsiú Sóisialta
- Páistí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu (SEN)
- Gnásanna Gearáin ag an leibhéal áitiúil
- Gnás Achomharc Neamhspleách
- Oideachas Múinteoirí
- Fostú Múinteoirí
- Iompar Scoile
- Straitéis Faisnéise agus Cumarsáide

#### **P 8 Oideachas Reiligiúnach Sainchreidmheach**

Is tréithe fadbhunaithe iad oideachas reiligiúnach sainchreidmheach agus ullmhú sacraiminte de chóras bunscolaíochta na hÉireann agus is dócha go leanfar de sin, in an-chuid scoileanna, a fhad agus is mian le tuismitheoirí sin.

Mar sin féin, dúirt Comhpháirtíocht na Scoileanna Caitliceacha 2011:

Bheadh sé ina chúnadh dá ndéanfadh grúpa paróistí nó deoise clár pólótach thar roinnt blianta chun triail a bhaint amach as oideachas reiligiúnach atá bunaithe sa pharóiste níos mó. Ach go háirithe, d'fhéadfadh sé seo díriú ar shacraimint an chóineartaithe. Idir an dá linn, leanfaidh paróistí agus deoisí eile de láidriú ar eilimint

thacaíocht an pharóiste don oideachas reiligiúnach scoilbhunaithe. Creideann an-chuid daoine gurb é seo an t-am leis na naisc idir paróiste agus scoile a neartú sa chaoi is go gcothaíonn an nasc seo creideamh Críostaí i ndomhan tuata. Creideann daoine eile gur chóir don pharóiste anois an-chuid dualgais a ghlacadh chuige féin atá faoi láthair idir lámha ag scoileanna Caitliceacha, ní nach lú maidir le saicrimint an chóineartaithe.<sup>77</sup>

I mbunscoil beag, féadfaidh páistí suas le ceithre bliana a chaitheamh sa seomra ranga céanna agus d'fhéadfaidís a bheith páirteach i gcláir sacraiminteacha sna hocht mbliana uile dá mbunscolaíocht. Fáiltíonn an Grúpa Comhairleach roimh an ráiteas ag Comhpháirtíocht na Scoileanna Caitliceacha agus an bhéim nua san Eolaí Nua don Chaiticeasmacht in Éirinn<sup>78</sup> agus san churaclam Caitliceach nua do Reiligiún i mbunscoileanna ar ról an pharóiste i bhfoirmiú creidiúintí.

**Molann an Grúpa Comhairleach nach gcuirfeadh ullmhú do na sacraimintí, ná oideachas do dheasghnátha reiligiúnacha córas creidiúintí eile, isteach ar an am atá leithdháilte don churaclam ginearálta agus molann sé pléanna leanúnacha le tuismitheoirí agus leis an gcléir maidir le ról an pharóiste san ullmhú do na sacraimintí.**

## **P 9 Oideachas faoi Reiligiún agus Creidiúintí, agus Eitic**

Tá sé tábhachtach difir a dhéanamh idir Oideachas faoi Reiligiún agus Creidiúintí (ERB), a chothaíonn foghlaim *faoi* reiligiúin agus Oideachas Reiligiúnach Sainchreidmheach a dhíríonn ar fhoirmiú creidiúintí.

Tá an staid faoi láthair do pháistí ag diúltú don Oideachas Reiligiúnach Sainchreidmheach sa bhunscoil míchuí agus neamhleor ar bhonn chearta daonna. Tá sé míshásúil toisc go gcoshtar deis oideachasúil ar roinnt páistí foghlaim faoi reiligiúin agus eitic. Tá sé tábhachtach go gcuirí ar chumas na bpáistí uile, trí chlár ERB, eolas, luachanna agus dearchtaí a fhorbairt i leith reiligiúin. Tá gá freisin le cúrsa Eitice atá oiriúnach don saol i sochaí dhaonlathach. Chomh luath leis na 1830í bhí inní ann faoi pháistí thíos leis ó thaobh an oideachais de mar thoradh ar an gclásal diúltaithe. Luaigh na Rialacha ag an am “ní bhfaighidh páiste ar bith, nó ní bheidh i láthair ag, teagasc reiligiúnach ar bith nach dtoilíonn a thuismitheoirí nó caomhnóirí.” Freisin, dúirt na Rialacha “beidh an t-am chun teagasc reiligiúnach a thabhairt socraithe sa chaoi is nach mbeidh páiste ar bith, dá bharr, eisiata, go díreach nó go hindíreach, ó na buntáistí eile a chuireann an scoil ar fáil”.<sup>79</sup>

<sup>77</sup> Comhpháirtíocht na Scoileanna Caitliceacha, Catholic Schools in the Republic of Ireland – A Position Paper, 6 Aibreán 2011

<sup>78</sup> Irish Episcopal Conference, Share the Good News – National Directory for Catechesis in Ireland, (Veritas, Nollaig 2011)

<sup>79</sup> Coimisinéirí Oideachais Náisiúnta, Rules and Programme for National Schools, 1917 ed., lch.3.



In aighneacht don bhFóram, tharraing Oifig an Ombudsman do Leanaí aird ar bhuarthaí léirithe ag UNCRC: “Feictear go raibh inní níos mó ag Coiste na Náisiún Aontaithe [ar Chearta an Linbh] maidir leis an gceist chun sairse reiligiúin a chinntiú i gcomhthéacs an oideachais éigeantaigh”.

Curtha i gcomhthéacs scrúdú ar fhorfheidhmiú Stát eile den UNCRC, áiríonn buarthaí an Choiste:

- easpa soláthair, nó soláthar neamhleor, do chearta na bpáistí ó mhionlaigh reiligiúnacha i gcomhthéacs ina bhfuil ranganna i reiligiún amháin ar leith mar chuid den churaclam foirmiúil.
- Soláthar neamhleor *sa chleachtas* do rogha ranganna i scoileanna áit nach bhfuil an t-oideachas reiligiúnach éigeantach nó ina bhfuil socruithe do dhíolúintí<sup>80</sup>.

Léiríodh neart comhaontú ag an bhFóram gur chóir go mbeadh rochtain ag na páistí uilig ar, agus go mbainfidís tairbhe as, clár san Oideachas faoi Reiligiún agus Creidiúintí agus cúrsa in Eitic a chothódh eolas ar chreidiúintí dhaoine eile ina bpoibál agus sa domhan mór agus a chothódh iompraíocht eiticiúil.

Tacaíonn an Eaglais Chaitliceach le hoideachas faoi chreidimh eile. I gcomhthéacs an oideachais reiligiúnaigh i mbunscoileanna, deir an tEolaí Nua don Chaiticeasmacht in Éirinn, “Ba chóir na scoláirí uile a spreagadh chun eolas maith a bheith acu ar an gcreideamh Caitliceach agus a thraidisiúin, agus ar phobail creidimh eile freisin<sup>81</sup>.”

I gcomhthéacs an phlé seo, d’aontaigh dhá ghrúpa, Cumann Daonnachaí na hÉireann agus Aindiachaí Éireann, atá mar ionadaithe ar earnáil bheag ach suntasach de shochoaí na hÉireann, go mbeadh cur chuige dá leithéid i leith an Oideachais Reiligiúnaigh inghlactha dóibh.

Ina n-aighneacht don bhFóram i Meitheamh, dúirt an Cumann Daonnachaí, ‘Bheadh ábhar plé-bhunaithe a dhíríonn ar shaoránacht, reiligiúin, eitic agus mar sin de, murab ionann agus teagasc reiligiúnach in aon chreidiúint ar leith, ag freastal orthu siúd nach mian leo go mbeadh aon chóras creidiúintí ar leith i réim i rith an lae scoile nó teagasc sainchreidmheach le linn uaireanta scoile.’ (Aighneacht scríofa ag Cumann Daonnachaí na hÉireann don bhFóram)

I bplé leis an nGrúpa Comhairleach, dúirt Aindiachaí Éireann, ‘Níl aon fhadhb againne lenár bpáistí á dteagasc faoi reiligiún agus creidiúintí má déantar é ag teacht le Treoirphrionsabail Toledo.’ (achoimre ar phlé leis an nGrúpa Comhairleach mar a tuairiscíodh ar shuímh gréasáin Aindiachaí Éireann). Tá Treoirphrionsabail Toledo ag Aguisín 6.

---

<sup>80</sup> Ombudsman do Leanaí, Aighneacht don bhFóram, Lúnasa 2011

<sup>81</sup> Irish Episcopal Conference, Share the Good News – National Directory for Catechesis in Ireland, Veritas, Nollaig 2011

Le linn na comhchomhairle a bhí ag an nGrúpa Comhairleach le páistí agus daoine óga (achomre in Aguisín 3), labhair neart de na páistí bunscoile go dearfach faoi fhoghlaim agus ceiliúradh reiligiún eile ar scoil; os a choinne sin, ba mhinic go raibh aiféala ar pháistí ó reiligiúin mionlaigh nach raibh deiseanna acu a bpiaraí a chur ar an eolas maidir lena n-eispéiris agus cleachtais reiligiúnacha.

Rinne an Dr Emer Smyth trácht ar eispéireas athraitheach na bpáistí i mbunscoileanna Éireannach maidir le córais creidiúintí eile:

In Éirinn bhí impleachtaí ag fócas éagsúil an Oideachais Reiligiúnaigh agus Mhorálta thar scoileanna d'eolas agus feasacht na bpáistí ar na córais creidiúintí. Sa scoil Ag Foghlaim Le Chéile, ba chuid shoiléir den churaclam í an fhoghlaim faoi reiligiúin an domhain, gné a raibh dearcadh dearfach ag neart páistí air. Thuairiscigh páistí ag freastal ar scoil Eaglais na hÉireann go raibh roinnt eolais acu faoi reiligiúin eile...Os a choinne sin bhí an dóchúlacht i bhfad níos lú ann go luadh páistí ag freastal ar Scoileanna Caitliceacha foghlaim faoi reiligiúin eile, bearna ina n-eolas a ndearna roinnt daoine tagairt dó ar bhealach diúltach.<sup>82</sup>

Nuair a cuireadh an cheist ar scoláirí níos sine, san iarbhunscoil, '*Cad nach bhfuil go maith faoi mbealach ina múinteoir reiligiún?*' d'fhreagair siad i dtéarmaí a mbunscoil ag díriú ar a reiligiún féin, agus gan an deis a bheith ag scoláirí foghlaim faoi reiligiúin agus creidiúintí eile. Maidir lena múinteoirí, chuimsigh a gcáineadh: easpa eolais agus aird ar reiligiúin eile.

Nuair a tugadh an dúshlán dóibh cad a dhéanfaidís, dá mbeidís ina n-Aire Oideachais ar feadh an lae, chun bunscoileanna a athrú sa chaoi is go mbeadh meas ar na reiligiúin agus creidiúintí uile, mhol scoláirí iarbhunscoile foghlaim faoi chreidiúintí agus reiligiúin eile, chomh maith le reiligiúin agus cultúir eile a cheiliúradh ar scoil. Mhol roinnt acu go ndéanfaí reiligiún a theagasc ar bhealach níos dearfaí, agus go méadódh múinteoirí a gcuid eolais ar chreidiúintí agus reiligiúin éagsúla.

Mhol grúpaí scoláirí iarbhunscoile uile foghlaim faoi chreidiúintí agus reiligiúin eile. I measc na bpáistí bunscoile, sa phlé maidir leis an gcaoi ina n-athróidís an bealach ina múintear reiligiún, ba é an rogha ba mhó ná foghlaim ó caint faoi reiligiúin agus lígean do scoláirí labhairt faoina reiligiún féin.

Tá suim níos mó i reiligiúin agus creidiúintí dhaoine eile le feiceáil i measc scoláirí na hÉireann ag gach aois. Mar a luaigh an diagaire an Dr Dermot Lane ina aighneacht don bhFóram, téann cúiseanna seachtracha a spreagann díospóireacht nua faoin Oideachas Reiligiúnach siar chomh fada le tús an chéid seo. Go saineúil,

---

<sup>82</sup> Smyth, E, Religious Education in a Multicultural Society: School and Home in Comparative Context, (REMC, 2010), lch.42

cuimsíonn siad eachtraí 9/11 i SAM i 2001, á leanúint ag na buanaí i Madrid, i Londan, an chonspóid a bhain le cartúin na Danmhairge faoi Muhammad, agus na ciréibeanna i bPáras – gach a tharla idir 2004-2005. Ina theannta sin, bhí leibhéil ollmhóra d’imirce agus teacht na hilchineálachta reiligiúnaí mar fhíríc beatha, ach go háirithe san iarthar, trí dhomhandú. De bhreis air sin, tá neamhchomhlánú théis an dí-eaglaisithe .

Aontaíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna gur chóir “prionsabail Eitice agus an Oideachais ar Reiligiúin agus Creidiúintí a chomhshnaidhmeadh i gcuraclam na scoile agus toilíonn scrúdú conas is féidir dul chun a dhéanamh sa réimse seo”. I gcomhthéacs na Straitéise um Litearthacht agus Uimhearthacht<sup>83</sup>, tá iarrtha ag an Roinn cheana ar CNCM (NCCA) a scrúdú cé mar a eagraítear am thar an churaclaim agus iarrfaidh ar an gComhairle a scrúdú conas is fearr is féidir moltaí an Ghrúpa Comhairligh a chur i bhfeidhm sa chomhthéacs seo. (Freagra na Roinne Oideachais agus Scileanna ar Mhachnamh an Ghrúpa Comhairligh; Fóram, Samhain 2011).

Cé go bhfuil foirmiú na hiompraíochta eitice ina chuid de chlár oideachais reiligiúnaigh sainchreidmhaigh, is cás leis an nGrúpa Comhairleach go gcosnaítear cearta na bpáistí, nach nglacann páirt i gclár dá leithéid, don oideachas eitice freisin. Tá foghlaim faoi eitice tábhachtach do chách, agus tá rí-thabhacht le modhanna iompraíochta eiticiúla a fhorbairt d’fhorbairt an duine. Áiríonn teagasc na heitice foirmiú agus cothú an tiomantais phearsanta do dhínit agus saoirse an uile dhuine, an tábhacht atá le cearta daonna, áit na córa laistigh den tsochaí, agus freastal ar an leas coiteann. Tá siad seo ar fad riachtanach don oideachas sa saoránacht agus d’fheidhmiú ceart an daonlathais. De réir mar a chumann CNCM a chlár ORC le cúnaimh ó shaineolaithe cuí agus príomhpháirtithe leasmhara, ba chóir go mbeadh sé in ann glaoch ar shaineolas cuí do ghné na heitice, a théann níos doimhne ná “foghlaim faoi” reiligiún.

Le linn na gcainteanna ag an bhFóram, luadh tacaíocht i gcoitinne do chlár dá leithéid. Rud tábhachtach is ea gur éirigh leis an CNCM, tríd an gcomhpháirtíocht oideachais, úinéireacht agus inghlacthacht ar churaclaim a chruthú. Tá clár Oideachais Reiligiúnaigh CNCM, le carachtar ORC, ar bun cheana féin ag an dara leibhéal do scoláirí an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta.

Tá roinnt clár bunscoile san Oideachas Reiligiúnach gur chóir don CNCM a scrúdú; mar shampla, clár na hEaglaise Caitlicigh *Alive O*. Tuigtear don Ghrúpa Comhairleach go bhfuil an clár *Alive O* á athchóiriú faoi láthair agus go mbeidh níos mó eolais faoi reiligiúin eile sa chlár nua.

I measc na gclár bunscoile Reiligiúnach eile tá clár Eaglais na hÉireann *Follow Me*, curaclam um oideachas eitice Ag Foghlaim Le Chéile *Learn Together* agus clár na

---

<sup>83</sup> Roinn Oideachais agus Scileanna, [Litearthacht agus Uimhearthacht Don Foghlaim agus Don Saol - An Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Dhaoine Óga 2011-2020](#), Iúil 2011

bPobalscoileanna Náisiúnta *Goodness Me! Goodness You!* atá a fhorbairt faoi láthair mar thogra taighde gníomhaíochta. Ba chóir go n-iarrfaí ar ghrúpaí creidiúna eile, ach go háirithe grúpaí neamh-Chríostaí, a gcláir a chur ar fáil don CNCM.

Chuir ionadaithe Eaglaisí in iúl don bhFóram go n-áiríonn a gcláir, chomh maith le foirmiú creidiúintí agus nithe foirceadail a bhaineann go sainiúil lena sainchreidimh, eolas agus meas ar reiligiúin eile.

**Is í tuairim an Ghrúpa Chomhairligh go bhfuil sé de cheart ag gach aon pháiste Oideachas faoi Reiligiún agus Creidiúintí, agus Oideachas faoin Eitic a fháil agus gur ar an Stát atá an dualgas a chinntiú go gcuirtear iad seo ar fáil.**

**Iarrann an Grúpa Comhairleach go bhforbródh an CNCM, le cabhair ó na comhpháirtithe oideachais agus gan dearmad a dhéanamh ar na cláir atá ann cheana, treoirlínte don churaclam agus treoirlínte do mhúinteoirí don Oideachas faoi Reiligiún agus Creidiúintí agus Eitic, de réir Prionsabal Toledo<sup>84</sup>, RedCo<sup>85</sup>, agus an Cambridge Primary Review<sup>86</sup>.**

Tá an Grúpa Comhairleach buartha, ach go háirithe, faoi na páistí sin nach nglacann páirt i gcláir reiligiúnacha i scoileanna sainchreidmheacha. Is féidir leo gabháil tríd an mbunscolaíocht gan aon Oideachas faoi Reiligiún agus Creidiúintí agus Eitic a fháil. Tá na cláir atá molta san Oideachas faoi Reiligiún agus Creidiúintí agus Eitic thar a bheith tábhachtach i gcás na bpáistí seo,

I gcás páistí eile, áit a ndéanann cláir atá ann cheana soláthar do roinnt Oideachas faoi Reiligiún agus Creidiúintí agus Eitic, is féidir leis na cláir CNCM atá molta bheith forlíontach agus is féidir bheith solúbtha faoin méid de na cláir nua a chuirfear ar fáil laistigh den soláthar atá ann cheana san amchlár.

**Beidh dualgas ar gach Comhlacht Pátrúnachta an soláthar atá déanta aige sa réimse seo a imscrúdú i bhfianaise na gclár Oideachas faoi Reiligiún agus Creidiúintí agus Eitic agus beidh orthu Cigireacht an Stáit a shásamh go bhfuiltear ag déanamh soláthair chuí sa réimse seo. Níl sé i gceist ar chor ar bith na cláir Oideachas faoi Reiligiún agus Creidiúintí agus Eitic a chur in áit an oideachais don fhoirmiú creidiúintí i scoileanna sainchreidmheacha.**

Ní mheasann an Grúpa Comhairleach go bhfuil ról aige chun ordú a thabhairt faoi dháileadh ama ach molann sé go mbeadh comhchomhairle idir na heagrais pátrúnachta, CNCM agus an Roinn Oideachais agus Scileanna faoi shocruithe ama cuí.

---

<sup>84</sup> OSCE/ODIHR, Toledo Guiding Principles on Teaching about Religion and Beliefs in public schools, 2007

<sup>85</sup> European Union, REDCo Project (Religion, Education, Dialogue, Conflict), funded by the European Commission Framework 6 Initiative

<sup>86</sup> Cambridge Primary Review, Towards a New Primary Curriculum, Interim Reports, University of Cambridge, 2009

## **P 10 Déantúsáin Reiligiúnacha, Ceiliúrthaí agus Nithe Eile Neamhtheagasctha**

Tá neart scoileanna uileghabhálach cheana féin ina gceiliúradh ar creidiúintí reiligiúnacha agus cultúir éagsúla.

Le linn na comhchomhairle le daltaí bunscoile, d'aontaigh grúpa páistí go bhfuil 'roinnt daoine brónach toisc nach gceiliúrann siad féilte a mbíonn ag a reiligiún ar scoil.' Theastaigh ó scoláirí níos sine iarbhunscoile go gceiliúradh a scoileanna féilte reiligiúnacha, ar nós Eid agus Hanukkah, chomh maith leis an Nollaig agus an Cháisc.

Iarradh ar na daoine óga cé mar a mhothóidís faoi pháirt a ghlacadh i Dráma Nollag nó dráma eile gan téama reiligiúnach ar bith. Dúirt siad go tréan nár chóir do dhuine ar bith iad féin a choinneáil amach, ní a bheith coinnithe amach, ar bhonn reiligiúnach, ag rá go raibh neart bealaí le páirt a ghlacadh i léiriú stáitse, m.sh. radharcra, soilsiú nó ceol, gan a bheith páirteach go léir san ábhar reiligiúnach.

Bheadh *Guidelines on the Inclusion of Students of Other Faiths in Catholic Secondary Schools*, de chuid JMB-AMCSS infheidhmithe do bhunscoileanna freisin. Áiríonn siad roinnt moltaí cruthaitheacha maidir le bealaí éagsúla inar féidir le hiarbhunscoil Chaitliceach a bheith níos mothálaí do riachtanais spioradálta scoláirí ó shainchreidimh eile agus creidimh eile agus áiríonn siad Féilire d'Fhéilte Reiligiúnacha do Phríomh-Reiligiúin an Domhain. Suimiúil go leor, tuairiscíonn an foilseachán seo gur fearr a oibríonn tionscnaimh idirchreidimh agus idirchultúrtha sna scoileanna áit go bhfuil na scoláirí agus tuismitheoirí Caitliceacha níos tiomanta dá gcleachtadh reiligiúnach féin.<sup>87</sup>

Mhol roinnt daoine óga “go bhféadfadh balla taispeántais a bheith ag gach scoil ar a raibh na creidiúintí ar fad sa scoil léirithe”.

**Molann an Grúpa Comhairleach go bhforbródh boird bhainistíochta polasaí scoile, arna thacú ag treoirlínte ón Roinn, faoi cheiliúrthaí reiligiúnacha agus cultúrtha ina gcuid scoileanna. Is ceart do bhoird a chinntiú go mbíonn ceiliúrthaí cuimsitheach, oideachasúil agus urramach do thraidisiúin éagsúla na bpáistí ina gcuid scoileanna.**

Ba chóir samplaí den deachleachtas a bhailiú agus ba chóir go gcuideodh treoirlínte na Roinne le forbairt pholasaí maith seasta ag boird.

**Molann an Grúpa Comhairleach gur ar an mbord bainistíochta a bheadh an fhreagracht polasaí a fhorbairt faoi thaispeáint oideachasúil na ndéantúsán reiligiúnach agus neamhreiligiúnach agus na saothar ealaíne i scoil. Ní ceart do**

---

<sup>87</sup> JMB-AMCSS, *Guidelines on the Inclusion of Students of Other Faiths in Catholic Secondary Schools*, 2010

**thaispeántais den sórt sin bheith bainteach go heisiach le haon chreideamh nó traidisiún amháin ach is ceart go mbeadh cothromaíocht acu a léireodh creidiúintí na bpáistí atá ag freastal ar na scoileanna. Chun oideachas a chur ar pháistí faoi chreidiúintí an phobail mhóir, is ceart brí reiligiúnach nó cultúrtha dealbh agus déantúsán eile a mhíniú.**

Cé gur dúirt an chuid ba mhó de dhaoine óga gur maith leo paidreacha i rith an lae scoile, mhol cuid de na scoláirí níos sine gur chóir go mbeidís ina bpaidreacha neamhshainchreidmheach, agus mhol daoine eile go mbeadh sé níos fearr dá mbeadh nóiméad ciúin ann d'athmhachnamh, in áit paidir.

**Molann an Grúpa Comhairleach go mba cheart go mbeadh paidreacha comhchoiteanna, machnaimh, iomainn, nó tionóil scoile, más ann dóibh, urramach do chreidiúintí agus do chultúr na bpáistí go léir, agus nach ceart go mbeidís ag teacht salach ar a gcearta bunreachtúla, ar a gcearta dlíthiúla ná ar a gcearta daonna.**

## **Cuimsiú Sóisialta**

Bhí nóta rabhaidh i roinnt aighneachtaí don bhFóram ag cur i gcuimhne don Ghrúpa Comhairleach gur láidreacht de chuid an chórais bunscolaíochta ná gur fhreastal páistí ó na sraitheanna sóisialta ar fad ar scoil lena chéile. Cé nach dócha go bhfuil an scéal amhlaidh a thuilleadh i gceantair uirbeacha, in aon athchumadh ar phátrúnacht bunscoile, tá contúirt ann go mbeadh srathú sóisialta i bhfad níos mó ann.

In oscailt amach shochaí na hÉireann ó na 1960í agus deimhniú na gcearta ag tuismitheoirí atá níos oilte agus muiníneach, tá ilchineálacht níos mó ann sa rogha scoile. Íorónta go maith, chruthaigh sé seo staid, áit a bhfuil rogha níos mó ann, is ea is mó an chontúirt go mbeidh deighilt ann ó thaobh aicme agus reiligiúin. Mhaígh roinnt aighneachtaí don bhFóram go bhfuil an deighilt le feiceáil cheana sna limistéir uirbeacha atá ag leathnú go tapa, áit a mb'fhéidir go bhfuil patrún á bhunú ina bhfreastalaíonn na scoileanna Caitliceacha ar an bpobal dúchais, daoine geala don chuid is mó, ar thaobh amháin, agus scoileanna ilsainchreidmheacha níos nua ag freastal ar phobal na n-imirceach.

Tá an Roinn Oideachais agus Scileanna, leis na comhpháirtithe oideachais, ar an eolas faoi chontúirt an tsrathaithe sóisialta agus deighilte atá ann san ilchineálacht mhéadaithe ar sholáthar scoile. Ina haighneacht don bhFóram, aibhsíonn an Roinn a hionchais go gcinnteoidh pátrúin agus boird bhainistíochta go ndáileann scoileanna áiteanna ar scoláirí a léiríonn comhdhéanamh an phobail áitiúil. Níor chóir go mbeadh ordlathas bunaithe ar roghnaíocht acadúil nó shóisialta mar thoradh ar rogha níos fearr.

Bíodh is go n-aithnítear an deighilteacht shóisialta a bhí ag baint go dlúth leis an iliomad cinneadh phleanáil bhaile in Éirinn, rud atá le feiceáil taobh thiar de bhraisliú na scoileanna DEIS i gceantair áirithe uirbeacha, cuireann an Grúpa Comhairleach fáilte roimh fhógra an Aire i Meitheamh 2011 go mbeidh ar chomhlachtaí, atá ag dréim le bheith ina bpátrúin ar bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna nua, critéir éagsúlachta a shásamh, agus bheith in ann a dtiomantas don chomhionannas sóisialta agus reiligiúnach, agus don soláthar cothromasach ionad do mhic léinn na riachtanas speisialta oideachais, a léiriú.

Cuireann an Grúpa Comhairleach fáilte roimh thogra na Roinne léasanna 24-bliain ar shealúchais scoileanna a thairiscint d'iarratasóirí rathúla ar phátrúnacht na scoileanna nua, fad is a n-urramaíonn an pátrún riachtanais na Roinne maidir le héagsúlacht agus cuimsiú sóisialta . Is í tuiscint an Ghrúpa Chomhairligh go dtairgfear an léas ar scoileanna cónasctha nó dífheistithe ar na téarmaí céanna dá bpátrúin nua. Sa dá chás, is ceart don Roinn monatóireacht a dhéanamh ar thionchar an éagsúlú phátrúnachta ar an méid ionadaíochta a dhéantar ar ghrúpaí mionlaigh i gcatagóirí éagsúla scoileanna.

### **Páistí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu (SEN)**

D'aibhsigh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) in aighneacht chuig an bhFóram go raibh gá le haontú go rollódh scoil(eanna) na bpátrún daltaí le riachtanais speisialta oideachais óna bpobal ar an mbunús go dtugtar acmhainní dos na scoileanna uile faoi réir pholasaí an Aire faoi láthair. Ar an gcaoi chéanna, cuireann Cumann Náisiúnta na mBord Bainistíochta san Oideachas Speisialta (NABMSE) an cheist, *An féidir leis an eagrais phátrúnachta a dhearbhu, inchreidte agus sofheicthe, a thiomantas d'earnáil an oideachais speisialta má tá sé ag iarraidh nó má táthar ag iarraidh air a bheith ina phátrún in earnáil an oideachais speisialta?*

Tá soláthar ar leith ann san Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Acu 2004 don oideachas uileghabhálach do páistí le riachtanais speisialta oideachais.<sup>88</sup>

Nótálann an Grúpa Comhairleach go bhfuil sé i measc na gcritéar atá leagtha síos ag an ROS ina doiciméad dar dáta Meitheamh 2011, faoi phátrúnacht scoileanna nua, go bhfuil riachtanas an-shainiúil ann le tiomantas chun daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu a rollú, agus tacaíonn sé le polasaí na Roinne nach mbeadh cead ag scoileanna coinníollacha maidir le hacmhainní a bheith mar bhonn acu le páiste bhfuil riachtanais speisialta aige/aici a rollú.

---

<sup>88</sup> Rialtas na hÉireann Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Acu, 2004

## **Gearáin agus Achomhairc**

Le gnásanna cearta i bhfeidhm, agus le tacaíocht do bhoird scoile, réiteofar tromlach na ngearán ag an leibhéal áitiúil. Tarraingíonn an Grúpa Comhairleach, i gcomhthéacs na Tuairisce seo, aird ar dhá réimse ina mbeidh gá le soláthar a dhéanamh do ghnásanna ag an leibhéal áitiúil agus córas achomharc neamhspleách don mhionlach de ghearáin nach réiteofar ag an leibhéal áitiúil:

- Gearáin agus achomhairc maidir le polasaí rollaithe scoile nó cur i bhfeidhm an pholasaí rollaithe
- Gearáin agus achomhairc maidir le sárúithe atá líomhnaithe ar chearta daonna, bunreachta nó reachtaíochta a bhaineann le reiligiún

## **Gnásanna Gearán ag an Leibhéal Áitiúil**

Deir tuarascáil bhliantúil an Ombudsman do Leanaí 2010 gur:

Bhain an céatadán is mó de ghearáin a fuair an Oifig in 2010 le hoideachas agus thaispeáin sé mhéadú de 36% ar líon na ngearán den sórt sin a fuarthas le linn na bliana roimhe sin. D'fhéadfadh sé go léiríonn seo, go méid áirithe, an fhíríc nár cuireadh i bhfeidhm na socruithe reachtúla a leagadh síos do thuismitheoirí maidir lena mbuarthaí faoi ghníomhartha scoileanna (faoi alt 28 den Acht Oideachais 1998) agus faoi ghníomhartha múinteoirí (faoi Chuid V den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta 1998) a ardú

agus

Lean an Oifig de ghearáin a fheiceáil a cuireadh ar aghaidh maidir le gníomhartha scoileanna. Ba de bharr nár thug údaráis scoile cúiseanna a bhí mionsaothraithe go leor le haghaidh cinntí a rinneadh go raibh deacracht ann maidir le scrúdú agus imscrúdú gearán dá leithéidí a chur chun cinn go héifeachtúil, agus go deimhin boinn fhéideartha le haghaidh réiteach áitiúil a shainaitheint<sup>89</sup>.

Deir an Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí - Bunbhrainse, in aighneacht chuig an bhFóram, go:

[g]Creideann sé go láidir go gcaithfear plé le gearáin ar an gcéad dul síos ag an leibhéal áitiúil laistigh den scoil, go gcaithfear Alt 28 den Acht Oideachais 1998 a chur i bhfeidhm go práinneach agus gur chóir go bhfaigheadh na boird bhainistíochta uile oiliúint imleor chun plé le gearáin.

---

<sup>89</sup> Ombudsman do Leanaí, Tuarascáil Bhliantúil 2010, 2011



## Gnás Achomharc Neamhspleách

Mar a mholtar in Alt 1.2.1 de Pháipéar Díospóireachta na Roinne Oideachais agus Scileanna ar Chreat Rialála do Rollú Scoile,

Tugann an taithí le blianta beaga anuas le fios go mb'fhéidir go mbeidh gá le rogha ar phróiseas Ailt 29 den Acht Oideachais 1998, chun déileáil le hachomhairc ar chinntí chun rollú a dhiúltú. Laistigh de chreat rialaithe nua de riachtanais, gnásanna agus amlínte forordaithe atá leagtha amach go soiléir, trédhearcacht níos fearr agus meicníochtaí comhlíonta éifeachtúla, lena n-áirítear sa deireadh thiar thall, b'fhéidir, an cumas le rollú a bhaint ó smacht an Bhoird, ba chóir go dtitfeadh líon na gcásanna ina mbeadh gá le hachomhairc. Mar rogha, is féidir soláthar a dhéanamh do mheascán de phróiseas achomhairc áitiúil feabhsaithe chomh maith le próiseas seachtrach achomhairc i gcásanna nuair nach féidir le dalta áit ar bith a fháil.'

Tá sé molta ag an gCoimisiún um Chearta an Duine in Éirinn (2011):

Ba chóir go mbeadh eagrais leathnaithe Ombudsman le sainordú gearáin a mheas maidir le gnásanna díolúine nó nochtadh neamhcheadaithe ar bith do shíolteagasc nó iompúchán. Freisin, moltar go gcuimseodh sainordú na gCigirí Scoile cigireacht ar an gcaoi ina bhfuil ranganna reiligiúin á reáchtáil i scoileanna, le haird ar éifeachtúlacht an ghnáis díolúine atá á chur ar bun ag scoileanna mar thoradh ar mholtaí sa tuairisc seo<sup>90</sup>.

Deir an Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí - Bunbhrainse, in aighneacht chuig an bhFóram, go:

[bh]Fáiltíonn sé go mór roimh an moladh go bhfuil córas idirbheartaíochta agus achomharc atá éifeachtúil, neamh-sháraíochta agus costas-éifeachtúil de dhíth ar thuismitheoirí. Tá suim ag NPC i bhfiosrú conas a bhféadfadh ról leathnaithe don Ombudsman do Leanaí soláthar a dhéanamh dó seo.

Measann an INTO freisin go bhfuil sé tábhachtach go bhfuil rochtain ann ar achomharc seachtrach de shaghas éigin do thuismitheoirí maidir le ceisteanna ar nós rollaithe agus easaontais faoi reiligiún, ós rud é go mbíonn na nithe seo deacair le réiteach ag bord bainistíochta ag an leibhéal áitiúil.

---

<sup>90</sup> An Coimisiún um Chearta an Duine in Éirinn Religion and Education: A Human Rights Perspective, 2011

**Bíodh is go n-adhmaíonn an Grúpa Comhairleach go réiteofar formhór na ngearán ag an leibhéal áitiúil má bhíonn nósanna imeachta cuí ar bun, agus tacaíocht le boird scoileanna, ag an am céanna measann sé go bhfuil gá práinneach ann le córas reachtúil achomhairc a fhorbairt a bheadh éifeachtach, tráthúil, neamhsháraíochta, costas-éifeachtach.**

**D'fhéadfaí ról leathnaithe don Ombudsman do Leanaí a fhiosrú chun sanas cuí idirghabhála agus achomhairc a chur ar fáil do thuismitheoirí.**

**Measann an Grúpa Comhairleach go gcaithfí a chur san áireamh, agus na moltaí seo á gcur i bhfeidhm, forálacha Ailt 28 agus 29 den Acht Oideachais, 1998, ról Oifig an Ombudsman do Leanaí, mar atá sé agus mar a bheidh tar éis a leathnaithe, b'fhéidir, agus forálacha an Achta um Stádas Comhionann, 2000.**

### **Oideachas Múinteoirí**

Tá cúig Choláiste Oiliúna ann d'oideachas bhunmhúinteoirí. Feidhmíonn ceithre cinn de na coláistí faoi pátrúnacht shainchreidmheach. Tá an cúigiú ceann, Coláiste Froebel, á shocrú faoi láthair laistigh d'Ollscoil Éireann, Má Nuad. Cé go bhfuil ar Choláiste Eaglais na hÉireann tús áite a thabhairt d'oidí faoi oiliúint ón gcreideamh Protastúnach, glacann na coláistí ar fad mic léinn ó aon chreideamh nó gan creideamh. Ní chuirtear aon trialacha reiligiúnacha agus déantar iontráil a phróiseáil trí chóras an Lár-Oifig Iontrála, mar atá iontráil do thromlach mór na gcúrsaí ardoideachais. Ag teacht le carachtar na bunscolaíochta atá ag athrú, le déanaí tá leasuithe á dhéanamh ag na coláistí ar a gcúrsaí oideachais reiligiúnaigh. Mar atá le réimsí ábhair eile i gcuraclam na bunscoile, áiríonn an cúrsa B.Ed. cúrsa modheolaíochta ar oideachas reiligiúnach. Go traidisiúnta, bhí an cúrsa seo dírithe don chuid ba mhó ar theagasc i scoileanna sainchreidmheacha ach, sa lá atá inniu ann, tá an cúrsa seo ag féachaint leis na mic léinn a ullmhú chun oideachas reiligiúnach a theagasc i réimse de shuíomhanna scoile. Lasmuigh den chúrsa B.Ed. tairgíonn na coláistí Teastas i Staidéir Reiligiúnacha freisin mar chúrsa roghnach. Cé nach bhfuil sé éigeantach, tógann tromlach mór na mac léinn clár an Teastais toisc gur nós é an Teastas a bheith riachtanach do cheapachán i scoil shainchreidmheach.

Chomh maith leis na cúig Choláiste Oiliúna sean-bhunaithe, institiúid tríú leibhéal ar líne is ea Hibernia College a chuireann clár oideachasúla gréasán-bhunaithe ar fáil. I measc na glár a chuireann sé ar fáil tá cúrsa dioplóma iarchéime a mhaireann ar feadh ocht mí dhéag do bhunmhúinteoirí ionchasacha. Cuireann Hibernia College clár modheolaíochta reiligiúnaí ar fáil dá mhic léinn. Tá cainteanna ar siúl aige le Ag Foghlaim Le Chéile agus gníomhaireachtaí cuí eile de réir mar a dhéanann an Coláiste athstruchtúrú ar an glár lena chinntiú go n-ullmhaítear na múinteoirí faoi oiliúint chun reiligiún a theagasc i gcineálacha éagsúla bunscoile.

Le blianta beaga anuas, tá cur chuigí nua á bhforbairt ag na Coláistí Oiliúna do mhodheolaíocht an oideachais reiligiúnaigh. In dhá choláiste tá rogha cúrsa don chlár

modheolaíochta reiligiúnaí curtha ar fáil cheana féin le béim ar eitic, oideachas morálta agus oideachas faoi chórais creidiúintí. Tá sé dírithe ar mhic léinn a d'fhéadfadh cur i gcoinne coinsiasach a bheith acu ar an ngnáthchúrsa um mhodheolaíocht reiligiúnach. Le cúnadh ón Roinn Oideachais agus Scileanna, tá na coláistí ag comhoibriú le foireann Ag Foghlaim Le Chéile chun cúrsa roghnach a sholáthar a dhíríonn ar chur chuige Ag Foghlaim Le Chéile i leith an oideachais reiligiúnaigh. Chomh maith leis seo, tá coláiste oiliúna amháin ag cur modheolaíocht na bPobalscoileanna Náisiúnta maidir le hoideachas reiligiúnach san áireamh.

Óna gcainteanna le cinnirí na gcoláiste oiliúna éagsúla (CHOICE), bhí an Grúpa Comhairleach den tuairim go raibh gach coláiste san airdeall maidir leis an ngá le mic léinn a ullmhú chun teagasc i réimse de shuíomhanna scoile, cibé sainchreidmheach nó eile. Faoi láthair tá na cúrsaí ar fad d'oideachas tosaigh múinteoirí á n-athstruchtúru i gcomhthéacs an fhaid bhreise ar chúrsaí agus riachtanais nua na Comhairle Múinteoireachta. Is tráthúil an t-am é le cur chuige déach a chur san áireamh don chlár um mhodheolaíocht oideachais reiligiúnaigh.

Sa chomhthéacs seo, aontaíonn an Grúpa le conclúid Honohan agus Rougier ina staidéar ar ilchineálacht chultúrtha i scoileanna na hÉireann nuair a deir siad, “Cibé cruth a bheidh ar oideachas na hÉireann amach anseo, ní mór do mhúinteoirí a bheith oile chun plé le hilchineálacht reiligiúnach agus chultúrtha laistigh de scoileanna. Tá gá soiléir le níos mó oiliúna éigeantaí do mhúinteoirí sa réimse seo”.<sup>91</sup>

**Molann an Grúpa Comhairleach go mbeadh cúrsa, dírithe ar eitic, ar mhoráltacht agus ar reiligiúin domhanda, éigeantach do na mic léinn uile chun iad a ullmhú do thabhairt isteach na glár Oideachas faoi Reiligiún agus Creidiúintí agus Eitic atá molta, chomh maith le clár leathan-bhunaithe modheolaíochta reiligiúnaí a chur ar fáil. Ní éileofaí ar mhic léinn a bheadh ag diúltú go coinsiasach an cúrsa modheolaíochta reiligiúnaí a ghlacadh. Ach ba cheart go mbeadh an dá chúrsa ar fáil do gach mac léinn atá ag iarraidh iad a ghlacadh, chun iad a ullmhú don raon éagsúil tosca scoile inar féidir go mbeidh siad. Is ceart go mbeadh saoirse acadúil ag an bhfoireann sna coláistí chun an saineolas is fearr acu a úsáid chun na cláir seo a chumadh.**

## **Fostú Múinteoirí**

I gcomhthéacs an chúlaithe eacnamaíochta tá cur chuige níos déine ann maidir le hathdháileadh múinteoirí. Tá córais painéil i bhfeidhm do thromlach na n-eagras pátrúnachta, ach níl painéal ar leith ann don bhForás Pátrúnachta. I gcás an Fhorais, pléitear riachtanas an chumais teanga chun Gaeilge a mhúineadh i scoileanna Gaeilge go sonrach i gCuid V.

---

<sup>91</sup> Iseult Honohan and Nathalie Rougier, Accept Pluralism: Discourses and Practices Addressing Cultural Difference in Irish Schools, (Eorpach University Institute, 2011), lc.50

Tá cearta conartha ag múinteoirí i scoileanna lena gceaptar iad fhad is bhíonn siad seo inmharthana fós. Ó suirbhéanna, ar nós cheann IPPN, is léir go bhfuil buarthaí ag roinnt múinteoirí atá nasctha le haistriú pátrúnachta. Ar an taobh eile den scéal, tuairiscítear gur féidir le múinteoirí a bhfuil a gcreidiúintí sainchreidmheacha cailte acu mothú sáraithe agus bréagchráifeach agus iad ag teagasc oideachais reiligiúnaigh agus foirmiú creidiúintí dá ranganna. Ba é ceardchumann na múinteoirí, INTO, an chéad ghrúpa le glaoch a dhéanamh do bhunú an fhórait ar phátrúnacht scoile agus oideachas reiligiúnach i 2002.

Tá an cheist ardaithe, le tromlach ollmhór na mbunscoileanna sannaithe faoi láthair mar scoileanna sainchreidmheacha, go mb'fhéidir go mbeidh ar múinteoirí faoi oiliúint neamh-dhiagach gabháil do chleachtais bréagadóireachta má tá siad le ceapachán teagaisc a bhaint amach. Tá staid mar sin míshásúil do chách agus ní mór aghaidh a thabhairt orthu. Cé nach bhfuil sé go sainiúil i dtéarmaí tagartha an Fhórait, ní mór díolúine scoileanna ó fhorálacha an Achta um Chomhionannas Fostaíochta, Alt 37 (i) a bheith mar thosca i bplé ar bith faoi fhostaíocht múinteoirí. B'fhéidir go n-éascóidh ilchineálacht níos mó de chineálacha pátrúnachta scoile cuid de na brúanna seo agus tá sé chun leasa an fhórsa múinteoireachta anois agus amach anseo.

Thug INTO agus IPPN le fios ag na Seisiúin Oibre Oscailte de chuid an Fhórait go bhfuil siad eolach go maith ar na nithe atá i gceist. Is cosúil go dtabharfaidís tacaíocht do dhíospóireachtaí réasúnta i dtreo ilchineálacht an tsoláthair a mhéadú.

**Molann an Grúpa Comhairleach go mbeadh an deastuiscint, an stuamacht agus an tsolúbthacht mar chuid de na pléanna leis na múinteoirí ag an leibhéal áitiúil, agus is ceart gach dícheall a dhéanamh chun freastal ar a gcuid cúram proifisiúnta. Ba cheart go mbeadh sé indéanta, leis an dea-thoil agus leis an gcomhoibriú, agus le húsáid sholúbtha an phróiseas ath-implonaithe, teacht ar shocrúithe sásúla.**

## **Iompar Scoile**

Beidh torthaí na socrúithe um aistriú pátrúnachta a théann i gcion ar iompar scoile ag brath ar chúinsí áitiúla ar leith. Ba chóir go mbeadh cuspóir ann socrú do dhaltaí freastal ar scoileanna chomh cóngarach dá mbaile agus dá bpobail agus is féidir. Tá athmhachnamh déanta ar pholasaí um iompar scoile, chun luach níos fearr ar airgead a fháil.

**Molann an Grúpa Comhairleach gur ceart go mbeadh socrúithe solúbthachta agus éascaíochta le fáil i gcónaí chun cabhrú, áit is gá, i gcúinsí aistriú pátrúnachta, go háirithe nuair a bhaineann sé le páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, le páistí gur de chreidimh mhionlaigh iad agus le páistí atá ag freastal ar Ghaelscoileanna. Admhaíonn an Grúpa Comhairleach go**

**laghdódh sé an gá le hiompar scoile do pháistí atá ag rochtain ar scoileanna eile, dá gcuirfeadh Scoil Saorsheasaimh cosaint ar fáil do chearta daonna daltaí trí phrótacal éagsúlachta na Roinne a ghlacadh chuici féin.**

## **Straitéis Faisnéise agus Cumarsáide**

Ag seisiúin phoiblí an Fhórait, leag neart de na rannpháirtithe an bhéim ar an ngá le heolas soiléir, oibiachtúil agus cruinn a bheith scaipthe ag an Roinn ag céimeanna uile na bpróiseas i dtreo dífheistiú agus aistriú na pátrúnachta, ach go háirithe maidir le:

- ról agus freagrachtaí phátrún bunscoile
- an bhrí atá le ‘héiteas’ nó ‘sainspiorad’ scoile
- an t-éiteas scoile a chothaíonn gach pátrún
- fáil ar oideachas reiligiúnach sainchreidmheach agus ullmhúchán sacraiminte laistigh nó lasmuigh d’uaireanta scoile
- réimse na roghanna pátrún ar fáil nuair atá aistriú pátrúnachta á mheas
- conas a mheasfar rogha pátrún
- na riachtanais agus na critéirí ar a mbunóidh an tAire cinneadh ar bith maidir le haistriú pátrúnachta
- an amlíne d’aistriú pátrúnachta
- polasaithe rollaithe na mbunscoileanna uile i scoilcheantar

Chun soiléir agus cruinneas a chinntiú, ba chóir don Roinn an t-eolas ar fad atá riachtanach a scaipeadh, i ndiaidh cainteanna leis na Comhpháirtithe, mar a fhoráiltear dó i gCuid IV den Tuairisc seo; níor chóir páirtithe eile, ach go háirithe iad siúd le leasanna dílsithe, a spreagadh chun eolas a scaipeadh ar thuismitheoirí agus baill eile den phobal.

**Molann an Grúpa Comhairleach go nglacfaidh an Roinn chuici féin Straitéis Faisnéise agus Cumarsáide a mbeadh sé mar aidhm aici an éagsúlacht a chur chun cinn, ag baint úsáid di as raon éagsúil meán traidisiúnta agus leictreonach. Bíodh is gur ceart don Roinn an riachtanas a aithint le heolas a dhéanamh inrochtana do raon leathan thuismitheoirí, is ceart di freisin dul i muinín an TFC tuilleadh agus tuilleadh chun eolas a chur ar fáil i dtaobh an rogha scoileanna atá ann agus chun eolas a fháil ó thuismitheoirí.**



## VIII

### **Acmhainní – An Féidir Aistriú Pátrúnachta a Chur i bhFeidhm ar Bhealach atá Neodrach ó thaobh Costais de?**

---

Ina théarmaí tagartha don Ghrúpa Comhairleach, dúirt an tAire Quinn, TD, gur chóir go mbeadh an socrú ag éirí as an obair an Fhóraitm “neodrach ó thaobh costais de”. Cé go gcuireann an cúlú reatha teorainneacha an-dian ar acmhainní breise a bheith ar fáil chun breis ilchineálachta agus iolrachais a bhaint amach i mbunscolaíocht na hÉireann, i bhfianaise thábhacht an chuspóra seo agus na próisis casta atá i gceist chun é a bhaint amach, níl sé réalaíoch a cheapadh go bhféadfaí é a bhaint amach gan costas don státchiste.

Dá mbainfí ilchineálacht pátrúnachta amach ag baint úsáide as an stoc scoile atá ann cheana i limistéir ina bhfuil daonra cobhsaí (i gcomhair le clár soláthair scoileanna nua i limistéir ina bhfuil daonra ag fás) ba mhór an bhuntáiste don Stát í. Mar rogha ar na costais caipitil a bheadh i gceist le scoileanna nua breise a thógáil mar fhreagra ar chearta oideachasúla na saoránach i sochaí Éireannach na linne seo, is cosúil go bhféadfaí roinnt caiteachais ar phróiseas an aistriú pátrúnachta a chosaint gan dua. Mar sin féin, i bhfianaise na ndúshlán airgeadais atá os comhair an Stáit faoi láthair, beidh gá le maoiniú ar bith a íoslaghdú. Ghlac toscaireachtaí éagsúla ag Seisiúin Oibre oscailte an Fhóraitm leis go mbeadh acmhainní airgeadais teoranta, ach measadh go mbeadh easpa iomlán ar sholáthar acmhainní breise míréalaíoch.

Phléigh an Grúpa Comhairleach an cheist seo le hoifigigh na Roinne Oideachais agus Scileanna a ghlac leis go bhféadfaí dul chun cinn a dhéanamh ar chostas an-teoranta, faoi réir bheartú tosaíochta d’acmhainní laistigh de bhuiséad foriomlán an oideachais agus leibhéil foirne agus beartais coigiltis a ghlacadh chun cur i gcoinne na gcostas seo. Cé gur chinn an Grúpa gan suirbhéanna móra margaíochta nó pobalbhreitheanna a dhéanamh, beidh costais ann mar thoradh ar an obair suirbhé aitheanta ag an nGrúpa. Beidh costais breise ann in eagrú chur i bhfeidhm Chéim a hAon.

Maidir le cúiteamh d’eagrais pátrúnachta as úsáid a maoinne i ndiaidh dífheistithe nó pátrúnacht a aistriú don Stát nó eagrais pátrúnachta eile, tá sé ráite cheana ag an nGrúpa nach dóigh leis gur chóir go dtarlódh seo.

Beidh roinnt costais breise ann má tá an Roinn Oideachais agus Scileanna le hordú a thabhairt don CNCM clár ORC agus clár Eitice a fhorbairt do bhunscoileanna. Chomh maith leis na costais forbartha a bheidh ag an CNCM, beidh costais tosaithe d’fhorbairt ghairmiúil leantach do bhunmhúinteoirí.

Ní raibh sé de ról ag an nGrúpa Comhairleach meastóireacht shonrach a dheanamh ar chostais ag éirí as a chuid moltaí. Mar sin féin, measann sé go bhfuil sé inmhianta tuairim a thabhairt ar na costais dos na hathruithe a shamhlaítear. Agus comhchomhairle déanta le hoifigigh sa Roinn, meastar go bhféadfadh na costais a bheith faoi bhun €1m sa chéad bhliain, le caiteachas leantach níos lú i mblianta amach anseo. Bheadh obair CNCM agus na Seirbhíse Forbartha Gairmiúla do Mhúinteoirí (PDST) scaipthe thar roinnt blianta. Bheadh gá le breis foirne i Rannóg Pleanála Ar Aghaidh na Roinne, CNCM agus PDST chun na riachtanais a luaitear a shásamh.

Bheadh ar mhaoiniú riaracháin a chur in ord tosaíochta chun cuidiú leis na próisis i gCéim a hAon den togra. Agus comhchomhairle déanta leis an Roinn measadh suim €500,000 mar chostas don chúis seo i mbliain 1 agus €250,000 do gach ceann de na blianta dar gcionn. Maidir leis an bhfoireann breise de dhíth ar an Rannóg Pleanála Ar Aghaidh, níor chóir go mbeadh aon chostas breise don Roinn má athdháiltear foireann atá ann don Rannóg don obair seo. Tá gá le maoiniú don CNCM chun an Clár ORC agus an Clár Eitice a ullmhú. Thug ár bhfiosruithe le fios don Ghrúpa Comhairleach go mbeadh Oifigeach Oideachais agus tacaí ábhartha de dhíth thar tréimhse dhá bhliain ar chostas iomlán €200,000. Meastar go gcosnóidh an clár um fhorbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí €400,000 in aghaidh na bliana.

Ba chóir go gcuirfí an maoiniú do mhion-uasghrádú nuair atá aistriú pátrúnachta nó cónascthaí ann ar fáil ón mbuiséad caipitil atá ann cheana. Ach beidh maoiniú fíor-teoranta ar fáil dó seo i bhfianaise an riachtanais leis an gcaipiteal oideachais uile a dhíriú ar riachtanais déimeagrafacha a shásamh. Ina theannta sin, ba chóir dreasachtaí chun scoileanna a chónascadh a choinneáil, faoi réir an chleachtais reatha.

Measann an Grúpa Comhairleach go gcaithfear deathoil agus cúram don leas coiteann a bheith le sonrú go mór má tá próiseas an aistriú pátrúnachta le baint amach ar an gcostas is ísle. Bíodh sin mar atá, do phobal na hÉireann, tá na nithe oideachasúla atá i gceist sa phróiseas seo chomh tábhachtach sin, mar a d'aithin an Rialtas ina *Rialtas do Shlánú Náisiúnta 2011 – 2016*, Márta 2011, gur chóir go dtabharfaí tús áite dóibh agus go mbeadh gníomhaíocht phráinneach ann ina leith.



## IX

### Liosta Moltaí

---

#### III. Pleanáil i gcomhair Socruithe Pátrúnachta Amach Anseo

##### **Pobalscoileanna Náisiúnta**

Molann an Grúpa Comhairleach go leanfaí leis an scéim phíolótach agus go mba mhaith an chomhairle é boird bhainistíochta a bhunú laistigh de na scoileanna seo, rud atá ina riachtanas faoin Acht Oideachais, 1998.

##### **Socruithe do Scoileanna Comhchampais**

Molann an Grúpa Comhairleach go ndéanfaí machnamh gníomhach ar an gcoincheap seo (comhchampas) nuair atáthar ag déanamh cinntí faoi phátrúnacht scoileanna.

#### IV. Pátrúnacht Scoileanna a Dhífheistiú

##### **Spríoc 2 Pátrúnacht a Dhífheistiú ó na Pátrúin Atá Ann Cheana i gCeantair a bhfuil Daonra Cobhsaí iontu**

##### **Céim a hAon**

I gcásanna ina bhfuil an Roinn tar éis gá féideartha le hathrú pátrúnachta a shainaithint, molann an Grúpa Comhairleach go nglacfaí cur chuige a bheadh bunaithe ar an scoilcheantar nó ar an dúiche. Ní bheadh sé críonna díriú ar scoil nó pobal ar leith gan machnamh leathan ar an soláthar foriomlán scoileanna sa cheantar agus ráiteas soiléir faoin gcaoi a rachaidh an t-athrú atá faoi chaibidil chun sochair don phobal ar fad. Tá sé práinneach go ndéanfaí gníomh maidir le dífheistiú. Ach ní den dea-chomhairle é cur chuige “big bang” ná réabhlóideach a ghlacadh. Sa chomhthéacs seo, is ceart go gcuirfí athrú pátrúnachta i gcrích i mbealach céimnithe diaidh ar ndiaidh.

##### **Staid A Fianaise á Bailiú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna**

##### **A 1 Na Daichead a Seacht Scoilcheantar**

Molann an Grúpa Comhairleach, maidir le Céim a hAon, go ngabhaí obair ar láimh i 43 baile agus 4 cheantar i mBaile Átha Cliath. I gceist anseo beidh 18 ndeoise agus imscrúdú ar tuairim is 250 scoil, gur cosúil go ndífheisteofar

tuairim is 50 díobh.

## **A 2 Clár Chéadrogha do Thuismitheoirí Páistí Réamhscoile**

Molann an Grúpa Comhairleach go mbunófaí clár de thuismitheoirí páistí réamhscoile a chuirfeadh in iúl cén cineál pátrúnachta scoile ba chéadrogha leo.

## **A 3 Céadroghanna Tuismitheoirí Páistí Atá ar Scoil a Thomhas**

Molann an Grúpa Comhairleach go mbeadh an Roinn, arna tacú le saineolas speisialaithe, freagrach as an gceistneoir a chur le chéile agus a riar, agus as na sonraí a bhaileofar ón gceistneoir a anailísiú. Theastódh, dá bharr seo, go leithdháilfí foireann ó laistigh den ROS chun cabhrú leis an Rannóg Pleanála Chun Cinn leis an dtionscnamh seo. Dá mheasfaí go mbeadh sé níos costas-éifeachtaí, d'fhéadfaí é a sheachfhoinsiú go dtí grúpa speisialaithe, ar nós an Fhorais Taighde ar Oideachas.

Is ceart don Roinn tuairisc a chur le chéile faoi chéadroghanna tuismitheoirí i gcomhair gach uile cheann de na 47 scoilcheantar as an gclár céadroghanna do thuismitheoirí páistí réamhscoile agus as an suirbhé ceistneora de thuismitheoirí páistí atá ar scoil.

Molann an Grúpa Comhairleach go n-iarrfaí ar an bPríomh-Oifig Staidrimh bealach cuí a mhachnamh le ceist a chur isteach faoi chéadrogha maidir le cineál scoile, a bheadh mar fhorlíonadh ar an gclár do thuismitheoirí páistí réamhscoile. D'fhéadfaí é seo a dhéanamh, b'fhéidir, tríd an daonáireamh nó trí shuirbhé ráithiúil náisiúnta teaghlaigh.

## **A 4 An tÉileamh ar Éagsúlacht faoi Láthair**

Áit a bhfuil fianaise an-suntasach ann cheana ar éileamh ar chineál nua scoile, is ceart don Roinn, i gcomhairle le pátrúin bhunaithe, tosaíocht a thabhairt dó seo i dtreo is go bhféadfar foirgneamh a chur ar fáil as an stoc scoileanna atá ann cheana. Molann an Grúpa Comhairleach nach bhfanfaí le Céim a hAon le cinneadh den sórt sin a dhéanamh, agus nach mbeadh sé ina chuid de phróiseas Chéim a hAon, ach go ndéanfaí beart ina leith a luaithe is féidir.

## **A 5 Clár Pátrún**

Molann an Grúpa Comhairleach go mbeadh ar phátrúin ionchasacha, gur mian leo bheith san áireamh ar an gclár, a léiriú go gcomhlíonann siad na critéir oiriúnachta, de réir mar atá leagtha amach ag an ROS. Is ceart dóibh freisin sainspiorad scoileanna faoina bpátrúnacht a shainmhíniú.

Is ceart feidhmiú éitis na scoile a athbhreithniú go tráthrialta le linn féinmheastóireachta na scoile, agus is ceart machnamh ar thuairimí a bhailiú agus ar thuairisciú, le linn cigireachtaí scoileanna, ar shástacht tuismitheoirí agus daltaí le feidhmiú éitis ráite na scoile.

### **Staid B Roghanna á Soláthar ag na Pátrúin**

Molann an Grúpa Comhairleach go gcuirfeadh pátrúin raon roghanna do dhífheistiú ar fáil don Roinn Oideachais agus Scileanna, tar éis dóibh dul i gcomhairle le pobail scoileanna.

Molann an Grúpa Comhairleach go gcuirfí ar fáil i gcónaí do scoileanna atá gafa le cónascthaí an tacaíocht bhreise a thagann le cónascthaí dá leithéid chun cabhrú leis an bpróiseas trasdula.

Molann an Grúpa Comhairleach gur don Stát a aistreofaí foirgneamh scoile agus go gcinnfeadh an Stát ar an malairt pátrúnachta. Nótáiltear gur giorra go mór an próiseas é sealúchas a aistriú go dtí an Stát trí chomhaontuithe léasa ná úinéireacht shealúchais a dhífheistiú, rud gur féidir leis tamall fada a thógáil. Tá socrúithe léasa sásúil go maith ag an Stát chun éascú le hathrú pátrúnachta.

Tá sé práinneach dul chun cinn a dhéanamh ar cheist an aistrithe. Molann an Grúpa Comhairleach go n-éileofaí ar gach pátrún Caitliceach tuairisc a chur faoi bhráid maidir leis an mbraisle scoileanna faoina údarás féin laistigh de shé mhí ó phointe comhaontaithe tosaigh. D'fhéadfadh obair ullmhúcháin a bheith ar siúl le linn Chéime A chomh maith os rud é go bhfuil na 47 scoilcheantar sainaitheanta cheana ó 2010.

### **Staid C Measúnacht á Déanamh ag an Roinn agus Cinneadh an Aire**

Dhéanfadh an Roinn Oideachais agus Scileanna na roghanna a mheasúnú a bheadh faighte ó na 18 ndeoise maidir leis na 47 scoilcheantar. I bhfianaise na gcéadroghanna a bheadh taifeadta, thabharfadh an Roinn a breith ar an bpátrún ab oiriúnaí don scoil dhífheistithe, nó is féidir go gcinnfeadh sí ar scoil a bhunú í féin. Chuirfeadh an Roinn tuairisc agus moltaí faoi bhráid lena mbreithniú ag an Aire.

### **Grúpa Comhairleach um Dhífheistiú**

Measann an Grúpa Comhairleach ag an bhFóram go bhfuil gá ann le grúpa neamhspleách chun cabhair agus bailíochtú a thabhairt don phróiseas dhífheistiú pátrúnachta. Is féidir go mba é rud a bheadh i gceist anseo ná bunú an Ghrúpa Chomhairligh um Dhífheistiú nó athmhúnlú an Ghrúpa um Bunú Scoileanna Nua, chun é a cur ar fáil do Chéim a hAon den phróiseas dhífheistiú pátrúnachta. Pé acu rogha a dhéantar, ní ceart go mbeadh an grúpa

seo gafa le caibidlíocht faoin dífheistiú ach ról comhairleach amháin a imirt ag Staid B.

### **I dTreo Céimeanna Eile Amach Anseo**

Is ceart go rachadh Céim a Dó ar aghaidh a luaithe is a bheidh dul chun cinn téagartha bainte amach maidir le Céim a hAon, agus a bheidh tuairisc ar Chéim a hAon curtha le chéile ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, agus a bheifear tar éis comhairle a ghlacadh leis na páirtithe leasmhara eile.

Ag Céim a Dó, agus ag céimeanna eile, moltar go gcuirfí san áireamh meascán de cheantair eile, ceantair uirbeacha agus ceantair tuaithe, agus d'fhéadfaí moltaí a lorg ó na Pátrúin ina leith seo. Measann an Grúpa Comhairleach go mbeidh sraitheog céimeanna ag teastáil má táthar chun tuilleadh éagsúlachta a chur ar fáil ar fud na tíre.

## **V. Bunscoileanna Gaeilge**

- Nótálann an Grúpa Comhairleach go bhfuil scoileanna a theagascann trí mheán na Gaeilge san áireamh i sainchúram na socrúithe nua do phátrúnacht scoileanna a d'fhógair an tAire i Meitheamh 2011, agus fáiltíonn sé roimhe sin.
- Molann an Grúpa Comhairleach go mbeadh an t-éileamh ó thuismitheoirí ar scoileanna Gaeilge ina chuid den anailís ar na 47 ceantar, a moltar i Rannán IV den Tuarascáil seo.
- Is ceart go gcuirfí eolas cruinn faoi scolaíocht trí mheán na Gaeilge ar fáil do na thuismitheoirí uile a bhfuiltear ag iarraidh a gcéadroghanna scoile a fháil amach, mar atá leagtha amach i Rannán IV .
- Aibhsíodh ag an bhFóram go dtosaíonn a lán Gaelscoileanna le bonn beag thuismitheoirí, ach go mbíonn rath orthu ina dhiaidh sin. Molann an Grúpa Comhairleach go ndéanfaidh an ROS anailís ar phatrún an eispéiris sin, mar threoir le measúnacht a dhéanamh ar na hiarratais uile ar scoileanna dá leithéid amach anseo.
- Mar gheall ar thiomantais speisialta an Stáit maidir leis an nGaeilge, molann an Grúpa Comhairleach go gcoimeádfáil an rialachán reatha faoi sholúbthacht socrúithe iompair do thuismitheoirí atá ag iarraidh rochtain ar Ghaelscoileanna, agus go gcuirfí leis áit a meastar gur cuí sin.
- Is ceart don ROS agus do na comhpháirtithe oideachais an fhéidearthacht a fhiosrú go mbeadh catagóir speisialta ar phainéal ath-implonaithe na múinteoirí chun éascú le Gaelscoileanna foireann a earcú atá inniúil go cuí sa Ghaeilge.

- Molann an Grúpa Comhairleach go ndéanfaí coincheap an aonáin “Satailít” do scoil atá ag teacht chun cinn, faoi choimirce Gaelscoile seanbhunaithe, a phiólótú.

## **VI. An Scoil Saorsheasaimh**

### **Creatlach Thograithe do Phrótacal do Scoil Uileghabhálach**

Molann an Grúpa Comhairleach gur ceart don Roinn, tar éis di an chreatlach thograithe seo a bhreithniú, prótacal a eisiúint a thabharfaidh soiléireacht do scoileanna faoina freagracht as cearta páistí atá rollaithe sa scoil a chosaint, maidir le hoideachas religiúnach sainchreidimh agus le cleachtadh reiligiúnach. Is ceart go mbeadh eiseamláirí den dea-chleachtas i dteannta leis an bprótacal.

Molann an Grúpa Comhairleach go gcuirfeadh gach aon scoil an prótacal i ngníomh. Is ceart go bpléifí feidhmithe praiticiúla den phrótacal, go gcomhaontófaí iad agus go ndéanfaí iad a dhoiciméadú i ngach plean de chuid na scoile. Is den tábhacht é go measúnódh scoileanna a gcuid eispéireas i gcónaí agus go bhfanfaidís solúbtha i dtreo is go mbeidh siad in ann freagairt ar riachtanais a bheidh ag athrú amach anseo.

#### **P 1 Comhdhéanamh Bord Bainistíochta**

Molann an Grúpa Comhairleach go léireodh ballraíocht an bhoird éagsúlacht an phobail áitiúil, áit is féidir. D’fhéadfaí é seo a bhaint amach le ceapacháin ag an bpátrún, le toghadh ag tuismitheoirí nó le roghnú ionadaithe de chuid an phobail mhóir. Sa chomhthéacs seo, is den tábhacht é na critéir seo a leanas a chur sa chuntas:

- scileanna a bheith ag duine a chomhlánaíonn riachtanais scileanna an Bhoird
- suim san oideachas agus i gcur chun cinn an oideachais
- feasacht ar an ngá le cothromaíocht inscne a bheith ar an mBord
- tacú le héiteas uileghabhála a bheith sa scoil

#### **P 2 Measúnú Scoile Uile don Scoil Uileghabhálach**

Molann an Grúpa Comhairleach go gcuimseodh an Measúnú Scoile Uile an cleachtas maidir le héagsúlacht agus go gcuirfeadh sé roinnt ceisteanna maidir le héagsúlacht ar an gceistneoir do thuismitheoirí agus páistí.

### **P 3 Féinmheasúnacht don Scoil Uileghabhálach**

Molann an Grúpa Comhairleach go n-áireofaí ar ‘sraith nua’ ionstraimí féinmheasúnachta na Roinne an fhéinmheasúnacht maidir le riachtanais agus cleachtais éagsúlachta agus go n-áireodh sé ceisteanna faoin dtopaic seo do thuismitheoirí agus páistí.

### **P 4 Éiteas nó Sainspiorad na Scoile**

Molann an Grúpa Comhairleach go n-eiseodh an ROS treoirlínte/eiseamláirí faoin dea-chleachtas chun cabhrú le scoileanna an t-éiteas acu a mheasúnú, iad bunaithe ar eispéireas na Cigireachta agus ag tógáil leideanna as tionscnaimh de chuid Chomhpháirtíocht na Scoileanna Caitliceacha, Ag Foghlaim le Chéile agus grúpaí eile.

### **P 5 Rollú i Scoil Saorsheasaimh**

Tacaíonn an Grúpa Comhairleach le tuairim an Aire go bhfuil polasaithe cothromasacha rollaithe riachtanach chun cothroime agus éagsúlacht a bhaint amach. I gcás cuid de na scoileanna saorsheasaimh, ach go háirithe, nótáil an Grúpa go bhféadfadh an maolú san Acht um Stádas Comhionann, 2000, Alt 7(3)(c) bac a chur ar dhualgas na Roinne Oideachais agus Scileanna oideachas a sholáthar do gach páiste. I bhfianaise na taithí atá faighte againn, b’fhéidir go mba cheart machnamh arís ar leasú a dhéanamh ar an maolú seo.

### **P 6 Pátrúnacht**

Molann an Grúpa Comhairleach, sa chás go bhfuil pobal scoile saorsheasaimh tar éis fianaise a bhailiú a léiríonn go bhfuil athrú pátrúnachta dlite, gur ceart go mbeadh próiseas ciúin machnamhach ann ina dhiaidh sin.

### **P 7 Oideachas Sainchreidmheach Reiligiúnach/Foirmiú Creidiúintí a Dhiúltú**

#### **7.1 An Bunreacht, Reachtaíocht agus Rialacha do Scoileanna Náisiúnta**

Molann an Grúpa Comhairleach go leasófaí an tAcht Oideachais, Alt 15 chun alt nua a chur isteach tar éis 15(2)(b), faoina mbeadh an Bord cuntasach do na tuismitheoirí i gcoitinne, as spiorad saineúil na scoile a chosaint, agus, freisin, as cearta bunreachtúla tuismitheoirí agus páistí maidir le hoideachas sainchreidmheach reiligiúnach/foirmiú creidiúintí a chosaint.

Molann an Grúpa Comhairleach go ndéanfaidh an tAire Oideachais agus Scileanna na Rialacha do Scoileanna Náisiúnta a athbhreithniú agus a nuashonrú.

Molann an Grúpa Comhairleach go scriosfaí Riail 68 a luaithe is féidir, mar chéad chéim, agus de réir na tuairime ginearálta a léiríodh ag an bhFóram.

Chun cearta bunreachtúla agus dlíthiúla páistí agus tuismitheoirí a shoiléiriú agus chun athruithe ar na Rialacha do Scoileanna Náisiúnta a léiriú, molann an Grúpa Comhairleach go gcuirfeadh an tAire Oideachais agus Scileanna ar a súile do scoileanna riachtanais cearta daonna an dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

## **7.2 Na Treoirínte don Churaclam**

Molann an Grúpa Comhairleach go leasófaí Curaclam na Bunscoile chun a chinntiú go ndéanfar soláthar d'oideachas sainchreidmheach reiligiúnach/foirmiú creidiúintí a mhúineadh mar ábhar scoite, bíodh is go bhfanfaidh an curaclam i gcoitinne comhtháite.

## **7.4 Roghanna Praiticiúla agus Roghanna Amchláir - Moltaí**

Molann an Grúpa Comhairleach go bhforbródh boird bhainistíochta atá, nó a bheidh, b'fhéidir, ag freastal ar pháistí as cúlraí éagsúla sa scoil acu, polasaí scoile de réir Phrótacal Éagsúlachta na Roinne agus i gcomhairle le tuismitheoirí, faoi na bearta a chuirfidh an scoil ar bun chun a gcuid oibleagáidí i leith páistí agus tuismitheoirí a chomhlíonadh. Is ceart tuairimí agus moltaí na bpáistí a chur san áireamh freisin.

## **VII. Nithe atá mar Bhun leis an Éagsúlacht sna Scoileanna Uile**

### **P 8 Oideachas Sainchreidmheach Reiligiúnach**

Molann an Grúpa Comhairleach nach gcuirfeadh ullmhú do na sacraimintí, ná oideachas do dheasghnátha reiligiúnacha córas creidiúintí eile, isteach ar an am atá leithdháilte don churaclam ginearálta agus molann sé pléanna leanúnacha le tuismitheoirí agus leis an gcléir maidir le ról an pharóiste san ullmhú do na sacraimintí.

### **P 9 Oideachas faoi Reiligiún agus Creidiúintí, agus Eitic**

Is í tuairim an Ghrúpa Chomhairligh go bhfuil sé de cheart ag gach aon pháiste Oideachas faoi Reiligiún agus Creidiúintí, agus Oideachas faoin Eitic a fháil agus gur ar an Stát atá an dualgas a chinntiú go gcuirtear iad seo ar fáil.

Iarrann an Grúpa Comhairleach go bhforbródh an CNCM, le cabhair ó na comhpháirtithe oideachais agus gan dearmad a dhéanamh ar na cláir atá ann cheana, treoirínite don churaclam agus treoirínite do mhúinteoirí don Oideachas faoi Reiligiún agus Creidiúintí agus Eitic, de réir Prionsabal Toledo, an RedCo, agus Primary Review Cambridge.

Tá an Grúpa Comhairleach buartha, ach go háirithe, faoi na páistí sin nach nglacann páirt i gcláir reiligiúnacha i scoileanna sainchreidmheacha. Is féidir leo gabháil tríd an mbunscolaíocht gan aon Oideachas faoi Reiligiún agus Creidiúintí agus Eitic a fháil. Tá na cláir atá molta san Oideachas faoi Reiligiún agus Creidiúintí agus Eitic thar a bheith tábhachtach i gcás na bpáistí seo.

I gcás páistí eile, áit a ndéanann cláir atá ann cheana soláthar do roinnt Oideachas faoi Reiligiún agus Creidiúintí agus Eitic, is féidir leis na cláir CNCM atá molta bheith forlíontach agus is féidir bheith solúbtha faoin méid de na cláir nua a chuirfear ar fáil laistigh den soláthar atá ann cheana san amhlár.

Beidh dualgas ar gach Comhlacht Pátrúnachta an soláthar atá déanta aige sa réimse seo a imscrúdú i bhfianaise na gclár Oideachas faoi Reiligiún agus Creidiúintí agus Eitic agus beidh orthu Cigireacht an Stáit a shásamh go bhfuiltear ag déanamh soláthair chuí sa réimse seo. Níl sé i gceist ar chor ar bith na cláir Oideachas faoi Reiligiún agus Creidiúintí agus Eitic a chur in áit an oideachais don fhoirmiú creidiúintí i scoileanna sainchreidmheacha.



## **P 10 Déantúsáin Reiligiúnacha, Ceiliúrthaí agus Nithe Eile Neamhtheagasctha**

Molann an Grúpa Comhairleach go bhforbródh boird bhainistíochta polasaí scoile, arna thacú ag treoirlínte ón Roinn, faoi cheiliúrthaí reiligiúnacha agus cultúrtha ina gcuid scoileanna. Is ceart do bhoird a chinntiú go mbíonn ceiliúrthaí cuimsitheach, oideachasúil agus urramach do thraidisiúin éagsúla na bpáistí ina gcuid scoileanna.

Molann an Grúpa Comhairleach gur ar an mbord bainistíochta a bheadh an fhreagracht polasaí a fhorbairt faoi thaispeáint oideachasúil na ndéantúsán reiligiúnach agus neamhreiligiúnach agus na saothar ealaíne i scoil. Ní ceart do thaispeántais den sórt sin bheith bainteach go heisiach le haon chreideamh nó traidisiún amháin ach is ceart go mbeadh cothromaíocht acu a léireodh creidiúintí na bpáistí atá ag freastal ar na scoileanna. Chun oideachas a chur ar pháistí faoi chreidiúintí an phobail mhóir, is ceart brí reiligiúnach nó cultúrtha dealbh agus déantúsán eile a mhíniú.

Molann an Grúpa Comhairleach go mba cheart go mbeadh paidreacha comhchoiteanna, machnaimh, iomann, nó tionóil scoile, más ann dóibh, urramach do chreidiúintí agus do chultúr na bpáistí go léir, agus nach ceart go mbeidís ag teacht salach ar a gcearta bunreachtúla, ar a gcearta dlíthiúla ná ar a gcearta daonna.

### **Cuimsiú Sóisialta**

Bíodh is go n-aithnítear an deighilteacht shóisialta a bhí ag baint go dlúth leis an iliomad cinneadh phleanáil bhaile in Éirinn, rud atá le feiceáil taobh thiar de bhraisliú na scoileanna DEIS i gceantair áirithe uirbeacha, cuireann an Grúpa Comhairleach fáilte roimh fhógra an Aire i Meitheamh 2011 go mbeidh ar chomhlachtaí, atá ag dréim le bheith ina bpátrúin ar bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna nua, critéir éagsúlachta a shásamh, agus bheith in ann a dtiomantas don chomhionannas sóisialta agus reiligiúnach, agus don soláthar cothromasach ionad do mhic léinn na riachtanas speisialta oideachais, a léiriú.

Cuireann an Grúpa Comhairleach fáilte roimh thogra na Roinne léasanna 24-bliain ar shealúchais scoileanna a thairiscint d'iarratasóirí rathúla ar phátrúnacht na scoileanna nua, fad is a n-urramaíonn an pátrún riachtanais na Roinne maidir le héagsúlacht agus cuimsiú sóisialta . Is í tuiscint an Ghrúpa Chomhairligh go dtairgfear an léas ar scoileanna cónasctha nó dífheistithe ar na téarmaí céanna dá bpátrúin nua. Sa dá chás, is ceart don Roinn monatóireacht a dhéanamh ar thionchar an éagsúlú pátrúnachta ar an méid ionadaíochta a dhéantar ar ghrúpaí mionlaigh i gcatagóirí éagsúla scoileanna.

## **Páistí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu**

Nótálann an Grúpa Comhairleach go bhfuil sé i measc na gcritéar atá leagtha síos ag an ROS ina doiciméad dar dáta Meitheamh 2011, faoi phátrúnacht scoileanna nua, go bhfuil riachtanas an-shainiúil ann le tiomantas chun daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu a rollú, agus tacaíonn sé le polasaí na Roinne nach mbeadh cead ag scoileanna coinníollacha maidir le hacmhainní a bheith mar bhonn acu le páiste bhfuil riachtanais speisialta aige/aici a rollú.

## **Gearáin agus Achomhairc**

Bíodh is go n-adhmaíonn an Grúpa Comhairleach go réiteofar formhór na ngearán ag an leibhéal áitiúil má bhíonn nósanna imeachta cuí ar bun, agus tacaíocht le boird scoileanna, ag an am céanna measann sé go bhfuil gá práinneach ann le córas reachtúil achomhairc a fhorbairt a bheadh éifeachtach, tráthúil, neamhsháraíochta, costas-éifeachtach.

D'fhéadfaí ról leathnaithe don Ombudsman do Leanaí a fhiosrú chun sanas cuí idirghabhála agus achomhairc a chur ar fáil do thuismitheoirí.

Measann an Grúpa Comhairleach go gcaithfí a chur san áireamh, agus na moltaí seo á gcur i bhfeidhm, forálacha Ailt 28 agus 29 den Acht Oideachais, 1998, ról Oifig an Ombudsman do Leanaí, mar atá sé agus mar a bheidh tar éis a leathnaithe, b'fhéidir, agus forálacha an Achta um Stádas Comhionann, 2000.

## **Oideachas Múinteoirí**

Molann an Grúpa Comhairleach go mbeadh cúrsa, dírithe ar eitic, ar mhoráltacht agus ar reiligiúin domhanda, éigeantach do na mic léinn uile chun iad a ullmhú do thabhairt isteach na gclár Oideachas faoi Reiligiún agus Creidiúintí agus Eitic atá molta, chomh maith le clár leathan-bhunaithe modheolaíochta reiligiúnaí a chur ar fáil. Ní éileofaí ar mhic léinn a bheadh ag diúltú go coinsiasach an cúrsa modheolaíochta reiligiúnaí a ghlacadh. Ach ba cheart go mbeadh an dá chúrsa ar fáil do gach mac léinn atá ag iarraidh iad a ghlacadh, chun iad a ullmhú don raon éagsúil tosca scoile inar féidir go mbeidh siad. Is ceart go mbeadh saoirse acadúil ag an bhfoireann sna coláistí chun an saineolas is fearr acu a úsáid chun na cláir seo a chumadh.

## **Fostú Múinteoirí**

Molann an Grúpa Comhairleach go mbeadh an deastuiscint, an stuamacht agus an tsolúbthacht mar chuid de na pléanna leis na múinteoirí ag an leibhéal áitiúil, agus is ceart gach dícheall a dhéanamh chun freastal ar a gcuid cúram proifisiúnta. Ba cheart go mbeadh sé indéanta, leis an dea-thoil agus leis an

gcomhoibriú, agus le húsáid sholúbtha an phróiseas ath-implonaithe, teacht ar shocruithe sásúla.

### **Iompar Scoile**

Molann an Grúpa Comhairleach gur ceart go mbeadh socruithe solúbthachta agus éascaíochta le fáil i gcónaí chun cabhrú, áit is gá, i gcúinsí aistriú pátrúnachta, go háirithe nuair a bhaineann sé le páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, le páistí gur de chreidimh mhionlaigh iad agus le páistí atá ag freastal ar Ghaelscoileanna. Admhaíonn an Grúpa Comhairleach go laghdódh sé an gá le hiompar scoile do pháistí atá ag rochtain ar scoileanna eile, dá gcuirfeadh Scoil Saorsheasaimh cosaint ar fáil do chearta daonna daltaí trí phrótacal éagsúlachta na Roinne a ghlacadh chuici féin.

### **Straitéis Fhaisnéise agus Chumarsáide**

Molann an Grúpa Comhairleach go nglacfadh an Roinn chuici féin Straitéis Fhaisnéise agus Chumarsáide a mbeadh sé mar aidhm aici an éagsúlacht a chur chun cinn, ag baint úsáid di as raon éagsúil meán traidisiúnta agus leictreonach. Bíodh is gur ceart don Roinn an riachtanas a aithint le heolas a dhéanamh inrochtana do raon leathan tuismitheoirí, is ceart di freisin dul i muinín an TFC tuilleadh agus tuilleadh chun eolas a chur ar fáil i dtaobh an rogha scoileanna atá ann agus chun eolas a fháil ó thuismitheoirí.



## **Aguisíní**

### **Aguisín 1 – Páirtithe leasmhara a ghlac páirt i seisiúin oibre an Fhórait i Meitheamh agus Samhain, 2011**

Cumann Iontaobhaithe na Scoileanna Caitliceacha  
Cumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha  
Comhairle don Oideachas Chomhdháil Easpag na hÉireann  
Roinn Oideachais agus Scileanna  
Ag Foghlaim Le Chéile  
Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge Teoranta  
Gaelscoileanna Teoranta  
Bord Oideachais Ard-Sionad Eaglais na hÉireann  
Cumann Múinteoirí Éireann  
Gréasán Príomhoidí Bunscoile na hÉireann  
Cumann Gairmoideachais na hÉireann  
Fondúireacht Ioslamach na hÉireann  
Cumann Náisiúnta na mBord Bainistíochta san Oideachas Speisialta  
An Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí - Bunbhrainse

### **Aguisín 2 – Liosta na ndaoine eile a ndeachthas i gcomhairle leo**

An tOllamh Emer Smyth agus an Dr Merike Darmody, ESRI  
Éamonn Mac Aodha, Uas., Des Hogan, Uas. agus Sinéad Lucey, Uas., IHRC  
Oifigigh ó Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige (ansin an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige) maidir leis an gcomhchomhairle le Leanaí  
Oifigigh ón Roinn Oideachais agus Scileanna  
Emily Logan, Uas., Ombudsman do Leanaí agus Colm Keenan, Uas., oifigeach ón Oifig  
An Dr. Clare Moloney, Taighdeoir don chlár *Goodness Me! Goodness You!* i bPobalscoileanna Náisiúnta agus an Dr Anne O’Gara, Uachtarán, Insitiúid Oideachais Marino.  
Ionadaithe ó Chumann Daonnachaí na hÉireann (Anne James, Uas., Catherine O’Brien, Uas., agus Brian Whiteside, Uas.)

Ionadaithe ó Aindiachaí Éireann (Jane Donnelly, Uas. agus Michael Nugent, Uas.)

CHoICE – Ionadaithe ó Comhdháil Chinnirí Choláistí Oideachais na hÉireann (An Dr. P Travers, An Dr. Dermot Lane, An Dr. Anne O’Gara, Marie Mc Loughlin, Uas., An Dr. Anne Taheny, An tOllamh Eugene Wall agus An Dr. Anne Lodge)


An Dr. Anne Looney, Príomhfheidhmeannach, NCCA

An tOllamh Áine Hyland, Ollamh Emeritus san Oideachas, UCC

An Dr. Dermot Lane, Insitiúid Mater Dei

### Aguisín 3

## Achoimre ar an gComhchomhairle le Daoine Óga



## **An Próiseas**

Theastaigh ón nGrúpa Comhairleach don bhFóram ar Phátrúnacht agus Iolrachas in Earnáil an Bhunoideachais tuairimí dhaoine óga a fháil ar a dtaithí ar reiligiún agus iad ar an mbunscoil. D'iarr an Grúpa Comhairleach ar an Roinn Oideachais agus Scileanna cruinnithe comhchomhairle ar leith a eagrú le sampla beag de scoláirí bunscoile agus iarbhunscoile agus tuairisc a ullmhú ar an gcomhchomhairle le go ndéanfadh sé measúnú air.

Lorg an Roinn Oideachais agus Scileanna cúnamh ó Aonad Rannpháirtíochta na Saoránach sa Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige i riar na gcomhchomhairlí leis na daoine óga. Bhí na comhchomhairlí á stiúradh ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus a fhoireann d'éascaitheoirí oilte. Fuair siad cuidiú ó bhaill den Ghrúpa Comhairleach, foireann ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus a príomhoide bunscoile. Tugtar na mór-thátail agus conclúidí foriomlána thíos. Beidh tuairisc iomlán ar na comhchomhairlí ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne, [www.education.ie](http://www.education.ie)

## **Réamhrá**

Ghlac ochtó a haon duine óg ó naoi scoil déag páirt in ócáid comhchomhairle ar an 17 agus 20 Deireadh Fómhair 2011. D'fhreastal daichead páiste bunscoile ar an gcéad ócáid, an chuid ba mhó díobh ó rang a ceathair, ó dheich scoil éagsúil. D'fhreastal daichead a haon scoláire iarbhunscoile ar an dara ócáid, an chuid ba mhó díobh ón dara bliain, ó naoi scoil éagsúil. Tháinig na daoine óga ó réimse de reiligiúin agus creidiúintí éagsúla agus gan creideamh.

Trí rannpháirtíocht i ndíospóireacht agus gníomhaíochtaí, roinn na scoláirí a dtaithí agus a ndearcthaí ar oideachas agus cleachtadh reiligiúnach, agus ar iolrachas agus ilchineálacht ina mbunscoileanna. Ó tharla gur phróiseas comhchomhairle a bhí anseo, níor lorg na héascaitheoirí tuairim chomhaontaithe ó na grúpaí agus léiríodh réimse de thuairimí. Níor bhreathnaíodh air seo mar fhadhb toisc go bhfuil tuairimí na scoláirí uile bailí agus cuireann siad le tuiscint níos fearr ar a dtaithí ar oideachas reiligiúnach sa bhunscoil.

Ag teacht leis na téarmaí tagartha don chleachtadh seo, ní dhéanann na húdair moltaí ar bith maidir leis an oideachas reiligiúnach sa bhunscoil, toisc gur chúram é sin ag an nGrúpa Comhairleach don bhFóram. Meastar go dtugann na moltaí a rinne na scoláirí féin mar chuid den chleachtadh 'Aire ar feadh an Lae' léargas an-mhaith agus gur fiú go mór go ndéanfadh an Grúpa Comhairleach machnamh domhain orthu agus é ag tuairisciú don Aire Oideachais agus Scileanna.

Tugtar léargas ar na mórthátail agus na conclúidí foriomlán ón dá chleachtadh comhchomhairle thíos.



## **Daltaí Bunscoile**

### **Cleachtadh na mBoscaí Aitheantais**

#### **Muintearthas ar scoil**

Ba é an sampla ba mhó a luadh de ‘muintearthas ar scoil’ ná cairde ar scoil a bheith ag an duine. I measc na samplaí eile a luadh go minic bhí: ealaín a dhéanamh, corpoideachas a dhéanamh, páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí éagsúla, spraoi a bheith agat, agus múinteoirí deasa a bheith agat. Níor éirigh nithe ar bith a bhain le creideamh go sainsiúil le linn an chleachtaidh seo.

#### **Speisialta ar scoil**

D’aithin na grúpaí uile ‘bheith piochta’, bíodh sé le haghaidh foirne, dráma scoile, chun teachtaireachtaí a dhéanamh, nó chun cuidiú le múinteoir mar ócáidí inar mhothaigh siad speisialta ar scoil. Níor éirigh nithe ar bith a bhain le creideamh go sainsiúil le linn an chleachtaidh seo.

#### **Rudaí a cheiliúradh ar scoil**

Ba iad na rudaí ba mhó a luadh a ceiliúradh ar scoil ná: Oíche Shamhna (b’fhéidir toisc gur tharla na comhchomhairlí i mí Dheireadh Fómhair), laethanta breithe, an Nollaig, agus an Cháisc.

#### **Fágtha amuigh ar scoil**

Ba iad na suíomhanna ba choitianta a luadh inar mhothaigh na rannpháirtithe fágtha amuigh ar scoil ná a bheith eisiata ó shúgradh le daoine eile agus gan a bheith piochta d’fhoirne/gníomhaíochtaí. I measc na suíomhanna eile a luadh bhí: easpa cairde, daoine a bheith gortach, bheith uaigneach, riachtanais speisialta a bheith agat, bulaíocht, daoine ag béicíl ort, agus fáil i dtrioblóid agus pionósaithe. Níor ainmnigh páiste ar bith reiligiún go sainsiúil mar chúis le mothú fágtha amuigh le linn an chleachtaidh seo.

### **Díospóireacht Gluaiseachta**

D’aontaigh tríocha trí de na daichead páistí (82.5%) leis an rún, ‘gur chóir go mbeadh an scoil ina háit ina mothaíonn gach duine san áireamh’. D’esaontaigh beirt pháiste agus bhí cúigear éiginnte.

### **Cad atá go maith faoin mbealach ina múintear reiligiún?**

Thug tromlach na bpáistí aiseolas dearfach ar an ábhar seo. Labhair roinnt páistí faoi thaitneamh a bhaint as an mbealach ina múintear é, ach go háirithe na leathanaigh

dathadóireachta sna leabhair, amhránaíocht, paidreacha a fhoghlaim agus spraoi a bheith acu. Chuir páistí eile a n-aiseolas i dtéarmaí fhoghlaim faoi agus ceiliúradh ar reiligiúin eile ar scoil. Mar sin féin bhí líon beag páistí nach raibh aon rud dearfach le rá acu faoi mbealach ina múintear reiligiún.

## **Cad nach bhfuil go maith faoin mbealach ina múintear reiligiún?**

Thug roinnt páistí, a raibh an chuid ba mhó díobh ach ní iad ar fad ag teacht ó chúlra reiligiúin mionlaigh nó neamh-chreidimh, aiseolas ar nithe ar leith a léirigh a dtaithe féin nó taithí a gcarad. Mar shampla, léirigh rannpháirtí amháin an tuairim *“ceapann siad gurb í an Chríostaíocht an t-aon reiligiún maith”*. I measc na gceisteanna a ardaíodh bhí iachall a cuireadh orthu paidreacha a rá agus dul chuig an séipéal cé go mbaineann tú le reiligiún eile nó gur aindiach thú. Dúirt scoláirí eile go raibh reiligiún, *“leadránach”*, *“athráiteach”*, agus *“leamh”*. Arís, luadh tuairimí contrártha. Dúirt rannpháirtí amháin, *“níl aon rud dona ann dom”*, agus dúirt duine eile, *“tá gach rud go maith”*.

## **Cad a d’athrófá faoin mbealach ina múintear reiligiún?**

Rinne na páistí liosta agus ansin vótáil siad ar na nithe a d’athróidís faoin mbealach ina múintear reiligiún. Ba é an rogha is mó fábhair ná foghlaim nó caint faoi reiligiúin eile agus ligean do pháistí labhairt faoina reiligiúin féin, le fiche a dó faoin gcéad de na vótaí a caitheadh. Ba é an dara rogha is mó fábhair ná cluichí a dhéanamh as an oideachas reiligiúnach sa rang / níos mó spraoi a dhéanamh de, le seacht déag faoin gcéad de na vótaí.

## **Ullmhúchán don Chéad Chomaoineach**

Bhain príomhfhócas roinnt de páistí a raibh an Chéad Chomaoineach déanta acu leis an aird a tugadh dóibh, a ngúnaí, na cóisirí ina dhiaidh agus na bronntanais. Airgead a fuair siad. Os a choinne sin, luaigh roinnt díobh siúd nach raibh a gCéad Chomaoineach déanta acu éad gur chaill siad amach ina leith seo. Labhair páistí eile nach raibh a gCéad Chomaoineach déanta acu faoi mhothú fágtha amuigh le linn na n-ullmhúchán, agus luaigh daoine eile go raibh iarracht déanta ag an scoil iad a chur san áireamh sna hullmhúcháin. Dúirt grúpa amháin de pháistí neamh-Chaitliceacha *“nach raibh rud ar bith maith”* faoin ullmhúchán don Chéad Chomaoineach ina scoileanna.

### **I measc na rudaí a ainmníodh atá ag obair go maith:**

- Club iarscoile a bheith ann d’ullmhúchán don Chéad Chomaoineach
- Na paidreacha agus amhráin ar fad a fhoghlaim
- Cuairt ar an séipéal do chleachtadh
- Bheith páirteach sna hullmhúcháin (mura raibh an Chéad Chomaoineach á dhéanamh acu)

- Ag dul chuig an séipéal chun tacú le cairde (mura raibh an Chéad Chomaoineach á dhéanamh acu)

### **I measc na rudaí a ainmníodh nach bhfuil ag obair go maith:**

- An-iomarca ama a chaitheamh ar ullmhúcháin
- An-iomarca fócas ar Chomaoineach
- Mothú fágtha amuigh (mura raibh an Chéad Chomaoineach á dhéanamh acu)
- An t-ullmhúchán ar fad a dhéanamh (mura raibh an Chéad Chomaoineach á dhéanamh acu)
- Fanacht sa rang agus obair bhaile a dhéanamh agus/nó leabhar leabharlainne a léamh (mura raibh an Chéad Chomaoineach á dhéanamh acu)

### **Cad a oibríonn go maith faoin Ullmhúchán don Chomaoineach? - Vótáil**

Ba é an rud ba mhó fábhair a d'oibrigh go maith ná go bhféadfaidís siúd nach raibh an Chéad Chomaoineach á dhéanamh acu a rá leis na daoine eile ina rang faoina reiligiún (21 vóta). Bhí an ceathrú rogha ba mhó fábhair cosúil go maith leis; ba chóir go bhfiafraí díobh siúd nach raibh an Chéad Chomaoineach á dhéanamh acu faoina gceiliúradh (7 vóta). Curtha le chéile, is ionann an dá chleachtas seo agus daichead a ceathair faoin gcéad de na vótaí ar fad a caitheadh. Ba mhaith le páistí go mbeadh gach duine san áireamh.

### **Cad nach n-oibríonn go maith faoin Ullmhúchán don Chomaoineach? - Vótáil**

Éad a fuair tromlach na vótaí (18), i dtéarmaí cailliúint amach ar an aird, gúnaí, cóisirí agus bronntanais a ghabhann leis an gCéad Chomaoineach a dhéanamh, murab ionann agus a shuntas reiligiúnach. Ina dhiaidh sin tháinig an mothúchán a bheith fágtha amuigh (10 vóta) agus an gá le foghlaim faoi nithe eile seachas an Comaoineach (10 vóta). Le chéile, is ionann na trí cinn is túsce agus beagnach caoga a trí faoin gcéad de na vótaí ar fad a caitheadh.

### **Nithe Neamhtheagasctha (Pictiúir Reiligiúnacha, Paidreacha srl.)**

Cuireadh sraith de cheisteanna Tá / Níl ar nithe reiligiúnacha neamhtheagasctha ina scoil. Seo a leanas na torthaí:

- Dúirt 32 (80%) go raibh paidreacha ina scoil i rith an lae scoile
- Dúirt 5 (13%) go raibh séipéal / seomra paidreacha / altóir / áit bheannaithe / seomra machnaimh ina scoil
- Dúirt 25 (63%) go raibh pictiúir naofa nó dealbha ina scoil
- Dúirt 33 (83%) gur labhair a bpríomhoide / múinteoir faoi Dhia le linn an ranga, agus

- Dúirt 24 (60%), seachas an Chéad Chomaoineach, go ndeachaigh siad ar Aifreann lena rang le linn ama scoile.

## **Cé Mar a Leathnaíonn Creidiúintí na bPáistí ar Fud na Scoile**

### **Cén nithe a cheiliúrtar i do scoil?**

D'ainmnigh na páistí 32 ní /ócáid ar leith a cheiliúrtar. D'ainmnigh gach grúpa ócáidí ar nós: an Nollaig, an Cháisc, Oíche Shamhna agus laethanta breithe.

### **Cé mar a mhothaíonn páistí nuair nach gceiliúrtar na nithe atá uathu ar scoil?**

Mar fhreagra, léirigh na réimse de mhothúcháin diúltacha. I measc na bhfreagraí tipiciúla bhí: brónach, feargach, fágtha amuigh, gortaithe agus éadmhar.

### **Vótáil ar na hócáidí ba mhó ba mhaith leis na páistí go gceiliúrfaí iad ar scoil.**

Vótáil na páistí ar, 'na hócáidí ba mhó ba mhaith leis na páistí go gceiliúrfaí iad ar scoil'. Seo a leanas na seacht ócáidí is mó agus líon na vótaí a fuair siad: laethanta breithe (15), Bliain Úr na Síneach (10), Lá na bPáistí (8), An Nollaig (7), An Cháisc (6) Lá na hIodáile (6), agus Eid (5).

## **Scoláirí Iarbhunscoile**

Tá na príomhthátail ón gcomhchomhairle leis na scoláirí iarbhunscoile anseo thíos. Ba chóir a nótáil go bhfuil athmhachnamh uilig na scoláirí ag baint leis an eispéireas bunscoile acu.

## **Cleachtadh na mBoscaí Aitheantais**

### **Muintearthas ar scoil**

Ba iad na samplaí ba mhó ar fad a luadh mar shamplaí ar mhuintearthas ar scoil ná: rannpháirtíocht i seóanna scoile, drámaí, spóirt agus foirne scoile.

### **Speisialta ar scoil**

Ba iad seo a leanas na samplaí ba mhó a luadh de shuíomhanna / ócáidí / daoine a chuir ag mothú go speisialta ar scoil iad: drámaí, cairde, múinteoirí, iad á gcur ar theachtaireachtaí agus bronnadh céime/teastais.

### **Rudaí a cheiliúradh ar scoil**

Ba iad seo na nithe ba mhó a luadh a ceiliúradh ar scoil: an Nollaig, Cóineartú, deireadh na scoilbhliana / samhradh, Comaoineach, laethanta breithe, Oíche Shamhna agus an Cháisc. D'ainmnigh na grúpaí ar fad na hócáidí seo. Luadh bronnadh céime/teastais, ócáidí éagsúla CLG, féilte ceoil agus bronnadh Bhratacha Glasa freisin ar roinnt ócáidí.

### **Fágtha amuigh ar scoil**

Bhain na hócáidí ba mhó a luadh le bulaíocht, gan páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí i gcoitinne agus gan Cóineartú a dhéanamh. Luadh reiligiún agus turais don séipéal freisin.

### **Díospóireacht Gluaiseachta**

I ndiaidh díospóireachta, d'aontaigh tríocha (73%) de na daoine óga leis an rún, 'I mo bhunscoil bhí meas ar reiligiún agus creidiúintí an uile duine', d'easaontaigh aon duine dhéag (27%) de na daoine óga agus ní raibh duine ar bith éiginnte.

### **Cad atá go maith faoin mbealach ina múintear reiligiún?**

D'ainmnigh tromlach na ndaoine óga roinnt rudaí maithe faoin mbealach ina múintear reiligiún. Ba iad na rudaí ba choitianta a d'ainmnigh siad mar nithe dearfach ná úsáid na healaíne/dathadóireachta, amhráin agus scéalta. I measc na nithe dearfacha eile a luaigh roinnt rannpháirtithe bhí: aitheantas ar chreidimh agus creidiúintí eile, agus an rogha páirt a ghlacadh nó gan é. Tharla freisin go raibh daoine óga ann nach raibh mórán dearfach le rá acu, má bhí méid ar bith. Dúirt duine amháin, *“Sa bhunscoil, múintear reiligiún (bhuel, an Chríostaíocht ar aon nós) ar bhealach an-sonrach agus críochnúil. Ach níl sa reiligiún sa bhunscoil ach an Chríostaíocht, go bunúsach. Ceapaim gur chóir go dtabharfadh an bhunscoil ar a laghad aitheantas agus meas do chreidimh agus creidiúintí eile.”*

### **Cad nach bhfuil go maith faoin mbealach ina múintear reiligiún?**

Bhain an cáineadh ba choitianta le scoileanna ag díriú ar a reiligiún féin agus gan deis a bheith ag scoláirí foghlaim faoi reiligiúin agus creidiúintí eile. Bhain cáintí coitianta eile le cuimsitheacht, rannpháirtíocht agus mothú fágtha amuigh. Tugadh roinnt mhaith cáinte do mhúinteoirí agus cleachtaí teagaisc freisin. Maidir le múinteoirí, d'áirigh cáintí na scoláirí: claonadh, easpa eolais agus dímhothú. D'áirigh cáintí maidir le cleachtais teagaisc: an-iomarca amhránaíochta agus dathadóireachta, an-iomarca athrá, gan a bheith taitneamhach go leor, agus an téacsleabhar (Alive O) a bheith leadránach. D'ardaigh roinnt de na daoine óga ceist easpa rogha freisin. I measc na dtuairimí a léiríodh bhí gan a bheith ráite leo go raibh rogha acu, agus más rud gur neamh-Chaitliceach thú i scoil Chaitliceach, iachall á chur ort éisteacht leis an oideachas reiligiúnach nó rud eile ar fad a dhéanamh.

## **Cad a d’athrófá faoin mbealach ina múintear reiligiún?**

Rinne na scoláirí liosta agus ansin vótáil siad ar na nithe a d’athróidís faoin mbealach ina múintear reiligiún sa bhunscoil. Bá í an mhian chun foghlaim faoi reiligiún agus creidiúintí eile an domhain an rogha ba mhó, amach agus amach, le daichead a trí vóta<sup>92</sup>. Thairis sin, nuair a chuirtear an vóta seo le chéile leis an vóta d’athruithe ionchurtha eile a lorgáíodh ar nós: níos mó reiligiún a theagasc sa chaoi is go bhfuil scoláirí ullmhaithe níos fearr don iarbhunscoil (8 vóta), laethanta reiligiúnacha eile a cheiliúradh (6 vóta), agus reiligiún eile a theagasc le meas (3 vóta), is ionann iad agus beagnach caoga faoin gcéad de na vótaí ar fad a caitheadh.

## **Ullmhúchán don Chéad Chomaoineach agus don Chóineartú sa Bhunscoil**

### **I measc na rudaí a ainmníodh atá ag obair go maith:**

- Am a chaitheamh sa séipéal a bhí “taitneamhach agus an-spraíúil”
- Ligeadh do pháistí nach raibh an gCéad Chomaoineach / Cóineartú á dhéanamh acu dul in éineacht lena gcomrádaithe chuig an séipéal don ullmhúchán, dá mba mhian leo
- Rinneadh ullmhúchán Eaglais na hÉireann i dteach an Reachtaire, mar sin ní raibh aon drochthionchar ar shaol na scoile

### **I measc na rudaí a ainmníodh nach bhfuil ag obair go maith:**

- Shuígh scoláirí nach raibh Comaoineach / Cóineartú á dhéanamh acu ar chúl an ranga agus rinne siad obair breise, obair bhaile nó dada (athraitheach ó rang go rang). Mhóthaigh roinnt rannpháirtithe fágtha amuigh, agus mhóthaigh daoine eile corraithe nó náirithe ag an eispéireas seo.
- Ba chóir ullmhúchán don Chomaoineach / Cóineartú a bheith ann sa pharóiste lasmuigh d’uireanta scoile agus ní ar scoil.
- Ba chóir go mbeadh dhá shruth oideachais: sruth amháin dóibh siúd a raibh an Comaoineach / Cóineartú á dhéanamh acu agus sruth eitice dos na daltaí eile.
- Iachall á chur orthu páirt a ghlacadh sna hullmhúcháin ag an scoil cé nár theastaigh uathu ‘ar eagla gur athraigh siad a n-aighe’.

## **Cad a oibríonn go maith - Vótáil**

Tugadh na vótaí is mó (27) do ‘rogha a bheith agat’. Ba iad na cleachtais ba mhó a fuair fábhair ina dhiaidh sin ná: ullmhú sa Pharóiste agus ní ar scoil (10 vóta), gan a bheith curtha chuig rang eile dá mba rud é nach raibh tú ag glacadh páirt (9 vóta),

---

<sup>92</sup> Bhí trí ghreamán an duine ag na daoine óga le húsáid sa chleachtadh seo.

ullmhú ar scoil (8 vóta), agus cairde nach bhfuil Comaoineach á dhéanamh acu a chur san áireamh (6 vóta).

### **Cad nach n-oibríonn go maith? - Vótáil**

Tugadh an líon vótaí is mó (20) do: dhaoine nach raibh Comaoineach / Cóineartú á dhéanamh acu a fhágáil amuigh. Vótáil grúpa amháin, ach go háirithe, i bhfábhar an scéil a d'inis scoláire faoi eisiámh liamhainte, ar bhonn reiligiúnach, a tharla do chailín óg, agus tugadh le tuiscint go mb'fhéidir go raibh sé seo ina chúis lena féinmharú tragóideach ina dhiaidh sin. Tugadh an dara vóta is airde (19) don eachtra ar leith seo. Má chuirtear an dá thoradh seo le chéile tá beagnach tríocha a dó faoin gcéad de na vótaí i gceist. Tugadh fiche a trí vóta san iomlán (19%) d'easpa rogha i téarmaí iachall a bheith ort reiligiún a fhoghlaim, iachall a bheith ort dul chuig an séipéal agus gan cead a fháil dul chuig an séipéal chun tacú lena gcairde.

### **Nithe Neamhtheagasctha (Pictiúir Reiligiúnacha, Paidreacha srl.)**

Cuireadh sraith de cheisteanna Tá / Níl ar na daoine óga faoi nithe neamhtheagasctha ina mbunscoil. Seo a leanas na torthaí:

- Dúirt 38 (93%) go raibh paidreacha ina mbunscoil i rith an lae scoile
- Dúirt 1 (2%) go raibh séipéal / seomra paidreacha / altóir / áit bheannaithe / seomra machnaimh ina scoil
- Dúirt 29 (71%) go raibh pictiúir naofa nó dealbha ina scoil
- Dúirt 1 (80%) gur labhair a bpríomhoide / múinteoir faoi Dhia le linn an ranga, agus
- Dúirt 33 (60%), seachas an Comaoineach / Cóineartú, go ndeachaigh siad ar Aifreann lena rang le linn ama scoile.

### **Díospóireacht maidir le Nithe Neamhtheagasctha**

Tharla roinnt tuairimí suimiúla le linn na ndíospóireachtaí a lean na ceisteanna Tá / Níl:

- I gcoitinne, measadh gur mhaith an rud é do scoileanna Caitliceacha go mbeadh paidreacha ar scoil. Bhí tuairimí ann freisin, áfach, gur chóir go mbeadh paidreacha measctha-suas le bheith uileghabhálach ar na reiligiúin uile, agus i scoileanna ilchultúrtha bheadh sé go maith machnaimh a bheith ann in áit paidreacha.
- Bhí an chuid ba mhó de na scoláirí i bhfábhar seomra nó spás ciúin a bheith ag gach scoil a d'fhéadfaí a úsáid ag na reiligiúin agus creidiúintí uile do phaidir / machnamh srl.
- Mhol grúpa amháin scoláirí go mbeadh balla ag gach rang / scoil a léiríonn reiligiúin agus creidiúintí na bpáistí uile.

- Thus roinnt scoláirí neamh-Chaitliceacha le fios gur cuireadh iachall orthu dul ar Aifreann, rud nach raibh siad sásta leis.

## **Cé Mar a Leathnaíonn Creidiúintí na bPáistí ar Fud na Bunscoile**

### **Cén nithe a ceiliúradh i do scoil?**

D'ainmnigh na daoine óga caoga a sé rud / ócáid ar leith a ceiliúradh ina mbunscoileanna. D'ainmnigh ceithre ghrúpa nó níos mó roinnt ócáidí coiteann ar nós: laethanta breithe, an Nollaig, an Cháisc, Oíche Shamhna, Lá le Pádraig, Lá le Bríde, Céadaoin an Luathrigh, Bronnadh Céime/Teastais agus Lá Spóirt.

### **Cé mar a mhothaíonn páistí nuair nach gceiliúrtar na nithe atá uathu ar an mbunscoil?**

Mar fhreagra, luaigh tromlach na ndaoine óga mothúcháin diúltacha. I measc na nathanna a úsáideadh go minic bhí “*fágtha amuigh*”, “*ciaptha*” agus “*corraithe*”.

### **Vótáil ar na hócáidí ba mhó ba mhaith leis na páistí go gceiliúrfaí iad ar scoil.**

Vótáil na daoine óga ar na hócáidí ba mhó ba mhaith leis na páistí go gceiliúrfaí iad ina mbunscoileanna. Curtha le chéile, caitheadh beagnach tríocha a haon faoin gcéad de líon iomlán na vótaí a chaitheamh i bhfábhar féilte reiligiúnacha. I measc na n-ócáidí eile a rabhthas ina bhfábhar bhí: laethanta breithe, Féile an Bhuíochais agus gnóthachtálacha lasmuigh den scoil.

## **Aire don Lá**

Roinneadh na daoine óga i gcúig ghrúpa don chleachtadh seo. Fiafraíodh díobh cad a dhéanfaidís dá mbeidís ina hAire Oideachais agus Scileanna do lá amháin chun bunscoileanna a athrú lena chinntiú go raibh meas ar na reiligiúin agus creidiúintí uile. Mar a tharla leis na cleachtaí eile, bhí díospóireachtaí bríomhara sna grúpaí. Mar a tharla, bhí leibhéal ard comhaontaithe ar roinnt de na moltaí / gníomhaíochtaí a cuireadh chun cinn, ach léiríodh tuairimí easaontais freisin.

### **Moltaí a rinne trí ghrúpa nó níos mó**

- Mhol na grúpaí ar fad go bhfoghlaimeofaí faoi chreidiúintí agus reiligiúin eile
- Mhol na grúpaí ar fad go gceiliúrfaí reiligiúin agus cultúir ar scoil
- Mhol ceithre cinn as na cúig ghrúpaí nár chóir go mothódh duine ar bith fágtha amuigh nó go ndearnadh leatrom orthu mar thoradh ar a reiligiún
- Maidir le múinteoirí agus teagasc reiligiúin, mhol tromlach na ngrúpaí go gcaithfear reiligiún a theagasc ar bhealach dearfach agus gur chóir do



mhúinteoirí feabhas a chur lena gcuid eolais ar chreidiúintí agus reiligiúin éagsúla

### **Moltaí a rinne grúpa amháin nó dhá ghrúpa**

- Ba chóir ullmhúchán do shacraimintí a dhéanamh sa pharóiste seachas ar scoil
- Ba chóir ullmhúchán don Chomaoineach a chur siar do rang a trí nó rang a ceathair sa chaoi is go mbeadh na páistí níos sine agus tuiscint níos fearr acu
- Ba chóir go mbeadh oideachas reiligiúnach ina ábhar roghnach sna scoileanna uile
- Ba chóir go mbeadh oideachas reiligiúnach scoilte i dtrí shruth: Caitliceach, Protastúnach agus Reiligiúin Eile an Domhain. Ansin d'fhéadfadh scoláirí roghnú cén reiligiú(i)n ba mhaith leo foghlaim faoi/fúthu
- Ba chóir go dtosódh ullmhúchán don Chóineartú ag druidim le deireadh rang a cúig
- Ba chóir soláthar a dhéanamh d'ullmhúchán do shacraimintí reiligiúin eile ar scoil
- Ba chóir Aifreann a bheith ar scoil agus ba chóir go dtiocfadh sagart isteach gach dhá mhí
- Nuair a bhí níos mó na reiligiúin amháin i scoil, ba chóir machnamh a chur in áit na bpaidreacha
- Mhol grúpa go mbeadh níos mó íocónagrafaíochta i scoileanna agus seomraí ranga, agus mhol grúpa eile go mbeadh níos lú de
- Ba chóir go mbeadh aireagal ilsainchreidmheach de chineál éigin ann d'athmhachnam nó machnamh i scoileanna

### **Conclúidí Foriomlána**

D'ainneoin an bhearna aoise idir na daltaí bunscoile agus scoláirí iarbhunscoile, tá na conclúidí foriomlána is féidir a bhaint ón dá ghrúpa an-chosúil lena chéile. Déantar achoimre orthu anseo thíos:

- Léirigh na scoláirí mian shoiléir gur chóir go mbeadh an scoil ina háit ina mothaíonn na scoláirí uile muinteartha, beag beann ar a gcreidiúintí.
- Léirigh tromlach, ach ní iomlán, na scoláirí neamh-Chaitliceacha ag freastal ar scoileanna Caitliceacha mothúchán diúltach faoi theagasc an reiligiúin ina scoileanna. Thuairiscigh na scoláirí seo neamhaird ar a gcreidiúintí agus go minic luaigh siad mothú fágtha amuigh, ciaptha, feargach, díomách agus gortaithe. Thuairiscigh roinnt scoláirí neamh-Chaitliceacha gur cuireadh iachall orthu paidreacha a rá agus freastal ar an séipéal.
- Ba mhaith le scoláirí neamh-Chaitliceacha ag freastal ar scoileanna Caitliceacha a bheith in ann a rá lena bpiaraí Caitliceacha faoina gcreidiúintí, féilte agus searmanais. Léirigh scoláirí Caitliceacha spéis i bhfoghlaim faoi chreidiúintí a bpiaraí neamh-Chaitliceacha.

- Ba mhaith le scoláirí nach raibh ag ullmhú do Chead Chomaoineach agus Cóineartú rogha a fháil le bheith páirteach, nó gan a bheith, sna hullmhúcháin agus i ndul chuig an séipéal chun tacú lena bpiaraí.
- D'ainmnigh tromlach na scoláirí roinnt rudaí maithe faoin gcaoi ina mhúintear reiligiún. Mar sin féin, cheap roinnt scoláirí freisin gur chóir do mhúinteoirí feabhas a chur ar a gcuid eolais faoi chreidiúintí agus reiligiúin éagsúla.
- Mar chríoch, léirigh na scoláirí ar fad, beagnach, mian láidir chun a fhoghlaim faoi reiligiúin agus creidiúintí eile, agus chun féilte reiligiúnacha eile a cheiliúradh ar scoil.

Tiomsaithe ag:

Paul Dolan

Mags Jordan

Breda Naughton

Roinn Oideachais agus Scileanna

## **Aguisín 4**

### **Soláthar an Oideachais Reiligiúnaigh i mBunscoileanna i roinnt dlínsí Eorpacha**

Arna thiomsú ag  
Sarah Miley agus Breda Naughton  
An Roinn Oideachais agus Scileanna

Buíochas: Sonraí faighte ó chomhghleacaithe sna dlínsí seo a leanas - An  
Danmhairg, An Fhionlainn, An Ghearmáin (Stát Cónaidhme), Tuaisceart Éireann,  
Alba, An Ísiltír, An Iorua agus An tSualainn

## AN DANMHAIRG

<p><b>Am don Oideachas Reiligiúnach/ Teagasc Reiligiúnach sa lá scoile</b></p>	<p>Tá rialacha leagtha síos ag an roinn faoina bhfuil an t-ábhar “staidéar Críostaí” le teagasc sna gráid uile (1ú-9ú), ach amháin sa bhliain inar féidir leis na daltaí rogha a dhéanamh ullmhú don chóineartú san eaglais Liútarach. Tá riachtanais molta ann do líon na gceachtanna i ngach ábhar i mbunscoileanna agus bun-iarbhunscoileanna poiblí. San ábhar staidéar Críostaí/oideachas reiligiúnach tá líon molta de cheachtanna ann, ionann agus 30 uair in aghaidh na bliana i ngach grád ach amháin 1ú agus 6ú grád (áit a bhfuil 60 uair), agus 7ú grád (nach múintear an t-ábhar ann, toisc go mbeidh neart scoláirí ag ullmhú don chóineartú san Eaglais Liútarach).</p> <p>I scoileanna príobháideacha, ní mór caighdeáin oideachais a bheith inchurtha leo siúd i scoileanna cathrach. Níl aon riachtanais fosta do líon na gceachtanna d’ábhar ar bith. Is féidir leis na scoileanna roghnú a chur in iúl don Roinn Oideachais nach gcuirfidh siad Staidéar Críostaí ar fáil má théann sé i gcoinne luachanna na scoile.</p>
<p><b>Am sa lá scoile</b></p>	<p>Níl aon rialacháin nó treoirlínte ar an gceist seo, sna scoileanna poiblí nó príobháideacha neamhspleách.</p>
<p><b>Rogha istigh/amuigh ?</b></p>	<p>Mar ábhar tá inneachar neodrach ag Staidéar Críostaí agus féachann sé le heolas a chur ar fáil ar an mbealach céanna leis na hábhair eile. Is í an phríomhréimse eolais ná Críostaíocht Liútarach Soiscéalach eaglais Stát na Danmhairge. San grád is airde, ach go háirithe san iarbhunscoil íseal, áiríonn an teagasc freisin eolas ar reiligiúin agus córas creidiúintí agus fealsúnachtaí eile.</p> <p>Cé go bhfuil an t-ábhar éigeantach dos na leibhéil foirme ar fad, ach amháin don bhliain ina dtarlaíonn cóineartú, tá ceart diúltaithe ag tuismitheoirí ar bhonn reiligiúnach, agus déanann roinnt tuismitheoirí Moslamacha é sin. Cuireann tromlach na moscanna agus cumainn Moslamach cineál éigin de theagasc Ioslamach ar fáil lasmuigh d’uaireanta scoile.</p> <p>Tá soláthar sa reachtaíocht chuí do ghnás ar leith chun tuismitheoirí a chur ar an eolas maidir le nádúr neodrach an ábhair. I roghnú amach, déanann na tuismitheoirí ráiteas go nglacfaidh siad freagracht as oideachas reiligiúnach/eitice a bpáiste.</p> <p>De ghnáth, staonann tuismitheoirí ó scoil phríobháideach a úsáid mura n-aontaíonn siad le hoideachas reiligiúnach na scoile. Féadfaidh na scoileanna seo a chinneadh an féidir le daltaí roghnú diúltú do rang.</p>
<p><b>Forbairt siollabais</b></p>	<p>Tá na spriocanna éigeantacha foriomlán forbartha don ábhar forbartha ag an roinn. Tá curaclam molta forbartha ag an roinn freisin. Tá saoirse ag scoileanna a gcuraclam féin a ghlacadh, laistigh de theorainneacha na spriocanna gnóthachtála foriomlána don ábhar. Roghnaíonn tromlach mór na scoileanna an curaclam molta a úsáid.</p> <p>In scoileanna poiblí, baineann teagasc sa Staidéar Críostaí le heolas faoin gCríostaíocht agus reiligiúin eile agus dearcadh ar an saol. Tá nádúr comparáideach, fealsúnach agus léiritheach ag an ábhar. Tá cosc iomlán ar na</p>

	<p>“folkeskole” (bunscoileanna poiblí) aon chuspóir a leanúint chun creidiúintí a sheachadadh . Mar sin féin, leagtar béim níos mó ar an eolas faoin gCríostaíocht ná reiligiúin agus córais creidiúintí eile sa churaclam. I scoileanna príobháideacha, glactar leis go forleathan gur féidir le hoideachas reiligiúnach roinnt foirmiú creidiúintí a chuimsiú.</p>
<b>Forbairt téacsleabhair</b>	<p>Forbraítear téacsleabhair do scoileanna poiblí agus príobháideacha neamhspleách araon ag comhlachtaí príobháideacha agus ceannaithe ag na scoileanna. Níl ról ar bith ag an roinn i gceadú nó moladh na dtéacsleabhar. Freagracht de chuid na mbord scoile is ea téacsleabhair agus ábhair oideachasúla eile a cheadú, i scoileanna poiblí agus príobháideacha neamhspleách araon.</p>
<b>Caidreamh scoile / reiligiúin</b>	<p>Tá Folkeskole i seilbh agus á rith ag na bardais, atá ina réigiúin áitiúla, féin-rialaithe. Tá na bardais á rialú ag comhairlí baile a thoghtar go háitiúil. Déanann na bardais na cinntí ar fad faoi na folkeskole laistigh den chreat a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta. Ciallaíonn sé seo go bhfuil gach folkeskole faoi cheangal ag na spriocanna foghlama do gach ábhar chomh maith le rialacha maidir le rialú scoile, comhoibriú le tuismitheoirí, measúnú srl.</p> <p>Tá na folkeskole á maoiniú trí bhuiséid bardais.</p> <p>Aithnítear scoileanna príobháideacha agus faigheann siad airgead rialtais beag beann ar inspreagadh idéalaoch, reiligiúnach, polaitiúil nó eitneach atá ag a bunú. Saintréith de chuid scoileanna dá leithéid ná go bhfuil siad níos lú ná na folkeskole. Forais féin-rialaithe is ea iad le boird rialaithe mar an údarás is airde agus ní bhíonn pátrúin acu.</p> <p>Ní mór dos na scoileanna príobháideacha a bheith neamhspleách, .i. saoir ó rannpháirtíocht ag eagrais reiligiúnacha nó eile in úinéireacht agus bainistiú na scoile.</p>
<b>Caidreamh scoile / reiligiúin / teaghlaigh</b>	<p>Sa folkeskole, is tuismitheoirí iad tromlach an bhoird scoile a dhéanann cinntí faoi phrionsabail foriomlána chun eagrú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na scoile, comhoibriú idir scoil agus baile, buiséad na scoile a cheadú agus ábhair teagaisc a cheadú. Ní bhíonn, áfach, tionchar acu ar inneachar na n-ábhar, lena n-áirítear cé acu ar chóir nó nár chóir go mbeadh aon chlaonadh sainchreidmheach ag an teagasc sa Staidéar Críostaí.</p> <p>I scoileanna príobháideacha, ní mór do thuismitheoirí beirt ar a laghad a thoghadh de chomhaltaí bhord an scoile agus go minic bíonn deis acu níos mó ná beirt a thoghadh. Mar sin tá ról ag tuismitheoirí i bpróifíl na scoile a chinneadh. Ní mór do thuismitheoirí an scoil a mhaoirsiú freisin, gníomhaíochtaí oideachasúla san áireamh.</p> <p>I scoileanna poiblí, ní áiríonn teagasc agus gníomhaíochtaí eile a bhaineann le reiligiún pobail, ach amháin don ghnáth-chomhoibriú idir scoil agus baile. D’fhéadfadh don teagasc cuairteanna ar áiteanna ómóis agus gníomhaíochtaí reiligiúnacha a fheiceáil, ach níl ról ag an eaglais nó údarás dá leithéid. Tarlaíonn gníomhaíochtaí chun ullmhú don chóineartú lasmuigh den scoil, agus ní cuid de ghníomhaíochtaí na scoile iad, ach i ngnáthuaireanta scoile, agus déanann an scoil agus an eaglais áitiúil comhordú ar an am ullmhúcháin agus</p>

	<p>sceideal na scoile chun a chinntiú go dtarlóidh seo. De bhreis air seo, tá an rannpháirtíocht indéireach a luaitear thuas, is é sin go bhfuil pleanáil na gceachtanna ag cur san áireamh go mbeidh tromlach na bpáistí ag ullmhú don chóineartú sa 7ú grád.</p> <p>Tá scoileanna príobháideacha neamhspleácha saor le comhoibriú agus comhordú le pobail reiligiúnacha, m.sh. am a chur ar leataobh sa lá scoile dos na páistí chun freastal ar Aifreann nó gníomhaíochtaí reiligiúnacha eile, fhad is a choinníonn an scoil a neamhspleáchas, .i. saor ó rannpháirtíocht eagraíochtaí reiligiúnacha nó eile in úinéireacht agus bainistíocht na scoile.</p>
<b>Éagsúlacht reiligiúnach sna seomraí ranga a láimhseáil</b>	<p>Tá páistí i scoileanna poiblí a dhiúltaíonn an teagasc i Staidéar Críostaí faoi mhaoirsiú na scoile, ach ag brath ar aois is féidir cead a thabhairt dóibh an t-am a úsáid mar is main leo; mar shampla, is féidir leo suímh na scoile a fhágáil. Is féidir le scoileanna agus tuismitheoirí aontú ar ghníomhaíochtaí eile dos na páistí le déanamh i rith an ama seo. Níl diúltú ag brath ar na páistí ag cur gníomhaíochtaí creidimh ar leith i bhfeidhm, ach geallann na tuismitheoirí soláthar a dhéanamh do theagasc reiligiúnach/eitice an bpáistí.</p> <p>Níl iachall ar scoileanna príobháideacha ceadú dos na páistí diúltú don teagasc reiligiúnach - má chuireann an scoil teagasc dá leithéid ar fáil. Nil aon eolas ag an roinn ar na beartais ar leith atá tógtha ag scoileanna príobháideacha ar bith a cheadaíonn seo.</p>
<b>Cigireachtaí</b>	<p>Cinneann an tAire Oideachais na rialacháin agus spriocanna do leibhéal foirme ar leith (cuspóirí leibhéal foirme) dos na hábhair/topaicí ar leith. Bunaíonn na cuspóirí deiridh agus leibhéal foirme sprioc do threo agus spriocanna an teagaisc, ag cinntiú go bhfaigheann scoláirí an t-eolas agus na scoileanna san ábhar/topac ag, faoi seach, deireadh a gclár oideachais agus deireadh na leibhéal foirme ar leith.</p> <p>Níl aon chigireacht lárnach i réimse na scoileanna poiblí. Níl de riachtanas náisiúnta/aire ann ach go gcuirfeadh na bardais “tuairisc cáilíochta” in aghaidh na bliana ar cháilíocht a scoileanna, ina bhfuil, inter alia, eolas staitisticíúil ar roinnt réimsí. Seachas na “tuairiscí cáilíochta”, tá saoirse ag na bardais cinneadh ar an mbealach inar mian leo monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus leibhéal acadúil na scoileanna. Tá scrúduithe éigeantacha tar éis an 9ú grád i roinnt ábhar, Staidéar Críostaí san áireamh.</p> <p>I scoileanna príobháideacha neamhspleách, is iad na tuismitheoirí féin a chaithfidh maoirseoirí a roghnú chun leibhéal gnóthachtála na ndaltaí a sheiceáil sa Danmhairgis, uimhríocht, matamaitic agus Béarla agus cé acu i gcoitinne an bhfuil teagasc foriomlán na scoile ag teacht lena mbeifí á éileamh sa scoil an bhaile. I gcásanna eisceachtúla, féadfaidh an Roinn Oideachais maoirsiú speisialta a bhunú, mar shampla má cheaptar go múineann an scoil Danmhairgis chomh bocht sin go gcuirfí isteach ar chumas na bpáistí déileáil leis an saol sa Danmhairg. Níl maoirsiú ar leith ann ar ábhair aonair ar nós Staidéar Críostaí.</p>
<b>Ullmhúchán sacraiminteach</b>	<p>Féach an t-eolas a tugadh maidir le “caidreamh scoile/reiligiúin/teaghlaigh”</p>

## AN FHIONLAINN

<b>Am don Oideachas Reiligiúnach/ Teagasc Reiligiúnach sa lá scoile</b>	De ghnáth caitheann na scoileanna uile uair a' chloig ar reiligiún in aghaidh na seachtaine.
<b>Am sa lá scoile</b>	Cuirtear nó ar fáil i mbunscoileanna d'uair a' chloig in aghaidh na seachtaine. Ní mór dos na scoileanna uile nó a sholáthar dos na daltaí uile. Ag roinnt scoileanna Críostaí bheadh beagán níos mó OR, ach gan níos mó ná luach 12-14 d'uaireanta in aghaidh naoi mbliana.
<b>Rogha istigh/amuigh ?</b>	Ábhair croíláir is ea reiligiún nó eitic sa churaclam. Má tá teagasc i gcreideamh an dalta féin, níl ceart acu é a dhiúltú. Meastar go bhfuil gá le reiligiún mar ábhar éigeantach, toisc go dtacaíonn sé le forbairt ionannais agus dearcadh ar an domhain an pháiste féin, a leagann bonn do dhialóg idirchultúrtha.
<b>Forbairt siollabais</b>	Dearann Bord Náisiúnta Oideachais na Fionlainne agus ceadáíonn na curaclaim croíláir náisiúnta agus riachtanais do cháilíochtaí agus déanann measúnú ar thorthaí foghlama. Tá Bord Náisiúnta Oideachais na Fionlainne á bhainistiú ag an mBord Bainistíochta, agus na comhaltaí ann ina saineolaithe ar an oideachas, agus ionadaithe ar údaráis áitiúla, múinteoirí agus comhpháirtithe sóisialta. Níl na heaglaisí páirteach go díreach i gceisteanna curaclaim nó i bhforbairt an churaclaim OR; de ghnáth bíonn múinteoirí OR (ionadaithe sainchreidmheacha) ó leibhéil éagsúla scoile páirteach agus bíonn an grúpa oibre faoi cheannas ionadaí ón mBord Náisiúnta Oideachais. Sa churaclam croíláir náisiúnta reatha tá cuspóirí agus critéirí measúnaithe. Laistigh den chreat seo, ansin cruthaíonn scoileanna agus údaráis áitiúla a rialacháin curaclaim féin atá íogair don chomhthéacs áitiúil. Rialaíonn an tAcht um Oideachas Bunúsach na hábhair a áirítear sa churaclam. Cinneann an Rialtas ar an dáileadh ama foriomlán trí líon íosta na gceachtanna a chinneadh d'ábhar croíláir le linn an oideachais bhunúsach. Sa bhunscolaíocht is iad aidhmeanna an teagaisc ná: <ol style="list-style-type: none"> <li>1. an dalta a chur ar an eolas faoina reiligiún féin</li> <li>2. an dalta a chur ar an eolas faoin dtraidisiún spioradálach Fionlannach</li> <li>3. reiligiúin eile a chur in aithne don dalta</li> <li>4. cuidiú leis an dalta tábhacht chultúrtha agus daonna reiligiún a thuiscint</li> <li>5. an dalta a oiliúint i maireachtáil eiticiúil agus cuidiú le gné eitic reiligiúin a thuiscint.</li> </ol>
<b>Forbairt téacsleabhair</b>	Foilsíonn comhlachtaí foilsitheoireachta leabhair OR, bunaithe ar an gcuraclam náisiúnta, ach tá roinnt saoirse inneachair ann. Tá sé de cheart ag scoileanna a roghnú cén leabhar is mian leo a úsáid - roghnaíonn múinteoirí a modhanna teagaisc féin agus tá saoirse acu a n-ábhar teagaisc féin a roghnú
<b>Caidreamh scoile /</b>	Bunaíodh an riarachán oideachasúil agus an bord náisiúnta a bhainistíonn ceisteanna oideachasúla ag deireadh an 19ú céid; bhí freagracht ag an Eaglais

<b>reiligiún</b>	<p>as na nithe oideachasúla eile go dtí gur scaradh an Stát agus an Eaglais i 1869. Sa bhliain chéanna, bunaíodh an Bord Oideachais, agus d’fheidhmigh sé mar eagras lárnach ag bainistiú nithe oideachasúla le breis agus céad bliain. Bainistítear tromlach na scoileanna ag údaráis áitiúla nó comhbhoird bardas (cónaidhmeanna de bhailte).</p> <p>Ina theannta sin, tá roinnt scoileanna cuimsitheacha príobháideacha ann, atá nasctha leis na húdaráis áitiúla<sup>93</sup>. Faigheann soláthróirí príobháideacha oideachais ceadúnas ón Rialtas. Mar chuid de bhronnadh ceadúnais chun oideachas bunúsach a sholáthar, féadfaidh an Rialtas tasc ar leith a shannadh don soláthróir. Sannaíodh tasc mar sin, mar shampla, do scoileanna Steiner, scoileanna reiligiúnacha agus scoileanna teangacha iasachta. Féadfaidh scoileanna speisialtóireachta béim a leagan sa churaclam de réir an tasc atá sannaithe. Is féidir an bhéim ar leith seo a léiriú i luachanna na scoileanna, a n-aidhmeanna oideolaíochta agus a bhfealsúnacht. Ní féidir leid na gníomhaíochtaí, idé-eolaíocht nó cultúr oibriúcháin, áfach, a bheith ag teacht salach ar na haidhmeanna ginearálta atá leagtha amach d’oideachas réamhbhunscoile agus bunúsach. Ná ní féidir leo seo tiomantas pearsanta a éileamh ar na daltaí nó féachaint leis an dalta a cheangal leis an idé-eolaíocht atá i gceist nó ballraíocht i bpobal a léiríonn idé-eolaíocht dá leithéid. Leanann na scoileanna príobháideacha an reachtaíocht chéanna agus na curaclaim náisiúnta croíláir le scoileanna poiblí.</p> <p>Deir na ndaoine atá i gcoinne an oideachais OR go bhfuil sé de fhreagracht ar an eaglais aidhmeanna an teagaisc sa reiligiún a thairiscint, agus nach bhfuil OR ábhartha do scoileanna. Deir cosantóirí OR gur cuid tábhachtach den oidhreacht chultúrtha is ea é. Ní féidir le scoláirí cultúr na Fionlainne a thuiscint gan eolas a bheith acu faoin mBíobla agus gluaiseachtaí reiligiúnacha sa bhFionlainn. Tá cúiseanna stairiúla, cultúrtha agus eiticiúla a chosnaíonn áit an oideachais reiligiúnaigh i scoileanna. Ós rud é gur cuspóir tábhacht é de chuid an chórais scolaíochta é páistí a threorú chun machnamh ar thuairimí éagsúla ar an saol agus an bunús atá leo, is féidir OR a chosaint toisc go dtugann sé dearcadh uathúil ar an iliomad ceisteanna a phléann le bun-nithe daonna.</p>
<b>Caidreamh scoile / reiligiún / teaghlaigh</b>	Tá scoileanna agus eaglaisí scartha sa bhFionlainn.
<b>Éagsúlacht reiligiúnach sna seomraí ranga a láimhseáil</b>	Tá ‘reiligiún nó eitic’ mar chuid de na hábhair éigeantacha croíláir san oideachas bunúsach. Socraítear teagasc sa reiligiún faoi réir reiligiún thromlach na ndaltaí. Tá daltaí nach mbaineann leis an bpobal reiligiúnach seo i dteideal teagasc a fháil ina reiligiún féin más mian lena dtuismitheoirí/caomhnóirí amhlaidh, agus má tá triúr dalta nó níos mó den reiligiún céanna ann le grúpa a dhéanamh. Mura bhfuil teagasc i reiligiún an dalta féin ar fáil, ní mór cineál eile teagaisc nó gníomhaíochtaí faoi mhaoirsiú a chur ar fáil don dalta .

<sup>93</sup> I 2010, bhí 65 as 2,952 scoil cuimsitheach in úinéireacht phríobháideach.



<b>Cigireachtaí</b>	<p>Níl cigireacht scoile ar leith ann agus tá deireadh curtha le cuairteanna cigireachta ar scoileanna ag údaráis an Stáit. Tá gníomhaíochtaí na soláthróirí oideachais á dtreorú ag aidhmeanna leagtha síos sa reachtaíocht agus sna náisiúnta croíláir. Braitheann an córas ar chumas na múinteoirí ina n-iarrachtaí chun na haidhmeanna a leagtar amach sna curaclaim a bhaint amach. Tá soláthróirí oideachaia, príomhoidí áitiúla ach go háirithe, freagrach as féinmheastóireacht an oideachais a chuireann siad ar fáil agus táthar ag súil go nglacfaidh siad páirt i meastóireachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta. I suíomhanna deacra, féadfaidh an Bord Náisiúnta Oideachais comhairle a thabhairt.</p> <p>Tá príomhoidí scoila áitiúla freagrach as caighdeáin a chinntiú i mbunscoileanna. Chum an Bord Náisiúnta Oideachais an curaclam croíláir RO, agus cumann scoileanna a gcláir féin bunaithe air seo. Ní mór do mhúinteoirí teagasc faoi réir na gcuraclam áitiúla.</p>
<b>Ullmhúchán sacraiminteach</b>	<p>Sa bhFionlainn, tá scoileanna agus eaglaisí scartha óna chéile. Ní tharlaíonn ullmhúchán le linn ama scoile.</p>

## AN GHEARMÁIN (Leibhéal STÁIT CÓNADHME)

<b>Am don Oideachas Reiligiúnach/ Teagasc Reiligiúnach sa lá scoile</b>	<p>De réir an staid reatha d’eolas na Comhairle Reatha níl aon ráitis faoi méid ama laethúil atá beartaithe d’ábhar an reiligiúin nó topaicí reiligiúnacha. I gcoitinne, cuirtear dhá uair a’ chloig ar an meán ar fáil do theagasc reiligiúnach in aghaidh na seachtaine.</p>
<b>Am sa lá scoile</b>	<p>Sa Ghearmáin, de ghnáth níl amanna socraithe don oideachas reiligiúnach agus morálta (ORM), is cuid den amchlár rialta é agus mar sin féadfaidh sé a bheith ar siúl ar lá ar bith agus ag am ar bith i rith na seachtaine.</p>
<b>Rogha istigh/amuigh ?</b>	<p>Ábhar éigeantach is Oideachas Reiligiúnach i scoileanna poiblí dóibh siúd a bhfuil creidiúintí reiligiúnacha áirithe acu de réir a ráitis reiligiúnaigh. I dtromlach na Länder, ábhar éigeantach is ea Eitic do scoláirí nach nglacann páirt sa TR. Tá foráil sa Dlí Bunúsach (Airt. 7 (2)) go “[m]Beidh an ceart ag tuismitheoirí agus caomhnóirí a chinneadh cé acu an bhfaighidh páistí TR”.</p>
<b>Forbairt siollabais</b>	<p>Do scoileanna Stáit, tá ceart absalóideach ag an Stát maidir leis an gcuraclam iomlán, lena n-áirítear ORM mar réimse ábhair ghinearálta, a eagrú, a phleanáil, a rialú agus a mhaoirsiú.</p> <p>Sa chleachtas is iad na socruithe a bhíonn an de ghnáth má go bhfuil ORM, do thromlach na Länder, mar chuid den churaclam caighdeánach. Do TR go sainiúil, cinneann eaglaisí i gcoitinne ar inneachar an churaclaim, agus íocann an Stát as an teagasc. Comhoibríonn eaglaisí leis an Stát freisin chun múinteoirí a cheapadh - a gcaithfidh mandáit sainiúil a bheith acu ón eaglais</p>

	<p>chuí.</p> <p>Le fás sa dí-eaglaisiú, bhí méadú ar an tarraingt siar/diúltú - agus buarthaí dá bharr nach raibh foirm den oideachas morálta trí scolaíocht i gcásanna mar sin. Mar thoradh air sin, rinneadh ábhar éigeantach den Eitic do scoláirí ag diúltú don TR.</p>
<b>Forbairt téacsleabhair</b>	<p>Go ginearálta, is iad foilsitheoirí a fhorbraíonn leabhair. De ghnáth ceadaítear leabhair scoile do cheachtanna ag na Länder. Ní mór dóibh a bheith ag teacht leis an mbunreacht agus le sonrúcháin an churaclaim. Maidir le hoideachas reiligiúnach, tá na heaglaisí páirteach i bhforbairt téacsleabhar. Níl aon eagrais lárnach freagrach ar fud na Stát cónaidhme, agus tairgíonn foilsitheoirí a leabhair i Länder éasgúla ag an am céanna.</p>
<b>Caidreamh scoile / reiligiúin</b>	<p>I ndiaidh WWII, d'fhorbair an tsochaí go tapa agus bhí tréimhse cooiomhlinte agus dlíthíochta ann sna 1970í. Uime sin, rinne Länder na Iar-Ghearmáine iarracht brúanna a ídeolaíocha/reiligiúnacha a choinneáil amach sa mhéid agus is féidir. Tharla seo go speisialta in Rín-Thuidh-Westphalia agus Saxony Íochtar. Is annamh coimhlint anois.</p> <p>Tá 98% de bhunscoileanna poiblí, agus 2% príobháideach.</p> <p>Rialaigh roinnt cinntí cúirte go dtógann an múnla seo “cothromaíocht stuama agus réasúnta” idir iad siúd atá ag lorg oideachais sainchreidmheacha agus iad siúd ag lorg an oideachais tuata.</p> <p>Tá an Stát freagrach as TR mar is cuid de churaclam an Stáit é, mar sin ní mór dó cúnaimh airgid a sholáthar i gcomhair costas na bpearsanra agus na n-ábhar TR (Féach “Caidreamh scoile/reiligiúin/teaghlaigh”). Déantar an t-eagrú seo i gcomhair leis na gníomhaireachtaí cuí.</p>
<b>Caidreamh scoile / reiligiúin / teaghlaigh</b>	<p>Tá foráil sa Dlí Bunúsach (Airt. 7 (3)) go “[m]Beidh TR ina chuid den curaclam rialta i scoileanna Stáit, ach amháin i scoileanna neamhshainchreidmheacha. Gan dochar do cheart an Stáit um mhaoirsiú, tabharfar TR faoi réir dhearbhpriionsabail an phobail reiligiúnaigh atá i gceist. Ní féidir iachall a chur ar mhúinteoirí i gcoinne a dtola TR a thabhairt”.</p>
<b>Éagsúlacht reiligiúnach sna seomraí ranga a láimhseáil</b>	<p>I gcoitinne, cuirtear rang éigeantach ar fáil mar rogha, i gcás diúltaithe TR. Tá sé rialaithe ag an gCúirt Bhunreachtúil Cónaidhme, i sochaí iolraíoch, nach féidir leis an Stát roghanna idé-eolaíochta na dtuismitheoirí uile a shásamh, agus mr sin níl aon éileamh ag tuismitheoirí i gcoinne an Stáit maidir le claonadh idé-eolaíochta an oideachais éigeantaigh. Mar sin, samhlaítear go bhfuil sainordú na scoileanna poiblí Gearmánacha ag rith comhthreomhar le cearta na dtuismitheoirí. Ní féidir le ceachtar acu tosaíocht absalóideach a mhaíomh.</p> <p>Tá fianaise ann ar éileamh méadaithe ó Mhoslamaigh do mheas agus cothromaíocht dá gcreideamh agus a léiriú i scoileanna Stáit. Tá sé seo i gcodarsnacht le treo eile an dí-eaglaisithe ag méadú.</p> <p>I dtromlach na Länder, tá Eitic ina hábhar éigeantach dos na scoláirí nach dtógann ranganna TR. Iná theannta sin, tá tús curtha i roinnt Länder ar TR a thabhairt isteach ag díriú ar Ioslam.</p>
<b>Cigireachtaí</b>	<p>Go bunúsach, luíonn oideachas reiligiúnach faoi mhaoirsiú an Stáit mar ábhar rialta. Ar an láimh eile, faigheann na heaglaisí an ceart cigireacht a dhéanamh</p>

	ar na ceachtanna oideachais reiligiúnaigh. Tá údarás maoirseachta an Stáit féin mar oll-údarás lonnaithe leis na ministreachtaí. Ina theannta sin go minic bíonn údaráis maoirseachta scoile réigiúnda do phobail nó údaráis oideachais áitiúla.
<b>Ullmhúchán sacraiminteach</b>	Sa Ghearmáin, de ghnáth ní bhíonn ullmhúchán sacraiminteach ar fáil le linn na gceachtanna TR, agus bíonn an t-ullmhúchán ar siúl sna pobail.

## TUAISCEART ÉIREANN

<b>Am don Oideachas Reiligiúnach/Teagasc Reiligiúnach sa lá scoile</b>	Cuireann bun scoileanna ceachtanna OR ar fáil do leathuair a' chloig in aghaidh an lae, nó dha uair a' chloig go leith in aghaidh na seachtaine.
<b>Am sa lá scoile</b>	Tá saoirse ag scoileanna OR a amchlárú mar is feliúnaí. Chomh maith le OR, éilíonn an t-ordú Education and Libraries (Northern Ireland) Order 1986 ar gach scoil comh-adhradh a chur san áireamh mar chuid dá clár laethúil. Go minic tugtar "tionól na maidine" ar an gcomh-adhradh ach ní shannaíonn an tOrdú am ar leith sa lá ina bhfuil sé le bheith ann. Féadfaidh comh-adhradh a bheith in aon tionól amháin don scoil iomlán nó i níos mó ná tionól amháin.
<b>Rogha istigh/amuigh?</b>	Tá ceart ag tuismitheoirí a bpáiste a tharraingt siar ón gcomh-adhradh iomlán nó cuid de agus/nó ceachtanna OR ar bhonn coinsiasa. Tá ceart ag múinteoirí freisin tarraingt siar ó theagasc OR/comh-adhradh ar bhonn coinsiasa.
<b>Forbairt siollabais</b>	Tá foráil sa reachtaíocht go bhféadfaidh an Roinn Siollabas Croíláir a shonrú don OR le le húsáid i scoileanna agus nach mór siollabas dá leithéid a ullmhú ag grúpa dréachta atá ionadaíoch ar 'dhaoine ar leas leo teagasc an oideachais reiligiúnaigh i scoileanna deontaschúnta. Go stairiúil glacadh leis gurn iad "daoine ar leas leo" na 4 príomh-eaglaisí. Gné eile is ea, i scoileanna rialaithe, sonraíonn an reachtaíocht nach mór don oideachas reiligiúnach a bheith bunaithe ar 'na Scriptiúir Naofa de réir leagain údarásaigh éigin nó leagan de sin ach gan oideachas maidir le haon dearbhphrionsabal a bhaineann go saiiniúil le haon sainchreideamh reiligiúnach ar leith'. Ó theastaigh ó na 4 eaglaisí, chun leasa an chomhtháite pobail, siollabas comónta croíláir a úsáidm ansin bhí tionchar ag an riachtanas reachtaíochta ar an siollabas croíláir do scoileanna rialaithe agus coinnithe araon.
<b>Forbairt téacsleabhair</b>	Chun tacú le múinteoirí i soláthar OR, bhunaigh an Comhairle do Churaclam, Scrúduithe agus Measúnuithe (CCEA) Grúpa Comhairleach OR. Sainordú an Ghrúpa ná chun tacaíocht agus ábhair a chur ar fáil do mhúinteoirí. Ar ndóigh tá saoirse ag scoileanna úsáid a bhaint as aon

	acmhainní a chuidíonn leo le soláthar an churaclaim leasaithe.
<b>Caidreamh scoile / reiligiúin</b>	<p>Cuimsíonn an córas oideachais i dTuaisceart Éirann cineálacha éagsúla scoileanna faoi rialú ag coistí bainistíochta atá freisin ina bhfostóirí ar na múinteoirí. Tá iomlán de 846 bunscoil ann, nah n-áiríonn 17 roinn ullmhúcháin do Scoil Ghramadaí. Is iad na cineálach éagsúla scoileanna ná:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Rialaithe (naíscoileanna, bunscoileanna, scoileanna speisialta, iarbhunscoileanna agus scoileanna gramadaí) atá faoi bhainistíocht Bhord Gobharnóirí na scoileanna agus is iad na hÚdaráis Fostaíochta ná na cúig Bord Oideachais agus Leabharlaine (383 (45%) de bhunscoileanna)<sup>94</sup>.</li> <li>• Coinnithe (naíscoileanna, bunscoileanna, scoileanna speisialta agus iarbhunscoileanna) atá faoi bhainistíocht Bhord Gobharnóirí na scoileanna agus is é an tÚdarás Fostaíochta ná an Chomhairle do Scoileanna Coinnithe Caitliceacha (CCMS) (396 (47%) de bhunscoileanna)</li> <li>• Coinnithe Eile (bunscoileanna, scoileanna speisialta agus iarbhunscoileanna) (25 (3%) de bhunscoileanna)</li> <li>• Deonacha (scoileanna gramadaí), Comhtháite (bunscoileanna agus iarbhunscoileanna) agus Institiúidí Breisoideachais agus Ardoideachais – ta gach scoil atá faoi bhainistíocht Bhoird Gobharnóirí. (42 (5%) de bhunscoileanna)</li> </ul>
<b>Caidreamh scoile / reiligiúin / teaghligh</b>	<p>Chomh maith leis an RO neamh-shainchreidmheach atá de dhíth i scoileanna, ní mór rochtain réasúnta a thabhairt ag amanna eile do mhinistéirí reiligiúin agus daoine oiriúnacha eile, lena n-áirítear múinteoirí na scoile nach gcuireann na tuismitheoirí ina gcoinne, chun oideachas reiligiúnach a thabhairt. Laistigh de chomthéacs Thuaisceart Éireann de ghnáth is ministéirí iad na daoine a thagann isteach i scoil nó cinnirí eile ar shainchreidimh Chríostaí, ach níl aon fhoráil ann chun ministéirí eile nó daoine ó shainchreidimh eile a chosc. Ní bhailíonn an Roinn eolas ar cé a dtugtar cuireadh chun na scoileanna dóibh ós rud é go bhfágtar seo faoi na scoileanna aonair.</p>
<b>Éagsúlacht reiligiúnach sna seomraí ranga a láimhseáil</b>	<p>Féachann an Siollabas Croíláir Leasaithe leis an domhan atá ag athrú a léiriú agus éilíonn sé go bhfaigheadh daltaí ag Eocharstaid 2 a bheith ar an eolas faoi agus meas a bheith acu ar chultúir agus creidimh éagsúla, chomh maith le soláthar do dhaltaí ag Eocharstaid 3 staidéar a dhéanamh ar 2 reiligiún domhanda (agus do daltaí ag Eocharstaid 4 staidéar a dhéanamh ar an Eaglais Chríostaí ó thaobh traidisiúin Protastúnaigh agus Caitlicigh Rómhánaigh araon).</p> <p>Níl sé i gceist go léireodh an Siollabas Croíláir an soláthar iomlán do OR i scoileanna, ach tugann sé an bunús ar a bhféadfaidh gach scoil aonair clár a thógáil a bheidh in oiriúint do riachtanais a ndaltaí agus a léireoidh éiteas na scoile. Féadfaidh scoileanna, mar shampla, teagasc breise a</p>

<sup>94</sup> Tá céatadán slánaithe suas, agus tógadh na figiúirí a úsáidtear ó staitisticí na scoilbhliana 2010/2011

	<p>chur san áireamh ar reiligiúin domhanda, lena n-áirítear cosúlachtaí agus difríochtaí a tharraingt idir na príomhreiligiúin anseo, nó soláthar a dhéanamh do ní ar bith eile a bhaineann le OR. Agus sin á dhéanamh, is féidir le scoileanna freisin tógáil ar sholúbthacht mhéadaithe an churaclaim leasaithe agus naisc luachmhara a dhéanamh idir OR agus réimsí ar nós forbairt phearsanta agus saorántacht.</p> <p>Tá sé de cheart ag tuismitheoirí a bpáiste a tharraingt siar ó OR agus/nó Comh-Adhradh. Molann treoir ó na Boird Oideachais &amp; Leabharlainne (ELB) go gcuirfí cóiríocht ar fáil do dhaltaí i seomra scartha amach ón seomra ina bhfuil an ceacht OR ar bun. Tá ar phríomhoidí a scoileanna a eagrú ar bhealach nach mbeidh daltaí a dtarraingíonn a dtuismitheoirí siar ó OR iad thíos leis, go díreach nó go hindíreach, ina bpáirtíocht i ngníomhaíochtaí eile na scoile. Ní bhailíonn an Roinn eolas ar an gcaoi ina bhfeidhmíonn sé seo sa chleachtas.</p> <p>Tá eolas tugtha ag an Roinn do scoileanna maidir lena riachtanais agus freagrachtaí eolas a fhoilsiú ina réamheolairím lena n-áirítear OR agus ceart na dtuismitheoirí a bpáistí a tharraingt siar ó OR agus/nó Comh-Adhradh.</p>
<b>Cigireachtaí</b>	<p>Faoi láthair ní thagann OR faoi na socruithe cigireachta céanna agus a bhíonn ag ábhair eile sa churaclam agus níl foráil sa reachtaíocht dá chigireacht ach amháin ag an gCigireacht Oideachais agus Oiliúna ar cuireadh ó Bhord Gobharnóirí na scoile.</p> <p>Tá foráil ann i scoileanna deontaschúnta do mhinistéirí reiligiúin agus daoine oiriúnacha eile, lena n-áirítear múinteoirí na scoile nach gcuireann na tuismitheoirí ina gcoinne, chun cigireacht agus scrúdú a dhéanamh ar an OR a chuirtear ar fáil.</p>
<b>Ullmhúchán sacraiminteach</b>	<p>Cuireann scoileanna coinnithe Caitliceacha teagasc ar fáil dos na sacraimintí le linn ama scoile. Nó mór do thuismitheoirí Caitliceacha socruithe a dhéanamh dá bpáistí atá ag freastal ar chinéalacha eile scoileanna sa teagasc sacraiminte.</p>

<b>ALBA</b>	
<b>Am ceadaithe don OR/TR sa lá scoile</b>	<p>Tá Comhdháil na nEaspag in Albain ag súil go leanfaidh na scoileanna Caitliceacha uile na treoirlínte a bhunaigh an Coimisiún um Oideachas Caitliceach ar sholáthar ama imleor don oideachas reiligiúnach laistigh den churaclam scoile. Léiríonn na treoirlínte seo riachtanas d'íosmhéid 2.5 uair in aghaidh na seachtaine sa bhunscoil agus 2 uair in aghaidh na seachtaine i ngach céim den iarbhunscoil. Sna céimeanna iarbhunscoile uile tá an Coimisiún ag súil leis go gcuirfear an dáileadh ama íosta seo ar fáil trí 2 thréimhse de ranganna oideachais reiligiúnaigh in aghaidh na seachtaine agus saibhrith ag gníomhaíochtaí breise i rith na scoilbhliana.</p> <p>I scoileanna neamhshainchreidmheacha, táthar ag súil go dtugtar an t-am</p>

	imleor do ORM chun na heispéirís agus torthaí a sholáthar ar bhealach bríoch agus forásach.
<b>Am sa lá scoile a mbíonn OR/TR ann</b>	Níl foráil dá leithéid i scoileanna na hAlban, cinneann an scoil aonair é seo.
<b>Rogha istigh/amuigh ?</b>	Faoi alt 9 den Education (Scotland) Act 1980, tugann an clásal coinsiasa le fios go bhfuil ceart reactúil ag tuismitheoirí páistí a tharraingt sair ó rannpháirtíocht san oideachas reiligiúnach agus morálta i scoileanna neamhsainchreidmheacha agus oideachas reiligiúnach i scoileanna Caitliceacha Rómhánacha. Ba chóir do scoileanna eolas imleor a thabhairt do thuismitheoirí le cinneadh a dhéanamh, agus a chinntiú go bhfuil tuismitheoirí ar an eolas faoi ábhar an oideachais reiligiúnaigh agus morálta nó an oideachais reiligiúnaigh gur mian leis an scoil a thabhairt. Ní mór do mhúinteoirí cláraithe le GTC Scotland an Caighdeán do Chlárú Iomlán a shroicheadh agus tá cuid de sin ag baint leis an gcuraclam a sholáthar, agus i gcomhthéacs bunscoile cuimsíonn sé sin ORM.
<b>Forbairt siollabais</b>	Níl an curaclam in Albain forordaithe sa reachtaíocht; cuireann an Education (Scotland) Act, 1980, dualgas reachtúil ar údaráis áitiúla oideachas reiligiúnach agus cleachtadh reiligiúnach a chur ar fáil i scoileanna na hAlban. Tá údaráis áitiúla freagrach as achinntiú go bhfuil cláir curaclaim cuí ag a scoileanna, in oiriúint dá riachtanais agus acmhainní agus ag tarraingt ar na heispéirís agus torthaí cuí. Is féidir iad seo a fheiceáil ag an nasc gréasáin seo a leanas – <a href="http://www.ltscotland.org.uk/curriculumforexcellence">www.ltscotland.org.uk/curriculumforexcellence</a> . Tá ORM (i scoileanna sainchreidmheacha agus neamhsainchreidmheacha araon) ar cheann de na the 8 réimsí curaclaim croíláir. Do scoileanna neamhsainchreidmheacha, foghlaimíonn páistí faoin gCríostaíocht agus creidiúintí domhanda eile, ar nós Ioslam agus Giúdachas. I scoileanna Caitliceacha, tá an fócas ar “Chríostaíocht Chaitliceach” go sainiúil, le daltaí ag foghlaim freisin faoi reiligiúin eile ar nós Ioslam agus Giúdachas.
<b>Próisea forbartha téacsleabhar do OR/TR</b>	Níl polasaí ag Rialtas na hAlban ar úsáid nó forbairt téacsleabhar. Arís is faoi scoileanna agus údaráis áitiúla a chinneadh cén acmhainní a úsáideann siad. Ar shuíomh gréasáin Education Scotland tá bancanna acmhainní a bhfuil lánchead acu iad a úsáid.
<b>Caidreamh scoile / reiligiúin</b>	Ón dara leath den 16ú céad go dtí 1872 is ag Eaglais na hAlban a bhí an phríomhfhreagracht as an mbunoideachas. Fiú i ndiaidh don rialtas lárnach freagracht a ghlacadh as an oideachas, bhí an Eaglais i réim i gcóras na mBord Scoile chomh fada le 1918, nuair a tháinig údaráis áitiúla ina n-áit. Tá an ceart ag Eaglais na hAlban fós ionadaíocht a bheith acu ar an gcoiste oideachais ag gach údarás áitiúil, má bhunaíonn an t-údarás coiste dá leithéid. Go dtí 1918 bhí a córas bunscolaíochta agus meánscolaíochta féin ag an Eaglais Chaitliceach Rómhánach. Ansin ghlac Stát freagracht as na

	<p>scoileanna, ar an mbun tuisceana go bhfanfaidís sainchreidmheach. Coinníonn an Eaglais Chaitliceach Rómhánach tionchar nach beag ar cheapachán foirne, teagasc an oideachais reiligiúnaigh agus éiteas na scoileanna. Ar nós Eaglais na hAlban, tá ceart ionadaíochta aici ar choistí oideachais.</p> <p>As líon iomlán de 2,099 bunscoil, tá 1,780 (85%) neamhsainchreidmheach le 314 (15%) Caitliceach Rómhánach. In Alban tá scoil Giúdach amháin agus scoil Moslamach amháin<sup>95</sup>.</p> <p>Is ag na 32 údaráis áitiúla atá freagracht as oideachas réamhbhunscoile agus scoile maoinithe go poiblí a sholáthar. Feidhmíonn comhairlí i ngach údarás áitiúil trí struchtúr na gcoistí, lena n-áirítear coiste a phléann le cúrsaí oideachasúla, cé nach bhfuil dualgas reachtúla a thuilleadh ar Chomhairlí coiste a bhunú a bhaineann go sainiúil leis an oideachas. Tá coistí oideachais cumtha de chomhairleoirí áitiúla ach tá comhaltaí atá mar ionadaithe ar na príomh-Eaglaisí ar an gcuid is mó díobh.</p>
<p><b>Caidreamh scoile / reiligiúin / teaghlaigh</b></p>	
<p><b>Éagsúlacht reiligiúnach sna seomraí ranga a láimhseáil</b></p>	<p>Náisiún is ea Alba anois a léiríonn réimse leathan de chreidiúintí, luachanna agus traidisiúin. Cuidíonn ORM le páistí agus daoine óga fiosrú a dhéanamh faoi reiligiúin móra an domhain a fhiosrú agus cur chuigí don saol atá neamhspleách ar chreidiúint reiligiúnach, agus dúshlán a fháil ó na creidiúintí agus luachanna éagsúla seo. Tá ról tábhachtach ag ORM chun cuidiú le tuiscint ar dhifriocht agus ní ag cur creidimh amháin chun cinn atá sé a thuilleadh. Cé go bhfuil sé tábhachtach an Chríostaíocht a aithint mar phríomhthraidisiún reiligiúnach na tíre seo, spreagtar scoileanna le húsáid a bhaint as na hacmhainní saibhre atá ar fáil chun clár staidéir a fhorbairt le cuidiú le daltaí tuiscint níos fearr agus meas a fháil ar dhaoine le creidimh eile, agus ar ndóigh na daoine sin a ghlacann seasamh neamh-reiligiúnach don saol. D’fhonn a chinntiú go bhfuil ceachtanna ábhartha agus oiriúnach araon, spreagtar scoileann chun obair le baill de phobal na scoile chun ábhar an oideachais reiligiúnaigh agus morálta a phleanáil, chomh maith le cleachtadh reiligiúnach, ag cur riachtanas áitiúla san áireamh. Mar sin féin, b’fhéidir go mothóidh roinnt tuismitheoirí agus cúramóirí fós nach maith leo go mbeadh a bpáiste pairteach sa réimse seo den churaclam. Faoi alt 9 den Education (Scotland) Act 1980, tugann an clásal coinsiasa le fios go bhfuil ceart reactúil ag tuismitheoirí páistí a tharraingt sair ó rannpháirtíocht san oideachas reiligiúnach agus morálta i scoileanna neamhsainchreidmheacha agus oideachas reiligiúnach i scoileanna Caitliceacha Rómhánacha. Nuair a tharraingítear páiste nó duine óg siar, ba chóir do scoileanna socruithe cuí a dhéanamh dóibh le páirt a ghlacadh i rogha gníomhaíochta fiúntach oiriúnach. Níor chóir riamh go mbeadh dalta thíos leis mar thoradh ar tharraingt siar ón oideachas reiligiúnach agus morálta nó oideachas reiligiúnach i scoileanna Caitliceacha Rómhánacha. Gné eile ba chóir do thuismitheoirí a mheas ná má</p>

<sup>95</sup> Baineann na figiúirí a úsáidtear le 2010 agus tá na céatadáin slánaithe suas

	roghnaíonn siad scoil shainchreidmheach d’oideachas a bpáiste, roghnaíonn siad roghnú isteach in éieas agus cleachtadh na scoile atá suaite le creideamh reiligiúnach agus mar dintá sé níos deacra dalta a tharraint anach ó na heispéiris ar fad atá faoi thionchar character creidimh na scoile.
<b>Cigireachtaí</b>	Tá Education Scotland (a chuimsíonn HM Inspectorate of Education (HMIE) anois) freagrach as meastóireacht sheachtrach ar na seirbhísí oideachais. Freisin déanann údaráis áitiúla a gcuid meastóireachta cáilíocht féin ar na gnéithe éagsúla den soláthar oideachasúil a dhéanann siad. Tá iachall ar scoileanna aonair faoi réir Standards in Scotland's Schools Act 2000 tuairisc bhliantúil um Chaighdeán agus Cáilíochta a dhéanamh.
<b>Ullmhúchán sacraiminteach</b>	I scoileann Caitliceacha Rómhánacha, ullmhaíonn páistí dos na sacraimintí, sa mhéid is go bhfoghlaimíonn siad faoi bhrí agus áit na sacraimintí sa chreideamh le linn an chláir um oideachas reiligiúnach a úsáidtear.

## AN ÍSILTÍR

<b>Am don Oideachas Reiligiúnach/ Teagasc Reiligiúnach sa lá scoile</b>	Tugann na spriocanna croíláir don bhunscolaíocht cur síos i dtéarmaí uilíocha cad ba chóir a bheith ar eolas ag gach dalta nó cad ba chóir dóibh máistreacht a bheith faighte air faoi dheireadh na bunscolaíochta. Don reiligiún is é an sprioc croíláir ná: “Foghlaimíonn na daltaí bunúis na ngluaiseachtaí reiligiúnacha a bhfuil páirt tábhachtach acu sa tsochaí iolraíoch Ollanach, agus foghlaimíonn siad meas ar dhifríochtaí tuairime dhaoine”. Tá líon na n-uaireanta a chaitear ar na hábhair éagsúla agus an uair nuair a déantar seo faoi lánrogha na scoile.
<b>Am sa lá scoile</b>	Ó tá saoirse ag scoileanna am teagaisc a dháileadh ar na hábhair éagsúla de réir a dtuisceana féin ar na spriocanna gnóthachtála, bíonn difríochtaí ann ó scoile go scoil, san oideachas príobháideach agus poiblí araon (cé go mbeidh an t-am a thugtar don ábhar seo an-teoranta agus ábhar na gceachtanna an-ghinearálta).
<b>Rogha istigh/amuigh ?</b>	San oideachas poiblí féadfaidh scoileanna roghnú (freisin ar iarratas ó thuismitheoirí) chun oideachas reiligiúnach a sholáthar. Féadfaidh thuismitheoirí a thabhairt le fios nach nglacfaidh a bpáiste páirt sna ceachtanna seo.
<b>Forbairt siollabais</b>	Tá soláthar sa Bhunreacht do shaoirse oideachais, a chiallaíonn nach bhfuil oideachas reiligiúnach san áireamh mar sprioc croíláir curaclaim ag an leibhéal lárnach. Tá oideachas reiligiúnach san oideachas príobháideach sainithe ag an scoil; is féidir dul i gcomhchomhairle leis na thuismitheoirí ar an ábhar trí bhord comhairle ionadaíoch na scoile. Sa oideachas poiblí is féidir é a thairiscint mar ábhar seachchuraclaim, lasmuigh d’uairanta scoile. Níl aon teagasc faoistiniúil i scoileanna poiblí, ach anois tá teagasc faoi ngluaiseachtaí reiligiúnacha agus fealsúnachta ina chuid den churaclam. Féadfaidh scoileanna poiblí, áfachm cúrsaí a bhunú ar an reiligiún Críostaí (nó eile) má iarrann teaghlaigh orthu; sa chás sin déanann na



	<p>heaglaisí na múinteoirí a oiliúnt agus a íoc.</p> <p>I 1985, rinne dlí nua réimse nua eolais a thabhairt isteach sa churaclam bunscoile (do scoileanna poiblí agus príobháideacha araon) a chléadfaíonn gluaiseachtaí reiligiúnacha agus fealsúnachta. D'fhéadfaí é seo a mhúineadh ann féin nó a chur san áireamh in ábhair eile agus ba chéim an-tábhachtach í seo in oscailt amach an chórais scoile Ollanaigh do ilchineálacht reiligiúnach sa domhan. Sa chleachtas, ciallaíonn sé i scoileanna Críostaí, áit nach múiní reiligiún ach amháin ó dhearcadh Críostaí de, go bhfuiltear ag súil anois go múinfeadh é ó thaobh oibiachtúil de. I scoileanna poiblí, áfach, nuair nár múineadh oideachas reiligiúnach riamh roimhe seo, ábhar nua is ea an reiligiún agus tá a shuíomh an-doiléir go fóill.</p> <p>Féadfaidh bunscoileanna poiblí freisin bunú chúrsaí roghnach ar reiligiúin ar leith a éascú ar iarratas ó thuismitheoirí. Cuireann siad an spás teagasc atá de dhíth ar fáil agus cuireann siad an t-am atá de dhíth ar fáil.</p> <p>Tá saoirse iomlán ag scoileanna príobháideacha (faoistiniúil don chuid is mó) ar a bhfreastalaíonn tromlach mór na bpáistí (níos mó na 75%), a múinteoirí féin a earcú agus cinntí a dhéanamh faoi ábhair, ar nós reiligiúin, atá lasmuigh den churaclam croílár.</p> <p>Déantar forbairt siollabais ag an eagrais/foras a sholáthraíonn oideachas reiligiúnach san oideachas poiblí (is dócha i gcomhchomhairle le bainistíocht na scoila). Níl an rialtas lárnach ná údarais áitiúla páirteach ann; san oideachas poiblí déanfar é i gcomhchomhairle idir an scoil agus an duine a thugtar cuireadh dó/di a chuirfidh na ceachtanna (nach bhfuil éigeantach) ar fáil. San oideachas príobháideach is faoin scoil atá sé.</p>
<p><b>Forbairt téacsleabhair</b></p>	<p>Cruthaítear téacsleabhair ag foilsitheoirí tráchtála; is faoin scoil atá an rogha.</p>
<p><b>Caidreamh scoile / reiligiúin</b></p>	<p>Ceann de shintréithe an chórais oideachais Ollanaigh, geallta faoi alt 23 den Bhunreacht, is ea saoirse oideachais, .i. saoirse le scoileanna a bhunú (saoirse an bhunaithe), leis a teagasc i scoileanna a eagrú (saoirse eagraithe an teagasc) agus leis na prionsabail ar a bhfuil siad bunaithe a chinneadh (saoirse an phrionsabail). Tá ceart ag daoine scoileanna a bhunú agus teagasc a sholáthar bunaithe ar chreidiúintí reiligiúnacha, idé-eolaíochta nó oideachasúla. Mar thoradh air sin tá scoileanna poiblí agus príobháideacha san Ísiltír.</p> <p>Tá scoileanna poiblí-</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• oscailte do pháistí uile beag beann ar reiligiún nó dearcadh;</li> <li>• faoi réir ag an dlí poiblí;</li> <li>• á rialú ag an gcomhairle bardas (nó coiste rialaithe) nó ag comhlacht dleathúil poiblí nó fundúireacht bunaithe ag an gcomhairle;</li> <li>• ag soláthar oideachais ar son an Stáit.</li> </ul> <p>Tá scoileanna príobháideacha-</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• in ann diúltú daltaí a ligean isteach nach dtaobhaíonn a dtuismitheoirí leis an gcreidiúint nó idé-eolaíocht ar a bhfuil teagasc na scoile bunaithe;</li> <li>• faoi réir ag dlí príobháideach agus maoiniteh ag an Stát cé nach mbunaíonn an Stát iad;</li> <li>• á rialú ag bord an chumainn nó na fundúireacht a bhunaigh iad;</li> </ul>

	<ul style="list-style-type: none"> <li>• ag bunú a dteagaisc ar chreidiúintí reiligiúnacha nó idé-eolaíochta agus áirítear ina measc scoileanna Caitliceacha, Protastúnacha, Giúdacha agus Moslamacha.</li> </ul> <p>Fanann na colúin Caitliceacha agus Protastúnacha go mór chun tosaigh mar chuid de chóras oideachais ina bhfuil saoirse iomlán oideachais (lena n-áirítear saoirse le scoileanna a bhunú), agus áit a mhaoinítear scoileanna príobháideacha, faoistiniúil don chuid is mó, agus scoileanna poiblí ar bhonn cothrom. Is iad scoileanna príobháideacha dá leithéid an earnáil is mó (a chuimsíonn breis agus 75% de na scoláirí), agus iad faoistiniúil don chuid is mó. Tá an Ísiltír ar cheann den bheagán de thíortha an AE (in éineacht leis an mBeilg) ina bhfuil oideachas príobháideach, á chuidiú ag deontais Stáit, níos mó ná oideachas Stáit. Cé go bhfuil an t-eagrú seo, briste i 'gcolúin', tar éis a ábharthacht agus a bheatha a chailliúint i sochaí atá anois éirithe an-tuata, mar sin féin fanann sé mar chuid fíor den chóras oideachais. Tá iontráil do neart de na scoileanna san earnáil seo ar oscailt inniu do phobal leathan. Ní chuirtear an Roinn ar an eolas faoi bhaint díreach ag an gcléir le scoileanna.</p>
<b>Caidreamh scoile / reiligiúin / teaghlaigh</b>	<p>Níl aon eolas ag an Roinn faoi sin, is faoin scoil atá sé.</p>
<b>Éagsúlacht reiligiúnach sna seomraí ranga a láimhseáil</b>	<p>Is faoin scoil/údarás cumasacg atá éagsúlacht laistigh de scoil. Ní aon chur isteach ann ag an rialtas lárnach.</p> <p>Faoi bhrú na hilchultúrthachta agus dí-eaglaisiú na sochaí, tá neart scoileanna faoistiniúla tar éis a ndoirse a oscailt chuig pobal atá níos ilchineálaí. Is cosúil go mbraitheann rogha na dtuismitheoirí ar scoil fhaoistiniúil phríobháideach níos lú agus níos lú ar a caractar reiligiúnach agus níos mó agus níos mór ar a cáil.</p> <p>San Ísiltír, cheadaigh an tsaoirse chun scoileanna bhunú, in éineacht leis an gcothromaíocht airgeadais idir scoileanna príobháideacha agus poiblí agus cur chuige ag díriú ar riachtanais na bpobal éagsúla ('colúnú'), don phobal Moslamach leas a bhaint as thart ar 40 scoil Ioslamach atá maoinithe ag an Stát. Ach faoi láthair tá na scoileanna seo á gcáineadh, chomh mór as a gcáilíocht agus bainistíocht airgeadais lena gcur chuige idé-eolaíochta. Ba chóir a nótáil nach dtugtar oiliúint ach do thart ar 5% de pháistí Moslamach ar an mbealach sin, le fírinne.</p> <p>Trí spá agus am a chur ar fáil, cuidíonn roinnt údaráis bardas, ar iarratas ó thuismitheoirí, le cúrsaí a bhunú (á rith go minic ag Imám áitiúil) i scoileanna Stáit áitiúla. Cuireann thart ar 7% de na bunscoileanna Stáit ar fad an fhéidearthacht seo ar fáil.</p> <p>I 1997 cruthaíodh Ollscoil Ioslamach Rotterdam. Maoinithe ag an Stát, féachann sé le cuidiú le comtháthú Ioslam sa tsochaí a fheabhsú trí Imáim, múinteoirí Ioslam srl a oiliúint. Freisin cuireann Ollscoil na nEolaíochtaí Feidhmiúla cúrsa oiliúna ceithre bliana ar fáil d'Imáim ar theagasc reiligiúin, forbartha i ndlúthchomhair le cúig eagrás ionadaíoch Ioslamach.</p> <p>Tá 'Dídheighilt' éirithe ina chuspóir tábhachtach do pholasaí oifigiúil</p>

	oideachais Ollanach, le leanúint trí bheartais éagsúla (.i. gan maoiniú a thuilleadh do scoileanna príobháideacha nua le níos mó ná 80% de na scoláirí ó chúlra íseal socheacnamaíochta; oideachas saoránachta gníomhach agus rannpháirtíocht shóisialta. San Isiltír tá leibhéal an-íseal de mheascadh sóisialta agus reiligiúnach, ach go háirithe sna cathracha.
<b>Cigireachtaí</b>	Ciallaíonn saoirse chun teagasc a eagrú go bhfuil saoirse ag na scoileanna príobháideacha a chinneadh cad a mhúintear agus conas. Mar sin féin leagann an Roinn Oideachais, Cultúir agus Eolaíochta síos caighdeán cáilíochta a bhaineann le hoideachas poiblí agus príobháideach araon agus a fhorordaíonn na hábhair le staidéar, na spriocanna gnóthachtála nó siollabais scrúduithe agus ábhar na scrúduithe náisiúnta, líon na dtréimhsí teagaisc in aghaidh na bliana, na cáilíochtaí a chaithfidh múinteoirí a bheith acu, cead cainte a thabhairt do thuismitheoirí agus daltaí i gcúrsaí scoile, dualgaisí pleanála agus tuairiscithe agus mar sin de. Déanann an Chigireacht cigireachtaí, bünaithe ar thorthaí dhaltaí na scoile sa triail deiridh sa bhunscolaíocht.
<b>Ullmhúchán sacraiminteac h</b>	Tá seo seo amuigh as freagracht an rialtais lárnaigh; agus bíonn sé ann ar lánrogha na scoile.

## AN IORUA

<b>Am don Oideachas Reiligiúnach/ Teagasc Reiligiúnach sa lá scoile</b>	
<b>Am sa lá scoile</b>	
<b>Rogha istigh/amuigh ?</b>	Ordaíodh dos na scoileanna uile dóthain eolais a thabhairt do thuismitheoirí faoin teagasc beartaithe san ábhar, agus dúradh le scoileanna glacadh leis na hiarratais ó thuismitheoirí do dhíolúine i bpáirt ó ghníomhaíochtaí san ábhar um Reiligiún, Fealsúnachtaí an tSaoil agus Eitic. Aibhsíodh gur chóir an ceart don díolúine a chleachtadh go liobrálach, ach go háirithe maidir le heilimintí Críostaí an ábhair. Dúradh leis na scoileanna a bheith “an-chúramach go deo faoi iarratais ó thuismitheoirí ar dhíolúine a dhiúltú’. Ceadaíonn an tAcht Oideachais, 1998, do thuismitheoirí a bpáistí a tharraint siar ó ábhar ar bith atá "contrártha do choinsias an tuismitheora" agus tugann sé sin cead dlíthiúil diúltaithe do thuismitheoirí. I ndiaidh fógra scríofa ó thuismitheoirí, ba chóir do dhaltaí díolúine a fháil ó fhreastal ó na codanna sin den teagasc a mbreathnaíonn siad féin orthu, ar bhunús a reiligiúin nó fealsúnachta saoil féin, mar chleachtadh reiligiúin eile

	nó cloí le fealsúnacht saoil eile, nó a mheasann siad ar an mbunús céanna a bheith inlochtaithe nó maslach. Ní gá do thuismitheoirí cúiseanna a thabhairt le fógra díolúine.
<b>Forbairt siollabais</b>	<p>Is ábhar éigeantach é an t-ábhar Reiligiún, Fealsúnachtaí an tSaoil agus Eitic sa bhunscolaíocht. Ní mór é a mhúineadh ar bhealach oibiachtúil, criticiúil agus iolraíoch lena chinntiú go gcaitear le reiligiúin agus fealsúnachtaí saoil ar bhealach cothrom ó thaobh na cáilíochta de.</p> <p>Rinneadh leasú suntasach ar an ábhar i ndiaidh a cháinte i moladh 2004 de chuid Choiste Cearta Daonna na Náisiún Aontaithe agus Breithiúnas 2007 ó Chúirt Eorpach um Chearta Daonna. Sa chás <i>Folgerø a.o. v. Norway</i> inar chinn an Chúirt go raibh sárú ar chearta na n-iarrthóirí a fháil dá bpáistí oideachas agus teagasc ag teacht lena bprionsabail reiligiúnacha agus fealsúnachta féin (Alt 2 de Phrótacal Uimh. 1).</p> <p>Níor chóir don teagasc san ábhar ach eolas a chuimsiú, agus ní seanmóireacht nó cleachtadh reiligiúnach. Aibhsíodh freisin gur chóir an teagasc a dhéanamh ar bhealach neodrach agus oibiachtúil agus go gcothódh sé an méid céann measa agus tuisceana dos na reiligiúin agus fealsúnachtaí uile.</p>
<b>Forbairt téacsleabhair</b>	
<b>Caidreamh scoile / reiligiúin</b>	Tá beagnach gach bunscoil san Iorua Stát-mhaoinithe - thart ar 99.9%. Chomh maith leis na bunscoileanna poiblí Stát-mhaoinithe, tá roinnt bunscoileanna príobháideacha Stát-mhaoinithe. Freastalaíonn 3 % de dhaltai na hIorua ar scoileanna príobháideacha. Is iad na bardais na pátrúin ar na bunscoileanna poiblí Stát-mhaoinithe. Tá bunscoileanna príobháideacha Stát-mhaoinithe in úinéireacht agus á rith ag comhlachtaí, fundúireachtaí agus institiúidí príobháideacha eile.
<b>Caidreamh scoile / reiligiúin / teaghlaigh</b>	
<b>Éagsúlacht reiligiúnach sna seomraí ranga a láimhseáil</b>	Deir an tAcht Oideachais, 1998, go mbeidh meas ag an scoil ar phrionsabail reiligiúnacha agus fealsúnachta na ndaltaí agus na dtuismitheoirí agus daingníonn sé an ceart don oideachas comhionann.
<b>Cigireachtaí</b>	
<b>Ullmhúchán sacraiminteac h</b>	

## AN tSUALAINN

<p><b>Am don Oideachas Reiligiúnach/ Teagasc Reiligiúnach sa lá scoile</b></p>	<p>Don oideachas éigeantach bunscoile agus meánscoile, tá líon íosta na n-uaireanta do gach ábhar dos na naoi mbliana ar fad den scolaíocht rialaithe san amchlár náisiúnta. Tá reiligiún ina chuid de bhloc níos mó – Ábhair Sóisialta – a chuimsíonn Tíreolaíocht, Stair agus Staidéar Sóisialta freisin. Le linn na tréimhse éigeantaí naoi mbliana, tá íosmhéid de 800 uair a’ chloig (as iomlán de 6,665 uair a’ chloig ar a laghad) le caitheamh ar na hábhair Sóisialta.</p>
<p><b>Am sa lá scoile</b></p>	<p>Níl aon rialacháin nó moltaí ina leith seo.</p>
<p><b>Rogha istigh/amuigh ?</b></p>	<p>Féadfaidh caomhnóir dhalata san oideachas éigeantach a iarraidh go scaoilfí an dalta saor ó eilimintí éigeantacha ar leith den teagasc. Féadfaidh príomhoide na scoile a chinneadh gur féidir dalta a scaoileadh saor ó eilimintí den teagasc i rith scoilbhliana, ach mar eisceacht amháin agus má tá cúiseanna ar leith ann. Láidríodh na rialachán maidir le díolúine ó eilimintí éigeantacha den teagasc leis an Acht Oideachais nua, 2010. Tá an rialachán mar a gcéanna do scoileanna bardas agus neamhspleách araon.</p>
<p><b>Forbairt siollabais</b></p>	<p>Luadh go sainiúil san Acht Oideachais go bhfuil oideachas i scoileanna nó réamhscoileanna bardas le bheith neamh-fhaoistiniúil. Féadfaidh oideachas i scoileanna nó réamhscoileanna neamhspleách gnéithe faoistiniúla/reiligiúnacha a bheith acu (mar shampla paidir na maidine) má tá na gnéithe seo deonach don dalta. Ní mór don teagasc féin a bheith neamh-fhaoistiniúil, fiú sna scoileanna reiligiúnacha neamhspleách. Tá ábhar ar a nglaoitear reiligiún ann, ach pléann an teagasc san ábhar seo le reiligiún, stair reiligiúnach go ginearálta agus níl sé i gceist go múinfí páistí, mar shampla, conas a bheith ina gCríostaithe maithe. Déantar siollabais d’ábhair i scoileanna éigeantacha a fhorbairt ag an nGníomhaireacht Náisiúnta do Oideachas (<a href="http://www.skolverket.se">www.skolverket.se</a>) agus beartaithe ag an Rialtas. Tá na siollabais agus curaclaim náisiúnta le húsáid ag scoileanna bardas agus neamhspleách.</p>
<p><b>Forbairt téacsleabhair</b></p>	<p>Forbraítear téacsleabhair ag údair agus comhlachtaí príobháideacha. Níl aon rialachán maidir le téacsleabhair. Tá sairse ag scoileanna agus múinteoirí téacsleabhair éagsúla a úsáid, fhad is bhíonn an teagasc ag teacht le siollabas an ábhair.</p>
<p><b>Caidreamh scoile / reiligiúin</b></p>	<p>Tá tromlach na scoileanna á rith ag na bardais (84 % de bhunscoileanna). Scoileanna neamhspleách a thugtar ar na cinn eile, .i.. scoileanna maoinithe ag an mbardas ach á rith ag eagraíochtaí príobháideacha (corparáidí nó cumainn). Ní mór dos na scoileanna neamhspleách seo cloí leis an gcuraclam agus na siollabais céanna leis na scoileanna bardais. Ní mór do scoileanna neamhspleách a bheith ar oscailt dos na daltaí uile go cothrom – díreach mar atá na scoileanna bardais. Féadfaidh eagraíochtaí reiligiúnacha scoil neamhspleách a rith, ach laistigh den chreatleach dlíthiúil céanna le scoileanna eile. De réir an Achta Oideachais, tá iachall ar an mbardas scoileanna neamhspleách</p>

	<p>a mhaoiniú de réir na bprionsabal céanna a úsáidtear dos na scoileanna atá á rith ag an mbardas sin.</p> <p>Féadfaidh eagraíocht reiligiúnach scoil neamhspleách a rith agus ar an gcaoi sin tionchar a bheith ar an oideachas sa scoil sin. Mar sin féin ní mór dos na scoileanna uile feidhmiú laistigh de chreatlach an Achta Oideachais agus an Churaclaim. De ghnáth ní bhíonn tionchar ar bith ag eagrais reiligiúnacha ar an oideachas i scoileanna bardais.</p>
<b>Caidreamh scoile / reiligiúin / teaghlaigh</b>	<p>Luadh go sainiúil san Acht Oideachais go bhfuil oideachas i scoileanna nó réamhscoileanna bardas le bheith neamh-fhaoistiniúil. Féadfaidh oideachas i scoileanna nó réamhscoileanna neamhspleách gnéithe faoistiniúla/reiligiúnacha a bheith acu (mar shampla paidir na maidine) má tá na gnéithe seo deonach don dalta. Ní mór don teagasc féin a bheith neamh-fhaoistiniúil, fiú sna scoileanna reiligiúnacha neamhspleách.</p> <p>Tá ábhar ar a nglaoitear reiligiún ann, ach pléann an teagasc san ábhar seo le reiligiún, stair reiligiúnach go ginearálta agus níl sé i gceist go múiní páistí, mar shampla, conas a bheith ina gCríostaithe maithe.</p>
<b>Éagsúlacht reiligiúnach sna seomraí ranga a láimhseáil</b>	<p>I gcoitinne tá na scoileanna agus daltaí leis an gcuraclam céanna a leanúint. Tá deiseanna réasúnta leathan ag bardais agus scoileanna an teagasc a oiriúnú laidtigh den chreatlach a chinneann an rialtas.</p> <p>Tá an díospóireacht sa tSualainn ar dhaltaí a scaoileadh saor ón oideachas dírithe don chuid is mó ar ábhar an chorpoideachais agus, mar shampla, cailíní Moslamach a bheith scaoilte saor ó theagasc snámha. Sna cásanna seo uaireanta eagraíonn scoileanna an teagasc i ngrúpaí éagsúla sa chaoi is go scartar cailíní agus buachaillí.</p> <p>Dar leis an curaclam, tá oideachas le riaradh sa chaoi is nach mbeidh gá le roghnú amach as, mar shampla, ábhar an reiligiúin. Sliocht as an gcuraclam náisiúnta don oideachas éigeantach: “Chomh maith le bheith oscailte do smaointe éagsúla agus a léiriú a chothú, ba chóir don scoil freisin béim a leagan ar an dtábhacht le tuairimí pearsanta a bhunú agus deiseanna a thabhairt do dhaltaí é seo a dhéanamh. Ba choir go mbeadh oideachas oibiachtúil agus go gcuimseodh sé réimse de chur chuigí éagsúla sa chaoi is go mothóidh na tuismitheoirí uile ábalta a bpáistí a chur ar scoil agus iad muiníneach nach gclaonfar iad i dtreo tuairime ar leith.”</p>
<b>Cigireachtaí</b>	<p>Féadfaidh an Chigireacht Scoileanna Sualainneach cigireachtaí a dhéanamh ar theagasc in ábhar ar leith, mar shampla Reiligiún. Tosaíodh an Chigireacht Scoileanna i 2008 agus go dtí seo níl cigireacht dá leithéid déanta aige san oideachas éigeantach. Tá cigireacht ar theagasc sa Reiligiún sa Mheánscolaíocht Uachtarach ar bun faoi láthair agus é beartaithe le bheith críochnaithe faoi dheireadh 2011.</p>
<b>Ullmhúchán sacraiminteach</b>	<p>Féach thuas - Caidreamh scoile / reiligiúin / teaghlaigh. Freastalaíonn páistí le tuismitheoirí Críostaí at theagasc go minic ina gcuid ama saor chun ullmhú don chóineartú. Tá an teagasc seo á dhéanamh ag an eaglais áitiúil agus níl sé nasctha leis an gcóras náisiúnta oideachais.</p>

## Aguisín 5 – Sonraí ar Bhunoideachas ó Roinnt Tíortha

### Léargas ar sholáthar bun scoile i ndlínsí áirithe

Dlínsé	Líon na scoileanna	Líon na scoileanna ag gach líon daltaí					
		<50	50-99	100-199	200-299	300-499	500+
Éire	3,165	618	836	816	492	310	93
Tuaisceart Éireann	863 <sup>96</sup>	102 <sup>97</sup>	191 <sup>98</sup>	270 <sup>98</sup>	132 <sup>98</sup>	129 <sup>98</sup>	37 <sup>98</sup>
Sasana <sup>98</sup>	16,971	N/A <sup>99</sup>	2,499 <sup>100</sup>	4,819 <sup>101</sup>	5,190 <sup>102</sup>	4,003 <sup>102</sup>	460 <sup>102</sup>
An Bhreatain Bheag <sup>102</sup>	1,435	194 <sup>103</sup>	243 <sup>104</sup>	441 <sup>104</sup>	337 <sup>104</sup>	130 <sup>104</sup>	90 <sup>104</sup>
Alba <sup>105</sup>	2,099	434	297	541	448	361	18
An Nua-Shéalainn <sup>106</sup>	2,033	397	324	480	306	380	146
Victoria, An Astráil <sup>107</sup>	1,565	254	147	327	302	354	181

**Foinse:** Tráchtas neamhfhoilsithe, 2010, luaite le cead an údair.

<sup>96</sup> Roinn Oideachais Thuaisceart Éireann - sonraí achomair - 'Schools and Pupils in Northern Ireland 1991/92 to 2010/11'. Íoslódáilte ó: [www.deni.gov.uk/index/32-statisticsandresearch\\_pg](http://www.deni.gov.uk/index/32-statisticsandresearch_pg)

<sup>97</sup> Díorthaithe ó scarbhileog leis na bun scoileanna agus scoileanna ullmhúcháin le daltaí coibhéise lánaimseartha - 2010/11. "PTRs for individual schools in Northern Ireland". Íoslódáilte ó: [http://www.deni.gov.uk/index/32-statisticsandresearch\\_pg/32-statistics\\_and\\_research\\_statistics\\_on\\_oideachas\\_pg/32\\_statistics\\_on\\_oideachas-dalta\\_múinteoir\\_ratios\\_pg.htm](http://www.deni.gov.uk/index/32-statisticsandresearch_pg/32-statistics_and_research_statistics_on_oideachas_pg/32_statistics_on_oideachas-dalta_múinteoir_ratios_pg.htm)

<sup>98</sup> Roinn Oideachais: *Schools, Pupils and their Characteristics: January 2010* (scarbhileoga excel bunaithe ar shonraí a cuireadh leis Meitheamh 2010). Íoslódáilte ó: [www.oideachas.gov.uk/rsgateway/DB/SFR/s000925/index.shtml](http://www.oideachas.gov.uk/rsgateway/DB/SFR/s000925/index.shtml)

<sup>99</sup> Níl aon fhigiúirí oifigiúla ar fáil don chatagóir seo.

<sup>100</sup> Cuimsíonn an figiúir seo scoileanna le 100 dalta nó níos lú.

<sup>101</sup> Baineann catagóirí scoile Shasana le 101-200, 201-300, 301-500 agus de bhreis ar 500 dalta.

<sup>102</sup> SDR 153/2011 *School Census 2011 – Final results. 3. Bunscoile tables*. Íoslódáilte ó: <http://wales.gov.uk/topics/statistics/headlines/scoileanna2011>

<sup>103</sup> Is iad catagóirí na scoileanna coinnithe sa Bhreatain Bheag ná suas le 50, 51-100, 101-200, 201-300, 301-400, 400 nó os a chionn

<sup>104</sup> Baineann an figiúir seo le scoileanna le 400 dalta nó os a chionn.

<sup>105</sup> *Statistical Series Education Bulletin – Pupils in Scotland 2010*. Nollaig 2010 (uimhreacha na ndaltaí nuashonraithe Meitheamh 2011) Íoslódáilte ó:

[www.scotland.gov.uk/Topics/Statistics/Browse/School-Education/daltafupdata](http://www.scotland.gov.uk/Topics/Statistics/Browse/School-Education/daltafupdata)

<sup>106</sup> Baineann na figiúirí seo le Márta 2008. Fuarthas na sonraí ar gach scoil go díreach ó oifigeach sa Roinn Oideachais. Baineann figiúirí le bun scoileanna iomlána (blianta 1-8), bun scoileanna ranníocaíochta (blianta 1-6) agus scoileanna meánacha (blianta 7-8) amháin.

<sup>107</sup> Ní chuimsíonn na figiúirí 229 scoil a chluadaíonn oideachas bun scoile agus iarbun scoile araon. Is iad an catagóirí ná 50 dalta nó níos lú, 51-100, 101-200, 201-300, 301-500, de bhreis ar 500. Foinse: Roinn Oideachais agus *Early Childhood Development Summary Statistics for Victorian Schools February 2011*. Íoslódáilte ó:

[www.oideachas.vic.gov.au/about/publications/newsinfo/factsandfigures.htm](http://www.oideachas.vic.gov.au/about/publications/newsinfo/factsandfigures.htm)

## Léargas ar sholáthar bunscoile i ndlínsí áirithe – tuilleadh mionsonraí

Dlínsé	Líon scoileanna	% scoileanna < 50 daltaí	% scoileanna < 100 daltaí	Líon na ndaltaí (scoileanna uile)	Meán-mhéid ranga	Meán-mhéid scoile
Éire	3,165	19.5	45.9	492,742	23.9	156 <sup>108</sup>
Tuaisceart Éireann	863 <sup>109</sup>	11.8 <sup>110</sup>	34 <sup>111</sup>	154,452 <sup>110</sup>	23 <sup>111</sup>	179 <sup>109</sup>
Sasana <sup>112</sup>	16,971	N/A <sup>113</sup>	14.7	3,963,980	26.4	234 <sup>109</sup>
An Bhreatain Bheag <sup>114</sup>	1,435	13.5	30.4	191,460	24.8	181
Alba <sup>115</sup>	2,099	20.7	34.8	365,326	23.1	174 <sup>109</sup>
An Nua-Shéalainn <sup>116</sup>	2,033	19.5	35.5	416,587	N/A	205 <sup>109</sup>
Victoria, An Astráil <sup>117</sup>	1,565	16.2	25.6	461,162	22	195 <sup>109</sup>

Foinse: Tráchtas neamhfhoilsithe, 2010, luaite le cead an údair.

<sup>108</sup> Arna ríomh ag líon na ndaltaí a roinnt ag líon na scoileanna

<sup>109</sup> Roinn Oideachais Thuaisceart Éireann - sonraí achomair - 'Schools and Pupils in Northern Ireland 1991/92 to 2010/11'. Íoslódáilte ó: [www.deni.gov.uk/index/32-statisticsandresearch\\_pg](http://www.deni.gov.uk/index/32-statisticsandresearch_pg)

<sup>110</sup> Díorthaithe ó scarbhileog leis na bunscoileanna agus scoileanna ullmhúcháin le daltaí coibhéise lánaimseartha - 2010/11. "PTRs for individual schools in Northern Ireland". Íoslódáilte ó:

[http://www.deni.gov.uk/index/32-statisticsandresearch\\_pg/32-statistics\\_and\\_research\\_statistics\\_on\\_oideachas\\_pg/32\\_statistics\\_on\\_oideachas-dalta\\_múinteoir\\_ratios\\_pg.htm](http://www.deni.gov.uk/index/32-statisticsandresearch_pg/32-statistics_and_research_statistics_on_oideachas_pg/32_statistics_on_oideachas-dalta_múinteoir_ratios_pg.htm)

<sup>111</sup> Northern Ireland Statistics and Research Agency – theme: Children, Education and Skills (24 March 2011) Enrolments at schools and in funded pre-school education in Northern Ireland 2010/11 (revised). Íoslódáilte ó: [www.deni.gov.uk/index/32-statisticsandresearch\\_pg/32\\_statistical\\_publications-indexofstatisticalpublications\\_pg/32\\_statistical\\_publications\\_pressreleases\\_pg/32\\_statisticalpublications\\_enrolmentspressreleases\\_pg.htm](http://www.deni.gov.uk/index/32-statisticsandresearch_pg/32_statistical_publications-indexofstatisticalpublications_pg/32_statistical_publications_pressreleases_pg/32_statisticalpublications_enrolmentspressreleases_pg.htm)

<sup>112</sup> Roinn Oideachais: Schools, Pupils and their Characteristics: January 2010 (scarbhileoga bunaithe ar shonraí a cuireadh leis - Meitheamh 2010). Íoslódáilte ó:

[www.oideachas.gov.uk/rsgateway/DB/SFR/s000925/index.shtml](http://www.oideachas.gov.uk/rsgateway/DB/SFR/s000925/index.shtml)

<sup>113</sup> Níl aon figiúirí oifigiúla ar fáil don chatagóir seo.

<sup>114</sup> SDR 153/2011 School Census 2011 – Final results. 3. Bunscoile tables. Íoslódáilte ó: <http://wales.gov.uk/topics/statistics/headlines/scoileanna2011>

<sup>115</sup> Statistical Series Education Bulletin – Pupils in Scotland 2010. Nollaig 2010 (uimhreacha na ndaltaí nuashonraithe Meitheamh 2011) Íoslódáilte ó:

[www.scotland.gov.uk/Topics/Statistics/Browse/School-Education/daltaíupdata](http://www.scotland.gov.uk/Topics/Statistics/Browse/School-Education/daltaíupdata)

<sup>116</sup> Baineann na figiúirí seo le Márta 2008. Fuarthas na sonraí ar gach scoil go díreach ó oifigeach sa Roinn Oideachais. Baineann figiúirí le bunscoileanna iomlána (blianta 1-8), bunscoileanna ranníocaíochta (blianta 1-6) agus scoileanna meánacha (blianta 7-8) amháin.

<sup>117</sup> Ní chuimsíonn na figiúirí 229 scoil a chluadaíonn oideachas bunscoile agus iarbunscoile araon. Iad iad an chatagóirí ná 50 dalta nó níos lú, 51-100, 101-200, 201-300, 301-500, de bhreis ar 500. Foinse: Roinn Oideachais agus Early Childhood Development Summary Statistics for Victorian Schools February 2011. Íoslódáilte ó:

[www.oideachas.vic.gov.au/about/publications/newsinfo/factsandfigures.htm](http://www.oideachas.vic.gov.au/about/publications/newsinfo/factsandfigures.htm)



## Aguisín 6

### Treoirphrionsabail Toledo ar Theagasc faoi Reiligiún agus Creidiúintí i Scoileanna Poiblí

Nuair a chuirtear teagasc faoi reiligiúin agus creidiúintí ar fáil i scoileanna poiblí i Stáit rannpháirtíochta OSCE, ba chóir na treoirphrionsabail seo a leanas a chur san áireamh:

1. Ní mór teagasc faoi reiligiúin agus creidiúintí a sholáthar ar bhealaí atá cóir, cruinn agus bunaithe ar scoláireacht mhaith. Ba chóir go bhfoghlaimeodh scoláirí faoi reiligiúin agus creidiúintí i dtimpeallacht ina bhfuil meas ar chearta daonna, bunsaoirsí agus luachanna sibhialta.
2. Ba chóir go mbeadh tiomantas acu siúd a mhúineann faoi reiligiúin agus creidiúintí don sairse reiligiúnach a chuireann le timpeallacht scoile agus cleachtais a chothaíonn cosaint chearta dhaoine eile i spiorad an chomh-mheasa agus na tuisceana i measc baill phobal na scoile.
3. Mórfhreagracht de chuid na scoile is ea teagasc faoi reiligiúin agus creidiúintí, ach níor chóir don bhealach ina dtarlaíonn an teagasc seo an bonn a bhaint nó neamhaird a dhéanamh de ról na dteaghlach agus na n-eagras reiligiúnacha nó creidiúna i luachanna a thabhairt do ghlúnta i ndiaidh a chéile.
4. Ba chóir iarrachtaí a dhéanamh chun eagrais comhairle a bhunú ag leibhéil éagsúla chun cur chuige cuimsitheach a ghlacadh maidir le páirtithe leasmhara éagsúla a bheith páirteach in ullmhú agus i gcur i bhfeidhm na gcuraclam agus in oiliúint múinteoirí.
5. Nuair nach bhfuil clár éigeantach ina bhfuil teagasc faoi reiligiúin agus creidiúintí oibiachtúil go leor, ba chóir iarrachtaí a dhéanamh chun é a dhéanamh níos cothromaí agus neamhchlaonta, ach nuair nach bhfuil sé seo indéanta, nó nach féidir é a bhaint amach, b'fhéidir go mbeidh aitheantas ar chearta rogha-amach ina réiteach sásúil do thuismitheoirí agus daltaí, ar an gcoinníoll go ndéantar na socruithe don rogha-amach a struchtúrú ar bhealach íogair agus neamh-idirdhealaitheach.
6. Ba chóir go leor oiliúna a bheith orthu siúd a mhúineann faoi reiligiúin agus creidiúintí. Ní mór do mhúinteoirí dá leithéid an t-eolas, an dearcadh agus na scileanna a bheith acu chun teagasc faoi reiligiúin agus creidiúintí ar bhealach cóir agus cothrom. Tá gá ag múinteoirí, ní hamháin le cumas san ábhar, ach freisin le scileanna oideolaíochta sa chaoi is gur féidir leo idirghníomhú le

scoláirí agus cuidiú le scoláirí idirghníomhú lena chéile ar bhealaí íogair agus ómósacha.

7. Ba chóir go gcuirfeadh ullmhúchán na gcuraclam, na dtéacsleabhar agus na n-ábhar oideachasúla do theagasc faoi reiligiúin agus creidiúintí san áireamh dearcthaí reiligiúnacha agus neamh-reiligiúnacha ar bhealach atá uileghabhálach, óir agus ómósach. Ba chóir a bheith cúramach chun ábhar atá míchruinn nó dochrach a sheachaint, ach go háirithe nuair a threisiónn sé seo steiréitíopaí diúltacha.
8. Ba chóir curaclaim a fhorbairt faoi réir na gcaighdeán aitheanta gairmiúla d'fhonn a chinntiú go bhfuil cur chuige cothrom ann i leith an staidéir faoi reiligiúin agus creidiúintí. Ba chóir go gcuimseodh an fhorbairt agus forfheidhmiú ar churaclaim freisin gnásanna oscailte agus cóir a thugann deiseanna cuí dos na páirtithe leasmhara ar fad tuairimí agus comhairle a thabhairt.
9. Ní féidir le curaclaim den scoth i réimse an teagaisc faoi reiligiúin agus creidiúintí cur go héifeachtúil le haidhmeanna oideachasúla Threoirphrionsabail Toledo ach amháin má tá múinteoirí oile go gairmiúil chun na curaclaim a úsáid agus má fhaigheann siad oiliúint leantach chun a n-eolas agus a gcumais a fhorbairt maidir leis an ábhar seo. Ba chóir bunoiiliúint múinteoirí ar bith a chumadh agus a fhorbairt de réir phrionsabal daonlathacha agus cearta daonna agus léargas ar an ilchineálacht chultúrtha agus reiligiúnach sa sochaí a chuimsiú.
10. Ba chóir go dtabharfadh curaclaim ag díriú ar theagasc faoi reiligiúin agus creidiúintí aird a thabhairt ar mhór-fhorbairtí stairiúla agus comhaimseartha maidir le reiligiún agus creidiúint, agus ceisteanna domhanda agus áitiúla a léiriú. Ba chóir go mbeidís íogair do léirithe áitiúla éagsúla ar iolrachas reiligiúnach agus tuata a fhaightear i scoileanna agus sna pobail a bhfreastalaíonn siad orthu. Cuideoidh íogaireachtaí dá leithéid le haghaidh a thabhairt ar bhuarthaí na scoláirí, na dtuismitheoirí agus na bpáirtithe leasmhara eile san oideachas.

## Leabharliosta

---

### Leagan Amach:

Aighneachtaí

Reachtaíocht

Téacsanna Óráidí Poiblí

Tuairiscí agus Foilseacháin Oifigiúla

Ailt

Leabhair agus Paimfléid

### Aighneachtaí

Fuair an Grúpa Comhairle 215 aighneacht roimh na Seisiúin Oibre Oscailte i Meitheamh 2011

Fuair an Grúpa Comhairle 31 freagra i ndiaidh na Seisiúin Oibre Oscailte i Samhain 2011

Tá na haighneachtaí agus freagraí ar fad ar fáil ó leathanach gréasáin an Fhóraitm ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna

[Http://www.education.ie/home/home.jsp?pcategory=10856&ecategory=56743&language=EN](http://www.education.ie/home/home.jsp?pcategory=10856&ecategory=56743&language=EN)

Tá taifeadtaí ar na Seisiúin Oibre Oscailte i Meitheamh and Samhain fós ar fáil ar an suíomh gréasáin.

### Reachtaíocht

Reachtaíocht Pharlaiminte na Breataine, The Educational Endowments (Ireland) Act, (48 and 49, Vict.C.78), 1885

Roinn Oideachais agus Scileanna, Scéim Ghinearálta Bhille um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2011

Folgero & Others v Norway, (Application No. 15472/02), ECHR GC Judgment, 29 Meitheamh 2007

Rialtas na hÉireann, Bunreacht na hÉireann (Oifig an tSoláthair, 1937)

Rialtas na hÉireann, An tAcht Oideachais, 1998

Rialtas na hÉireann, An tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998

Rialtas na hÉireann, Na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000 agus 2004

Rialtas na hÉireann, An tAcht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001

Rialtas na hÉireann, An tAcht um Oideachas do Dhaoine le Riachtanais Speisialta Oideachais, 2004

Rialtas na hÉireann, An tAcht um Chomhairle Mhúinteoireachta (Leasú), 2006

Rialtas na hÉireann, An Bille Oideachais (Leasú), 2010

Lautsi v Italy, (Application No. 30814/06) European Court Chamber, Judgment of 3 Samhain 2009 and Grand Chamber Judgment of 18 Márta 2011

Náisiúin Aontaithe, Coinbhinsiún maidir le hIrdhealú Ciníoch a Dhíothú, 1965

Náisiúin Aontaithe, Coinbhinsiún um Chearta an Linbh, 20 Samhain 1989

## **Téacsanna Óráidí Poiblí**

Bruton, J. “The Minister for Education’s Initiative” - Speech at Lenten Lectures on faith and public policy, organised by the Catholic, Church of Ireland and Presbyterian parishes, 7 Aibreán 2011

Coolahan, J. “National School Patronage: The Historical Tradition and the Contemporary Context”, Address to the Conference on The Governance Challenge for Future Primary School Needs, Meitheamh 2008

Council of Europe, “The Challenge of Intercultural Education Today: Religious Diversity and Dialogue in Europe”, paper at the Conference on the Religious Dimension of Intercultural Education, Oslo, Norway, 6 – 8 Meitheamh 2004

County Dublin VEC, “Community National Schools: County Dublin VEC’s Perspective”, Address to the Conference on The Governance Challenge for Future Primary School Needs, Meitheamh 2008

Educate Together, “Address to the Conference on the Governance Challenge for Future Primary School Needs”, Meitheamh 2008

Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge Teo, “Address to the Conference on The Governance Challenge for Future Primary School Needs”, Meitheamh 2008

Gundara, J.S. “Issues of Religious and Cultural Diversity in Modern Constitutional States”, Conference on World Heritage and Cultural Diversity, Deireadh Fómhair 2006

Gundara, J.S. “Citizenship Education in a Social Democratic and Cosmopolitan Europe”, Article submitted for publication to the Finnish Journal of Ethnicity and Migration

Higgins, Jenny, “Newfoundland and Labrador: the Collapse of Denominational Education”, 2011, [http://www.heritage.nf.ca/society/collapse\\_denom\\_edu.html](http://www.heritage.nf.ca/society/collapse_denom_edu.html)

Irish Human Rights Commission, “Discussion Paper: Religion and Education: A Human Rights Perspective”, Joint Conference IHRC- TCD School of Law, 27 Samhain 2010

Martin, Most Rev Dr. D. “Governance Challenge for Future Primary School Needs”, Meitheamh 2008

Martin, Most Rev Dr. D. “The Relationship between Church and State”, Mater Dei Institute, 15 Márta 2011

Martin, Most Rev Dr. D. “Lecture notes from Convention on Mediating School Ethos as a Co-Patron”, ACCS Convention, 31 Márta 2011

O’Connor, D. “INTO Paper given at Religion and Education: A Human Rights Perspective”, Conference, co-hosted by the Irish Human Rights Commission and Trinity College Dublin, Samhain 2010

O’Dowd, John, MLA, Minister for Education, “Putting Pupils First: Shaping Our Future: The Next Steps for Education”, 26 Meán Fómhair 2011

O’Keeffe, B. TD, Minister for Education and Science, “Address to the Conference on the Governance Challenges for Future Primary School Needs”, Meitheamh 2008

O’Reilly, Most Rev Dr. Leo, “Address to the Conference on The Governance Challenge for Future Primary School Needs”, Meitheamh 2008

Ombudsman for Children, “Children’s Rights: Ireland’s International Obligations”, Paper provided to the Forum, 30 Lúnasa 2011

Pastor, E.R. “Accommodation of Religious Diversity in Schools”, speech presented at the Irish Human Rights Commission and School of Law, Trinity College conference, Samhain, 2010

Quinn, R. TD, Minister for Education and Skills, “Address to the Annual Conference of CPSMA”, Márta 2011

Robbers, G. “The Role of Religion in Schools”, speech presented at the Irish Human Rights Commission and School of Law, Trinity College conference on Religion and Education: A Human Rights Perspective, 27 Samhain, 2010

Whyte, G, “Religion and Education – The Irish Constitution”, paper presented at the TCD/ IHRC Conference on Religion and Education: A Human Rights Perspective, 27 Samhain 2010

## **Tuairiscí agus Foilseacháin Oifigiúla**

Bash, L. and J. Gundara, “Exile, diasporic construction and millenarian hopes: ramifications for identity and education”, (WCCES, Istanbul, Meitheamh 2010)

Batelaan, P. Intercultural education and the challenge of religious diversity and dialogue in Europe, (Council of Europe, item 7.1 agenda, Strasbourg, 2- 3 Meitheamh 2003)

Cambridge Primary Review, Towards a New Primary Curriculum, Interim Reports, (University of Cambridge, 2009)

Catholic Schools Partnership Regional Assemblies, The Future of Catholic Primary Schools in the Republic of Ireland, Deireadh Fómhair 2011

Catholic Schools Partnership, Catholic Schools in the Republic of Ireland – A Position Paper, 6 Aibreán 2011

Central Statistics Office, Census of Population 2006, Volume 9 – Irish Language, Deireadh Fómhair 2007

Central Statistics Office, Census of Population 2006, Volume 13 – Religion, Samhain 2007

Central Statistics Office, Regional Population Projections 2011 – 2026, 4 December, 2008

Central Statistics Office, Vital Statistics: Fourth Quarter and Yearly Summary, 2010

Central Statistics Office, Census of Population 2011, Preliminary Results, 30 Meitheamh 2011

Central Statistics Office, Marriages 2008, 16 Meán Fómhair 2011

Central Statistics Office, Population and Migration Estimates, 2011

Children’s Rights Alliance, From Rhetoric to Rights: Second Shadow Report to the United Nations Committee on the Rights of the Child, (Dublin, 2006)

Colton, P, “School Patronage: The Law in the Republic of Ireland”, from the Report of the Constitution Review Group, (Government Publications, 1996), pp 189 - 206

Commission on School Accommodation, Revised Criteria and Procedures for Establishment of New Primary Schools, Feabhra 2011

Commissioners of National Education, Rules and Programme for National Schools, (1917 ed.)

Commissioners of the Board of Education, Fourteenth Report (1812), Extract from Áine Hyland and Kenneth Milne (eds.), Irish Educational Documents, Vol. I, (CICE, 1987), pp 64-68

Constitution Review Group, Report, (Government Publications 1996), Articles 40-44

Coolahan, J. (ed.), Report on the National Education Convention, (Dublin: Stationery Office, 1994)

Council of Europe, “Intercultural Education in the New European Context – Declaration”, (Athens, 10 – 12 Samhain 2003)

Council of Europe, White Paper on Intercultural Dialogue: Living Together as Equals in Dignity, (Strasbourg: 2008)

Council of Europe, “Recommendation CM/Rec 12 of the Committee of Ministers to Member States on the dimension of religions and non-religious convictions within intercultural education”, 10 December 2008

Dawkins, R. The Richard Dawkins Collection, DVD, 2008

Roinn Oideachais, Rules and Regulations for National Schools, (Dublin: Stationery Office, 1946 ed.)

Roinn Oideachais, Rules for National Schools under the Department of Education, (Dublin Stationery Office: 1965 ed.)

Roinn Oideachais, Primary School Curriculum, Teacher’s Handbook, (1971), Part I.

Roinn Oideachais, Green Paper – Education for Changing World, (Dublin: Stationery Office, 1992)

Roinn Oideachais, Charting our Education Future: White Paper on Education, (Dublin: Stationery Office 1995)

Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Junior Certificate Religious Education Syllabus and Guidelines for Teachers, (Dublin: Stationery Office, 2001)

Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Looking at our School: An aid to self-evaluation in primary schools, Inspectorate, 2003

Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Your Education System: An invitation to participate in creating a shared vision for Irish education into the future, Eanáir 2004

Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Leaving Certificate Religious Education Syllabus and Guidelines for Teachers, (Dublin: Stationery Office, 2005)

Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Boards of Management of National Schools: Constitution of Boards and Rules of Procedure, Samhain 2007

Roinn Oideachais agus Scileanna, Information on areas for possible divesting of patronage of primary schools, Lúnasa 2010

Roinn Oideachais agus Scileanna, “Discussion Paper on a Regulatory Framework for School Enrolment”, Meitheamh 2011

Roinn Oideachais agus Scileanna, Boards of Management of National Schools, Constitution of Boards and Rules of Procedure, 2011

Roinn Oideachais agus Scileanna, Literacy and Numeracy for Learning and Life, The National Strategy to Improve Literacy and Numeracy among Children and Young People, 2011 – 2020, Iúil 2011

Roinn Oideachais agus Scileanna, Projections of Full Time Enrolment: Primary, Second and Higher Level, 2011-2031, 2011

Roinn Oideachais agus Scileanna, Statistical Report, 2011

Roinn Oideachais agus Scileanna, Statistical Reports (Primary and Second Level Education Statistics 2010 – 2011), 2011

Educate Together website, Learn Together Curriculum section, 2010 [Online]

Educate Together, “Survey of 348 parents”, (2010)

Educate Together, “Choices in Primary School Selection: A Survey of Pre-School Parents”, (Dublin, Behaviour and Attitudes, 2011)

Educate Together, Spiritual Education in Educate Together Schools, Iúil 2011

European Union, REDCo Project (Religion, Education, Dialogue, Conflict), European Wergeland Centre, Oslo, (funded by the European Commission Framework 6 Initiative)

Finnish National Board of Education, Religious Education in Finland, 2011

Rialtas na hÉireann, Primary School Curriculum, 1999

Rialtas na hÉireann, Ráiteas an Rialtais ar an nGaeilge, 2006



- Rialtas na hÉireann, Straitéis 20-Bliain don Ghaeilge 2010 – 2030, 2010
- Rialtas na hÉireann, Government for National Recovery 2011-2016, 2011
- Hogan, P and B. Nofil, “A Report on the Transition to Faith Formation Outside School Hours in Early Educate Together Schools”, prepared by Educate Together for the Forum on Patronage and Pluralism in the Primary Sector, Lúnasa 2011
- Honohan, Iseult and Nathalie Rougier, Accept Pluralism: Discourses and Practices Addressing Cultural Diversity in Irish Schools, (European University Institute, 2011)
- Hyland, Á, “Patronage and our National Schools: Can we claim to cherish our children equally?”, from the Report of the Constitution Review Group, (Government Publications: 1996), pp 207 – 215
- Independent Strategic Review of Education (Northern Ireland), Schools for the Future: Funding, Strategy, Sharing, December 2006
- Iona Institute, “Schools Research”, prepared by RedC, Feabhra /Márta 2008
- Iona Institute, RedC Poll on Church Attendance, Samhain, 2009
- IPPN, Pre-Conference Survey, 2007
- IPPN, “Religion in Schools – What 750 Principals Say”, a survey carried out by RedC, 28 Meitheamh 2008
- IPPN, “Leading and Learning: Patronage and Pluralism in the Primary Sector”, Submission to Forum, Meitheamh 2011
- IPPN, “Leading and Learning: School Governance Reform or Reinvention? A review of Boards of Management in Irish Primary Schools”, Draft Report, Meán Fómhair 2011
- Irish Catholic Bishops’ Conference, Catholic Primary Schools: A Policy for Provision into the Future, 2007
- Irish Catholic Bishops’ Conference, Factors Determining School Choice: Report on a Survey of the Attitudes of Parents of Children attending Catholic Primary Schools in Ireland, (Council for Research and Development, Aibreán 2008)
- Irish Catholic Bishops’ Conference, Vision 08 – A Vision for Catholic Education in Ireland, Bealtaine 2008
- Irish Catholic Bishops’ Conference, “Catholic Primary Religious Education Curriculum for Ireland”, (first draft) 2011
- Irish Catholic Bishops’ Conference, Policy for the Religious Education of Catholic Children not attending Catholic Schools, Márta 2011

Irish Catholic Bishops' Conference, Parental Understanding of Patronage, (Eoin O Mahony, Researcher), Meán Fómhair 2011

Irish Catholic Bishops' Conference, Patronage in Catholic Primary Schools in the Republic of Ireland: A Qualitative Study, Deireadh Fómhair 2011

Irish Human Rights Commission, Religion and Education: A Human Rights Perspective, (Dublin, 24 Bealtaine 2011)

Irish Times, IPSOS/MRBI Poll, (Eanáir 2010)

Kellaghan, T and Páid McGee, Your Education System: A report on the Response to the Invitation to Participate in Creating a Shared Vision for Irish Education into the Future, 2005

Lynch, K, "Religious Education in a Multicultural Society, Working Paper: Country Note – Ireland", UCD (unpublished)

Mawhinney, A. et al, "Opting Out of Religious Education: The Views of Young People from Minority Belief Backgrounds", School of Law and School of Education, Queen's University Belfast, Deireadh Fómhair 2010

McGorman, E. and C. Sugrue, "Intercultural Education: Primary Challenges in Dublin 15", 2007

Murray, J. "The Liberal Case for Religious Schools", (Dublin: Iona Institute, 2008)

National Children's Office, United Nations Convention on the Rights of the Child: Ireland's Second Report to the UN Committee on the Rights of the Child, Iúil 2005

National Programme Conference, Report and Programme to the Minister for Education, (Dublin: Stationery Office, 1926)

NCCA, Guidelines for Schools: Intercultural Education in Post-Primary School, 2006

Ó Giollagáin, C. et al, Comprehensive Linguistic Study of the Use of Irish in the Gaeltacht: Principal Findings and Recommendations, (A research report prepared for the Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs, by NUI Galway and NUI Maynooth, 2007)

OSCE and ODIHR, Toledo Guiding Principles on Teaching about Religion and Beliefs in Public Schools, Samhain 2007

Ombudsman for Children, Annual Report 2010, (Dublin: 2011)

Primary Education Review Body, Report, (Dublin: Stationery Office, 1990)

RedC, "Poll on Church Attendance", for Iona, Samhain 2009

Ryan, L. “Choices in Primary School Selection: A Survey of Pre-School Parents”, for Educate Together, Samhain 2010

Schreiner, P. The new intercultural challenge to education: religious diversity and dialogue in Europe, (Council of Europe, 30 Meán Fómhair 2002)

Stanley, E. “Letter to the Duke of Leinster, Deireadh Fómhair 1831” in Akenson, D. The Irish Education Experiment, (London, Routledge and Kegan Paul, 1970), pp. 392-402

Survey Team (in association with the OECD), Investment in Education (Pr.8311), (Dublin: Stationery Office, 1966)

TASC, “Some Equality Issues and the Patronage of Primary Schools – Based on an analysis of Census 2006 Data”, 2011

Tuohy, D. The School Community: Values and Attitudes of Parents in Protestant Primary Schools, December 2011

UN, Concluding Observations of the Committee on the Elimination of Racial Discrimination: Ireland, 10 Márta 2011 CERD/C/IRL/CO/3-4

UN, Convention on the Rights of the Child, General Comment 1, The Aims of Education, Article 29(1), 2001

UN, Concluding Observations: Ireland, Convention on the Rights of the Child, 29 Meán Fómhair 2006

## **Ailt**

Boyle, K. “Pluralism and Tolerance in a Changing World”, in Pluralism in Education: Conference Proceedings, (1996, n.p.), pp. 27-38

Carr, J. “Foreword”, to INTO, Teaching Religion in the Primary School; Issues and Challenges, (INTO, 2003)

Cassidy, E.G. “Modernity and Religion in Ireland: 1980-2000”, in Eoin G. Cassidy ed. Measuring Ireland: Discerning Values and Beliefs, (Veritas, 2002), p.17-45

Coen, M. “Religious ethos and employment equality: A comparative Irish perspective”, in Legal Studies, Vol. 28, No. 3, Meán Fómhair 2008, pp. 452 - 474

Coolahan, J. “Church –State Relations in Primary and Secondary Education”, in James P. Mackey and Enda McDonagh (eds), Religion and Politics in Ireland at the Turn of the Millennium, (Dublin: Columba Press, 2003), pp. 132-151

Daly, E. “The Constitution and the Protestant Schools Cuts Controversy”, Irish Journal of Legal Studies, 2010, Vol.1 (1)

Daly, E and T. Hickey, “Religious Freedom and the ‘right to discriminate’ in the school admissions context: a neo-republican critique”, in Legal Studies, 2011

Darmody, M. et al, “The Changing Faces of Ireland: Exploring the lives of immigrant and ethnic minority children”, in Emer Smyth and Merike Darmody, eds, Religious Diversity and Schooling in Ireland, (Sense Publishers, 2011)

Glendenning, D. “Denominational Primary Schools in the Republic of Ireland and the Challenge of Democracy”, International Journal of Education Law and Policy, Issue 1 – 2, p. 41 – 46

Glendenning, D. “The Ombudsman for Children: an analysis of the Irish model as it relates to recognised schools”, Education and the Law, 2010, pp. 133 – 143

Hyland, Á. “Multi-Denominational Schools in the Republic of Ireland”, in Chris Moffat (ed.) Education Together for a Change, (Fortnight Educational Trust, 1993)

Hyland, Á. “Challenges for the Irish Education System for the Next Generation and Beyond: the Issue of School Patronage”, SEARCH, Lúnasa 2006

Hyland, Á. “The Patronage of National Schools”, Education Matters Yearbook, Meitheamh 2010

Irish Teachers’ Journal, 6 Deireadh Fómhair 1900 (pastoral quotation)

Johnston, M. “Educate Together and the Church of Ireland”, SEARCH, Lúnasa 2006, pp. 242 - 247

Lane, D. “The Expanding Horizons of Catholic Education” in P. Hogan (ed.), The Future of Religion in Irish Education (Veritas: 1977), pp. 123-137

Mawhinney, A., “The opt-out clause: Imperfect protection for the right to freedom of religion in schools”, Education Law Journal, 2006, pp. 102 – 115

Mawhinney, A. “Freedom of Religion in the Irish Primary School System: a Failure to Protect Human Rights?”, Legal Studies, Vol. 27, No.3, 2007, p.379-403

McCormack, T. “Future Directions for Trusteeship”, in C. Furlong and L. Monaghan (eds), School Culture and Ethos: Cracking the Code, (Dublin; 2000), pp. 152-162

Nelson, James, “Religion and Schools in Northern Ireland – building a consensus in the light of new challenges”, Research Resources for Religious Education, Occasional Paper, No. 3, 2007

Ó Floinn, T. “New Curriculum for Primary Schools”, An Múinteoir Náisiúnta, Vol. 14, No.6, 1969, p.5

Smith, Geraldine, “Foreword” in Pluralism in Education: Conference Proceedings, (1996, n.p.), pp. 3- 7

The Times Educational Supplement, 29 Deireadh Fómhair 1921

Whyte, G. “Education and the Constitution”, in Lane D (ed.), Religion, Education and The Constitution, (Dublin: Columba Press, 1992), pp. 84-118

## **Leabhair agus Paimfléid**

Akenson, D. The Irish Education Experiment, (London, Routledge and Kegan Paul, 1970)

Children’s Rights Alliance, Small Voices: Vital Rights, (Dublin, 1997)

CPSMA, Handbook for Boards of Management of Primary Schools, 2007

Glendenning, D. Education and The Law, (Dublin: Butterworths (Ireland) Ltd., 1999)

Glendenning, D. Religion, Education and the Law, (Tottel Publishing, 2008)

Grimmit, M., Religious Education and Human Development: the Relationship between studying religions and personal, social and moral education, (Essex: Great Wakering, 1987)

Hogan, G.W. and G.F. Whyte, and J.M. Kelly: The Irish Constitution, 4<sup>th</sup> ed. (Dublin: Butterworths, 2003)

Honohan, I. et al, Accept Pluralism: The embodiment of tolerance in discourses and practices addressing cultural diversity in Irish Schools, (European University Institute: Robert Schuman Centre for Advanced Studies, 2011)

Hyland, Á. and K. Milne, (eds.), Irish Educational Documents, Vol. I, (Dublin: CICE, 1987)

Irish Episcopal Conference, Share the Good News – National Directory for Catechesis in Ireland, (Veritas, December 2011)

Jacobs, F.G., R. White and C. Ovey (eds.), The European Convention on Human Rights, 5<sup>th</sup> Edition (Oxford University Press, 2010)

JMB – AMCSS, Guidelines on the Inclusion of Students of Other Faiths in Catholic Secondary Schools, 2010

MacGreil, M. and F. Rhatigan, The Challenge of Indifference: A Need for Religious Revival in Ireland, (Maynooth: Dept of Sociology, 2009)

NEF, Religions in European School Systems: Policy issues and trends – NEF Initiative on Religion and Democracy in Europe”, (London: Alliance Publishing Trust, 2009)

O’Mahony, C, Educational Rights in Irish Law, (Thomson Round Hall, 2006)

OECD, Education at a Glance 2011, (Paris: OECD, 2011)

Pope Pius XI, “Divini Illius Magistri” (On the Christian Education of Youth) (1929), in Papal Teachings: Education (St. Paul’s Editions, 1960), pp. 200-248

Smyth, E. Religious Education in a Multicultural Society: School and Home in Comparative Context, (Religious Education in a Multicultural Society, 2010)

Vatican II, Declaration on Religious Freedom (Dignitatis Humanae), December 1965

Vatican II, Nostra Aetate, from Vatican II Documents, Austin Flannery (ed.), 1981

Williams, K. Faith and the Nation: Religion, Culture and Schooling in Ireland, (Dublin: Dominican Publications, 2005)

World Council of Churches et al, Christian Witness in a Multi-Religious World – Recommendations for Conduct, 2011

Woulfe, E. and J. Cassin, From Present to Future: Catholic Education in Ireland for the New Century, (Veritas, 2006)